Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
7 Meitheamh 2019

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú** 1

★ **Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil)** [1] 15

TREORACHA

★ **Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí** [1] 70

★ **Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE** [1] 116

★ **Treoir (AE) 2019/884 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise faoi náisiúnaigh tríú tír agus a mhéid a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle** 143

[1] Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

GA

* Faoin tagairt L 151 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2019/880 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2019

maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) I bhfianaise na gConclúidí ón gComhairle an 12 Feabhra 2016 maidir leis an gcomhrac in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, i bhfianaise na Teachtaireachta ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 2 Feabhra 2016 maidir le Plean Gníomhaíochta chun an comhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú (*Action Plan for strengthening the fight against terrorist financing*) agus Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ba cheart rialacha comhchoiteanna a ghlacadh maidir leis an trádáil le tríú tíortha chun a áirithiú go mbeidh cosaint éifeachtach ann i gcoinne na trádála aindleathaí ar earraí cultúir, go gcosnófar earraí cultúir go héifeachtach ar a gcailliúint agus ar a scriosadh, go gcaomhnófar oidhreacht chultúrtha an chine dhaonna agus go gcuirfear cosc ar sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus ar sciúradh airgid tríd earraí cultúir creachta a dhíol le ceannaitheoirí san Aontas.

(2) Maidir le dúshaothrú pobal agus críoch ar féidir leo a bheith ina chúis le trádáil aindleathach in earraí cultúir, go háirithe nuair is as limistéar ina bhfuil coinbhleacht armtha ar siúl a eascraíonn an trádáil aindleathach sin. Ina thaobh sin, ba cheart go gcuirfí san áireamh sa Rialachán seo tréithe réigiúnacha agus áitiúla pobal agus críoch, seachas margadhluach earraí cultúir.

(3) Is cuid den oidhreacht chultúrtha iad na hearraí cultúir seo agus is minic mórthábhacht chultúrtha, ealaíonta, stairiúil agus eolaíoch ag roinnt leo. Tá an oidhreacht chultúrtha ar cheann de bhuneilimintí na sibhialtachta mar aon le luach siomblach, agus mar chuid de chuimhne chultúrtha an chine dhaonna, i measc nithe eile. Cuireann sí le saol cultúrtha gach pobail agus tugann sí daoine le chéile faoi scáth na comhchuimhne agus na forbartha ar an tsibhialtacht. Ba cheart í a chosaint, dá bhrí sin, ar shealbhúú mídhleathach agus ar fhoghail. Tá láithreáin seandálaíochta riamh á gcreachadh, ach bíonn siad á gcreachadh ar an mórchóir faoi láthair agus, is coir thromchúiseach as a n-eascraíonn mórfhulaingt dóibh siúd a mbíonn tionchar díreach nó indíreach aici orthu is ea seo agus an trádáil in earraí cultúir arna dtochailt go neamhdhleathach. In a lán cásanna, bíonn an trádáil aindleathach in earraí cultúir ina cúis le homaiginiú cultúrtha nó díbirt éigeantach, agus is é a bhíonn mar thoradh ar fhoghail earraí cultúir ná go mbíonn cultúir ag dealú ó chéile, i measc nithe eile. Fad a bheifear in ann gabháil den trádáil bhrabúsach in earraí cultúir arna dtochailt go neamhdhleathach agus brabús a dhéanamh as sin gan aon bhaol suntasach a bheith ann ina leith, leanfaidh an tochailt agus an creachadh sin de bheith á ndéanamh. Mar gheall ar luach eacnamaíoch agus ealaíonta na hearraí cultúir, tá éileamh mór ann ar an margadh idirnáisiúnta, ach, os a choinne sin, toisc nach ann do bhearta láidre idirnáisiúnta dlíthiúla agus mar gheall ar fhorfheidhmiú neamhéifeachtach aon bhearta atá ann, déantar na hearraí sin a aistriú chuig an scáthgheilleagar. Ba cheart don Aontas, dá réir sin, toirmeasc a chur ar earraí cultúir a onnmhairíodh go mídhleathach as tríú tíortha a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais, le béim ar leith ar earraí cultúir ó thríú tíortha atá thíos le coinbhleachtaí

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019.

([2]) Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

armtha, go háirithe i gcás ina ndearna eagraíochtaí sceimhlitheoireachta nó eagraíochtaí coiriúla eile na hearraí cultúir sin a thrádáil go haindleathach. Cé nár cheart go ngabhfadh rialuithe córasacha leis an gcosc ginearálta sin, ba cheart a bheith de chead ag na Ballstáit idirghabháil a dhéanamh agus faisnéis á fáil acu faoi lastais amhrasacha agus é a bheith de chead acu gach beart iomchuí a dhéanamh chun earraí cultúir a onnmhairíodh go haindleathach a thascradh.

(4) I bhfianaise na rialacha éagsúla atá i bhfeidhm i mBallstáit maidir le hearraí cultúir a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ba cheart bearta a dhéanamh go háirithe chun a áirithiú go mbeidh allmhairithe áirithe earraí cultúir faoi réir rialuithe aonfhoirmeacha ar theacht isteach dóibh i gcríoch chustaim an Aontais, go háirithe ar bhonn na bpróiseas, na nósanna imeachta agus na n-uirlisí riaracháin atá ann cheana a bhfuil sé mar aidhm leo cur chun feidhme aonfhoirmeach Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaint amach ([3]).

(5) Cumhdaítear cosaint earraí cultúir a meastar gur seoda náisiúnta na mBallstát iad le Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle ([4]) agus le Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Comhairle ([5]). Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hearraí cultúir a cruthaíodh nó a aimsíodh i gcríoch chustaim an Aontais. Ba cheart an chaoi a ndéileálann na húdaráis custaim le hearraí cultúir, nach earraí de chuid an Aontais iad, atá ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais a chumhdach leis na rialacha comhchoiteanna arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo. Ba cheart méid chríoch chustaim an Aontais tráth an allmhairithe a bheith ábhartha chun críocha an Rialacháin seo.

(6) I dtaca leis na bearta rialaithe atá le cur i bhfeidhm maidir le limistéir saorthrádála agus maidir leis na "saorphoirt", ba cheart raon feidhme a leithne agus is féidir ó thaobh na nósanna imeachta custaim lena mbaineann a bheith ag gabháil leo chun cosc a chur ar dhul timpeall ar an Rialachán seo trí shaothrú na limistéar saorthrádála sin, arb ionann iad agus limistéir a d'fhéadfadh a úsáid do leathadh leanúnach na trádála aindleathaí. Dá bhrí sin, níor cheart na bearta rialaithe sin a bheith bainteach le hearraí cultúir a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus leis na hearraí cultúir sin amháin, ach freisin le hearraí ar cuireadh nós imeachta custaim speisialta i bhfeidhm orthu. Mar sin féin, níor cheart don raon feidhme sin dul níos faide ná an cuspóir cosc a chur ar earraí cultúir a onnmhairíodh go haindleathach a theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Dá réir sin, cé go gcuimseofar sna bearta rialaithe scaoileadh i saorchúrsaíocht agus roinnt de na nósanna imeachta custaim speisialta is féidir a chur i bhfeidhm ar earraí atá ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais, níor cheart idirthuras a chuimsiú sna bearta rialaithe córasacha sin.

(7) Tá eolas maith ag a lán tríú tíortha agus ag formhór na mBallstát ar fhorálacha na gCoinbhinsiún sin, ar na sainmhínithei gCoinbhinsiún Unesco maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta de Mhaoin Chultúrtha a Thoirmeasc agus a Chosc arna shíniú i bPáras an 14 Samhain 1970 ("Coinbhinsiún Unesco 1970"), coinbhinsiúin a bhfuil líon mór Ballstát ina bpáirtí iontu, agus i gCoinbhinsiún UNIDROIT maidir le Réada Cultúrtha a Goideadh nó a Onnmhairíodh go Neamhdhleathach arna shíniú sa Róimh an 24 Meitheamh 1995. Chuige sin, is iad na sainmhínithe a úsáidtear sa Rialachán seo atá bunaithe ar na sainmhínithe sin.

(8) Ba cheart dlíthiúlacht onnmhairiú na n-earraí cultúir sin a scrúdú go príomha ar bhonn dhlíthe agus rialacháin na tíre sin inar cruthaíodh nó inar aimsíodh na hearraí cultúir sin. Chun nach gcuirfear bac díréireach ar thrádáil dhlistineach, áfach, ba cheart a cheadú, go heisceachtúil, don té a fhéachann le hearraí cultúir a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais, i gcásanna áirithe, go léireoidh an duine sin gur onnmhairíodh na hearraí cultúir go dleathach ó thríú tír éagsúil ina raibh siad lonnaithe sular seoladh na hearraí chuig an Aontas. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an díolúine sin i gcás nach féidir an tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh na hearraí cultúir a chinntiú go hiontaofa nó i gcás inar onnmhairíodh na hearraí cultúir i gceist sular tháinig Coinbhinsiún 1970 Unesco i bhfeidhm, eadhon 24 Aibreán 1972. Chun cosc a chur ar dhul timpeall ar an Rialachán seo trí earraí cultúir a allmhairítear go neamhdhleathach chuig tríú tír eile sula ndéanfaí iad a allmhairiú isteach san Aontas, ba cheart feidhm a bheith ag na heisceachtaí sin i gcás ina bhfuil na hearraí cultúir sin lonnaithe i dtríú tír ar feadh tréimhse níos mó ná 5 bliana chun críocha eile seachas úsáid shealadach, idirthuras, ath-onnmhairiú nó trasloingsiú. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha sin le haghaidh níos mó ná tír amháin, ba cheart don tír ábhartha a bheith an tír dheireanach díobh sin sula ndéanfar na hearraí cultúir a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

(9) Le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún Unesco 1970, iarrtar ar na Stáit is Páirtithe seirbhís náisiúnta amháin nó níos mó a bhunú chun earraí cultúir dílse ar allmhairiú, onnmhairiú agus aistriú mídhleathach úinéireachta a chosaint. Ba cheart líon leordhóthanach pearsanra cáilithe ag obair i seirbhísí den chineál sin chun an cosaint sin a áirithiú, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin, agus chun comhoibriú gníomhach riachtanach idir údaráis inniúla na mBallstát atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún sin i réimse na slándála agus sa chomhrac in aghaidh allmhairiú neamhdhleathach earraí cultúir, go háirithe ó limistéir atá buailte i dtíortha atá thíos le coinbhleacht armtha.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1)

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le hearraí cultúir a onnmhairiú (IO L 39, 10.2.2009, lch. 1

([5]) Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le réada cultúrtha a aistríodh go mídhleathach ó chríoch Ballstáit a fháil ar ais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 1).

(10) Le nach gcuirfear bac díréireach ar thrádáil earraí cultúir thar theorainn sheachtrach an Aontais, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hearraí cultúir nach sáraíonn teorainn aoise áirithe, a bhunaítear leis an Rialachán seo. Is amhlaidh gur iomchuí freisin go leagfaí síos tairseach airgeadais d'fhonn earraí cultúir le luachanna níos ísle a eisiamh ó chur i bhfeidhm na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le hearraí cultúir a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Leis na tairsí sin, áiritheofar gur ar na hearraí cultúir sin is dóichí a mbeadh tóir ag creachadóirí i limistéir coinbhleachta orthu a bheidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo dírithe, agus nach n-eisiafar earraí eile is gá a rialú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint.

(11) Sa mheasúnú riosca fornáisiúnta ar na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a théann i gcion ar an margadh inmheánach, tá an trádáil aindleathach ar earraí cultúir creachta aitheanta mar fhoinse a d'fhéadfaí a úsáid do mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus do ghníomhaíochtaí sciúrtha airgid.

(12) Ós rud é go mbaineann baol foghla nó scriosta ar leith le catagóirí áirithe earraí cultúir, eadhon réada seandálaíochta agus eilimintí de shéadchomharthaí, dealraíonn sé gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le córas grinnscrúdaithe bhreise sula dtugtar cead dóibh teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Faoi chóras den sórt sin, ba cheart é a bheith ina cheangal ceadúnas allmhairiúcháin a thaispeáint a d'eisigh údarás inniúil an Bhallstáit inar tháinig na hearraí cultúir isteach san Aontas sula bhféadfaí na hearraí sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó nós imeachta custaim speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu. Aon duine atá ag iarraidh ceadúnas den sórt sin a fháil, ba cheart é a bheith in ann a chruthú gur onnmhairíodh na hearraí go dleathach as an tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh na hearraí cultúir leis na doiciméid tacaíochta cuí agus leis an bhfianaise chuí, amhail deimhnithe onnmhairiúcháin nó teidil úinéireachta, sonraisc, conarthaí díolacháin, doiciméid árachais, doiciméid iompair agus meastóireachtaí saineolaithe. Ar bhonn iarratas atá iomlán agus cruinn, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a chinneadh gan moill mhíchuí an eiseofar ceadúnas. Ba cheart na ceadúnas allmhairiúcháin uile a stóráil i gcóras leictreonach.

(13) Is éard is íocón ann aon mhacasamhlú de phearsa reiligiúnach nó d'imeacht reiligiúnach. Is féidir é a tháirgeadh i meáin agus méideanna éagsúla, agus a bheith leachtmhar nó soghluaiste. Más rud é gur chuid den taobh istigh de shéipéal, de mhainistir, d'eaglais, a bhí ann uair amháin, bíodh sé gur píosa saorsheasaimh nó cuid den troscán ailtireachta atá i gceist, is é sin íocónastáis nó seastán íocóin mar shampla, ós cuid dhoscartha den adhradh diaga agus den saol liotúirgeach an t-íocón, agus ní mór é a mheas mar dhlúthchuid de shéadchomhartha reiligiúnach a deighleadh óna chéile. Fiú nuair nach eol an séadchomhartha sonrach lenar bhain an t-íocón, ach go bhfuil fianaise ann gur dhlúthchuid den séadchomhartha a bhí ann tráth, go háirithe nuair a chaomhnaíonn sé comharthaí nó eilimintí a thugann le fios gur chuid d'íocónastáis nó de sheastán íocóin a bhíodh ann uair amháin, ba cheart an t-íocón a chumhdach fós faoin gcatagóir "eilimintí de shéadchomharthaí ealaíne nó staire nó de láithreáin seandálaíochta nach bhfuil iomlán feasta" a liostaítear san Iarscríbhinn.

(14) Agus cineál ar leith na n-earraí cultúir á chur san áireamh, is ríthábhachtach é ról na n-údarás custaim, agus ba cheart dóibh a bheith in ann, i gcás inar gá, breis faisnéise a iarraidh ar an dearbhóir agus anailís a dhéanamh ar na hearraí cultúir trí bhíthin scrúdú fisiceach.

(15) I gcás catagóirí earraí cultúir nach n-éilíonn ceadúnas allmhairiúcháin, ba cheart do na daoine atá ag iarraidh earraí den chineál sin a allmhairiú i gcríoch chustaim an Aontais a dheimhniú gur onnmhairíodh go dleathach iad as an tríú tír agus freagracht a ghlacadh as an onnmhairiú sin agus faisnéis leordhóthanach a thabhairt le go bhféadfaidh na húdaráis chustaim na hearraí cultúir sin a shainaithint. Chun an nós imeachta a éascú agus ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an fhaisnéis faoin earra cultúir a thabhairt trí bhíthin doiciméad caighdeánach. D'fhéadfaí an caighdeán "Object ID", atá molta ag Unesco, a úsáid chun tuairisc a dhéanamh ar na hearraí cultúir. Ba cheart do shealbhóir na n-earraí na mionsonraí sin a chlárú sa chóras leictreonach, chun go sainaithneoidh na húdaráis chustaim go héasca iad agus chun anailís riosca agus rialuithe spriocdhírithe a cheadú agus chun inrianaitheacht a áirithiú tar éis do na hearraí cultúir teacht isteach ar an margadh inmheánach.

(16) I gcomhthéacs thimpeallacht an ionaid ilfhreastail do chustaim, ba cheart é a bheith de fhreagracht ar an gCoimisiún córas láraithe leictreonach a bhunú chun iarratais a chur isteach ar cheadúnais allmhairiúcháin agus ar ráiteas ón allmhaireoir mar aon le faisnéis a stóráil agus a chomhroinnt idir údaráis na mBallstát, go háirithe i dtaca le ráitis ón allmhaireoir agus ceadúnais allmhairiúcháin.

(17) Ba cheart go mbeifí in ann sonraí pearsanta a chumhdach le próiseáil sonraí faoin Rialachán seo agus ba cheart próiseáil den chineál sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais. Níor cheart do na Ballstáit ná don Choimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin chun críocha an Rialacháin seo nó i gcásanna a mbeadh údar cuí leo chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhraith nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fheidhmiú, lena n-áirítear cosaint a thabhairt i gcoinne bagairtí ar an tslándáil phoiblí nó bagairtí den chineál sin a chosc. Aon bhailiú, nochtadh, tarchur, cur in iúl agus próiseáil eile ar shonraí pearsanta laistigh de raon feidhme an Rialacháin

seo, ba cheart go mbeidís faoi réir cheanglais Rialacháin (AE) 2016/679 ([6]) agus (AE) 2018/1725 ([7]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart go n-urramófaí léi freisin an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a aithnítear in Airteagal 8 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, mar aon leis an gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh agus an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta a aithnítear, faoi seach, in Airteagal 7 agus Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(18) I dtaca le hearraí cultúir nár cruthaíodh nó nár aimsíodh i gcríoch chustaim an Aontais ach a onnmhairíodh mar earraí de chuid an Aontais, níor cheart dóibh a bheith faoi réir an choinníll ceadúnas allmhairiúcháin nó ráiteas ón allmhaireoir a thaispeáint nuair a thugtar ar ais iad ar an gcríoch sin mar earraí a thugtar ar ais de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(19) Níor cheart d'earraí cultúir a ligtear isteach go sealadach chun críocha oideachais, eolaíochta, caomhnaithe, athchóirithe, taispeána, digitithe, taibhealaíon, arna dhéanamh ag institiúidí acadúla, nó chun críocha comhair idir músaeim nó institiúidí comhchosúla, a bheith faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin nó ráiteas ó allmhaireoir a thaispeáint ach oiread.

(20) Níor cheart go bhféadfaí earraí cultúir as tíortha atá thíos le coinbhleacht armtha nó tubaiste nádúrtha a stóráil, chun sábháilteacht agus caomhnú na n-earraí sin a áirithiú, nó go gcoinneofaí slán iad faoi mhaoirseacht údaráis phoiblí, faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin ná ráiteas ó allmhaireoir a thaispeáint chun.

(21) D'fhonn taispeáint earraí cultúir ar aonaigh ealaíne tráchtála a éascú, níor cheart ceadúnas allmhairiúcháin a bheith riachtanach i gcás ina ligtear isteach na hearraí cultúir ar bhonn sealadach, de réir bhrí Airteagal 250 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, agus nuair a soláthraíodh ráiteas ón allmhaireoir seachas an ceadúnas allmhairiúcháin. Ba cheart gá a bheith le ceadúnas allmhairiúcháin a thaispeáint, áfach, i gcás ina bhfanann earraí cultúir den chineál sin san Aontas tar éis an aonaigh ealaíne.

(22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun socruithe mionsonraithe a ghlacadh maidir le hearraí cultúir a thugtar ar ais nó maidir le hearraí cultúir a ligean isteach go sealadach i gcríoch chustaim an Aontais agus iad a choimeád slán, maidir leis na teimpléid le haghaidh iarratais agus foirmeacha na gceadúnas allmhairiúcháin, agus na teimpléid le haghaidh na ráiteas ón allmhaireoir agus na ndoiciméad a ghabhann leo, mar aon le rialacha breise nós imeachta maidir lena gcur isteach agus lena bpróiseáil. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún le go bhféadfaidh sé socruithe a dhéanamh maidir le córas leictreonach a bhunú chun iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin agus ar ráiteas ón allmhaireoir a chur isteach agus chun faisnéis a stóráil agus a mhalartú idir na Ballstáit. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(23) Chun comhordú éifeachtach a áirithiú agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint nuair a eagraítear cúrsaí oiliúna, gníomhaíochtaí fothaithe acmhainní agus feachtais múscailte feasachta, agus chun an taighde is ábhartha a choimisiúnú agus caighdeán a fhorbairt, nuair is iomchuí, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta, amhail Unesco, INTERPOL, EUROPOL, an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim, Ionad Idirnáisiúnta um Chaomhnú agus Athchóiriú na Maoine Cultúrtha agus Comhairle Idirnáisiúnta na Músaem (ICOM).

(24) Ba cheart faisnéis ábhartha faoi shreafaí trádála earraí cultúir a bhailiú go leictreonach agus a roinnt idir na Ballstáit agus an Coimisiún, chun tacú le cur chun feidhme éifeachtúil an Rialacháin seo agus chun bonn a chur leis an meastóireacht a dhéanfar air amach anseo. Ar mhaithe le trédhearcacht agus grinnscrúdú poiblí, ba cheart a mhéid faisnéise is féidir a chur ar fáil don phobal. Ní féidir faireachán éifeachtúil a dhéanamh ar shreafaí trádála earraí cultúir ar bhonn a luacha nó a meáchain amháin. Tá sé ríthábhachtach faisnéis a bhailiú go leictreonach faoi líon na n-ítimí a dhearbhaítear. Ós rud é nach sonraítear aon aonad eile tomhais i dtaca le hearraí cultúir san Ainmníocht Chomhcheangailte, is gá a cheangal go ndearbhófar líon na n-ítimí.

([6]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, p. 39).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún. (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(25) I measc na gcuspóirí atá le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Bainistiú Riosca i dtaca le Rialú Custaim, tá cur le hinniúlachtaí na n-údarás custaim chun an fhreagrúlacht do rioscaí a mhéadú i réimse na n-earraí cultúir. Ba cheart an creat comhchoiteann bainistithe riosca a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a úsáid agus ba cheart faisnéis ábhartha i dtaobh riosca a mhalartú idir na húdaráis custaim.

(26) D'fhonn tairbhe a bhaint as saineolas eagraíochtaí agus comhlachtaí atá gníomhach i gcúrsaí cultúir agus as a saineolas faoin trádáil aindleathach in earraí cultúir, ba cheart moltaí agus treoir ó na heagraíochtaí sin agus comhlachtaí sin a thabhairt ar aird sa chreat comhchoiteann bainistithe riosca agus rioscaí a bhaineann le hearraí cultúir á sainaithint. Ba cheart ábhar treorach a bheith go háirithe sna Liostaí Dearga a fhoilsíonn ICOM chun na tríú tíortha sin is mó a bhfuil a n-oidhreacht i mbaol agus is minice a ndéanfaí trádáil aindleathach sna réada a onnmhairítear astu a shainaithint.

(27) Is gá feachtais múscailte feasachta a bhunú, atá dírithe ar cheannaitheoirí earraí cultúir, maidir leis an mbaol a bhaineann le trádáil aindleathach, agus is gá cúnamh a thabhairt do ghníomhaithe an mhargaidh maidir lena dtuiscint ar an Rialachán seo agus leis an gcaoi a bhfuil an Rialachán á chur chun feidhme acu. Ba cheart do na Ballstáit páirt a thabhairt do na pointí teagmhála náisiúnta ábhartha agus do sheirbhísí eile soláthair faisnéise i scaipeadh na faisnéise sin.

(28) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbainfidh micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ("FBManna") tairbhe as cúnamh teicniúil leordhóthanach agus ba cheart dó soláthar faisnéise leo a éascú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtúil. Maidir le FBManna atá bunaithe san Aontas agus a allmhairíonn earraí cultúir, ba cheart, mar sin, go mbainfeadh siad tairbhe as cláir reatha an Aontais agus as cláir de chuid an Aontais a bheidh ann sa todhchaí a thacaíonn le hiomaíochas na bhfiontar beag agus meánmhéide.

(29) Chun comhlíonadh a spreagadh agus seachaint a dhíspreagadh, ba cheart do na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a thabhairt isteach do chásanna a dteipeann orthu forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus na pionóis sin a chur in iúl don Choimisiún. Ba cheart go mbeadh éifeacht díspreagtha acu atá coibhéiseach ar fud an Aontais ar sháruithe a dhéantar ar an Rialachán seo.

(30) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na húdaráis custaim agus na húdaráis inniúla ar aon fhocal faoi Airteagal 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Ba cheart go mbeadh na sonraí maidir leis na bearta sin faoi réir an dlí náisiúnta.

(31) Gan mhoill, ba cheart don Choimisiún rialacha a ghlacadh chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, go háirithe na rialacha sin a bhaineann leis na foirmeacha caighdeánaithe leictreonacha is iomchuí a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas allmhairiúcháin nó chun ráiteas ó allmhaireoir a ullmhú, agus an córas leictreonach a bhunú ina dhiaidh sin, a luaithe is féidir agus laistigh den tréimhse ama is giorra. Ba cheart cur i bhfeidhm na bhforálacha sin a bhaineann le ceadúnais allmhairiúcháin agus ráitis ón allmhaireoir a chur siar dá réir sin.

(32) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí, chun bunchuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, rialacha maidir le tabhairt isteach agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le hearraí cultúir a allmhairiú i gcríoch chustaim an Aontais. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar amach sa Rialachán seo na coinníollacha maidir le tabhairt isteach agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le hearraí cultúir a allmhairiú ar mhaithe le hoidhreacht chultúrtha an chine dhaonna a chosaint agus an trádáil aindleathach in earraí cultúir a chosc, go háirithe i gcás ina bhféadfaidh trádáil aindleathach den sórt sin a bheith ina chuidiú ag maoiniú na sceimhlitheoireachta.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí cultúir a cruthaíodh nó a aimsíodh i gcríoch chustaim an Aontais.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "earraí cultúir" aon ítim a bhfuil tábhacht ag baint léi ó thaobh na seandálaíochta, na réamhstaire, na staire, na litríochta, na healaíona nó na heolaíochta de a liostaítear san Iarscríbhinn;

(2) ciallaíonn "earraí cultúir a thabhairt isteach" aon uair a thugtar isteach earra cultúir i gcríoch chustaim an Aontais atá faoi réir maoirseachta custaim nó rialaithe custaim laistigh de chríoch chustaim an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(3) ciallaíonn "allmhairiú earraí cultúir":

(a) earraí cultúir a scaoileadh i saorchúrsaíocht dá dtagraítear in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013; nó

(b) earraí cultúir a chuirtear faoi cheann de na catagóirí nósanna imeachta speisialta seo a leanas dá dtagraítear in Airteagal 210 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013:

(i) stóráil, lena gcuimsítear trádstóráil chustaim agus saorlimistéir;

(ii) úsáid shonrach, lena gcuimsítear ligean isteach sealadach agus úsáid deiridh;

(iii) próiseáil isteach;

(4) ciallaíonn "sealbhóir na n-earraí" sealbhóir na n-earraí mar a shainmhínítear i bpointe (34) d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(5) ciallaíonn "údaráis inniúla" na húdaráis phoiblí sin arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun ceadúnais allmhairiúcháin a eisiúint.

Airteagal 3

Earraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú

1. Beidh toirmeasc ar thabhairt isteach na hearraí cultúir sin, dá dtagraítear i gCuid A den Iarscríbhinn, a tógadh as críoch na tíre inar cruthaíodh nó inar aimsíodh iad de shárú ar na dlíthe agus ar rialacháin na tíre sin.

Déanfaidh na húdaráis custaim agus na húdaráis inniúla pé beart is iomchuí nuair a dhéantar iarracht earraí cultúir dá dtagraítear sa chéad fhomhír a thabhairt isteach.

2. Ní cheadófar na hearraí cultúir sin a liostaítear i gCuid B agus i gCuid C den Iarscríbhinn a allmhairiú ach amháin ar sholáthar ceachtar de na nithe seo a leanas:

(a) go dtaispeántar ceadúnas allmhairiúcháin a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 4; nó

(b) ráiteas ón allmhaireoir a tíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 5.

3. Cuirfear an ceadúnas allmhairiúcháin nó an ráiteas ón allmhaireoir dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar fáil do na húdaráis custaim, i gcomhréir le hAirteagal 163 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. I gcás go gcumhdaítear na hearraí cultúir faoin nós imeachta saorchreasa cuirfidh sealbhóir na n-earraí an ceadúnas allmhairiúcháin nó an ráiteas ón allmhaireoir ar fáil ach a dtaispeántar na hearraí i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 245 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo:

(a) i gcás earraí cultúir ar earraí a thugtar ar ais iad, de réir bhrí Airteagal 203 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(b) i gcás ina n-allmhairítear earraí cultúir chun iad a choinneáil slán agus chun na críche sin amháin, nó faoi mhaoirseacht údarás poiblí, agus é ar intinn na hearraí cultúir sin a thabhairt ar ais, i gcás ina gceadaítear amhlaidh;

(c) i gcás earraí cultúir a ligtear isteach go sealadach i gcríoch chustaim an Aontais, de réir bhrí Airteagal 250 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, chun críocha oideachais, eolaíochta, athchóirithe, caomhnaithe, taispeána, digitithe, taibhealaíon, chun críocha taighde arna déanamh ag institiúidí acadúla nó comhair idir músaeim nó institiúidí comhchosúla.

5. Ní theastóidh aon cheadúnas allmhairiúcháin i gcás earraí cultúir a cuireadh faoi nós imeachta custaim a ligtear isteach go sealadach, de réir bhrí Airteagal 250 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, lena dtaispeáint ar aonaigh ealaíne tráchtála ach ráiteas a bheith curtha ar fáil ag an allmhaireoir i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 5 den Rialachán seo.

Mar sin féin, má chuirtear na hearraí cultúir sin faoi nós imeachta custaim eile ina dhiaidh sin, dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 2 den Rialachán seo, ní mór ceadúnas allmhairiúcháin a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo, a thaispeáint.

6. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, módúlachtaí faoi leith a leagan síos i dtaca leis na hearraí cultúir ar earraí a thugtar ar ais iad, do na hearraí cultúir a allmhairítear chun iad a choinneáil slán, agus do na hearraí cultúir a ligtear isteach go sealadach dá dtagraítear i mír 4 agus mír 5 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

7. Ní dochar mír 2 den Airteagal seo do bhearta eile a ghlac an tAontas i gcomhréir le hAirteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

8. Nuair a bheidh dearbhú custaim á chur isteach i dtaca le hallmhairiú earraí cultúir, a liostaítear i gCuid B agus i gCuid C den Iarscríbhinn, cuirfear líon na n-ítimí atá i gceist in iúl trí úsáid a bhaint as an aonad breise mar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. I gcás go gcuirtear na hearraí cultúir faoin nós imeachta saorchreasa cuirfear sealbhóir na n_earraí an méid ítimí atá ann in iúl, ach a dtaispeántar na hearraí i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 245 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 4

Ceadúnas allmhairiúcháin

1. Beidh earraí cultúir a allmhairítear, a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn, seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 3(4) agus (5) faoi réir cheadúnas allmhairiúcháin. Eiseofar an ceadúnas allmhairiúcháin ag údarás inniúil an Bhallstáit ina gcuirtear na hearraí cultúir faoi aon cheann de na nósanna imeachta custaim den chéad uair dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 2.

2. Beidh na ceadúnais allmhairiúcháin arna n-eisiúint ag údaráis inniúla i mBallstát bailí i gcomhréir leis an Airteagal seo ar fud an Aontais.

3. Ní forléiriú a bheidh sa cheadúnas allmhairiúcháin a eisítear i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar fhianaise do bhunáitíocht nó úinéireacht dhleathach na n-earraí cultúir i gceist.

4. Déanfaidh sealbhóir na n-earraí iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin ar údarás inniúil an Bhallstáit dá dtagraítear in mír 1 den Airteagal seo tríd an gcóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 8. Ag gabháil leis an iarratas beidh doiciméid tacaíochta ar bith agus faisnéis ar bith a chruthaíonn go ndearnadh na hearraí cultúir atá i gceist a onnmhairiú ón tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh iad i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin nó a chruthaíonn go raibh na dlíthe agus na rialacháin sin in easnamh ag an am ar baineadh amach na hearraí as an gcríoch úd.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, agus de rogha air sin, féadfaidh doiciméid tacaíochta ar bith agus faisnéis ar bith a bheith ag gabháil leis an iarratas a chruthaíonn go ndearnadh na hearraí cultúir atá i gceist a onnmhairiú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre deirí sin inar aimsíodh iad le haghaidh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus chun críocha eile seachas úsáid shealadach, idirthuras, ath-onnmhairiú nó trasloingsiú, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach féidir an tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh na hearraí cultúir inti a chinntiú go hiontaofa; nó

(b) i gcás gur baineadh na hearraí cultúir ón tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh iad roimh an 24 Aibreán 1972.

5. Áireofar ar an bhfianaise go ndearnadh na hearraí cultúir atá i gceist a onnmhairiú i gcomhréir le mír 4 foirm deimhnithe nó ceadúnais onnmhairiúcháin i gcásanna ina bhfuil doiciméid den chineál seo le haghaidh onnmhairiú na hearraí cultúir bunaithe ag an tír atá i gceist tráth an onnmhairithe.

6. Déanfaidh an t-údarás inniúil a sheiceáil cibé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratas iomlán. Iarrfaidh sé ar an iarratasóir aon fhaisnéis nó doiciméad atá in easnamh nó breis faisnéise a chur ar fáil laistigh de 21 lá ón lá bhfaightear an t-iarratas.

7. Laistigh de 90 lá ón dáta a bhfaightear an t-iarratas iomlán, déanfaidh an t-údarás inniúil an t-iarratas a scrúdú agus cinnfidh sé an ceadúnas allmhairiúcháin a eisiúint nó an t-iarratas a dhiúltú.

Diúltóidh an t-údarás inniúil don iarratas sa chás:

(a) go bhfuil faisnéis nó forais réasúnacha aige lena chreidiúint gur baineadh na hearraí cultúir as críoch na tíre sin inar cruthaíodh nó inar aimsíodh iad de shárú ar dhlíthe agus ar rialacháin na tíre sin;

(b) nach gcuirtear an fhianaise atá de dhíth faoi Airteagal 4 ar fáil;

(c) go bhfuil faisnéis nó forais réasúnacha aige lena chreidiúint nach bhfuair sealbhóir na n-earraí seilbh ar na hearraí sin go dleathach; nó

(d) go gcuirtear é ar an eolas go bhfuil éilimh ar fhilleadh na hearraí cultúir sin ó na húdaráis sa tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh iad.

8. Más rud é go ndiúltaítear don iarratas, beidh ráiteas faoi na cúiseanna ag gabháil leis an gcinneadh riaracháin dá dtagraítear i mír 7, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an nós imeachta achomhairc, a chuirfear chuig an iarratasóir gan mhoill.

9. I gcás ina ndéantar iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin maidir le hearraí cultúir ar diúltaíodh d'iarratas den sórt sin ina leith roimhe sin, cuirfidh an t-iarratasóir in iúl don údarás inniúil a gcuirfear an t-iarratas chuige an diúltú a fuarthas roimhe sin.

10. I gcás ina ndiúltóidh Ballstát d'iarratas, déanfar an diúltú sin, chomh maith leis na forais ar a raibh sé bunaithe a chur in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún tríd an gcóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 8.

11. Ainmneoidh na Ballstáit gan mhoill na húdaráis inniúla ar cheadúnais allmhairiúcháin a eisiúint i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfaidh na Ballstáit sonraí na n-údarás inniúil sin, maille le haon athrú a bhaineann dóibh, a chur in iúl don Choimisiún.

Foilseoidh an Coimisiún sonraí na n-údarás inniúil sin, agus aon athrú orthu, i sraith "C" d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

12. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teimpléad agus an fhormáid don iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a leagan síos agus cuirfidh sé doiciméid tacaíochta iomchuí in iúl, chun bunáitíocht dhleathach na n-earraí cultúir atá i gceist a chruthú mar aon leis na rialacha nós imeachta a bhaineann le hiarratas den chineál sin a chur isteach agus a phróiseáil. Maidir leis na heilimintí sin, déanfaidh an Coimisiún gach iarracht cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a bhaint amach i measc na n-údarás inniúil ó thaobh nósanna imeachta ceadúnúcháin maidir le hallmhairiú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.

Airteagal 5

Ráiteas ón allmhaireoir

1. Le haghaidh allmhairiú na n-earraí cultúir a liostaítear i gCuid C den Iarscríbhinn, beidh gá le ráiteas ón allmhaireoir a thíolacfaidh sealbhóir na n-earraí ar an gcóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 8.

2. Is é a bheidh sa ráiteas ón allmhaireoir ná an méid seo a leanas:

(a) dearbhú sínithe ag sealbhóir na n-earraí cultúir ina gcuirtear in iúl gur onnmhairíodh na hearraí as an tír inar cruthaíodh agus inar aimsíodh iad i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin ag an am ar baineadh as an gcríoch úd iad; agus

(b) doiciméad caighdeánach ina bhfuil tuairisc mionsonraithe go leor ar na hearraí cultúir atá i gceist le gur féidir leis na húdaráis iad a shainaithint agus anailís ar an mbaol agus rialuithe níos spriocdhírithe a dhéanamh ina leith.

De mhaolú ar phointe (a) den chéad fhomhír, féadfar a chur in iúl sa dearbhú, in ionad sin, gur onnmhairíodh na hearraí cultúir atá i gceist, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an tír dheiridh inar aimsíodh iad i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin ina bhfuarthas iad le haghaidh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus chun críocha eile seachas úsáid shealadach, idirthuras, ath-onnmhairiú nó trasloingsiú, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach féidir an tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh na hearraí cultúir inti a chinntiú go hiontaofa; nó

(b) i gcás gur baineadh na hearraí cultúir ón tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh iad roimh an 24 Aibreán 1972.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teimpléad caighdeánaithe agus an fhormáid don ráiteas ón allmhaireoir mar aon leis na rialacha nós imeachta a bhaineann le hiarratas den chineál sin a chur isteach a leagan síos, agus léireoidh sé na doiciméid tacaíochta is iomchuí (ar ceart iad a bheith ag sealbhóir na n-earraí) chun bunáitíocht dhleathach na n-earraí cultúir atá i gceist agus na rialacha a bhaineann le ráiteas ón allmhaireoir a phróiseáil. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

Airteagal 6

Oifigí inniúla custaim

Féadfaidh na Ballstáit, faoi réir an Rialacháin seo, teorainn a chur le líon na n-oifigí custaim sin a bheidh inniúil ar allmhairiú earraí cultúir a láimhseáil. I gcás go gcuireann na Ballstáit teorainn den chineál seo i bhfeidhm, déanfaidh siad sonraí na n-údarás sin, maille le haon athrú a bhaineann dóibh, a chur in iúl don Choimisiún.

Foilseoidh an Coimisiún sonraí na n-oifigí inniúla custaim, agus aon athrú orthu, i sraith "C" d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 7

Comhar riaracháin

Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh a n-údaráis chustaim leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4.

Airteagal 8

Córas leictreonach a úsáid

1. Déanfaidh trí bhíthin córas láraithe leictreonach faisnéis a stóráil agus a mhalartú idir údaráis na mBallstát, go háirithe maidir le ceadúnais allmhairiúcháin agus ráitis ó allmhaireoirí.

I gcás teip shealadach an chórais leictreonaigh, féadfar úsáid a bhaint, ar bhonn sealadach, as modhanna eile don fhaisnéis a stóráil agus a mhalartú.

2. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme

(a) na socruithe maidir leis an gcóras leictreonach dá dtagraítear i mír 1 a úsáid, a oibriú agus a chothabháil;

(b) na rialacha mionsonraithe maidir le faisnéis a chur isteach, a phróiseáil, a stóráil agus a mhalartú idir údaráis na mBallstát tríd an gcóras leictreonach dá dtagraítear i mír 1, nó trí aon mhodh eile dá dtagraítear i mír 1.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2) faoin 28 Meitheamh 2021.

Airteagal 9

Córas leictreonach a bhunú

Bunóidh an Coimisiún an córas leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 8. Beidh an córas leictreonach oibríochtúil tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an chéad cheann de na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

Airteagal 10

Cosaint sonraí pearsanta agus tréimhsí coinneála sonraí

1. Gníomhóidh údaráis chustaim na mBallstát agus údaráis inniúla na mBallstát mar rialaitheoirí ar na sonraí pearsanta arna bhfáil acu de bhun Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 8.

2. Ní dhéanfar próiseáil ar shonraí pearsanta ar bhonn an Rialacháin seo ach amháin chun na críocha mar a shainítear in Airteagal 1(1).

3. Is ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás amháin a bheidh rochtain ar na sonraí pearsanta arna bhfáil i gcomhréir le hAirteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 8 agus déanfar na sonraí sin a chosaint go leormhaith i gcoinne rochtain nó cur in iúl neamhúdaraithe. Ní féidir na sonraí sin a nochtadh ná a chur in iúl gan údarú sainráite a fháil i scríbhinn ón údarás a raibh an fhaisnéis sin aige i dtosach báire. Ní bheidh údarú den sórt sin riachtanach, áfach, i gcás ina gceanglaítear ar na húdaráis an fhaisnéis sin a nochtadh nó a chur in iúl de bhun na bhforálacha dlíthiúla atá i bhfeidhm sa Bhallstát i dtrácht, go háirithe i dtaca le himeachtaí dlí.

4. Déanfaidh na húdaráis sonraí pearsanta a fhaightear de bhun Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 8 a oibriú a stóráil go ceann tréimhse 20 bliain ón dáta a fuarthas na sonraí sin. Léirscriosfar na sonraí pearsanta sin ar dhul in éag don tréimhse seo.

Airteagal 11

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha sin chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Faoin 28 Nollaig 2020, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha agus na pionóis is infheidhme maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach de shárú ar Airteagal 3(1), agus maidir leis na bearta a bhaineann leo.

Faoin 28 Meitheamh 2025, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha agus na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe eile ar an Rialachán seo, go háirithe maidir le ráiteas bréagach a thabhairt agus faisnéis bhréagach a thíolacadh, agus maidir leis na bearta a bhaineann leo.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na rialacha sin.

Airteagal 12

Comhar le tríú tíortha

I dtaca le hábhair a chumhdaítear faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus a mhéid is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, gníomhaíochtaí oiliúna agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainní i leith tríú tíortha a eagrú.

Airteagal 13

Nós imeachta coiste

1. Beidh an coiste a bunaíodh le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 14

Tuairisciú agus meastóireacht

1. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis i dtaobh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fáil don Choimisiún.

Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún ceistneoirí ábhartha chuig na Ballstáit. Beidh 6 mhí ag na Ballstáit, ón tráth a bhfaightear an ceistneoir, an fhaisnéis a iarradh orthu a chur in iúl don Choimisiún.

2. Laistigh de 3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo teacht ina iomláine agus, gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil don phobal agus áireofar ann faisnéis staidreamh ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, amhail líon na gceadúnas allmhairiúcháin a eisíodh agus líon na n-iarratas a diúltaíodh, mar aon leis na ráiteas ó allmhaireoirí a seoladh isteach. Áireofar inti breithniú ar chur i bhfeidhm praiticiúil, lena n-áirítear an tionchar ar oibreoirí eacnamaíocha an Aontais, go háirithe FBManna.

3. Faoin 28 Meitheamh 2020 agus gach 12 mhí ina diaidh sin, go dtí go gcuirfear an córas leictreonach a leagtar amach in Airteagal 9 ar bun, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir lena bhfuil bainte amach go dtí seo i dtaca leis na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, mar a leagtar amach in Airteagal 8(2) agus, maidir lena bhfuil bainte amach go dtí seo i dtaca le bunú an chórais leictreonaigh, mar a leagtar amach in Airteagal 9.

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 16

Cur i bhfeidhm

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ó dháta a theacht i bhfeidhm.

2. D'ainneoin mhír 1,

(a) beidh feidhm ag Airteagal 3(1) ón 28 Nollaig 2020;

(b) beidh feidhm ag Airteagal 3(2) go (5), (7) agus (8), Airteagal 4(1) go (10), Airteagal 5(1) agus (2) agus Airteagal 8(1)) ón dáta a mbeidh feidhm leis an gcóras leictreonach, dá dtagraítear in Airteagal 8, nó ar a dhéanaí faoin 28 Meitheamh 2025. Foilseoidh an Coimisiún an dáta a rinneadh coinníollacha na míre seo a chomhlíonadh, i sraith "C" *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 17 Aibreán 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN

Cuid A. Earraí cultúir a chumhdaítear le hAirteagal 3(1)

(a) bailiúcháin uathúla agus eiseamail neamhchoitianta de fauna, flora, mianraí agus baill coirp, agus réada is inspéise ó thaobh na pailé-ointeolaíochta de;

(b) réada a bhaineann leis an stair, lena n-áirítear stair na heolaíochta agus na teicneolaíochta agus an stair mhíleata agus shóisialta, le beatha ceannairí náisiúnta, smaointeoirí, eolaithe agus ealaíontóirí agus le heachtraí a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo;

(c) torthaí tochailtí seandálaíochta (lena n-áirítear tochailtí rialta nó folaitheacha) nó fionnachtana seandálaíochta ar thír nó faoi uisce;

(d) eilimintí de shéadchomharthaí ealaíne nó staire nó de láithreáin seandálaíochta nach bhfuil iomlán feasta ([1]);

(e) seaniarsmaí is sine ná 100 bliain, amhail inscríbhinní, boinn agus séalaí greanta;

(f) réada is inspéise ó thaobh na heitneolaíochta de;

(g) réada is inspéise ó thaobh na healaíne de, amhail:

(i) pictiúir, péintéireachtaí agus líníochtaí arna ndéanamh go hiomlán de láimh ar aon taca agus as aon ábhar (seachas dearthaí tionsclaíocha agus earraí monaraithe arna maisiú de láimh);

(ii) bunsaothair ealaíne dealbhaí agus dealbhóireachta in aon ábhar;

(iii) greantaí, priontaí agus liteagraif bhunaidh;

(iv) bunchóimeálacha ealaíne agus bunmhontáisí ealaíne in aon ábhar;

(h) lámhscríbhinní agus ioncúnabail uathúla;

(i) seanleabhair, seandoiciméid agus seanfhoilseacháin ar díol spéise ar leith iad, (stairiúil, ealaíonta, eolaíoch, nó liteartha srl.) ina n-aonar nó i mbailiúcháin;

(j) stampaí poist, stampaí ioncaim agus stampaí comhchosúla eile, ina n-aonar nó i mbailiúcháin;

(k) cartlanna, lena n-áirítear cartlanna fuaime, grianghrafadóireachta agus cineamatagrafaíochta;

([1]) Is ceart caitheamh le híocóin agus dealbha liotúirgeacha, fiú iad sin atá ina saorsheasaimh, mar earraí cultúir chun críche na gcatagóire seo.

Cuid B. Earraí cultúir a chumhdaítear le hAirteagal 4

Catagóirí earraí cultúir de réir Chuid A	Caibidil, Ceannteideal nó Fo-cheannteideal den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC)	Tairseach aoise íosta	Tairseach airgeadais íosta (luach custaim)	Aonaid fhorlíontacha
(c) torthaí tochailtí seandálaíochta (lena n-áirítear tochailtí rialta agus folaitheacha) nó fionnachtana seandálaíochta ar thír nó faoi uisce;	ex 9705; ex 9706	Is sine ná 250 bliain	Gan beann ar a luach	líon na n-ítimí (p/st)
(d) gnéithe de shéadchomharthaí ealaíne nó staire nó de láithreáin seandálaíochta nach bhfuil iomlán feasta ([1]);	ex 9705; ex 9706	Is sine ná 250 bliain	Gan beann ar a luach	líon na n-ítimí (p/st)

([1]) Is ceart caitheamh le híocóin agus dealbha liotúirgeacha, fiú iad sin atá ina saorsheasaimh, mar earraí cultúir chun críche na gcatagóire seo.

Cuid C. Earraí cultúir a chumhdaítear le hAirteagal 5

Catagóirí earraí cultúir de réir Chuid A	Caibidil, Ceannteideal nó Fo-cheannteideal den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC)	Tairseach aoise íosta	Tairseach airgeadais íosta (luach custaim)	Aonaid fhorlíontacha
(a) bailiúcháin uathúla agus eiseamail neamhchoitianta de fauna, flora, mianraí agus baill coirp, agus réada is inspéise ó thaobh na pailéointeolaíochta de;	ex 9705	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)
(b) réada a bhaineann leis an stair, lena n-áirítear stair na heolaíochta agus na teicneolaíochta agus an stair mhíleata agus shóisialta, le beatha ceannairí náisiúnta, smaointeoirí, eolaithe agus ealaíontóirí agus le heachtraí a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo;	ex 9705	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)
(e) seaniarsmaí, amhail inscríbhinní, boinn agus séalaí greanta;	ex 9706	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)
(f) réada is inspéise ó thaobh na heitneolaíochta de;	ex 9705	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)
(g) réada is inspéise ó thaobh na healaíne de, amhail:				
(i) pictiúir, péintéireachtaí agus líníochtaí arna ndéanamh go hiomlán de láimh ar aon taca agus as aon ábhar (seachas dearthaí tionsclaíocha agus earraí monaraithe arna maisiú de láimh);	ex 9701	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)

Catagóirí earraí cultúir de réir Chuid A	Caibidil, Ceannteideal nó Fo-cheannteideal den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC)	Tairseach aoise íosta	Tairseach airgeadais íosta (luach custaim)	Aonaid fhorlíontacha
(ii) bunsaothair ealaíne dealbhaí agus dealbhóireachta in aon ábhar;	ex 9703	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)
(iii) greantaí, priontaí agus liteagraif bhunaidh;	ex 9702	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)
(iv) bunchóimeálacha ealaíne agus bunmhontáisí ealaíne in aon ábhar;	ex 9701	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)
(h) lámhscríbhinní agus ioncúnabail uathúla;	ex 9702; ex 9706	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)
(i) seanleabhair, seandoiciméid, agus seanfhoilseacháin ar díol spéise ar leith iad (stairiúil, ealaíonta, eolaíoch, nó liteartha, srl.) ina n-aonar nó i mbailiúcháin;	ex 9705; ex 9706	Is sine ná 200 bliain	EUR 18 000 nó níos mó an ítim	líon na n-ítimí (p/st)

RIALACHÁN (AE) 2019/881 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2019

maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról riachtanach ag córais ghréasán agus fhaisnéise agus ag gréasáin agus seirbhísí chumarsáide sa tsochaí agus tá siad mar a bheadh cnámh droma ann don fhás eacnamaíoch. Is í an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) is bonn leis na córais chasta a thacaíonn le gnáthghníomhaíochtaí laethúla na sochaí, a choinníonn na geilleagair ag dul i bpríomhréimsí amhail sláinte, fuinneamh, airgeadas agus iompar, agus a thacaíonn le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh go háirithe.

(2) Tá an úsáid a bhaineann saoránaigh, eagraíochtaí agus gnólachtaí as córais gréasán agus faisnéise forleathan ar fud an Aontais sa lá atá inniu ann. Is príomhghnéithe de líon méadaitheach táirgí agus seirbhísí iad an digitiú agus an nascacht agus, le teacht ar an bhfód d'Idirlíon na Rudaí Nithiúla, meastar go mbeidh líon fíor-ard gléasanna digiteacha nasctha in úsáid ar fud an Aontais sna 10 mbliana amach romhainn. Cé go bhfuil líon na ngléasanna atá nasctha leis an idirlíon ag dul i méid, ní leor na gnéithe slándála agus athléimneachta atá ionsuite i ndearadh na ngléasanna sin agus, dá bhrí sin, tá leibhéal na cibearshlándála easnamhach. Sa chomhthéacs sin, ós rud é nach ndéantar deimhniú ach ar bhonn teoranta, is easnamhach atá an fhaisnéis a fhaigheann úsáideoirí in eagraíochtaí agus úsáideoirí aonair maidir le gnéithe cibearshlándála tháirgí TFC, sheirbhísí TFC agus próisis TFC, ar an dóigh sin, déantar dochar do mhuinín úsáideoirí as réitigh dhigiteacha. D'fhéadfadh córais gréasán agus faisnéise tacú le gach gné dár saol agus dlús a chur le fás eacnamaíoch an Aontais. Bunchloch is ea na córais gréasán agus faisnéise sin chun an margadh aonair digiteach a bhaint amach.

(3) I ngeall ar an méadú ar an digitiú agus ar an nascacht beidh rioscaí breise ann ó thaobh na cibearshlándála de agus, dá bhrí sin, tá an tsochaí ina hiomláine i gcoitinne i mbaol ó thuilleadh cibearbhagairtí agus méadaítear ar an dainséar ina bhféadfaidh daoine aonair a bheith, lena n-áirítear daoine leochaileacha amhail leanaí. Chun na rioscaí sin a mhaolú, is gá na bearta riachtanacha uile a dhéanamh chun an chibearshlándáil san Aontas a fheabhsú d'fhonn cosaint níos fearr in aghaidh cibearbhagairtí a thabhairt do chórais gréasán agus faisnéise, gréasáin chumarsáide, táirgí digiteacha, seirbhísí agus gléasanna atá in úsáid ag saoránaigh, eagraíochtaí agus gnólachtaí — idir fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (FBManna), mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([4]), agus oibreoirí bonneagar ríthábhachtach.

([1]) IO C 227, 28.6.2018, lch. 86.
([2]) IO C 176, 23.5.2018, lch. 29.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019.
([4]) Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(4) Trí fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil don phobal, cuireann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) leis an bhforbairt a dhéantar ar thionscal na cibearshlándála san Aontas, go háirithe i gcás FBManna agus gnólachtaí nua-thionscanta. Ba cheart do ENISA gach iarracht a dhéanamh an dlúthchomhar le hollscoileanna agus eintitis taighde a fhorbairt chun rannchuidiú le spleáchais ar tháirgí agus seirbhísí cibearshlándála ó fhoinsí lasmuigh den Aontas a laghdú agus slabhraí soláthair a threisiú laistigh den Aontas.

(5) Tá líon na gcibearionsaithe ag dul i méid agus tá cosaintí níos láidre de dhíth ar gheilleagar agus sochaí nasctha atá níos leochailí ó thaobh cibearbhagairtí agus cibearionsaithe de. Mar sin féin, cé gur cibear-ionsaithe trasteorann is mó a bhíonn i gceist, is ar bhonn náisiúnta a bhíonn na freagairtí beartais ó údaráis chibearshlándála agus inniúlachtaí forfheidhmithe dlí. D'fhéadfadh teagmhais mhórscála cur isteach ar sholáthar seirbhísí riachtanacha ar fud an Aontais. Ar an ábhar sin, ní mór freagairtí éifeachtach agus comhordaithe agus bainistiú géarchéime atá ar leibhéal an Aontais a bheith ann, rudaí a chuirfidh leis na beartais thiomnaithe agus ionstraimí níos leithne ar mhaithe le dlúthpháirtíocht agus cúnamh frithpháirteach san Eoraip. Ina theannta sin, is rud tábhachtach do lucht déanta beartas, lucht tionscail agus úsáideoirí, dá bhrí sin, measúnú rialta a dhéanamh ar staid na cibearshlándála agus na hathléimneachta san Aontas, ar bhonn shonraí iontaofa an Aontais, agus forbairtí, dúshláin agus bagairtí amach anseo a thuar go córasach, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda.

(6) I bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar na dúshláin i dtaca leis an gcibearshlándáil atá roimh an Aontas anois, tá gá le tacar cuimsitheach beart a chuirfeadh le bearta de chuid an Aontais a rinneadh roimhe seo agus a chothódh cuspóirí a threisíonn a chéile. Ar na cuspóirí sin, tá an gá le hinniúlachtaí agus ullmhacht na mBallstát agus gnólachtaí a mhéadú, agus comhar, comhroinnt faisnéise, agus comhordú a fheabhsú ar fud na mBallstát agus in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Ina theannta sin, toisc go bhfeidhmíonn cibearbhagairtí gan beann ar theorainneacha, is gá inniúlachtaí a mhéadú ar leibhéal an Aontais chun bearta ar leibhéal na mBallstát a chomhlánú, go háirithe i gcás teagmhais agus géarchéimeanna mórscála trasteorann agus, san am céanna, béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cumais náisiúnta a choinneáil agus a fheabhsú a thuilleadh i leith freagairt a thabhairt ar chibearbhagairtí ar gach scála.

(7) Tá breis iarrachtaí ag teastáil freisin chun feasacht saoránach, eagraíochtaí agus gnólachtaí a mhúscailt i dtaca le saincheisteanna cibearshlándála. Ina theannta sin, ós rud é go mbaineann teagmhais an bonn ó mhuinín i soláthraithe seirbhísí digiteacha agus sa mhargadh aonair digiteach féin, go háirithe i measc tomhaltóirí, ba cheart muinín a neartú a thuilleadh trí fhaisnéis a chur ar fáil ar bhealach trédhearcach maidir le leibhéal slándála tháirgí TFC, sheirbhísí TFC agus phróisis TFC agus á áitiú nach féidir a ráthú, fiú le leibhéal ard deimhnithe cibearshlándála, go bhfuil táirge, seirbhís nó próiseas TFC go hiomlán sábháilte. Éascóidh deimhniú ar leibhéal an Aontais muinín mhéadaithe trí cheanglais chomhchoiteanna agus critéir mheastóireachta maidir leis an gcibearshlándáil a leagan síos sna hearnálacha agus margaí náisiúnta.

(8) Ní hamháin gur saincheist a bhaineann le teicneolaíocht an chibearshlándáil ach tá iompraíocht an duine chomh tábhachtach céanna. Ar an ábhar sin, ba cheart "cibearshláinteachas", eadhon, gnáthbhearta simplí a dhéanann an nochtadh do rioscaí ó chibearbhagairtí a íoslaghdú nuair a chuireann úsáideoirí, eagraíochtaí agus gnólachtaí chun feidhme agus i gcrích go rialta iad, a chur chun cinn.

(9) Chun struchtúir chibearshlándála an Aontais a neartú, tá sé tábhachtach cumais na mBallstáit a choinneáil agus a fhorbairt chun freagairtí cuimsitheacha a thabhairt ar chibearbhagairtí, lena n-áirítear teagmhais trasteorann.

(10) Ba cheart faisnéis chruinn a bheith ag gnólachtaí agus tomhaltóirí aonair maidir le leibhéal dearbhaithe slándála na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC agus na bpróiseas TFC atá acu a ndearnadh deimhniú orthu. San am céanna, níl aon táirge TFC nó seirbhís TFC slán ó thaobh na cibearshlándála de ina hiomláine agus nach mór rialacha bunúsacha maidir leis an gcibearshláinteachas a chur chun cinn agus tosaíocht a thabhairt do na rialacha sin. Ó tharla go bhfuil méadú ag teacht ar infhaighteacht gléasanna d'Idirlíon na Rudaí Nithiúla, tá réimse beart deonach ann is féidir an earnáil phríobháideach a ghlacadh chun muinín i slándáil tháirgí TFC, sheirbhísí TFC agus phróisis TFC a atreisiú.

(11) Is minic a bhíonn táirgí agus córais nua-aimseartha TFC ag comhtháthú le, agus ag brath ar bhreis is teicneolaíocht agus comhchuid tríú páirtí amháin, amhail modúil bogearraí, leabharlanna nó comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár. D'fhéadfadh an spleáchas seo, dá ngairtear "cleithiúnas", a bheith ina riosca breise cibearshlándála ós rud é go bhféadfadh leochaileachtaí a aimsítear i gcomhchodanna tríú páirtí tionchar díobhálach a imirt ar shlándáil na dtáirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC chomh maith. Ina lán cásanna, cuireann sainaithint agus doiciméadú cleithiúnais den sórt sin ar chumas úsáideoirí deiridh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC feabhas a chur ar a gcuid gníomhaíochtaí bainistíochta riosca cibearshlándála, mar shampla, trí fheabhas a chur ar bhainistíocht leochaileachta agus ar nósanna imeachta feabhsúcháin cibearshlándála na n-úsáideoirí.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 (IO L 165, 18.6.2013, lch. 41).

(12) Ba cheart spreagadh a thabhairt d'eagraíochtaí, monaróirí nó soláthraithe a bhíonn ag plé le dearadh, monarú, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil táirgí TFC bearta a chur chun feidhme, ag na céimeanna tosaigh deartha agus forbartha chun na táirgí, na seirbhísí agus na próisis sin a chosaint a mhéad is féidir, sa dóigh go dtoimhdeofar go bhféadfaidh cibearionsaithe a bheith ann, agus go ndéanfar iarmhairt na n-ionsaithe sin a mheas agus a laghdú a oiread is féidir ("slándáil trí dhearadh"). Ba cheart saincheist na slándála a áirithiú le linn shaolré an táirge TFC, seirbhís TFC nó próisis TFC deartha agus forbartha a chur chun cinn ar feadh an ama chun an riosca dochair a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar úsáid mhailíseach a laghdú.

(13) Ba cheart do ghnóthais, eagraíochtaí agus don earnáil phoiblí táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC arna ndearadh acu a chumrú ar bhealach lena ndeimhnítear ardleibhéal slándála a chuirfeadh ar chumas an chéad úsáideora cumraíocht réamhshocraithe a bheith aige a bhfuil na socruithe is sábháilte is féidir ag baint léi ("slándáil trí réamhshocrú") agus, ar an dóigh sin, an t-ualach a laghdú ar úsáideoirí ar ghá dóibh táirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC a chumrú go hiomchuí. Níor cheart gur ghá cuid mhór cumraíochta, nó gur ghá tuiscint ar leith ar nithe teicniúla nó iompraíocht ó thaobh an úsáideora de nach bhfuil soiléir, agus ba cheart go bhféadfaí a bheith muiníneach go bhfeidhmeodh sé gan stró agus go hiontaofa i gcás ina gcuirfí chun feidhme é. I gcás, ar bhonn cás ar chás, inarb é conclúid na hanailíse inúsáidteachta agus riosca nach mbeidh socrú trí réamhshocrú den sórt sin indéanta, ba cheart a mheabhrú d'úsáideoirí an socrú is sábháilte is féidir a roghnú.

(14) Bunaíodh ENISA le Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) d'fhonn cur leis na spriocanna leibhéal ard slándála gréasán agus faisnéise a áirithiú laistigh den Aontas agus cultúr slándála gréasán agus faisnéise a fhorbairt chun leasa saoránach, tomhaltóirí, gnóthas agus riarachán poiblí. Cuireadh síneadh le sainordú ENISA le Rialachán (CE) Uimh. 1007/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) go dtí mí an Mhárta 2012. Le Rialachán (AE) Uimh. 580/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), cuireadh síneadh breise le sainordú ENISA go dtí an 13 Meán Fómhair 2013. Cuireadh síneadh le sainordú ENISA le Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 go dtí mí an 19 Meithimh 2020.

(15) Tá roinnt beart tábhachtach déanta ag an Aontas cheana chun an chibearshlándáil a áirithiú agus chun an mhuinín as teicneolaíochtaí digiteacha a mhéadú. In 2013, glacadh Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh chun freagairt bheartais an Aontais ar bhagairtí agus rioscaí cibearshlándála a threorú. Chun iarracht a dhéanamh cosaint níos fearr a thabhairt do shaoránaigh ar líne, glacadh an chéad ghníomh reachtach i réimse chibearshlándáil an Aontais, Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]). Leis an Treoir (AE) 2016/1148 maidir le slándáil gréasán agus faisnéise, leagadh síos ceanglais maidir leis na hinniúlachtaí náisiúnta i réimse na cibearshlándála, bunaíodh na chéad sásraí chun comhar straitéiseach agus oibríochtúil a fheabhsú idir na Ballstáit, agus tugadh isteach oibleagáidí maidir le bearta slándála agus fógraí faoi theagmhais i réimsí áirithe atá ríthábhachtach don gheilleagar agus don tsochaí amhail fuinneamh, iompar, soláthair agus dáilte uisce óil, baincéireacht, bonneagair an mhargaidh airgeadais, cúram sláinte, an bonneagar digiteach mar aon le príomhsholáthraithe seirbhísí digiteacha (innill chuardaigh, seirbhísí néalríomhaireachta agus margaí ar líne).

Tugadh ról lárnach do ENISA maidir le cur i bhfeidhm na Treorach sin a thacú. Ina theannta sin, tosaíocht thábhachtach de chuid an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an tSlándáil is ea an chibearchoireacht a chomhrac go héifeachtúil, agus is cuidiú í maidir leis an gcuspóir foriomlán, mar atá ardleibhéal cibearshlándála a bhaint amach. A bhuí le gníomhartha eile dlí, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), agus Treoir 2002/58/CE ([11]) agus Treoir (AE) 2018/1972 ([12]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cuirtear freisin le hardleibhéal cibearshlándála sa mhargadh aonair digiteach.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasán agus Faisnéise (IO L 77, 13.3.2004, lch. 1).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1007/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise maidir lena ré (IO L 293, 31.10.2008, lch. 1).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 580/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise maidir lena ré (IO L 165, 24.6.2011, lch. 3).

([9]) Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard slándála líonra agus córas faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

([10]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

([11]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.2002. lch. 37).

([12]) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

(16) Ó glacadh Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh in 2013, aithnítear go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar an gcomhthéacs foriomlán beartais agus ón uair dheireanach a rinneadh sainordú ENISA a athbhreithniú, agus baineann cuid de na hathruithe sin le timpeallacht dhomhanda atá níos éiginnte agus nach bhfuil chomh slán is a bhíodh. I bhfianaise an mhéid sin agus i gcomhthéacs na forbartha dearfaí atá tagtha ar ról ENISA mar phointe tagartha i ndáil le comhairle agus saineolas, agus mar éascaitheoir maidir le comhordú agus fothú acmhainne agus, chomh maith leis sin, faoi chuimsiú bheartas cibearshlándála nua an Aontais, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar shainordú ENISA chun a ról san éiceachóras cibearshlándála athraithe a shainiú, agus chun a áirithiú go rannchuidíonn sé go héifeachtach le freagairt an Aontais ar dhúshláin chibearshlándála a eascraíonn as an réimse an bhagairt cibearshlándála atá athraithe go radacach agus nach leor an sainordú atá ann faoi láthair chun dul i ngleic leo, rud a aithníodh le linn na meastóireachta ar ENISA.

(17) Ba cheart do ENISA arna bunú leis an Rialachán seo teacht i gcomharbas ar ENISA mar a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 526/2013. Ba cheart do ENISA na cúraimí arna dtabhairt di leis an Rialachán seo agus le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais i réimse na cibearshlándála, i measc rudaí eile, a dhéanamh trí chomhairle agus saineolas a sholáthar trí fheidhmiú mar lárionad faisnéise agus eolais de chuid an Aontais. Ba cheart di malartú dea-chleachtas idir na Ballstát agus geallsealbhóirí príobháideacha a chur chun cinn, moltaí beartais a chur chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit, feidhmiú mar phointe tagartha do thionscnaimh earnálacha bheartais an Aontais maidir le cúrsaí cibearshlándála agus comhar oibríochtúil a chothú idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus institiúidí araon, agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

(18) Faoi chuimsiú Chinneadh (CE, Euratom) 2004/97, Euratom, arna ghlacadh de thoil a chéile ag cruinniú Ionadaithe na mBallstát ar leibhéal na gCeannairí Stát nó Rialtas ([13]), chinn ionadaithe na mBallstát go mbeadh ceannoifig ENISA i mbaile sa Ghréig a roghnódh rialtas na Gréige. Ba cheart do Bhallstát óstach ENISA na dálaí is fearr is féidir a áirithiú i gcomhair oibriú rianúil agus éifeachtúil ENISA. Chun a áirithiú go ndéanfaidh ENISA a cuid cúraimí go cuí agus go héifeachtúil, go n-earcófar agus go gcoimeádfar an fhoireann agus go gcuirfear le héifeachtúlacht gníomhaíochtaí gréasánaithe, tá sé ríthábhachtach go lonnófar ENISA i suíomh iomchuí ina soláthraítear, i measc nithe eile, naisc iomchuí iompair agus saoráidí le haghaidh céilí agus leanaí a bheidh i dteannta bhaill foirne ENISA. Ba cheart na socruithe riachtanacha a leagan síos i gcomhaontú idir ENISA agus an Ballstát óstach arna chur i gcrích tar éis formheas a fháil ó Bhord Bainistíochta ENISA.

(19) I bhfianaise an mhéadaithe ar na rioscaí agus na dúshláin chibearshlándála atá roimh an Aontas, ba cheart na hacmhainní airgeadais agus daonna a leithdháiltear ar ENISA a mhéadú chun an ról níos tábhachtaí atá aici agus na cúraimí breise atá uirthi a léiriú, agus chun go léireofaí an ról ríthábhachtach atá aici in éiceachóras eagraíochtaí atá ag cosaint an éiceachórais dhigitigh an Aontais, lena gceadaítear do ENISA na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh ar bhealach éifeachtach.

(20) Ba cheart do ENISA leibhéal ard saineolais a fhorbairt agus a chothabháil, agus feidhmiú mar phointe tagartha chun muinín agus iontaoibh a bhunú sa mhargadh aonair de bhua a neamhspleáchais, ardchaighdeán na comhairle agus na faisnéise a thugann sí, thrédhearcacht a nósanna imeachta agus a modhanna oibriúcháin, agus a dúthrachtacha i dtaobh a cúraimí a dhéanamh. Ba cheart do ENISA tacú go gníomhach le hiarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus páirt ghníomhach a ghlacadh in iarrachtaí an Aontais nuair atá a cúraimí á ndéanamh aici i gcomhar iomlán le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus leis na Ballstáit, lena seachnófar aon dúbailt oibre, agus lena ndéanfar sineirge a chur chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart do ENISA cur leis an ionchur agus le comhar ón earnáil phríobháideach agus ó gheallsealbhóirí ábhartha eile. Ba cheart a leagan síos i bhfoirm tacar cúraimí an chaoi a ndéanfaidh ENISA a cuspóirí a bhaint amach, ach solúbthacht ina cuid oibríochtaí a éascú ag an am céanna.

(21) Chun go mbeidh sí in ann tacaíocht leormhaith a sholáthar do chomhar oibríochtúil idir na Ballstáit, ba cheart do ENISA a cuid cumas agus scileanna teicniúla agus daonna a neartú a thuilleadh. Ba cheart do ENISA a fhios gnó agus a chumais a mhéadú. D'fhéadfadh ENISA agus na Ballstáit, ar bhonn deonach, cláir a fhorbairt chun saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht do ENISA, lena gcuirfear ar bun díormaí saineolaithe agus malartú foirne.

(22) Ba cheart do ENISA cuidiú leis an gCoimisiún trí bhíthin comhairle, tuairimí agus anailísí maidir le cúrsaí uile an Aontais a bhaineann le beartais agus dlí a fhorbairt, a nuashonrú agus a athbhreithniú i réimse na cibearshlándála, mar aon leis na gnéithe earnáilsonracha a bhaineann léi, chun cur le hábharthacht na mbeartas agus na ndlíthe sin de chuid an Aontais lena mbaineann gné chibearshlándála agus an chomhsheasmhacht a áirithiú i dtaca le cur chun feidhme na mbeartas agus na ndlíthe sin ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart do ENISA gníomhú mar phointe tagartha comhairle agus saineolais do thionscnaimh earnáilsonracha beartais agus dlí i gcás cúrsaí a bhaineann leis an gcibearshlándáil. Ba cheart do ENISA tuairisc rialta cothrom le dáta a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa faoina bhfuil ar siúl aici.

([13]) Cinneadh 2004/97/CE, Euratom arna ghlacadh de thoil a chéile ag cruinniú Ionadaithe na mBallstát ar leibhéal na gCeannairí Stát nó Rialtais, an 13 Nollaig 2003 maidir le suímh oifigí agus gníomhaireachtaí áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh (IO L 29, 3.2.2004, lch. 15).

(23) Le croí poiblí an idirlín oscailte, eadhon na príomhphrótacail agus an príomhbhonneagar a bhaineann leis, ar earra poiblí domhanda é, cuirtear an fheidhmiúlacht bhunriachtanach ar fáil don idirlíon ina iomláine agus cuirtear bonn ceart faoina ghnáthoibriú. Ba cheart do ENISA tacú le slándáil croí poiblí an idirlín oscailte agus cobhsaíocht fheidhmiú an idirlín, lena n-áirítear prótacail ríthábhachtacha (go háirithe DNS, BGP, agus IPv6), oibriú an chórais ainmneacha fearainn (amhail feidhmiú na hainmneacha fearann ar fad de chuid na bhfearann barrleibhéil) agus oibriú an fhréamhchreasa, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin.

(24) Is é bunchúram ENISA cur chun feidhme comhleanúnach an chreata dlí ábhartha a chur chun cinn, go háirithe cur chun feidhme éifeachtúil na Treorach (AE) 2016/1148 agus ionstraimí ábhartha eile dlí a bhfuil gnéithe cibearshlándála iontu, rud atá riachtanach chun cibear-athléimneacht a fheabhsú. I bhfianaise thimpeallacht bhagartha na cibearshlándála atá ag athrú go tapa, is léir gur gá cur chuige trasbheartas níos cuimsithí i dtaca le cibear-athléimneacht a fhorbairt chun cuidiú leis na Ballstáit.

(25) Ba cheart do ENISA cuidiú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus leis na Ballstáit lena n-iarrachtaí inniúlachtaí agus ullmhacht a bhunú agus a fheabhsú chun cibeartheagmhais agus cibearbhagairtí a chosc, a bhrath agus chun freagairt orthu, agus maidir le slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise. Go háirithe, ba cheart do ENISA tacú le forbairt agus feabhsú Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí ("CSIRTanna") dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/1148, bíodh sé ar leibhéal an Bhallstáit nó ar leibhéal an Aontais d'fhonn ardleibhéal comhchoiteann a bhaint amach i dtaca lena n-aibíocht san Aontas. Pé gníomhaíochtaí a dhéanfaidh ENISA i dtaca le cumais oibríochtúla na mBallstát, ba cheart dóibh tacú go gníomhach leis na gníomhaíochtaí a dhéanfadh na Ballstáit féin chun a gcuid oibleagáidí faoi Treoir (AE) 2016/1148 a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, níor cheart go sáródh siad gníomhaíochtaí na mBallstát.

(26) Ba cheart do ENISA cuidiú a thabhairt freisin maidir le straitéisí an Aontais agus, arna iarraidh sin, straitéisí na mBallstát maidir le slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe i dtaca leis an gcibearshlándáil, agus ba cheart do ENISA scaipeadh na straitéisí sin a chur chun cinn agus an dul chun cinn maidir lena gcur chun feidhme a leanúint. Ina theannta sin, ba cheart do ENISA cabhrú chun go gcumhdófar an gá a bheidh le cúrsaí oiliúna agus ábhair oiliúna a chur ar fáil, lena n-áirítear d'eagraíochtaí poiblí agus, i gcás inarb iomchuí, a mhéad is féidir "oiliúint a chur ar na hoiliúnóirí", ag cur leis an gCreat Eorpach maidir le hInniúlacht Dhigiteach do na Saoránaigh d'fhonn cuidiú leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a n-inniúlachtaí oiliúna féin a fhorbairt.

(27) Ba cheart do ENISA tacú leis na Ballstáit ó thaobh na múscailte feasachta de agus an oideachais i réimse na cibearshlándála trí chomhordú níos dlúithe agus malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit a éascú. Mar chuid den tacaíocht sin, d'fhéadfaí líonra de phointí teagmhála náisiúnta oideachais agus ardán oiliúna cibearshlándála a fhorbairt. D'fhéadfadh an líonra de phointí teagmhála náisiúnta oideachais oibriú laistigh de Líonra na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina thúsphointe don chomhordú idir na Ballstáit amach anseo.

(28) Ba cheart do ENISA cuidiú leis an nGrúpa Comhair a bunaíodh le Treoir (AE) 2016/1148, a chúraimí a dhéanamh, go mór mór trí shaineolas agus comhairle a chur ar fáil agus trí mhalartú dea-chleachtas maidir le rioscaí agus teagmhais a éascú, agus cuidiú a thabhairt *inter alia* do na Ballstáit oibreoirí seirbhísí riachtanacha mar aon le dea-chleachtais i dtaobh spleáchais trasteorann a shainaithint.

(29) D'fhonn comhar a chothú idir an earnáil phoiblí agus phríobháideach agus laistigh den earnáil phríobháideach, chun tacú go háirithe le cosaint na mbonneagar criticiúil, ba cheart do ENISA tacaíocht a thabhairt do chomhroinnt faisnéise idir na hearnálacha sin agus laistigh díbh, go háirithe sna hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1148, trí dhea-chleachtais agus treoir a sholáthar i dtaca leis na huirlisí atá ar fáil, agus leis an nós imeachta, agus treoir a chur ar fáil maidir le dul i ngleic le saincheisteanna rialála a bhaineann le comhroinnt faisnéise, mar shampla trí chur ar bun lárionad um chomhroinnt agus anailís faisnéise a éascú.

(30) De bhrí go bhfuil méadú ag teacht de shíor ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag leochaileachtaí i dtáirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC tá sé tábhachtach teacht ar na leochaileachtaí sin agus iad a leigheas chun an riosca foriomlán a bhaineann leis an gcibearshlándáil a laghdú. Tá fianaise ann a léiríonn go méadaítear go suntasach, a bhuí leis an gcomhar idir eagraíochtaí, monaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC leochaileacha, agus taighdeoirí cibearshlándála agus rialtais a thagann ar na leochaileachtaí sin, go méadaítear ráta braite na leochaileachtaí i dtáirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC, ina theannta sin, go méadaítear an ráta lena leigheastar iad. Le nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí, sonraítear próiseas struchtúrtha comhair lena dtugtar tuairisc ar leochaileachtaí d'úinéir an chórais faisnéise, rud a thugann deis don eagraíocht an leochaileacht a dhiagnóisiú agus a leigheas sula nochtar faisnéis mhionsonraithe faoin leochaileacht do thríú páirtithe nó don phobal. Sa bhreis air sin, déantar leis an bpróiseas foráil maidir le comhordú idir an páirtí a tháinig ar na leochaileachtaí agus an eagraíocht maidir leis na leochaileachtaí sin a phoibliú. Is féidir le próisis bhainistithe maidir le nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí ról tábhachtach a bheith acu in iarrachtaí na mBallstát chun an chibearshlándáil a chur chun cinn.

(31) Ba cheart do ENISA comhiomlánú agus anailís a dhéanamh ar thuarascálacha náisiúnta ó CSIRTanna agus Foireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire Idirinstitiúideach d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a bunaíodh le Socrú idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Chúirt Iniúchóirí, nó an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ("SEGS"), Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste na Réigiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta maidir le heagrú agus le hoibriú an Foireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU) ([14]) arna gcomhroinnt go deonach, d'fhonn cuidiú nósanna imeachta comhchoiteanna, friotal comhchoiteann agus téarmeolaíocht chomhchoiteann a chur ar bun chun faisnéis a mhalartú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart ról a bheith ag an earnáil phríobháideach in ENISA, faoi chuimsiú na Treorach (AE) 2016/1148 lenar leagadh síos na forais le haghaidh malartú deonach faisnéise teicniúla ar an leibhéal oibríochtúil i líonra na bhfoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí ("líonra CSIRTanna"), a cruthaíodh leis an dTreoir sin.

(32) Ba cheart do ENISA cuidiú le freagairtí ar leibhéal an Aontais i gcás teagmhais agus géarchéimeanna mórscála trasteorann a bhaineann le cibearshlándáil. Ba cheart an fheidhm sin a chomhlíonadh i gcomhréir le sainordú ENISA faoin Rialacháin seo agus le cur chuige arna chomhaontú i measc na mBallstát faoi chuimsiú an Mholta (AE) 2017/1584 ([15]) ón gCoimisiún agus conclúidí ón gComhairle an 26 Meitheamh 2018 maidir le Freagairt Chomhordaithe ón Aontas ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Mórscála Cibearshlándála. Mar chuid den tasc sin, d'fhéadfadh ENISA faisnéis ábhartha a bhailiú agus gníomhú mar éascaitheoir idir líonra CSIRTanna agus an comhphobal teicniúil agus idir lucht déanta cinntí atá freagrach as bainistiú géarchéimeanna. Ina theannta sin, ba cheart do ENISA tacú leis an gcomhar oibríochtúil idir na Ballstáit, arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó, i gcás láimhseáil teagmhas ón taobh teicniúil de trí mhalartuithe ábhartha réitigh theicniúla idir na Ballstáit a éascú agus trí ionchur a sholáthar i gcumarsáidí poiblí. Ba cheart do ENISA tacú le comhar oibríochtúil trí shocruithe an chomhair sin a thástáil trí bhíthin cleachtaí rialta cibearshlándála.

(33) Agus tacaíocht á tabhairt aici don chomhar oibríochtúil, ba cheart do ENISA an saineolas teicniúil agus oibríochtúil atá ag CERT-EU a chur ar fáil trí bhíthin comhar struchtúrtha. Le comhar struchtúrtha den sórt sin, d'fhéadfadh sé cur le saineolas ENISA. I gcás inarb iomchuí sin, ba cheart socruithe tiomnaithe a leagan síos idir an dá eintiteas chun cur chun feidhme praiticiúil an chomhair sin a shainiú agus an dúbailt gníomhaíochtaí a sheachaint.

(34) I gcomhréir leis na cúraimí sin dá cuid lena dtacaíonn sí leis an gcomhar oibríochtúil laistigh den líonra CSIRTanna, ba cheart do ENISA a bheith in ann tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit, arna hiarraidh sin dóibh, trí chomhairle a chur ar fáil maidir lena gcumas a fheabhsú chun teagmhais a chosc, a bhrath, agus chun freagairt orthu, trí láimhseáil theicniúil na dteagmhas sin a fhágann lorg suaithinseach nó suntasach a éascú, nó trína áirithiú go ndéantar anailís ar gach bagairt agus teagmhas. Ba cheart do ENISA láimhseáil theicniúil na dteagmhas sin a fhágann lorg suaithinseach nó suntasach a éascú, go háirithe trí thacú le comhroinnt dheonach réiteach teicniúil i measc na mBallstát nó trí fhaisnéis theicniúil chomhcheangailte a chur ar fáil, amhail réitigh theicniúla arna gcomhroinnt go deonach ag na Ballstáit. Sa Mholadh (AE) 2017/1584, moltar go gcomhoibreoidh na Ballstáit de mheon macánta agus go roinnfidh siad eatarthu féin agus le ENISA faisnéis faoi theagmhais agus géarchéimeanna mórscála a bhaineann le cibearshlándáil gan moill mhíchuí. Bheadh an faisnéis sin ina cuidiú breise do ENISA a chúraimí a dhéanamh chun tacú le comhar oibríochtúil.

(35) Mar chuid den chomhar rialta a bhíonn ar siúl ar an leibhéal teicniúil chun tacú le feasacht staide an Aontais, ba cheart do ENISA, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, Tuarascáil mionsonraithe an Aontais ar staid theicniúil na cibearshlándála i dtaca le teagmhais agus cibearbhagairtí a ullmhú go tráthrialta, agus ba cheart na tuarascálacha sin a bheith bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí, ar a hanailís féin, agus ar thuarascálacha arna roinnt léi ag CSIRTanna na mBallstát nó na hIonaid Ilfhreastail náisiúnta maidir le slándáil gréasán agus córais faisnéise ag ("Ionaid Ilfhreastail") dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/1148, ar bhonn deonach araon, Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3) ag Europol, CERT-EU agus, i gcás inarb iomchuí, ag Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (EU INTCEN) atá mar chuid den tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS). Ba cheart an tuarascáil sin a bheith ar fáil do na páirtithe sa Chomhairle, sa Choimisiún, d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus do Líonra CSIRTanna.

(36) An tacaíocht a thabharfaidh ENISA d'fhiosruithe teicniúla *ex post* ar theagmhais a raibh tionchar suaithinseach nó suntasach acu, tacaíocht a thabharfar arna hiarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann, ba cheart í a bheith dírithe ar theagmhais den chineál sin a sheachaint arís. Na Ballstáit lena mbaineann, ba cheart dóibh pé faisnéis agus cúnamh is riachtanach a sholáthar chun gur féidir le ENISA tacú leis an bhfiosrú teicniúil ex post go héifeachtúil.

([14]) IO C 12, 13.1.2018, lch. 1.
([15]) Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

(37) Féadfaidh na Ballstáit iarraidh ar na gnóthais a mbaineann an teagmhas leo comhoibriú trí fhaisnéis agus cúnamh atá riachtanach a sholáthar do ENISA gan dochar dá gceart faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus faisnéis atá ábhartha don tslándáil phoiblí a chosaint.

(38) Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin atá ann i réimse na cibearshlándála, agus d'fhonn comhairle straitéiseach fhadtéarmach a thabhairt do na Ballstáit agus d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, is gá do ENISA anailís a dhéanamh ar na rioscaí atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn. Chun na críche sin, ba cheart do ENISA, i gcomhar leis na Ballstáit agus, de réir mar is iomchuí, i gcomhar le comhlachtaí staitistiúla agus comhlachtaí eile, faisnéis ábhartha, atá ar fáil go poiblí nó arna comhroinnt go deonach, a bhailiú agus anailísiú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus measúnuithe a dhéanamh a bhaineann go sonrach le topaic ar leith i dtaobh an tionchair a mheastar a bheidh ag nuálaíochtaí teicneolaíochta ar shlándáil gréasán agus faisnéise, agus go háirithe ar chibearshlándáil, ó thaobh na sochaí, an dlí, an gheilleagair agus na rialála de. Ina theannta sin, ba cheart do ENISA tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus teagmhais a chosc, trí anailís a dhéanamh ar chibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais.

(39) Chun gur móide teacht aniar an Aontais, ba cheart do ENISA saineolas a fhorbairt i réimse chibearshlándáil na n-infreastruchtúr a thacaíonn, go háirithe, leis na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1148 agus leis na hinfreastruchtúir arna n-úsáid ag na soláthraithe seirbhíse digití a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin, trí chomhairle a sholáthar, treoirlínte a eisiúint agus dea-chleachtais a mhalartú. D'fhonn rochtain níos éasca a áirithiú ar fhaisnéis struchtúrtha faoi rioscaí cibearshlándála agus réitigh fhéideartha, ba cheart do ENISA "mol faisnéise" an Aontais a fhorbairt agus a chothabháil, ar tairseach ilfhreastail é ar a gcuirfear ar fáil don phobal faisnéis faoin gcibearshlándáil a thagann ón Aontas agus ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí náisiúnta. Le rochtain a éascú ar fhaisnéis níos struchtúrtha faoi rioscaí cibearshlándála agus réitigh fhéideartha, is féidir cabhrú leis na Ballstáit chomh maith a n-acmhainní a threisiú agus a gcleachtais a ailíniú agus, ar an gcaoi sin, a n-athléimneacht fhoriomlán a mhéadú nuair a dhéantar cibearionsaithe.

(40) Ba cheart do ENISA cuidiú a thabhairt chun feasacht an phobail a mhúscailt maidir le rioscaí cibearshlándála, lena n-áirítear trí fheachtas múscailte feasachta a chur ar bun ó cheann ceann an Aontais agus trí oideachas a chur chun cinn, agus treoir a thabhairt do shaoránaigh, eagraíochtaí agus gnólachtaí maidir le dea-chleachtais le haghaidh úsáideoirí aonair. Ba cheart do ENISA cuidiú a thabhairt freisin chun dea-chleachtais agus réitigh, lena n-áirítear an cibearshláinteachas agus an chibearlitearthacht, a chur chun cinn ar leibhéal na saoránach, eagraíochtaí agus gnólachtaí trí fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le teagmhais shuntasacha a bhailiú agus a anailísiú agus trí thuarascálacha agus treoir a thiomsú agus a fhoilsiú d'fhonn comhairle a thabhairt do saoránaigh, eagraíochtaí agus gnólachtaí, leibhéal foriomlán na hullmhachta agus na hathléimneachta a fheabhsú. Ina theannta sin, ba cheart do ENISA a dhícheall a dhéanamh chun faisnéis ábhartha maidir le scéimeanna deimhniúcháin is infheidhme a sholáthar do thomhaltóirí, mar shampla trí threoirlínte agus moltaí a sholáthar. Ina theannta sin, ba cheart do ENISA, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta um Oideachas Digiteach arna bunú le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2018 agus i gcomhar leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais feachtais rialta for-rochtana agus oideachais phoiblí a eagrú a bheidh dírithe ar úsáideoirí deiridh, arb é is aidhm dóibh iompraíocht níos sábháilte ar líne agus litearthacht dhigiteach a chur chun cinn i measc daoine aonair, agus feasacht a mhúscailt maidir le cibearbhagairtí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear gníomhaíocht choiriúil ar líne amhail ionsaithe fioscaireachta, róbatlíonta, calaois airgeadais agus baincéireachta, teagmhais maidir le calaois sonraí agus, chomh maith leis sin, comhairle maidir le fíordheimhniú ilfhachtóra bunúsach, paisteáil, cripteachán, anaithnidiú agus cosaint sonraí a chur chun cinn.

(41) Ba cheart ról lárnach a bheith ag ENISA maidir le feasacht a mhúscailt i measc úsáideoirí deiridh i dtaca le slándáil gléasanna agus úsáid shlán seirbhísí, lena ndéanfaí aird a tharraingt, ar leibhéal an Aontais, ar shlándáil trí dhearadh agus príobháideachas trí dhearadh ag leibhéal an Aontais. Ba cheart do ENISA leas a bhaint as an dea-chleachtas agus as an taithí is fearr atá ann agus í ag gabháil don chuspóir sin, go háirithe institiúidí acadúla agus taighdeoirí slándála i réimse TF.

(42) Chun tacú leis na gnólachtaí atá ag gníomhú i réimse na cibearshlándála, agus le húsáideoirí réiteach cibearshlándála, ba cheart do ENISA "faireachlann mhargaidh" a fhorbairt agus a chothabháil trí anailísiú rialta a dhéanamh agus trí na príomhthreochtaí i margadh na cibearshlándála a scaipeadh, ar thaobh an tsoláthair agus an éilimh araon.

(43) Ba cheart do ENISA cur le hiarrachtaí an Aontais an comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chothú agus, chomh maith leis sin, faoi chuimsiú na gcreataí ábhartha idirnáisiúnta comhair i réimse na cibearshlándála. Ba cheart do ENISA, go háirithe, cuidiú, i gcás inarb iomchuí, leis an gcomhar le heagraíochtaí amhail an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT). D'fhéadfadh a bheith sa chomhar sin cleachtaí comhpháirteacha cibearshlándála agus comhordú comhpháirteach freagartha ar theagmhais. Déanfar na gníomhaíochtaí sin agus urraim iomlán á léiriú do phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais, gan dochar do shainchineál beartais slándála agus cosanta aon Bhallstáit.

(44) Chun a áirithiú go n-éireoidh léi a cuspóirí a bhaint amach ina n-iomláine, ba cheart do ENISA idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis mhaoirseachta ábhartha de chuid an Aontais agus údaráis inniúla eile san Aontas, agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear CERT-EU, EC3, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), an Ghníomhaireacht Eorpach um Chórais Domhanda Loingseoireachta Satailíte (an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS), Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), an Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), an Banc Ceannais Eorpach (BCE), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB), an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) agus aon ghníomhaireacht eile de chuid an Aontais atá bainteach leis an gcibearshlándáil. Ba cheart do ENISA freisin idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis a phléann le cosaint sonraí chun saineolas agus dea-chleachtais a mhalartú agus chun comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna cibearshlándáil a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gcuid oibre. Ba cheart go mbeadh ionadaithe údarás forfheidhmithe dlí agus um shonraí a chosaint, arb údaráis náisiúnta agus údaráis de chuid an Aontais iad, i dteideal ionadaíocht a bheith acu ar Ghrúpa Comhairleach ENISA. Trí idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis forfheidhmithe dlí maidir le gnéithe slándála gréasán agus faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gcuid oibre, ba cheart do ENISA bealaí faisnéise atá ann cheana agus gréasáin atá bunaithe a urramú.

(45) D'fhéadfaí comhpháirtíochtaí a bhunú le hinstitiúidí acadúla a bhfuil tionscnaimh taighde acu sna réimsí ábhartha agus, san am céanna, ba cheart go ndéanfaí ionchur ó eagraíochtaí tomhaltóirí agus eagraíochtaí eile a ghlacadh trí bhíthin na mbealaí iomchuí agus ba cheart é a chur san áireamh.

(46) Ba cheart do ENISA, ina cáil mar rúnaíocht do líonra CSIRTanna, tacú le CSIRTanna na mBallstát agus le CERT-EU i dtaca leis an gcomhar oibríochtúil i dtaobh chúraimí ábhartha uile Líonra CSRITanna, dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2016/1148. Thairis sin, ba cheart do ENISA tacú le comhar idir na CSIRTanna ábhartha agus é a chur chun cinn i gcás teagmhas, ionsaithe nó briseadh i ngréasáin nó i mbonneagar arna mbainistiú nó arna gcosaint ag CSRITanna agus lena mbaineann dhá CERT ar a laghad, nó lena bhféadfadh baint a bheith ag dhá CSIRT ar a laghad, agus aird chuí á tabhairt ar nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha líonra CSIRTanna.

(47) D'fhonn ullmhacht an Aontais a fheabhsú i dtaca le freagairt ar theagmhais, ba cheart do ENISA cleachtaí rialta cibearshlándála a eagrú ar leibhéal an Aontais agus tacú leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais cleachtaí den sórt sin a eagrú, arna iarraidh sin dóibh. Ba cheart cleachtaí cuimsitheach ar mhórscála a eagrú, lena gcuirtear san áireamh gnéithe teicniúla, oibríochtúla nó straitéiseacha ar bhonn débhliantúil. Sa bhreis air sin, ba cheart do ENISA a bheith in ann cleachtaí nach bhfuil chomh cuimsitheach céanna a eagrú go rialta a mbeidh an sprioc chéanna acu, is é sin ullmhacht an Aontais a fheabhsú i dtaca le freagairt ar theagmhais.

(48) Ba cheart do ENISA a cuid saineolais i dtaca le deimhniú cibearshlándála a fhorbairt agus a chothabháil d'fhonn tacú le beartas an Aontais sa réimse sin. Ba cheart do ENISA cur leis na dea-chleachtais atá ann cheana agus glacadh an deimhnithe i ndáil leis an gcibearshlándáil a chur chun cinn laistigh den Aontas, trí rannchuidiú, i measc nithe eile, le creat um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil a bhunú agus a chothabháil ar leibhéal an Aontais (creat Eorpach um dheimhniúchán cibearshlándála), d'fhonn trédhearcacht an mheasúnaithe chibearshlándála do tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, muinín sa mhargadh inmheánach digiteach agus a hiomaíochas a threisiú.

(49) Ba cheart beartais éifeachtúla cibearshlándála a bheith bunaithe ar mhodhanna measúnaithe riosca atá dea-fhorbartha, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Baintear úsáid as leibhéal éagsúla modhanna um measúnú riosca gan cleachtas comhchoiteann ar bith a bheith ann i dtaobh conas iad a chur i bhfeidhm go héifeachtúil. Déanfar leibhéal na cibearshlándála san Aontas a mhéadú trí dhea-chleachtais a chur chun cinn agus a fhorbairt i dtaobh measúnú riosca agus i dtaobh réitigh idir-inoibritheacha bainistithe riosca in eagraíochtaí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí. Chun na críche sin, ba cheart do ENISA tacú le comhar idir geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha ar leibhéal an Aontais, agus a gcuid iarrachtaí maidir le bunú agus glacadh caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta a éascú i dtaobh bainistíochta riosca agus i dtaobh slándála intomhaiste táirgí leictreonacha, córas leictreonach agus gréasáin agus seirbhísí leictreonacha, lena gcomhdhéantar na córais gréasán agus faisnéise in éineacht le bogearraí.

(50) Ba cheart do ENISA na Ballstáit, monaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a spreagadh chun a gcuid caighdeán ginearálta slándála a fheabhsú ionas go ndéanfaidh gach úsáideoir Idirlín na bearta is gá chun a chuid cibearshlándála pearsanta a áirithiú agus ba cheart dreasachtaí a chur ar fáil chun na críche sin. Go háirithe, ba cheart do mhonaróirí agus soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC nuashonruithe riachtanacha a chur ar fáil agus táirgí, seirbhísí nó próisis nach gcomhlíonann caighdeáin chibearshlándála a aisghairm, a tharraingt siar nó a athchúrsáil agus, san am céanna, ba cheart d'allmhaireoirí agus dáileoirí a áirithiú go gcomhlíonann táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a chuireann siad ar mhargadh AE na ceanglais is infheidhme agus nach mbeidh siad ina riosca do thomhaltóirí an Aontais.

(51) I gcomhar leis na húdaráis inniúla, ba cheart do ENISA a bheith in ann faisnéis a scaipeadh maidir le leibhéal cibearshlándála na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC agus na bpróiseas TFC atá á dtairiscint sa mhargadh inmheánach, agus foláirimh a eisiúint dírithe ar mhonaróirí agus soláthraithe a cheangal orthu slándáil a dtáirgí TFC, a seirbhísí TFC agus a próisis TFC, lena n-áirítear an chibearshlándáil, a fheabhsú.

(52) Ba cheart do ENISA lánaird a thabhairt ar na gníomhaíochtaí atá ar bun faoi láthair maidir le taighde, forbairt agus measúnú teicneolaíoch, go háirithe na gníomhaíochtaí sin arna ndéanamh ag tionscnaimh taighde éagsúla an Aontais chun comhairle a chur ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, ar na Ballstáit, arna hiarraidh sin dóibh, maidir le riachtanais agus tosaíochtaí taighde i réimse na cibearshlándála. Chun gur féidir riachtanais agus tosaíochtaí taighde a shainaithint, ba cheart do ENISA dul i gcomhairle leis na húsáideoirí ábhartha. Féadfar, go háirithe, comhar a chur ar bun leis an gComhairle Eorpach um Thaighde, leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus le hInstitiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála.

(53) Ba cheart do ENISA dul i gcomhairle go rialta le heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, go háirithe tráth a n-ullmhaítear scéimeanna Eorpacha um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil.

(54) Is saincheisteanna domhanda cibearbhagairtí. Tá gá le comhar idirnáisiúnta níos dlúithe chun caighdeáin chibearshlándála a fheabhsú, lena n-áirítear noirm chomhchoiteanna iompraíochta a shainiú agus cóid iompair a ghlacadh, an úsáid a bhaintear as caighdeáin idirnáisiúnta, agus comhroinnt faisnéise, lena gcuirtear comhoibriú idirnáisiúnta níos mire chun cinn mar fhreagra ar shaincheisteanna slándála gréasán agus faisnéise agus mar chur chuige comhchoiteann domhanda maidir leo sin. Chun na críche sin, ba cheart do ENISA tacú le rannpháirteachas breise de chuid an Aontais agus comhar breise le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta trí shaineolas agus anailís riachtanach a sholáthar do na comhlachtaí agus do na hinstitiúidí, do na comhlachtaí, do na hoifígí agus dona gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, i gcás inarb iomchuí.

(55) Ba cheart go mbeadh ENISA in ann freagairt a thabhairt ar iarrataí *ad hoc* ar chomhairle agus cúnamh ó na Ballstáit agus ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, a thagann faoi chuimsiú shainordú ENISA.

(56) Maidir le rialachas ENISA, is stuama agus is inmholta prionsabail áirithe ón Ráiteas Comhpháirteach agus Cur Chuige Coiteann a chur chun feidhme, ráiteas a chomhaontaigh an Grúpa Oibre Idirinstitiúideach ar ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh i mí Iúil 2012, arb é is cuspóir leis gníomhaíochtaí gníomhaireachtaí díláraithe a chuíchóiriú agus a bhfeidhmiú a fheabhsú. Ina theannta sin, na moltaí a thugtar sa Ráiteas Comhpháirteach agus Cur Chuige Coiteann, ba cheart iad a bheith le feiceáil, de réir mar is iomchuí, i gCláir Oibre ENISA, meastóireachtaí ENISA, agus cleachtas tuairiscithe agus riaracháin ENISA.

(57) Ba cheart don Bhord Bainistíochta, ar a bhfuil ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, treo ginearálta oibríochtaí ENISA a bhunú agus a áirithiú go gcuireann sí a cúraimí i gcrích i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart a chur ar iontaoibh an Bhoird Bainistíochta na cumhachtaí is gá chun an buiséad a bhunú, feidhmiú an bhuiséid a fhíorú, rialacha airgeadais iomchuí a ghlacadh, nósanna imeachta trédhearcacha a bhunú i dtaobh chinnteoireacht ENISA, doiciméad clársceidealaithe aonair ENISA a ghlacadh, a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus cinneadh a dhéanamh maidir le síneadh agus deireadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.

(58) Ionas go bhfeidhmeodh ENISA go héifeachtúil agus mar is cuí, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an taithí agus an saineolas gairmiúil ag na daoine atá le ceapadh ina gcomhaltaí den Bhord Bainistíochta. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh ráta athraithe a gcuid ionadaithe ar an mBord Bainistíochta a theorannú freisin chun leanúnachas in obair an Bhoird Bainistíochta a áirithiú.

(59) Ar mhaithe le feidhmiú rianúil ENISA, ní mór an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh ar bhonn fiúntais agus scileanna doiciméadaithe riaracháin agus bainistíochta, agus ar bhonn inniúlachta agus taithí atá ábhartha i dtaobh na cibearshlándála. Ba cheart don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhualgais a chomhlíonadh ar shlí atá go hiomlán neamhspleách. Ba cheart don Stiúrthóir Feidhmiúcháin togra a ullmhú le haghaidh chlár oibre bliantúil ENISA, tar éis dó dul i gcomhairle roimh ré leis an gCoimisiún, agus ba cheart dó na céimeanna ar fad is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear clár oibre ENISA i bhfeidhm mar is cuí. Ba cheart don Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuarascáil bhliantúil a ullmhú a bheidh le cur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta, lena gcumhdaítear cur chun feidhme chlár oibre bliantúil ENISA, dréachtráiteas faoi mheastacháin ar ioncam agus caiteachas a tharraingt suas do ENISA, agus an buiséad a chur chun feidhme. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith de rogha ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin grúpaí oibre ad hoc a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar ábhair shonracha, go háirithe ábhair a bhaineann leis an eolaíocht, leis an teicneolaíocht, leis an dlí nó leis an tsocheacnamaíocht. Go háirithe, maidir le scéim shonrach d'iarrthacha Eorpacha deimhniúcháin ("scéim iarrthach") a ullmhú, meastar nach mór grúpa oibre *ad hoc* a chur ar bun. Ba cheart don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a áirithiú go ndéanfar comhaltaí na ngrúpaí oibre *ad hoc* a roghnú de

réir na gcaighdeán is airde saineolais, agus é mar aidhm leis cothromaíocht a bheith ann ó thaobh inscne de, de réir mar is iomchuí i dtaca leis na saincheisteanna i dtrácht, idir riaracháin phoiblí na mBallstát, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear lucht tionscail, úsáideoirí agus saineolaithe acadúla ar an tslándáil gréasán agus faisnéise.

(60) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin cuidiú leis an mBord Bainistíochta feidhmiú go héifeachtúil. Mar chuid den obair ullmhúcháin a bhaineann le cinntí an Bhoird Bainistíochta, ba cheart Bhord Feidhmiúcháin mionscrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha agus na roghanna atá ar fáil a fhiosrú agus comhairle agus réitigh a mholadh i dtaca le cinntí an Bhoird Bainistíochta a ullmhú.

(61) Ba cheart Grúpa Comhairleach ENISA a bheith ag ENISA mar chomhlacht comhairleach, chun idirphlé rialta leis an earnáil phríobháideach, le heagraíochtaí tomhaltóirí, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile a áirithiú. Ba cheart don Ghrúpa Comhairleach ENISA, arna bhunú ag an mBord Bainistíochta ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, díriú ar shaincheisteanna is ábhartha do gheallsealbhóirí agus ba cheart dó na saincheisteanna sin a chur faoi bhráid ENISA. Ba cheart dul i gcomhairle leis an Grúpa Comhairleach ENISA i ndáil leis an dréachtchlár oibre bliantúil go háirithe. Ba cheart le comhdhéanamh an Ghrúpa Comhairleach ENISA agus leis na cúraimí atá sannta don ghrúpa sin, grúpa ar, ba cheart leordhóthanacht ionadaíocht na ngeallsealbhóirí in obair ENISA a áirithiú.

(62) Ba cheart an Grúpa um Dheimhniú i ndáil leis an gCibearshlándáil de chuid na nGeallsealbhóirí a bhunú chun cuidiú le ENISA agus leis an gCoimisiún éascú a dhéanamh ar an gcomhairliúchán le geallsealbhóirí ábhartha. Ba cheart an Grúpa um Dheimhniú i ndáil leis an gCibearshlándáil de chuid na nGeallsealbhóirí a bheith comhdhéanta de chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht, ar dhóigh chomhréireach, ar lucht tionscail, ar thaobh an éilimh agus an tsoláthair araon i gcás tháirgí TFC agus sheirbhísí TFC, lena n-áirítear, go háirithe, fiontair bheaga agus mheánmhéide, soláthraithe seirbhísí digiteacha, comhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta um chaighdeánú, comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta, údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí agus comhlachtaí um measúnú comhréireachta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]), lucht acadúil agus eagraíochtaí tomhaltóirí.

(63) Ba cheart rialacha a bheith i bhfeidhm ag ENISA maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú. Ina theannta sin, ba cheart do ENISA forálacha ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm, ar forálacha iad a bhaineann le rochtain phoiblí ar dhoiciméid mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]). Maidir le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag ENISA, ba cheart sin a dhéanamh faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]). Ba cheart do ENISA na forálacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta maidir le láimhseáil faisnéise a chomhlíonadh, go háirithe faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais (FRAE).

(64) Chun uathriail agus neamhspleáchas iomlán ENISA a áirithiú agus chun go mbeidh sí in ann cúraimí breise a chomhlíonadh, lena n-áirítear cúraimí éigeandála gan choinne, ba cheart a thabhairt ENISA buiséad uathrialach leordhóthanach a mbeidh a ioncam ag teacht, den chuid is mó, ó ranníocaíocht ón Aontas agus ó ranníocaíochtaí ó thríú tíortha atá rannpháirteach in obair ENISA. Tá buiséad iomchuí ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag ENISA chun a cúraimí a chomhlíonadh agus a cuspóirí a bhaint amach, ar cúraimí agus cuspóirí iad atá ag dul i méid. Ba cheart do thromlach fhoireann ENISA a bheith ag gabháil go díreach do chur chun feidhme oibríochtúil shainordú ENISA. Ba cheart cead a bheith ag an mBallstát óstach, agus ag Ballstát ar bith eile, ranníocaíochtaí deonacha a dhéanamh le hioncam ENISA. Ba cheart go leanfadh nós imeachta buiséid an Aontais de bheith infheidhme a mhéid a bhaineann le haon fhóirdheontais atá inmhuirearaithe ar bhuiséad ginearálta an Aontais. Thairis sin, ba cheart don Chúirt Iniúchóirí cuntais ENISA a iniúchadh chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú.

(65) Tá an deimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil tábhachtach chun slándáil tháirgí TFC, sheirbhísí TFC agus phróisis TFC a mhéadú agus chun an mhuinín a gcuirtear iontu a neartú. Ní bheidh rath ar an margadh aonair digiteach, ná go háirithe ar an ngeilleagar sonraí agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla, ach amháin má tá muinín ag an bpobal i gcoitinne go bhfuil leibhéal áirithe dearbhaithe cibearshlándála ag na táirgí, na seirbhísí agus na próisis sin. Is samplaí iad gluaisteáin nasctha agus gluaisteáin uathoibrithe, feistí leighis leictreonacha, córais rialaithe um uathoibriú tionsclaíoch agus eangaí cliste de na hearnálacha ina bhfuil deimhniú á úsáid go forleathan cheana féin nó ina meastar a mbeidh sé in úsáid go luath. Na hearnálacha sin atá á rialú le Treoir (AE) 2016/1148, is earnálacha iad ina bhfuil deimhniú cibearshlándála criticiúil.

([16]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 2018, 13.8.2008, lch. 30).

([17]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

([18]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39)

(66) Sa Teachtaireacht uaidh in 2016 dar teideal "Strengthening Europe's Cyber Resilience System and Fostering a Competitive and Innovative Cybersecurity Industry (Córas Cibear-athléimneachta na hEorpa a Threisiú agus Tionscal Cibearshlándála atá Iomaíoch agus Nuálach a Chothú)", leag an Coimisiún amach an gá atá le táirgí agus réitigh atá ar ardchaighdeán, inacmhainne agus idir-inoibritheach. Tá soláthar tháirgí TFC, sheirbhísí TFC agus phróisis TFC laistigh den mhargadh aonair an-ilroinnte ar bhonn geografach. Is amhlaidh atá toisc gur fhorbair tionscail na cibearshlándála san Eoraip ar bhonn éilimh ó rialtais na mBallstát den chuid is mó. Ina theannta sin, tá bearnaí eile ann atá ag déanamh dochair don mhargadh aonair i réimse na cibearshlándála, mar atá an t-easnamh maidir le réitigh idir-inoibritheacha (caighdeáin theicniúla), cleachtais agus sásraí deimhniúcháin don Aontas ar fad. Is deacair do ghnólachtaí Eorpacha, dá bhrí sin, dul san iomaíocht ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal domhanda. Laghdaíonn sé freisin an rogha atá ann maidir le teicneolaíochtaí cibearshlándála inmharthana agus inúsáidte a bhfuil rochtain ag daoine aonair agus gnólachtaí orthu. Ar an gcaoi chéanna, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún in 2016 faoin athbhreithniú meántéarma ar chur chun feidhme straitéis an mhargaidh aonair dhigitigh, leag an Coimisiún béim ar an ngá le táirgí agus seirbhísí nasctha a bheith slán, agus luaigh sé go bhféadfadh creat slándála TFC ar leibhéal na hEorpa lena leagtar síos rialacha maidir leis an gcaoi chun deimhniú slándála TFC a eagrú san Aontas, go bhféadfadh córas den chineál sin muinín daoine as an idirlíon a chaomhnú agus dul i ngleic freisin le hilroinnt an mhargaidh cibearshlándála mar atá faoi láthair.

(67) Faoi láthair, ní bhaintear úsáid as deimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil maidir le táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC ach ar bhonn teoranta. Nuair is ann dá leithéid, is iondúil gur ar leibhéal na mBallstát a úsáidtear é, nó faoi chuimsiú scéimeanna arna stiúradh ag lucht tionscail. Sa chomhthéacs sin, deimhniú a eisíonn údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála amháin, ní aithnítear, i bprionsabal, sna Ballstáit eile é. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chuideachtaí a dtáirgí TFC, a seirbhísí TFC agus a bpróisis TFC a dheimhniú i roinnt Ballstát ina n-oibríonn siad d'fhonn a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair náisiúnta, mar shampla, rud a chuirfeadh lena gcostais. Thairis sin, cé go bhfuil scéimeanna nua ag teacht chun cinn, is cosúil nach bhfuil aon chur chuige comhleanúnach agus iomlánaíoch i bhfeidhm maidir le saincheisteanna cothrománacha cibearshlándála, i réimse Idirlíon na Rudaí Nithiúla, mar shampla. Tá easnaimh agus éagsúlachtaí suntasacha sna scéimeanna atá i bhfeidhm faoi láthair ó thaobh cumhdach táirgí, leibhéil dearbhaithe, critéir shubstainteacha agus úsáid iarbhír de, rud a chuireann bac ar shásraí aitheantais frithpháirteacha laistigh den Aontas.

(68) Rinneadh iarrachtaí áirithe chun aitheantas frithpháirteach a áirithiú do dheimhnithe laistigh den Aontas. Níor éirigh leo ach i bpáirt, áfach. Is é an sampla is fearr ina thaobh seo Grúpa na nOifigeach Sinsearach - Comhaontú um Aitheantas Frithpháirteach (MRA) i ndáil le Slándáil na gCóras Faisnéise (SOG-IS). Cé gurb é an múnla is tábhachtaí don chomhar agus don aitheantas frithpháirteach i réimse an deimhnithe slándála, níl páirteach in SOG-IS ach cuid de na Ballstáit. I ngeall air sin, tá éifeachtúlacht MRA de chuid SOG-IS teoranta ó thaobh an mhargaidh inmheánaigh de.

(69) Dá bhrí sin, is gá cur chuige comhchoiteann a ghlacadh agus creat Eorpach um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil a bhunú lena leagtar síos na príomhcheanglais chothrománacha i dtaca le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil a fhorbairt agus faoina bhféadfar deimhnithe agus ráitis chomhréireachta ón Aontas le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a aithint agus a úsáid sna Ballstáit uile. Agus an méid sin á dhéanamh, tá sé riachtanach go gcuirfear le scéimeanna náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana, chomh maith le córais um aitheantas frithpháirteach, go háirithe SOG-IS, agus an fhéidearthacht a chruthú aistriú rianúil a dhéanamh ó scéimeanna atá ann cheana faoi na córais sin chuig scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála faoin gcreat nua Eorpach. Dhá chuspóir ba cheart a bheith ag an gcreat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála: ar an gcead dul síos, ba cheart dó cuidiú chun muinín a mhéadú i dtáirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a deimhníodh faoi na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála sin. Ar an dara dul síos, ba cheart go gcabhródh sé iolrú scéimeanna deimhniúcháin i ndáil leis an gcibearshlándáil sna Ballstáit a sheachaint, ar deimhnithe iad atá ag teacht salach ar a chéile nó a bhfuil forluí eatarthu agus, ar an gcaoi sin, na costais ar ghnóthais oibriú sa mhargadh aonair digiteach a laghdú. Ba cheart na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála sin a bheith neamh-idirdhealaitheach agus bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta nó Eorpacha, ach amháin má tá na caighdeáin sin neamhéifeachtúil nó míchuí i dtaca le cuspóirí dlisteanacha an Aontais a chomhlíonadh ina thaobh sin.

(70) Ba cheart an creat Eorpach um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil a bhunú ar bhealach aonfhoirmeach sna Ballstáit uile chun "siopadóireacht deimhniúcháin" bunaithe ar éagsúlachtaí i gcostais nó leibhéil déine i mBallstáit éagsúla a sheachaint.

(71) Ba cheart a bhfuil ann cheana féin ag an leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta agus, más gá, sonraíochtaí teicniúla ó fhóraim agus cuibhreannais, a bheith ina dhúshraith do scéimeanna Eorpacha um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil, chun foghlaim ó na láidreachtaí atá ann cheana agus measúnú a dhéanamh ar laigí agus iad a cheartú.

(72) Tá gá le réitigh sholúbtha i ndáil leis an gcibearshlándáil chun go bhfanfaidh an tionscal chun cinn ar chibearbhagairtí agus, dá bhrí sin, ba cheart aon scéim um dheimhniú a dhearadh ar bhealach lena bhféadfadh an riosca a sheachaint go rachadh an scéim sin as dáta go tapa.

(73) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún scéimeanna Eorpacha um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil a ghlacadh i dtaca le grúpaí ar leith de tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC. Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil na scéimeanna sin a chur chun feidhme agus maoirseacht a dhéanamh orthu agus ba cheart deimhnithe a eisítear faoi na scéimeanna sin a bheith bailí agus aitheanta ar fud an Aontais. Níor cheart do scéimeanna um dheimhniú arna n-oibriú ag lucht tionscail nó ag eagraíochtaí príobháideacha eile teacht faoi raon feidhme an Rialacháin. Mar sin féin, féadfaidh na comhlachtaí a oibríonn na scéimeanna sin a mholadh don Choimisiún na scéimeanna sin a mheas mar bhonn lena bhformheas mar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála.

(74) Ba cheart forálacha an Rialacháin seo a bheith gan dochar do dhlí an Aontais lena bhforáiltear rialacha sonracha maidir le deimhniú tháirgí TFC, sheirbhísí TFC agus phróisis TFC. Go háirithe, leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/679 forálacha maidir le sásraí deimhniúcháin agus, ina theannta sin, séalaí agus marcanna cosanta sonraí a chur ar bun ionas go bhféadfar a léiriú go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag oibríochtaí próiseála a dhéanann rialaitheoirí agus próiseálaithe laistigh den Rialachán sin. Ba cheart a áirithiú leis na sásraí deimhniúcháin agus leis na séalaí agus na marcanna cosanta sin go bhféadfadh ábhair sonraí measúnú a dhéanamh go gasta ar an leibhéal cosanta sonraí a bhaineann le táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC ábhartha. Tá an Rialachán seo gan dochar do dheimhniú oibríochtaí próiseála sonraí, lena n-áirítear nuair a bhíonn na hoibríochtaí sin faoi Rialachán (AE) 2016/679, leabaithe i dtáirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC.

(75) Ba cheart gurbh é cuspóir na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil a áirithiú go ndéanfaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC arna ndeimhniú faoi scéim den chineál sin ceanglais shonraithe a chomhlíonadh d'fhonn cosaint a thabhairt d'infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí pearsanta stóráilte nó tarchurtha nó próiseáilte nó do na feidhmeanna gaolmhara atá ag na táirgí, próisis, seirbhísí agus scéimeanna sin le linn a saolré nó do na seirbhísí a tháirgeann siad nó ar féidir rochtain a fháil orthu trína mbíthin sin de réir bhrí an Rialacháin seo. Ní féidir a leagan amach go mionsonraithe sa Rialachán seo na ceanglais chibearshlándála a bhaineann leis na táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC uile. Tá an oiread difríochta ag roinnt le táirgí, seirbhísí agus próisis TFC gona riachtanais ghaolmhara chibearshlándála gur deacair ceanglais ghinearálta a leagan síos maidir leis an gcibearshlándáil a bheadh bailí ar bhonn uilechoiteann. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, tuairim leathan agus tuairim ghinearálta den chibearshlándáil a ghlacadh chun críche an deimhnithe agus, mar chomhlánú air sin, tacar cuspóirí sonracha cibearshlándála a leagan síos is gá a thabhairt san áireamh agus scéimeanna Eorpacha um dheimhniú i ndáil leis an gcibearshlándáil á gceapadh. Ba cheart na socruithe trínar féidir na cuspóirí sin a bhaint amach i dtaca le táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis ar leith TFC a mhionsonrú a thuilleadh ar leibhéal na scéime aonair um dheimhniú, arna glacadh ag an gCoimisiún, trí thagairt a dhéanamh do chaighdeáin nó do shonraíochtaí teicniúla, mar shampla, i gcás nach mbíonn fáil ar chaighdeáin iomchuí.

(76) Ba cheart do na sonraíochtaí teicniúla a úsáidfear i scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála na prionsabal a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]) a urramú. Ach tharlódh go gcaithfí cead a thabhairt imeacht beagán ó na ceanglais sin i gcásanna cuí-réasúnaithe nuair ba scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, a mbeadh leibhéal dearbhúcháin "ard" aici, a bheadh ag úsáid na sonraíochtaí teicniúla sin. Ba cheart pé cúis a bheadh lena leithéid a thabhairt go poiblí.

(77) Is é atá sa mheasúnú comhréireachta an nós imeachta trína ndéantar meastóireacht i dtaobh cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh ceanglais áirithe a bhaineann le táirge TFC, seirbhís TFC, nó próiseas TFC. An trí páirtí neamhspleách — nach ionann agus monaróir an táirge nó soláthraí na seirbhíse —a dhéanann an measúnú sin. Ba cheart deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil a eisiúint tar éis do mheastóireacht rathúil a bheith déanta ar na táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC. Is ionann an deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil sin agus dearbhú gur cuireadh an mheastóireacht i gcrích mar is ceart. De réir mar a oireann do leibhéal an dearbhaithe, is ceart go ndéanfaí foráil sa scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála maidir le cé acu an comhlacht príobháideach nó poiblí a eiseoidh an deimhniú. Ní dearbhú *per se* iad an measúnú agus deimhniú comhréireachta sin gur cibearshlán do tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC. Is nósanna imeachta agus modheolaíochtaí theicniúla iad chun a léiriú gur tástáladh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC agus go gcomhlíonann siad ceanglais áirithe chibearshlándála a leagtar síos in áiteanna eile, mar shampla i gcaighdeáin theicniúla.

(78) Bunaithe ar an anailís riosca a bhaineann le húsáid táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC a bheidh leibhéal iomchuí an deimhnithe gona cheanglais slándála ghaolmhara a roghnóidh lucht úsáide na ndeimhnithe. Ba cheart, dá réir sin, leibhéal an dearbhaithe a bheith i gcomhréir leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an úsáid a bheartaítear do tháirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC.

([19]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

(79) D'fhéadfaí foráil a dhéanamh, le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, do mheasúnú comhréireachta a chur i gcrích faoi fhreagracht mhonaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC, agus faoina fhreagracht siúd amháin ("féinmheasúnú comhréireachta"). I gcásanna den chineál sin, ba cheart gur leor go ndéanfadh an monaróir TFC nó an soláthraí TFC féin gach seiceáil d'fhonn comhréireacht na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC nó na bpróiseas TFC leis an scéim deimhniúcháin a áirithiú. Is ceart féinmheasúnú comhréireachta den chineál seo a mheas mar mheasúnú is cuí i gcás táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC le nach mbaineann ach íseal-chastacht amhail dearadh agus sásra táirgthe simplí agus nach baol don leas poiblí iad ach ar éigean. Ina chionn sin, níor cheart go gceadófaí féinmheasúnú comhréireachta ach i gcás táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC ag a mbíonn an leibhéal dearbhúcháin "bunúsach".

(80) D'fhéadfaí foráil a dhéanamh, le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, do mheasúnú comhréireachta agus do dheimhnithetáirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC. I gcás den sórt sin, is ceart caoi shoiléir intuigthe a thabhairt sa scéim do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí eile nach iad chun idirdheighilt idir táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC arb é an monaróir nó an soláthraí a mheasúnaíonn iad agus táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC arna measúnú ag an tríú páirtí.

(81) Agus féinmheasúnú comhréireachta ar siúl ag monaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC, agus próisis TFC is ceart dó a bheith in ann an ráiteas comhréireachta ón Aontas a ullmhú agus a shíniú mar chuid den nós imeachta measúnóireachta comhréireachta sin. Is é atá i ráiteas comhréireachta ón Aontas doiciméad lena dtugtar le fios go bhfuil táirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC ar leithligh i gcomhréir le ceanglais na scéime Eorpach um dheimhniú cibearshlándála. Má eisíonn agus má shíníonn monaróir nó soláthraí ráiteas comhréireachta ón Aontas, is ionann sin agus freagracht a ghlacadh as comhréireacht an táirge TFC, na seirbhíse TFC, nó an phróisis TFC le ceanglais dhlíthiúla na scéime Eorpach um dheimhniú cibearshlándála. Is ceart cóip den ráiteas comhréireachta ón Aontas a chur faoi bhráid an údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus faoi bhráid ENISA.

(82) Is ceart do mhonaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC an ráiteas comhréireachta ón Aontas, mar aon leis an doiciméadacht theicniúil a ghabhann leis an bhfaisnéis ábhartha eile uile a bhaineann le comhréireacht na dtáirgí TFC na seirbhísí TFC, nó na bpróiseas le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, is ceart an ráiteas sin a bheith ar fáil don údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála ar feadh tréimhse dá bhforáiltear de réir na scéime Eorpaí um dheimhniú cibearshlándála ábhartha. Is ceart a shonrú sa doiciméadacht theicniúil sin na ceanglais agus an cumhdach is infheidhme faoin scéim, a mhéid is ábhartha do féinmheasúnú comhréireachta, dearadh, monaraíocht agus oibriú an táirge TFC, na seirbhíse TFC, nó an phróisis TFC. Is ceart an doiciméadacht theicniúil sin a thiomsú ar shlí a bhéarfaidh go mbeifear in ann measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an táirge TFC nó na seirbhíse TFC leis na ceanglais is infheidhme faoin scéim sin.

(83) Cuireann rialachas an Chreata Eorpach um dheimhniú cibearshlándála rannpháirtíocht na mBallstát san áireamh, chomh maith le rannpháirtíocht iomchuí na ngeallsealbhóirí, agus bunaíonn sé ról an Choimisiúin le linn do na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bheith á pleanáil, á moladh, á hiarraidh, á hullmhú, á glacadh agus á hathbhreithniú.

(84) Ba cheart don Choimisiún clár oibre rollach de chuid an Aontais do scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a ullmhú le tacaíocht an Ghrúpa Eorpaigh um Dheimhniú Cibearshlándála ("an ECCG") agus Ghrúpa na nGeallsealbhóirí um Dheimhniú Cibearshlándála, tar éis comhairliúchán oscailte ar fud an Aontais agus ba cheart don Choimisiún é a fhoilsiú i bhfoirm ionstraime atá neamhcheangailteach. Ba cheart go mbeadh clár oibre rollach an Aontais ina dhoiciméad straitéiseach lena gceadaítear do lucht tionscail, údaráis náisiúnta agus do na comhlachtaí um chaighdeánú, go háirithe, ullmhú roimh ré do scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála Eorpaigh amach anseo. Ba cheart go gcuimseodh clár oibre rollach an Aontais forléargas ilbhliantúil ar na hiarrataí ar scéimeanna iarrthacha a bheartaíonn an Coimisiún a thíolacadh do ENISA lena n-ullmhú, agus é bunaithe ar fhorais shonracha. Ba cheart don Choimisiún an clár oibre rollach seo de chuid an Aontais a chur san áireamh, fad is atá a bPlean Rollach á ullmhú acu do Chaighdeánú TFC, agus d'iarrataí maidir le caighdeánú chuig na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú. I bhfianaise tabhairt isteach agus glacadh mear teicneolaíochtaí nua, teacht chun cinn rioscaí cibearshlándála nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe seo agus forbairtí reachtacha agus margaidh, ba cheart go mbeadh an Coimisiún nó an ECCG i dteideal a iarraidh ar ENISA scéimeanna iarrthacha a ullmhú nach raibh san áireamh i gclár oibre rollach an Aontais. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don Choimisiún agus don Grúpa ECCG measúnú a dhéanamh chomh maith ar an ngá atá le hiarraidh den sórt sin trí aird a thabhairt ar aidhmeanna agus cuspóirí foriomlána an Rialacháin seo agus trí leanúnachas a áirithiú maidir le pleanáil agus úsáid acmhainní ENISE.

Tar éis dó iarraidh den sórt sin a fháil, ba cheart do ENISA scéimeanna iarrthacha a ullmhú le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC ar leith gan moill mhíchuí. Maidir leis an iarraidh ón gCoimisiún, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar a tionchar dearfach agus ar a tionchar diúltach ar an margadh sin atá i gceist, go háirithe a tionchar ar FBManna, an nuáil, bacainní iontrála ar an margadh agus ar an gcostas ar na húsáideoirí deiridh. Ina dhiaidh sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún, ar bhonn na scéime iarrthaí arna ullmhú ag ENISA, an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Agus an cuspóir ginearálta agus na cuspóirí slándála a leagtar síos sa Rialachán seo á gcur san áireamh, ba cheart a shonrú sna scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh ag an gCoimisiún, íostacar eilimintí a bhaineann leis an ábhar, an raon feidhme agus feidhmiú na scéime aonair. Ba cheart a áireamh sna heilimintí sin, i measc nithe eile, raon feidhme agus cuspóir an deimhnithe cibearshlándála, lena n-áirítear catagóirí na bpróiseas TFC, na dtáirgí TFC agus na seirbhísí TFC a chumhdaítear, mionsonrú na gceanglas cibearshlándála, mar shampla trí thagairt do chaighdeáin nó do shonraíochtaí teicniúla, na critéir meastóireachta agus na modhanna sonracha meastóireachta, agus an leibhéal dearbhaithe atá beartaithe acu: ("bunúsach", "substaintiúil" nó "ard"), agus na leibhéil mheastóireachta nuair is iomchuí. Ba cheart do ENISA a bheith in ann diúltú d'iarraidh ó ECCG. Ba cheart don Bhord Bainistíochta cinntí den sórt in a glacadh agus ba cheart údar chaoi a thabhairt ina dtaobh.

(85) Is ceart do ENISA suíomh gréasáin a chothabháil ar a mbeidh eolas agus poiblíocht maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála ar a n-áireofar i measc nithe eile iarrataí ar scéimeanna iarrthacha mar aon leis an aiseolas a gheofar le linn an phróisis comhchomhairliúcháin a dhéanfaidh ENISA le linn chéim an ullmhaithe. Is ceart go mbeadh eolas le fáil chomh maith ar an suíomh sin faoi dheimhnithe Eorpacha cibearshlándála agus ráitis chomhréireachta de chuid an Aontais a eisítear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear a dtarraingt siar agus a ndul in éag. Sonrófar ar an suíomh gréasáin freisin na scéimeanna deimhniúcháin cibearshlándála náisiúnta ar ghabh scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála ina n-ionad.

(86) Is bonn muiníne é deimhniú ó scéim deimhniúcháin Eorpach go sásaíonn táirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC, na ceanglais slándála a bhíonn ag scéim Eorpach ar leith um dheimhniú cibearshlándála. D'fhonn comhleanúnachas an chreata Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a áirithiú, ba cheart do scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a bheith in ann leibhéil dearbhúcháin i dtaca le deimhnithe cibearshlándála Eorpacha agus le ráitis comhréireachta de chuid an Aontais a eisítear faoin scéim sin a shonrú. D'fhéadfadh tagairt a chur ar gach deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil do cheann de na leibhéil dearbhúcháin seo a leanas: "bunúsach", "substainteach" nó "ard", nuair nach bhféadfaí a chur ar an ráiteas comhréireachta ón Aontas ach an leibhéal dearbhúcháin "bunúsach". Baineann a gcion féin den dua agus den doimhneacht leis na leibhéil dearbhúcháin ó thaobh na meastóireachta ar tháirgí TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC agus is dá saintréithe go dtagraítear iontu do shonraíochtaí, do chaighdeáin agus do phróisis theicniúla is bainteach leis sin, lena n-áirítear rialuithe teicniúla, arb é is aidhm leo teagmhais a mhaolú nó a chosc. Is ceart gach leibhéal dearbhúcháin a bheith i gcomhréir i measc na n-earnálacha difriúla ina gcuirtear an dearbhú i bhfeidhm.

(87) Féadfar, faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, leibhéil éagsúla mheastóireachta a shonrú, ag brath ar dhéine agus ar dhoimhneacht na modheolaíochta meastóireachta. Is ceart do na leibhéil mheastóireachta comhfhreagairt do cheann amháin de na leibhéil dearbhúcháin agus baint a bheith aici le teaglaim iomchuí de chomhpháirteanna dearbhúcháin. I dtaca le gach leibhéal dearbhúcháin, is ceart a bheith ag gach táirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC tacar feidhmeanna slándála, mar a shonraítear sa scéim, lena bhféadfaí an méid seo a leanas a áireamh: foirmíocht shlán ach a mbaintear an táirge as an mbosca, cód sínithe, maolú slán ar uasghrádú agus ar dhúshaothrú, agus coimircí iomlána i dtaca le cruach nó carn. Is ceart gur le cur chuige slándáildíthe maille le huirlisí gaolmhara a forbraíodh na feidhmíochtaí sin, agus a chothaítear iad, d'fhonn a áirithiú go ndéantar sásraí bhogearraí is chrua-earraí éifeachtacha a ionchorprú ar bhonn iontaofa.

(88) I dtaca leis an leibhéal dearbhúcháin "bunúsach", ba cheart na comhpháirteanna dearbhúcháin seo a leanas, ar a laghad, a bheith mar threoir don mheastóireacht: athbhreithniú, a dhéanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta, ar dhoiciméadacht theicniúil an táirge TFC, na seirbhíse TFC nó an phróisis TFC. I gcás ina mbíonn próisis TFC ina gcuid den dearbhú, is ceart an próiseas lena ndeartar, lena bhforbraítear agus lena gcothaítear an táirge TFC nó an tseirbhís TFC a bheith faoi réir athbhreithniú teicniúil freisin. I gcás ina ndéantar foráil, faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, do fhéinmheasúnú comhréireachta, is ceart gur leor má dhéanann an monaróir nó an soláthraí tháirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC an féinmheasúnú comhréireachta ar chomhréireacht na n-earraí, na seirbhísí TFC nó an phróisis TFC leis an scéim deimhniúcháin.

(89) I dtaca leis an leibhéal dearbhúcháin "substainteach", is ceart don mheastóireacht ní hé amháin an leibhéal "bunúsach" a bheith mar threoir aige ach fíorú ar chomhlíonadh fheidhmíochtaí slándála an táirge TFC, na seirbhíse TFC nó an phróisis TFC leis an doiciméadacht theicniúil, ar a laghad, freisin.

(90) I dtaca leis an ardleibhéal dearbhúcháin, is ceart don mheastóireacht ní hé amháin an leibhéal "substainteach" a bheith mar threoir aige ach tástáil éifeachtúlachta a dhéanann measúnú ar fhrithsheasmhacht fheidhmíochtaí slándála an táirge TFC, na seirbhíse TFC nó an phróisis TFC ina leith siúd a dhéanann cibearionsaithe ilchasta agus a mbíonn scileanna agus acmhainní nach suaill acu.

(91) Is ceart go bhfanfadh deimhniú cibearshlándála agus ráitis chomhréireachta ón Aontas ina rogha mura bhforáiltear dá mhalairt i ndlí an Aontais nó na mBallstát arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais. In éagmais dlí comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, is ceadmhach do na Ballstáit rialacháin theicniúla náisiúnta a ghlacadh lena bhforáiltear do dheimhniú éigeantach faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála i gcomhréir le Treoir (AE) Uimh. 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]). Is ceadmhach do na Ballstáit leas a bhaint chomh maith as deimhniú Eorpach cibearshlándála faoi chuimsiú an tsoláthair phoiblí agus Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]).

(92) I réimsí áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith de dhíth amach anseo riachtanais shonracha chibearshlándála agus an deimhniú a bhaineann leo a bheith éigeantach i gcás táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC áirithe ar mhaithe le feabhas a chur ar leibhéal na cibearshlándála san Aontas. Ba cheart go gcoinneodh an Coimisiún súil ar thionchair na scéimeanna Eorpacha glactha um dheimhniú cibearshlándála ar infhaighteacht táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC sa mhargadh inmheánach agus go ndéanfadh sé measúnú ar leibhéal úsáide na scéimeanna deimhniúcháin ag na monaróirí nó ag na soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC san Aontas. Ba cheart éifeachtúlacht na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála agus cé acu ba cheart nó nár cheart do scéimeanna ar leith a bheith éigeantach, ba cheart iad a mheas i bhfianaise reachtaíocht an Aontais maidir le cibearshlándáil, go háirithe Treoir (AE) 2016/1148 maidir le slándáil córais gréasán agus faisnéise arna n-úsáid ag oibreoirí seirbhísí riachtanacha.

(93) Ba cheart go gcabhróidh deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándála agus ráitis chomhréireachta ón Aontas le húsáideoirí deiridh roghanna eolasacha a bheith acu. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh faisnéis struchtúir ag gabháil le táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC ar eisíodh deimhnithe nó ráiteas chomhréireachta ón Aontas ina leith, agus í curtha in oiriúint don leibhéal teicniúil atá ag an úsáideoir deiridh ar beartaíodh dó iad. Ba cheart go mbeadh an eolas sin go léir ar fáil ar líne, agus i gcás inarb iomchuí, é a bheith i bhfoirm fhisiciúil. Ba cheart go mbeadh rochtain ag an úsáideoir deiridh ar fhaisnéis maidir leis an tagairt don scéim um dheimhniú, an leibhéal dearbhaithe, an cur síos ar na rioscaí cibearshlándála a bhaineann leis an táirge TFC, an seirbhís TFC nó próiseas TFC, agus an t-údarás eisiúna nó an comhlacht eisiúna, nó a bheith in ann cóip den deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil a fháil. Ina theannta sin, ba cheart an t-úsáideoir deiridh a chur ar an eolas faoi bheartas tacaíochta cibearshlándála, eadhon cé chomh fada is féidir leis an úsáideoir deiridh a bheith ag súil le nuashonruithe nó paistí cibearshlándála a fháil, an mhonaróra nó an tsoláthraí táirgí TFC, seirbhís TFC nó próisis TFC. I gcás inarb infheidhme, treoir a thabhairt maidir le gníomhartha nó le socruithe is féidir leis an úsáideoir deiridh a chur chun feidhme chun cibearshlándáil táirge TFC nó seirbhís TFC a chothabháil nó a mhéadú agus ba cheart pointe aonair teagmhála chun tuairisciú a dhéanamh agus tacaíocht a fháil i gcás cibearionsaithe (sa bhreis ar thuairisciú uathoibríoch) a sholáthar. Ba cheart an t-eolas sin a nuashonrú go rialta agus é ar fáil ar shuíomh gréasáin lena gcuirtear faisnéis maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándáil ar fáil.

(94) D'fhonn cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint, scoirfidh na scéimeanna náisiúnta deimhniúcháin cibearshlándála nó nósanna imeachta le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC arna gcumhdach faoi scéim Eorpach deimhniúcháin cibearshlándála, scoirfidh siad d'fheidhm a bheith acu ó dháta arna leagan síos ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Thairis sin, níor cheart do na Ballstáit scéimeanna náisiúnta nua um dheimhniú cibearshlándála a thabhairt isteach do tháirgí TFC, do sheirbhísí TFC nó do phróisis TFC arna gcumhdach cheana faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála. Ach ní ceart cosc a chur ar na Ballstáit scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun críocha slándála náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl don ECCG rún ar bith atá acu scéimeanna náisiúnta nua um dheimhniú cibearshlándála a dhréachtú. Ba cheart don Choimisiún agus don ECCG meastóireacht a dhéanamh ar na tionchair a bheadh ag na scéimeanna náisiúnta nua um dheimhniú cibearshlándála ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus i bhfianaise aon leasa straitéisigh scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a iarraidh ina ionad.

(95) Cabhróidh scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le cleachtais chibearshlándála a chomhchuibhiú laistigh den Aontas. Ní mór go gcuirfidh siad le leibhéal méadaitheach na cibearshlándála laistigh den Aontas. Le dearadh na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, ba cheart forbairt nuálaíochtaí i réimse na cibearshlándála a chur san áireamh agus a lamháil.

([20]) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta d'fhonn faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

([21]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 ar sholáthar poiblí lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

(96) Ba cheart do scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála modhanna reatha forbartha bogearraí agus cruaearraí a chur san áireamh, go háirithe tionchar nuashonruithe minice bogearraí nó dochtearraí ar dheimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil aonair. Ba cheart do scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála na coinníollacha faoina bhféadfadh sé a bheith mar cheangal ag nuashonrú go ndéanfaí táirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC a athdheimhniú nó go laghdófaí scóip an deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil ar leith, agus aon tionchar díobhálacha féideartha a bheadh ag an nuashonrú ar chloí le riachtanais slándála an deimhnithe sin á chur san áireamh.

(97) A luaithe a ghlacfar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, ba cheart go mbeidh monaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC in ann iarratais a chur isteach ar dheimhnithe dá dtáirgí TFC agus dá seirbhísí TFC chuig comhlacht um measúnú comhréireachta a roghnóidh siad féin in aon áit san Aontas. Ba cheart do chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta comhlachtaí um measúnú comhréireachta a chreidiúnú má chomhlíonann siad ceanglais shonracha áirithe. Ba cheart creidiúnú a eisiúint le haghaidh uastréimhse 5 bliana agus ba cheart é a bheith in-athnuaite faoi na coinníollacha céanna ar choinníoll go gcomhlíonann an comhlacht fós um measúnú comhréireachta na ceanglais. Ba cheart do na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta creidiúnú comhlachta um measúnú comhréireachta a theorannú, a chur ar fionraí nó a aisghairm i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha don chreidiúnú, nó nach bhfuil siad á gcomhlíonadh níos mó nó i gcás ina sáraíonn an comhlacht um measúnú comhréireachta an Rialachán seo.

(98) D'fhéadfadh crostagairtí sa reachtaíocht náisiúnta a dhéanann tagairt do chaighdeáin náisiúnta nach mbíonn éifeachtaí dlíthiúla acu a thuilleadh de bharr theacht i bhfeidhm scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a bheith ina chúis le mearbhall. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a marana a dhéanamh ar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a ghlacadh ina reachtas náisiúnta.

(99) D'fhonn caighdeáin choibhéiseacha a bhaint amach ar fud an Aontais, chun aitheantas frithpháirteach a éascú agus chun glacadh foriomlán na ndeimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil agus ráitis comhréireachta AE a chur chun cinn, is gá córas athbhreithnithe piaraí a chur ar bun idir na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála. Ba cheart go gcumhdódh athbhreithniú piaraí nósanna imeachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chloí táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC le deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil, chun faireachán a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC a dhéanann féinmheasúnú comhréireachta, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí measúnaithe comhréireachta, agus ar oiriúnacht an tsaineolais atá ag pearsanra na gcomhlachtaí a eisíonn deimhnithe d'ardleibhéil dearbhaithe. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, plean 5 bliana ar a laghad a bhunú le haghaidh athbhreithnithe piaraí, chomh maith leis na critéir agus na modheolaíochtaí le haghaidh oibriú an chórais athbhreithnithe piaraí a leagan síos.

(100) Gan dochar don chóras athbhreithnithe piaraí ginearálta a chuirfear i bhfeidhm ar fud na n-údarás náisiúnta uile um dheimhniú cibearshlándála laistigh den chreat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, d'fhéadfadh scéimeanna deimhniúcháin áirithe sásra measúnaithe piaraí a chuimsiú do na comhlachtaí a eisíonn deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC ag an leibhéal dearbhaithe is airde faoi scéimeanna den sórt sin. Ba cheart go dtacódh an ECCG le cur chun feidhme na sásraí measúnaithe piaraí den sórt sin. Ba cheart go háirithe go ndéanfadh na measúnuithe piaraí sin measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil na comhlachtaí lena mbaineann ag cur a gcuid cúraimí i gcrích ar bhealach comhchuibhithe agus d'fhéadfadh sásraí achomhairc a bheith i gceist leis sin. Is ceart torthaí na bpiarmheasúnuithe sin a chur ar fáil go poiblí. Is ceadmhach do na comhlachtaí lena mbaineann bearta iomchuí a ghlacadh d'fhonn a gcuid cleachtas agus saineolais a oiriúnú dá réir.

(101) Is ceart do na Ballstáit údarás deimhniúcháin cibearshlándála náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as an Rialachán seo. Féadfaidh údarás deimhniúcháin cibearshlándála náisiúnta a bheith ann cheana féin nó bheith nua. Ba cheart go mbeadh Ballstát in ann cinneadh a dhéanamh freisin, trí chomhaontú frithpháirteach le Ballstát eile, údarás deimhniúcháin cibearshlándála náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú i gcríoch an Bhallstáit eile sin.

(102) Is ceart do na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála, go háirithe, faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na ceanglais a leagtar, faoin ráiteas comhréireachta ón Aontas, ar mhonaróirí nó soláthraithe na dtáirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC atá bunaithe ina chríoch faoi seach, cúnamh a thabhairt do na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí measúnaithe comhréireachta trí shaineolas agus faisnéis ábhartha a sholáthar dóibh, údarú a thabhairt do na comhlachtaí creidiúnaithe cúraimí a chur i gcrích nuair a shásaíonn siad ceanglais bhreise a leagtar amach i scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha i réimse an deimhnithe i ndáil leis an gcibearshlándáil. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála gearáin arna gcur isteach ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha i ndáil le deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil arna n-eisiúint ag na húdaráis sin nó deimhnithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta a thagraíonn don ardleibhéal dearbhúcháin, ba cheart dóibh ábhar an ghearáin a

imscrúdú, a mhéid is iomchuí, agus an gearánaí a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn agus toradh an imscrúdaithe laistigh de thréimhse réasúnach. Ina theannta sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála oibriú i gcomhar le húdaráis deimhniúcháin náisiúnta cibearshlándála eile um dheimhniú nó le húdaráis phoiblí eile, lena n-áirítear trí fhaisnéis a roinnt faoi na cásanna sin inar féidir nach bhfuil táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo nó na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú chibearshlándála ar leith. Ba cheart don Choimisiún an comhroinnt faisnéise sin a éascú trí chóras tacaíochta faisnéise leictreonach ginearálta a chur ar fáil, mar shampla, an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) agus Córas Mear-Rabhaidh an Aontais um tháirgí neamhbhia contúirteacha (RAPEX) atá in úsáid cheana féin ag údaráis faireachais margaidh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

(103) D'fhonn cur i bhfeidhm comhsheasmhach an chreata Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála a áirithiú, ba cheart ECCG a bhunú ina mbeidh ionadaithe ó na húdaráis deimhniúcháin náisiúnta cibearshlándála nó ó údaráis ábhartha náisiúnta eile rannpháirteach. Ba cheart a bheith ar phríomhchúraimí an ECCG cúnamh agus comhairle a chur ar fáil don Choimisiún maidir lena chuid oibre lena áirithiú go ndéanfar an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach; cúnamh a thabhairt do ENISA agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar léi chun na scéimeanna iarrthacha ar leith um dheimhniú cibearshlándála a ullmhú, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, is féidir le ECCG iarraidh ar ENISA scéim iarrthach a ullmhú, tuairimí a ghlacadh a chuirfear faoi bhráid ENISA maidir le scéimeanna iarrthacha agus tuairimí a ghlacadh a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála atá ann cheana a chothabháil agus a athbhreithniú. Is ceart do ECCG éascú a dhéanamh ar mhalartú na ndea-chleachtas agus an tsaineolais i measc na n-údarás deimhniúcháin náisiúnta cibearshlándála a bheidh freagrach as údarú na gcomhlachtaí measúnaithe comhréireachta agus as eisiúint deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil.

(104) Chun feasacht a mhúscailt agus chun glacadh scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála amach anseo a éascú, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte cibearshlándála ginearálta nó earnáilsonracha a eisiúint, mar shampla treoirlínte maidir le dea-chleachtais chibearshlándála nó iompraíocht stuama cibearshlándála lenar ndíreofar aird ar éifeacht dhearfach úsáidte táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC dheimhnithe áirithe TFC.

(105) D'fhonn an trádáil a éascú a thuilleadh, agus i bhfianaise gur ar bhonn domhanda a bhíonn na slabhraí soláthair TFC, is ceadmhach don Aontas i gcomhréir le hAirteagal 218 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) comhaontuithe um aitheantas frithpháirteach a dhaingniú i dtaca le deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil. Is ceadmhach don Choimisiún a mholadh, agus an chomhairle a gheobhaidh sé ó ENISA agus ón nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála á cur san áireamh dó, go rachfaí i mbun caibidlíochta mar is ábhartha. Is ceart do gach scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándáil dálaí sonracha a sholáthar i dtaca leis an aitheantas frithpháirteach le tríú tíortha.

(106) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]).

(107) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh; maidir leis na socruithe trína ndéanann ENISA fiosruithe; hun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le plean d'athbhreithniú piaraí ar údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus hun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na cúinsí, na formáidí, agus na nósanna imeachta i dtaca le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi chomhlachtaí um measúnú comhréireachta arna gcreidiúnú ag na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála.

(108) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí ENISA go rialta agus go neamhspleách. Sa mheastóireacht sin, ba cheart go dtabharfaí aird ar ENISA maidir lena cuspóirí a bhaint amach, a cleachtais oibre agus ábharthacht a cúraimí, go háirithe maidir leis na cúraimí atá uirthi ó thaobh comhoibriú oibriúcháin ar leibhéal an Aontais. Ba cheart a mheasúnú sa mheastóireacht sin freisin tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chreata Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála. Má dhéantar athbhreithniú, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir ról ENISA mar phointe tagartha comhairle agus saineolais a threisiú, agus an féidearthacht ról a bheith ann do ENISA maidir le tacú le measúnú ar tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC tríú tír nach gcomhlíonann rialacha an Aontais, i gcás ina bhfuil na táirgí, na seirbhísí agus na próisis sin ag teacht isteach san Aontas.

([22]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(109) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(110) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. D'fhonn a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is cuí, agus d'fhonn leibhéal ard cibearshlándála, cibear-athléimneachta agus muiníne a áirithiú laistigh den Aontas, leagtar síos an méid seo a leanas leis an Rialachán seo:

(a) cuspóirí, cúraimí agus gnéithe eagraíochtúla a bhaineann le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil); agus

(b) creat chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bhunú ar mhaithe le leibhéal dóthanach cibearshlándála i measc táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC san Aontas a áirithiú, agus chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint maidir le scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála san Aontas.

Tá feidhm ag an gcreat dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír agus ní dochar é d'fhorálacha ar leith i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais maidir le deimhniú deonach nó éigeantach.

2. Tá an Rialachán seo gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann le slándáil phoiblí, cosaint, slándáil náisiúnta agus gníomhaíochtaí an Stáit i réimsí an dlí choiriúil.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "cibearshlándáil" na gníomhaíochtaí go léir is gá chun córais gréasán agus faisnéise, úsáideoirí na gcóras sin, agus daoine eile dá ndéantar difear a chosaint ar chibearbhagairtí;

(2) ciallaíonn "córas gréasán agus faisnéise" córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear é i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) Uimh. 2016/1148;

(3) ciallaíonn "straitéis náisiúnta um shlándáil córas gréasán agus faisnéise" straitéis náisiúnta um shlándáil córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear í i bpointe (3) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) Uimh. 2016/1148;

(4) ciallaíonn "oibreoir seirbhísí riachtanacha" oibreoir seirbhísí riachtanacha mar a shainmhínítear é i bpointe (4) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) Uimh. 2016/1148;

(5) ciallaíonn "soláthraí seirbhíse digití" soláthraí seirbhíse digití mar a shainmhínítear é i bpointe (6) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2016/1148;

(6) ciallaíonn "teagmhas" teagmhas mar a shainmhínítear é i bpointe (7) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) Uimh. 2016/1148;

(7) ciallaíonn "láimhseáil teagmhas" láimhseáil teagmhas mar a shainmhínítear í i bpointe (8) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) Uimh. 2016/1148;

(8) ciallaíonn "cibearbhagairt" aon chúinse nó teagmhas a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh, cur isteach ar, nó tionchar díobhálach eile a bheith aige ar chórais gréasán agus faisnéise, ar úsáideoirí na gcóras sin agus ar dhaoine eile lena mbaineann.

(9) ciallaíonn "scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála" tacar cuimsitheach rialacha, ceanglas teicniúil, caighdeán agus nósanna imeachta a bhunaítear ag leibhéal an Aontais agus a bhaineann le deimhniú nó measúnú comhréireachta táirgí TFC sonracha, seirbhísí TFC sonracha agus próisis TFC shonracha;

(10) ciallaíonn "scéim náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála" tacar cuimsitheach rialacha, ceanglais theicniúla, caighdeáin agus nósanna imeachta arna bhforbairt agus arna nglacadh ag údarás poiblí náisiúnta agus a bhaineann le deimhniú nó measúnú comhréireachta táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a chuimsítear faoi raon feidhme na scéime áirithe sin;

(11) ciallaíonn "deimhniú Eorpach cibearshlándála" doiciméad a eisíonn comhlacht ábhartha lena bhfianaítear go bhfuiltear tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an táirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC atá i gceist maidir le comhréireacht le ceanglais shonracha slándála arna leagan síos i scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála;

(12) ciallaíonn "táirge TFC" eilimint nó grúpa eilimintí de chóras gréasán nó faisnéise;

(13) ciallaíonn "seirbhís TFC" seirbhís lena ndéantar, go hiomlán nó go páirteach, traschur, stóráil, aisghabháil nó próiseáil ar fhaisnéis trí bhíthin córais gréasán agus faisnéise;

(14) ciallaíonn "próiseas TFC" sraith gníomhaíochtaí a dhéantar chun táirge TFC nó seirbhís TFC a dhearadh, a fhorbairt, a sheachadadh agus a chothabháil;

(15) ciallaíonn "creidiúnú" creidiúnú mar atá sainmhínithe i bpointe (10) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(16) ciallaíonn "comhlacht creidiúnaithe náisiúnta" comhlacht creidiúnaithe náisiúnta mar a shainmhínítear é i bpointe (11) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(17) ciallaíonn "measúnú comhréireachta" measúnú comhréireachta mar a shainmhínítear i bpointe (12) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(18) ciallaíonn "comhlacht um measúnú comhréireachta" comhlacht um measúnú comhréireachta mar a shainmhínítear i bpointe (13) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(19) ciallaíonn "caighdeán" caighdeán mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(20) ciallaíonn "sonraíocht theicniúil" doiciméad lena bhforordaítear na ceanglais theicniúla nach mór do tháirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC a chomhlíonadh, nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a bhaineann leis an méid sin;

(21) ciallaíonn "leibhéal dearbhúcháin" bonn don mhuinín go sásaíonn táirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC, ceanglais slándála de chuid scéim Eorpach ar leith um dheimhniú cibearshlándála, go luaitear an leibhéal ag a ndearnadh an mheastóireacht ach nach ndéanann, ann féin, an leibhéal dearbhúcháin agus cainníocht na slándála a bhíonn ag an táirge TFC, seirbhís TFC nó próiseas TFC lena mbaineann a thomhas.

(22) ciallaíonn "féinmheasúnú comhréireachta" gníomh arna dhéanamh ag monaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC a dhéanann meastóireacht d'fhonn a fhíorú an bhfuil na ceanglais a leagtar i scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála á gcomhlíonadh ag na táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC.

TEIDEAL II

ENISA – (GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHIBEARSHLÁNDÁIL)

CAIBIDIL I

Sainordú agus cuspóirí

Airteagal 3

Sainordú

1. Rachaidh ENISA i mbun na cúraimí a leagfar uirthi faoin Rialachán seo i dtaca le hardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí thacú go gníomhach leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais an chibearshlándáil a fheabhsú. Beidh ENISA ina pointe tagartha ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus ag geallsealbhóirí ábhartha eile de chuid an Aontais i dtaca le comhairle agus saineolas cibearshlándála.

Agus í ag dul i mbun na gcúraimí a shanntar di faoin Rialachán seo, cuirfidh ENISA le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a laghdú.

2. Déanfaidh ENISA na cúraimí a leagtar uirthi le gníomhartha dlí an Aontais ina leagtar amach bearta chun dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis an gcibearshlándáil a chomhfhogasú.

3. Agus a cuid cúraimí á gcomhlíonadh aici, gníomhóidh ENISA go neamhspleách, agus seachnóidh sí dúbláil le gníomhaíochtaí Ballstáit, agus an saineolas atá ag na Ballstáit cheana féin á chur san áireamh aici.

4. Forbróidh ENISA a acmhainní féin, lena n-áirítear cumais agus scileanna, idir theicniúil agus dhaonna, atá riachtanach d'fhonn na cúraimí a shainordaítear chuige faoin Rialachán seo a chur i gcrích.

Airteagal 4

Cuspóirí

1. Beidh ENISA ina hionad saineolais ar an gcibearshlándáil de bhua a neamhspleáchais, de bhua cháilíocht theicniúil agus eolaíoch na comhairle agus an chúnaimh a thabharfaidh sí agus na faisnéise a chuirfidh sí ar fáil, na trédhearcachta a bhaineann lena nósanna imeachta oibriúcháin agus a modhanna oibriúcháin, agus í a bheith dúthrachtach i dtaobh a cúraimí a dhéanamh.

2. Tabharfaidh ENISA cúnamh d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí, an Aontais agus do na Ballstáit i dtaca le beartais de chuid an Aontais a bhaineann leis an gcibearshlándáil, lena n-áirítear beartais earnálacha i ndáil le cibearshlándáil, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

3. Tacóidh ENISA le forbairt acmhainneachta agus le hullmhacht ar fud an Aontais trí chuidiú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha d'fhonn cosaint a ngréasán agus a gcóras faisnéise a fheabhsú, an chibear-athléimneacht agus acmhainneachtaí freagartha a fheabhsú, agus scileanna agus inniúlachtaí i réimse na cibearshlándála a fhorbairt.

4. Déanfaidh ENISA comhar, agus lena n-áirítear comhroinnt faisnéise agus comhordú ar leibhéal an Aontais a chur chun cinn idir na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus na geallsealbhóirí (idir phríobháideach agus phoiblí) lena mbaineann, maidir le hábhair a bhaineann leis an gcibearshlándáil.

5. Déanfaidh ENISA na cumais cibearchosanta ar leibhéal an Aontais a mhéadú le tacú le gníomhartha na mBallstát i dtaca le cosc a chur ar chibearbhagairtí agus freagairt orthu, go háirithe i gcás teagmhais trasteorann.

6. Cuirfidh ENISA úsáid an deimhnithe Eorpaigh chun cinn ar mhaithe le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint. Beidh lámh ag ENISA i mbunú agus i gcothabháil creata Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála i gcomhréir le Teideal III den Rialachán seo, d'fhonn trédhearcacht an dearbhaithe cibearshlándála do tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, agus leis sin an mhuinín as an margadh digiteach inmheánach agus a iomaíochas a threisiú.

7. Déanfaidh ENISA leibhéal ard feasachta ar chibearshlándáil, an cibearshláinteachas agus an chibearlitearthacht san áireamh, a chur chun cinn i measc na saoránach, i measc na n-eagraíochtaí agus i measc gnólachtaí.

CAIBIDIL II

Cúraimí

Airteagal 5

Beartas agus dlí an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme

Rannchuideoidh ENISA le beartas agus dlí an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, tríd an méid seo a leanas

(1) cúnamh agus comhairle a chur ar fáil, chomh maith le hobair ullmhúcháin a dhéanamh, ar fhorbairt agus athbhreithniú bheartas agus dlí an Aontais i réimse na cibearshlándála, agus ar thionscnaimh beartais agus dlí earnáilsonracha i gcás ina bhfuil ábhair a bhaineann le cibearshlándáil i gceist, go háirithe trína tuairim neamhspleách a thabhairt agus anailís a dhéanamh;

(2) cuidiú leis na Ballstáit beartas agus dlí an Aontais maidir le cibearshlándáil a chur chun feidhme go comhsheasmhach, go háirithe i ndáil le Treoir (AE) 2016/1148, lena n-áirítear trí bhíthin tuairimí a eisiúint, treoirlínte, comhairle a sholáthar agus dea-chleachtais faoi thopaicí amhail bainistiú riosca, tuairisciú teagmhas agus comhroinnt faisnéise, chomh maith le malartú dea-chleachtas idir na húdaráis inniúla a éascú i ndáil leis an méid sin.

(3) cabhrú le Ballstáit agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais beartais cibearshlándála a fhorbairt agus a chur chun cinn, a bhaineann le hinfhaighteacht nó sláine ghinearálta chroí poiblí an idirlín oscailte;

(4) rannchuidiú le hobair an Ghrúpa Comhair de bhun Airteagal 11 de Threoir (AE) 2016/1148, trí shaineolas agus cúnamh a chur ar fáil;

(5) tacú:

(a) le forbairt agus cur chun feidhme bheartas an Aontais i réimse an aitheantais leictreonaigh agus seirbhísí iontaoibhe, go háirithe trí chomhairle a thabhairt agus treoirlínte theicniúla a eisiúint, agus trí mhalartú dea-chleachtas idir na húdaráis inniúla a éascú;

(b) le leibhéal slándála feabhsaithe maidir le cumarsáidí leictreonacha a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhairle agus saineolas a chur ar fáil agus trí mhalartú dea-chleachtas idir na húdaráis inniúla a éascú;

(c) leis na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme gnéithe sonracha cibearshlándála de bheartas agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideacht, lena n-áirítear trí chomhairle a chur ar fáil don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí arna iarraidh sin.

(6) tacú le hathbhreithniú rialta ar ghníomhaíochtaí beartais an Aontais trí thuarascáil bhliantúil a sholáthar ar staid cur chun feidhme an chreata dlí ábhartha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) faiséis maidir le fógraí teagmhais ó na Ballstáit arna gcur ar fáil ag na príomhphointí teagmhála don Ghrúpa Comhair de bhun Airteagal 10(3) de Threoir (AE) 2016/1148;

(b) achoimrí fógraí faoi sháruithe ar shlándáil nó teip ó thaobh sláine maidir le soláthraithe seirbhísí iontaoibhe, arna gcur ar fáil ag na comhlachtaí maoirseachta do ENISA, de bhun Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]);

(c) fógraí faoi theagmhais slándála arna dtarchur ag soláthraithe a chuireann gréasáin cumarsáide leictreonaí phoiblí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar fáil go poiblí, agus iad á soláthar ag na húdaráis inniúla don Ghníomhaireacht, de bhun Airteagal 40 de Threoir (AE) 2018/1972.

([23]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhele haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

Airteagal 6

Forbairt acmhainní

1. Tabharfaidh ENISA cúnamh dóibh seo a leanas:

(a) na Ballstáit agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar chosc, brath, anailís agus cumas freagartha i dtaca le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála, tríd an eolas agus an saineolas a sholáthar dóibh;

(b) na Ballstáit agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais i mbunú agus i gcur chun feidhme, ar bhonn deonach, beartais nochta leochaileachta;

(c) institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ina n-iarrachtaí feabhas a chur ar chosc, brath, agus anailís i dtaca le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála agus chun feabhas a chur ar a gcumais freagartha i dtaca le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála, go háirithe trí thacaíocht chuí i ndáil le CERT-EU;

(d) na Ballstáit agus iad i mbun CSIRTanna a fhorbairt, arna iarraidh sin dóibh de bhun Airteagal 9(5) de Threoir (AE) 2016/1148;

(e) na Ballstáit, agus iad i mbun straitéisí náisiúnta a fhorbairt maidir le slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise, arna iarraidh sin dóibh de bhun Airteagal 7(2) de Threoir (AE) 2016/1148, agus cuirfidh ENISA le scaipeadh na straitéisí sin ar fud an Aontais freisin agus tugann sí dá haire an dul chun cinn i dtaca lena gcur chun feidhme ar fud an Aontais ar mhaithe leis na cleachtais is fearr a chur chun cinn;

(f) institiúidí an Aontais agus iad i mbun straitéisí cibearshlándála an Aontais a fhorbairt agus a athbhreithniú, scaipeadh na straitéisí sin a chur chun cinn agus an dul chun cinn i dtaca lena gcur chun feidhme a rianadh;

(g) CSIRTanna na mBallstát agus an Aontais chun leibhéal a gcumais a mhéadú, lena n-áirítear trí idirphlé agus malartú faisnéise a chur chun cinn, d'fhonn a áirithiú, i dtaca leis an úrscothacht, go gcomhlíonann gach CSIRT tacar coiteann de chumais íosta agus go n-oibríonn sé de réir na ndea-chleachtas;

(h) na Ballstáit trí na cleachtaí cibearshlándála a eagrú ar bhonn rialta ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 7(5), agus 2 uair sa bhliain ar a laghad agus trí mholtaí beartais a dhéanamh agus iad bunaithe ar phróiseas meastóireachta na gcleachtaí agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh uathu;

(i) comhlachtaí poiblí ábhartha trí oiliúint a chur ar fáil maidir leis an gcibearshlándáil, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le geallsealbhóirí;

(j) an nGrúpa Comhair, trí dhea-chleachtais a mhalartú, go háirithe maidir le hoibreoirí seirbhísí riachtanacha a shainaithint ag na Ballstáit, de bhun Airteagal 11(3)(1) de Threoir (AE) 2016/1148, lena n-áirítear dea-chleachtais maidir le spleáchais trasteorann, i ndáil le rioscaí agus teagmhais.

2. Tacóidh ENISA le comhroinnt faisnéise i measc earnálacha éagsúla agus laistigh díobh, go háirithe sna hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1148, trí bhíthin dea-chleachtais agus treoir a thabhairt maidir leis na huirlisí agus na nósanna imeachta atá ar fáil, agus maidir le dul i ngleic le saincheisteanna rialála a bhaineann le comhroinnt faisnéise.

Airteagal 7

Comhoibriú oibríochtúil ar leibhéal an Aontais

1. Tacóidh ENISA le comhar oibríochtúil i measc na mBallstát, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus idir gheallsealbhóirí.

2. Comhoibreoidh ENISA ar leibhéal oibríochtúil agus bunóidh sí sineirgíochtaí le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear CERT-EU, leis na seirbhísí sin a bhíonn ag déileáil le cibearchoireacht agus leis na húdaráis maoirseachta a bhíonn ag déileáil le cosaint príobháideachta agus sonraí pearsanta, d'fhonn dul i ngleic le saincheisteanna atá ina n-ábhar imní dóibh go léir, lena n-áirítear trí bhíthin:

(a) fios gnó agus dea-chleachtais a mhalartú;

(b) comhairle a chur ar fáil agus treoirlínte a eisiúint maidir le saincheisteanna ábhartha a bhaineann leis an gcibearshlándáil;

(c) socruithe praiticiúla a leagan síos, chun cúraimí sonracha a chur i bhfeidhm, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

3. Is í ENISA a chuirfidh rúnaíocht ar fáil do líonra CSIRTanna, de bhun Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2016/1148, agus a thacóidh go gníomhach, sa cháil sin, le comhroinnt na faisnéise agus an comhar idir a chuid comhaltaí.

4. Tacóidh ENISA le Ballstáit i gcomhar oibríochtúil laistigh de líonra CSIRTanna trí:

(a) comhairle a thabhairt maidir le feabhas a chur ar a cumais teagmhais a chosc, a bhrath agus freagairt do theagmhais agus, arna iarraidh do Bhallstát amháin nó níos mó, comhairle a sholáthar i ndáil le cibearbhagairt shonrach;

(b) cabhrú, arna iarraidh sin do cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit, leis an measúnú ar theagmhais a imríonn tionchar suntasach nó substaintiúil trí shaineolas a chur ar fáil agus trí láimhseáil theicniúil teagmhas den sórt sin a éascú, go háirithe trí thacú le comhroinnt dheonach faisnéise ábhartha agus réiteach teicniúil idir na Ballstáit;

(c) anailís a dhéanamh ar leochaileachtaí agus ar theagmhais, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil go poiblí nó ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit ar fáil go deonach chun na críche sin; agus

(d) arna iarraidh sin do cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit, tacaíocht a sholáthar i ndáil le fiosrúcháin theicniúla *ex post* ar theagmhais a fhágann lorg suaithinseach nó suntasach, de réir bhrí Threoir (AE) 2016/1148.

Agus na cúraimí sin á ndéanamh acu, rachaidh ENISA agus CERT-EU i mbun comhar struchtúrach d'fhonn tairbhe a bhaint as sineirgíochtaí, agus dúbailt gníomhaíochtaí a sheachaint.

5. Eagróidh ENISA cleachtaí rialta cibearshlándála ar leibhéal an Aontais agus tacóidh sí leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais cleachtaí cibearshlándála a eagrú, arna iarraidh sin dóibh. Féadfar a áireamh ar na cleachtaí cibearshlándála sin, ar leibhéal an Aontais, eilimintí teicniúla, oibríochtúla, nó straitéiseacha. Uair amháin gach 2 bhliain, eagróidh ENISA cleachtadh mórscála cuimsitheach.

Cuideoidh ENISA freisin le cleachtaí cibearshlándála earnála a eagrú, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha a mbeidh cead acu páirt a ghlacadh i gcleachtaí cibearshlándála ar leibhéal an Aontais chomh maith.

6. Ullmhóidh ENISA, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, tuarascáil rialta dhomhain ar Staid Theicniúil na Cibearshlándála san Aontas maidir le teagmhais agus cibearbhagairtí bunaithe ar fhaisnéis foinse oscailte, a hanailís féin, agus ar thuarascálacha arna gcomhroinnt acu seo a leanas, i measc comhlachtaí eile: CSIRTanna na mBallstát nó ionaid ilfhreastail arna bunú le Treoir (AE) 2016/1148; EC3 agus CERT-EU.

7. Cuideoidh ENISA chun freagairt chomhoibritheach a fhorbairt, ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, ar theagmhais mhórscála trasteorann nó ar ghéarchéimeanna cibearshlándála, go háirithe trí:

(a) tuarascálacha ó fhoinsí náisiúnta a chomhiomlánú agus anailís a dhéanamh orthu, agus iad ar fáil san fhearann poiblí nó á gcomhroinnt go deonach, d'fhonn cuidiú le feasacht staide choiteann a bhunú;

(b) sreabhadh éifeachtach faisnéise a áirithiú mar aon le sásraí géaraithe idir líonra CSIRTanna agus lucht déanta cinntí polaitiúla agus teicniúla ar leibhéal an Aontais:

(c) éascú a dhéanamh ar láimhseáil theicniúil teagmhais nó géarchéimeanna den sórt sin, lena n-áirítear go háirithe, trí thacú le comhroinnt dheonach réiteach teicniúil i measc na mBallstát, arna iarraidh sin dóibh;

(d) tacú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus, arna iarraidh sin dóibh, leis na Ballstáit, i dtaca le cumarsáid leis an bpobal i dtaobh teagmhas nó géarchéimeanna den sórt sin;

(e) na pleananna comhair a thástáil chun freagairt do theagmhais agus géarchéimeanna den chineál sin ar leibhéal an Aontais agus arna iarraidh sin dóibh, tacú leis na Ballstáit i dtástáil a dhéanamh ar phleananna den sórt sin ar an leibhéal náisiúnta.

Airteagal 8

An margadh, deimhniú cibearshlándála, agus caighdeánú

1. Déanfaidh ENISA beartas an Aontais maidir le deimhniú i ndáil le deimhniú cibearshlándála táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC mar a bhunaítear le Teideal III den Rialachán seo a chur chun cinn agus tacú leis an méid sin trí na nithe seo a leanas:

(a) ar bhonn leanúnach, faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i réimsí gaolmhara um chaighdeánú, chomh maith le sonraíochtaí iomchuí teicniúla a mholadh a úsáidfear chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a fhorbairt de bhun pointe (c) d'Airteagal 54(1) nach mbíonn fáil ar chaighdeáin ar bith;

(b) scéimeanna iarrthacha Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála ("scéimeanna iarrthacha") a ullmhú do tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC i gcomhréir le hAirteagal 49;

(c) meastóireacht a dhéanamh ar scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála i gcomhréir le hAirteagal 49(8).

(d) páirt a ghlacadh in athbhreithnithe piaraí de bhun Airteagal 59(4);

(e) cuidiú leis an gCoimisiún rúnaíocht a chur ar fáil don ECCG faoi réir Airteagal 62(5);

2. cuirfidh ENISA rúnaíocht ar fáil don Ghrúpa um Dheimhniú Cibearshlándála de bhun Airteagal 22(4);

3. déanfaidh ENISA treoirlínte a thiomsú agus a fhoilsiú agus dea-chleachtais a fhorbairt, maidir le ceanglais cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus le lucht tionscail ar bhealach foirmiúil struchtúrtha trédhearcach.

4. rannchuideoidh ENISA le fothú acmhainní i dtaca le próisis mheastóireachta agus deimhniúcháin trí threoirlínte a thiomsú agus a fhoilsiú agus trí thacaíocht a thabhairt do na Ballstát arna iarraidh sin dóibh.

5. éascóidh ENISA bunú agus glacadh caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta i dtaobh bainistiú riosca agus i dtaobh slándáil táirgí TFC,seirbhísí TFC agus prósis TFC.

6. déanfaidh ENISA, i gcomhar leis na Ballstáit agus lucht tionscail, comhairle agus treoirlínte a dhréachtú maidir leis na réimsí teicniúla a bhaineann leis na ceanglais slándála d'oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha agus do sholáthraithe seirbhíse digití, agus maidir le caighdeáin atá ann cheana, lena n-áirítear caighdeáin náisiúnta na mBallstát, de bhun Airteagal 19(2) de Threoir (EU) 2016/1148.

7. déanfaidh ENISA anailísiú go rialta ar na príomhthreochtaí sa mhargadh cibearshlándála ar thaobh an tsoláthair agus an éilimh araon agus iad sin a scaipeadh, d'fhonn an margadh cibearshlándála san Aontas a chothú.

Airteagal 9

Eolas agus faisnéis

Déanfaidh ENISA:

(a) anailísiú ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus measúnuithe topaic-shonracha a chur ar fáil ar an tionchar a mheastar a bheadh ag nuálaíochtaí teicneolaíochta ar an gcibearshlándáil ó thaobh na sochaí, an dlí, an gheilleagair agus na rialála de;

(b) anailísí straitéiseacha fadtéarmacha ar cibearbhagairtí agus cibeartheagmhais d'fhonn treochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus cuidiú chun teagmhais a bhaineann le cibearshlándáil a chosc;

(c) comhairle, treoir agus dea-chleachtais a chur ar fáil, i gcomhar le saineolaithe údaráis na mBallstát agus le geallsealbhóirí ábhartha, maidir le slándáil córas gréasán agus faisnéise, go háirithe maidir le slándáil agus na mbonneagar sin a thacaíonn leis na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1148 agus leo siúd arna n-úsáid ag soláthraithe na seirbhísí digití a liostaítear in Iarscríbhinn III de chuid na Treorach sin;

(d) trí thairseach dílsithe, faisnéis maidir leis an gcibearshlándáil, arna cur ar fáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, a thiomsú, a eagrú agus a chur ar fáil do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha, agus ar bhonn deonach ag na Ballstáit agus ag geallsealbhóirí príobháideacha agus poiblí;

(e) faisnéis maidir le teagmhais shuntasacha atá ar fáil go poiblí a bhailiú agus a anailísiú agus tuarascálacha a thiomsú d'fhonn treoir a chur ar fáil do shaoránaigh, d'eagraíochtaí agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais.

Airteagal 10

Ardú feasachta agus an t-oideachas

I dtaca le heolas agus faisnéis, déanfaidh ENISA:

(a) feasacht an phobail ar rioscaí a bhaineann le cibearshlándáil a ardú, agus treoir a thabhairt do shaoránaigh, d'eagraíochtaí agus do ghnólachtaí maidir le dea-chleachtais le haghaidh úsáideoirí aonair, lena n-áirítear cibearshláinteachas agus cibearlitearthacht;

(b) feachtais rialta for-rochtana a eagrú i gcomhréir leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus le lucht tionscail, chun feabhas a chur ar an gcibearshlándáil agus ar a hinfheictheacht ar fud an Aontais, agus díospóireacht chuimsitheach phoiblí a spreagadh;

(c) cuidiú leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh an fheasacht a ardú i dtaobh na cibearshlándála agus an t-oideachas maidir leis an gcibearshlándáil a chur chun cinn;

(d) tacaíocht a thabhairt do chomhordú níos dlúithe agus do mhalartú dea-chleachtas i measc na mBallstát maidir le hoideachas cibearshlándála agus feasacht.

Airteagal 11

Taighde agus nuálaíocht

I dtaca le taighde agus nuálaíocht, déanfaidh ENISA an méid seo:

(a) comhairle a chur ar fáil d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais agus do na Ballstáit maidir le riachtanais agus tosaíochtaí taighde i réimse na cibearshlándála d'fhonn freagairtí éifeachtacha ar rioscaí agus cibearbhagairtí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn a chumasú, lena n-áirítear maidir le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide nua agus cinn atá ag teacht chun cinn, agus d'fhonn teicneolaíochtaí seachanta rioscaí a úsáid go héifeachtúil;

(b) páirt a ghlacadh, i gcás ina bhfuil na cumhachtaí ábhartha tugtha ag an gCoimisiún di, i gcéim cur chun feidhme clár um maoiniú taighde agus nuálaíochta, nó ina cáil mar thairbhí;

(c) rannchuidiú, ar leibhéal an Aontais, leis an gclár oibre um thaighde straitéiseach agus nuálaíocht i réimse na cibearshlándála.

Airteagal 12

An comhar idirnáisiúnta

Cuideoidh ENISA le hiarrachtaí an Aontais comhar a bhunú le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus laistigh de chomharchreataí ábhartha idirnáisiúnta, chun comhar idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna cibearshlándála a chur chun cinn, trí:

(a) gníomhú, i gcás inarb iomchuí, mar bhreathnóir in eagrú cleachtaí idirnáisiúnta, agus anailís a dhéanamh agus tuairisciú don Bhord Bainistíochta ar thoradh na gcleachtaí sin;

(b) malartú dea-chleachtas ábhartha a éascú, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún;

(c) saineolas a chur ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin dó;

(d) Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don Choimisiún faoi chúrsaí a bhaineann le comhaontuithe um aitheantas frithpháirteach do dhearbhuithe cibearshlándála le tríú tíortha i gcomhar le ECCG a bunaíodh faoi Airteagal 62.

CAIBIDIL III

Eagrú ENISA

Airteagal 13

Struchtúr ENISA

Is mar seo a leanas a bheidh struchtúr riaracháin agus bainistíochta ENISA:

(a) Bord Bainistíochta;

(b) Bord Feidhmiúcháin;

(c) Bainisteoir Feidhmiúcháin;

(d) Grúpa Comhairleach de chuid ENISA.

(e) Gréasán na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh.

Roinn 1

An Bord Bainistíochta

Airteagal 14

Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta

1. Comhalta amháin a dhéanfaidh ionadaíocht ar gach Ballstát arna gceapadh ag gach Ballstát agus beirt comhaltaí a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gCoimisiún agus arna gceapadh ag an gCoimisiún a bheidh ar an mBord Bainistíochta. Beidh cearta vótála ag na comhaltaí uile.

2. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an comhalta malartach sin ionadaíocht air nuair a bheidh an comhalta as láthair.

3. Ceapfar comhaltaí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha ar bhonn a gcuid eolais i réimse na cibearshlándála, ag cur san áireamh a scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún iarrachtaí ráta athraithe a gcuid ionadaithe ar an mBord Bainistíochta a theorannú chun leanúnachas in obair an Bhoird Bainistíochta sin a áirithiú. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ionadaíocht chothromaithe a bhaint amach idir fir agus mná ar an mBord Bainistíochta.

4. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Bhainistíochta agus a gcuid malartach. Beidh an téarma sin in-athnuaite.

Airteagal 15

Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an méid seo a leanas:

(a) treo ginearálta oibríocht ENISA a bhunú agus a áirithiú go n-oibreoidh ENISA i gcomhréir leis na rialacha agus na prionsabail a leagtar síos sa Rialachán seo; áiritheoidh sé freisin comhsheasmhacht obair ENISA le gníomhaíochtaí a dhéanann na Ballstáit agus a dhéantar ar leibhéal an Aontais;

(b) an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair de chuid ENISA dá dtagraítear in Airteagal 24 a ghlacadh sula dtíolacfar chuig an gCoimisiún é chun a thuairim a fháil ina leith;

(c) doiciméad clársceidealaithe aonair sin ENISA a ghlacadh, trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí agus i gcomhréir le hAirteagal 17, agus tuairim an Choimisiúin á cur san áireamh;

(d) cur chun feidhme an chlársceidealaithe ilbhliantúil agus bhliantúil a áirítear sa doiciméad aonair clársceidealaithe;

(e) buiséad bliantúil ENISA a ghlacadh, agus feidhmeanna eile a dhéanamh i leith bhuiséad ENISA i gcomhréir le Caibidil V;

(f) measúnú a dhéanamh ar an tuarascáil chomhdhlúite bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí ENISA agus í a ghlacadh faoin 1 Iúil an bhliain ina dhiaidh sin, agus an measúnú agus an tuarascáil a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, lena n-áirítear sa tuarascáil na cuntais agus cur síos ar an gcaoi ar chomhlíon ENISA a cuid táscairí feidhmíochta; agus lena bhfoilseofar an tuarascáil bhliantúil go poiblí;

(g) na rialacha airgeadais a ghlacadh is infheidhme maidir leis ENISA i gcomhréir le hAirteagal 32;

(h) straitéis frith-chalaoise a ghlacadh atá comhréireach leis na rioscaí calaoise ag féachaint d'anailís costais is tairbhe na mbeart a bheidh le cur chun feidhme;

(i) rialacha a ghlacadh chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i leith a comhaltaí;

(j) obair leantach leordhóthanach a áirithiú ar na torthaí agus ar na moltaí a eascróidh as imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus as na tuarascálacha agus na meastóireachtaí éagsúla inmheánacha agus seachtracha;

(k) a cuid rialacha nós imeachta a ghlacadh lena n-áirítear rialacha do chinntí sealadacha i ndáil le leithdháileadh ar chúraimí sonracha de bhun Airteagal 19(7);

(l) i dtaca le baill foirne ENISA, na cumhachtaí a fheidhmiú arna ndeonú di le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("Rialacháin Foirne Oifigigh") don Údarás Ceapacháin agus ag Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile an Aontais ("Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile"), a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ([24]) don Údarás atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt chun Críche ("cumhachtaí an údaráis ceapacháin") i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo;

(m) rialacha a ghlacadh chun na Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile a chur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne Oifigigh;

(n) an Stiúrthóir Riaracháin a cheapadh agus, más ábhartha, síneadh a chur lena théarma oifige nó é a chur as oifig i gcomhréir le hAirteagal 36;

(o) oifigeach cuntasaíochta a cheapadh, a bheidh neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a chuid dualgas, agus féadfaidh sé gurb é oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin é;

(p) gach cinneadh a dhéanamh maidir le bunú struchtúir inmheánacha ENISA agus maidir le modhnú na struchtúir inmheánacha sin, más gá, ag cur san áireamh riachtanais ghníomhaíochtaí ENISA agus ag féachaint do bhainistiú fónta buiséid;

(q) bunú socruithe oibre a údarú i gcomhréir le hAirteagal 7 i ndáil le hAirteagal 7;

(r) bunú nó tabhairt chun críche socruithe oibre a údarú i gcomhréir le hAirteagal 42.

2. I gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh ar bhonn Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne d'Oifigigh agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena sainítear na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Féadfar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

([24]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

3. Nuair is gá sin mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh a ghlacadh chun cumhachtaí an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, a chur ar fionraí go sealadach. chomh maith leis na cumhachtaí arna bhfo-tharmligean ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Airteagal 16

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Toghfaidh an Bord Bainistíochta an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach as measc a chomhaltaí féin, trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí. Mairfidh na téarmaí oifige ar feadh tréimhse 4 bliana, a bheidh ina tréimhse in-athnuaite uair amháin. Más rud é, áfach, go dtiocfaidh deireadh lena gcomhaltas ar an mBord Bainistíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin. Glacfaidh an Leaschathaoirleach ionad an Chathaoirligh *ex officio* mura mbeidh an Cathaoirleach in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh.

Airteagal 17

Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

1. Is é an Cathaoirleach a chomórfaidh cruinnithe an Bhoird Bainistíochta.

2. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta in aghaidh na bliana. Beidh cruinnithe urghnácha aige freisin arna iarraidh sin don Chathaoirleach, don Choimisiún nó d'aon trian ar a laghad de na comhaltaí.

3. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Bainistíochta ach ní bheidh ceart vótála aige.

4. Féadfaidh comhaltaí an Ghrúpa Comhairleach ENISA bheith rannpháirteach, i gcruinnithe den Bhord Bainistíochta, ar chuireadh ón gCathaoirleach, ach ní bheidh ceart vótála acu.

5. Féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe cúnamh a thabhairt do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta nó do na comhaltaí malartacha, faoi réir rialacha nós imeachta an Bhoird.

6. Is í ENISA a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 18

Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta

1. Glacfaidh an Bord Bainistíochta a chuid cinntí de réir thromlach a chomhaltaí.

2. Beidh tromlach dhá thrian de chomhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta ag teastáil chun cinntí maidir leis an doiciméad clársceidealaithe aonair agus an buiséad bliantúil a ghlacadh, agus chun an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, a théarma oifige a shíneadh, nó é a chur as oifig.

3. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. Má bhíonn comhalta as láthair, beidh an comhalta malartach i dteideal ceart vótála an chomhalta a fheidhmiú.

4. Glacfaidh an Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta páirt sa vótáil.

5. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa vótáil.

6. Le rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, leagfar síos socruithe vótála níos mionsonraithe, go háirithe na cúinsí ina bhféadfadh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile.

Roinn 2

An Bord Feidhmiúcháin

Airteagal 19

An Bord Feidhmiúcháin

1. Tabharfaidh an Bord Feidhmiúcháin cúnamh don Bhord Bainistíochta.

2. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin:

(a) na cinntí atá le glacadh ag an mBord Bainistíochta a ullmhú;

(b) a áirithiú, i gcomhar leis an mBord Bainistíochta, go ndéanfar obair leantach leormhaith ar thorthaí agus moltaí a thagann as imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus as na tuarascála iniúchta agus meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha éagsúla;

(c) cabhrú leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus comhairle a chur air i ndáil le cinntí an Bhoird Bainistíochta maidir le cúrsaí riaracháin agus buiséadacha a chur chun feidhme de bhun Airteagal 20, gan dochar do fhreagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, mar a leagtar amach in Airteagal 20 iad.

3. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de chúigear comhaltaí. Déanfar chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin a cheapadh ó chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta. Beidh duine de na comhaltaí ina Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, a fhéadfaidh freisin a bheith ina chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin, agus duine eile d'ionadaithe an Choimisiúin. Beidh sé mar aidhm ag na ceapacháin ionadaíocht chothrom idir na hinscní a bhaint amach ar an mBord Feidhmiúcháin. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh ceart vótála aige.

4. Mairfidh tréimhse oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin ar feadh 4 bliana. Beidh an téarma sin in-athnuaite.

5. Beidh cruinniú ag an mBord Feidhmiúcháin uair amháin gach trí mhí ar a laghad. Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Feidhmiúcháin cruinnithe breise a chomóradh arna iarraidh sin do chomhaltaí an Bhoird.

6. Leagfaidh an Bord Bainistíochta síos rialacha nós imeachta an Bhoird Feidhmiúcháin.

7. Nuair is gá, i gcásanna práinne, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí sealadacha áirithe a ghlacadh thar ceann an Bhoird Bainistíochta, go háirithe maidir le cúrsaí bainistíochta riaracháin, lena n-áirítear tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin agus cúrsaí buiséadacha a chur ar fionraí. Cuirfear gach cinneadh sealadach in iúl don Bord Bainistíochta gan aon mhoill mhíchuí go ndéana sé formheas air tráth nach déanaí ná trí mhí ó glacadh an cinneadh. Ní ghlacfaidh an Bord Feidhmiúcháin aon chinneadh a dteastóidh móramh de dhá dtrian de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta ina leith.

Roinn 3

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Airteagal 20

Dualgais an Stiúrthóra Feidhmiúcháin

1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, a bheidh neamhspleách i gcomhlíonadh a dhualgais, a bhainisteoidh ENISA. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach don Bhord Bainistíochta.

2. Tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc do Pharlaimint na hEorpa maidir le comhlíonadh a dhualgas nuair a iarrtar sin air. Féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt maidir le comhlíonadh a dhualgas.

3. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas:

(a) riarachán laethúil ENISA;

(b) na cinntí a ghlacann an Bord Bainistíochta a chur chun feidhme;

(c) an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair a ullmhú agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena formheas sula ndéanfar é a thíolacadh chuig an gCoimisiún;

(d) an doiciméad clársceidealaithe aonair a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta ina thaobh sin;

(e) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí ENISA, lena n-áirítear an clár oibre bliantúil a chur chun feidhme, agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena measúnú agus lena glacadh;

(f) plean gníomhaíochta a ullmhú mar bheart leanúnach de dhroim chonclúidí na meastóireachtaí aisbhreathnaitheacha agus tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach 2 bhliain maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh;

(g) plean gníomhaíochta a ullmhú ag féachaint d'obair leantach a dhéanamh ar chonclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí nó seachtraí, agus ar imscrúduithe de chuid OLAF, mar aon le tuairisc ar an dul chun cinn a chur chuig an gCoimisiún 2 uair sa bhliain, agus chuig an mBord Riaracháin ar bhonn rialta;

(h) na dréachtrialacha airgeadais is infheidhme maidir le ENISA dá dtagraítear in Airteagal 32 a ullmhú;

(i) dréachtráiteas ENISA ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú agus a buiséad a chur chun feidhme;

(j) leasa airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm;

(k) straitéis frith-chalaoise do ENISA a ullmhú agus an straitéis sin a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena formheas;

(l) teagmháil a fhorbairt agus a chothabháil leis an bpobal gnó agus le heagraíochtaí tomhaltóirí chun idirphlé rialta le geallsealbhóirí ábhartha a áirithiú;

(m) an malartú tráthrialta le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais maidir lena ngníomhaíochtaí i ndáil leis an gcibearchoireacht chun comhleanúnachas a áirithiú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme bheartas an Aontais;

(n) cúraimí eile arna sannadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin leis an Rialachán seo a dhéanamh.

4. I gcás ina bhfuil gá leis agus faoi réir chuspóirí agus cúraimí ENISA, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin grúpaí oibre *ad hoc* de shaineolaithe a bhunú, lena n-áirítear saineolaithe ó údaráis inniúla na mBallstát. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Bord Bainistíochta ar an eolas roimh ré faoin méid sin. Sonrófar na nósanna imeachta a bhaineann go háirithe le comhdhéanamh na ngrúpaí oibre, le ceapadh shaineolaithe na ngrúpaí oibre ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus le hoibríocht na ngrúpaí oibre *ad hoc* i rialacha inmheánacha oibríochta ENISA.

5. Nuair is gá, chun cúraimí ENISA a chur i gcrích go héifeachtúil agus go héifeachtach agus ar bhonn anailís iomchuí costais/sochair, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chinneadh oifig áitiúil amháin nó níos mó a bhunú i mBallstát amháin nó níos mó. Sula gcinnfear oifig áitiúil a chur ar bun, lorgóidh an Stiúrthóir Feidhmiúchán tuairim na mBallstát lena mbaineann, lena n-áirítear an Ballstát ina bhfuil suíomh ENISA, agus gheobhaidh sé nó sí toiliú roimh ré ón gCoimisiún agus ón mBord Bainistíochta. I gcásanna ina mbeadh easaontú le linn phróiseas an chomhairliúcháin idir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus na Ballstáit lena mbaineann, cuirfear an tsaincheist faoi bhráid na Comhairle lena plé. Coimeádfar an líon foirne is lú is féidir i ngach oifig áitiúil agus ní mó san iomlán a bheidh sin ná 40 % den fhoireann atá sa Bhallstát ina bhfuil suíomh ENISA. Ní mó ná 10 % de líon na foirne atá sa Bhallstát ina bhfuil suíomh ENISA a bheidh líon na foirne i ngach oifig áitiúil.

Sonrófar sa chinneadh lena mbunaítear oifig áitiúil raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh san oifig áitiúil ar bhealach a sheachnóidh costais neamhriachtanacha agus feidhmeanna riaracháin ENISA a dhéanamh faoi dhó.

Roinn 4

Grúpa Comhairleach Enisa, an Grúpa um Dheimhniú I nDáil Lu gCibearshlándáil agus gréasán NA nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh

Airteagal 21

Grúpa Comhairleach ENISA

1. Ar bhealach trédhearcach, bunóidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dóibh arna mholadh sin don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Grúpa Comhairleach ENISA, agus beidh an buanghrúpa sin comhdhéanta de shaineolaithe aitheanta atá ina n-ionadaithe ar na geallsealbhóirí ábhartha, amhail an tionscal TFC, soláthraithe gréasán nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil don phobal, FBManna, oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha, grúpaí tomhaltóirí, saineolaithe acadúla i réimse na cibearshlándála agus ionadaithe údarás inniúil a dtugtar fógra dóibh i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/1972, eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, chomh maith le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí agus údaráis um maoirseacht ar chosaint sonraí. Féachfaidh an Bord Bainistíochta lena áirithiú go mbeidh ann cuí-chothromaíocht inscne agus thíreolaíoch i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla.

2. Sonrófar i rialacha inmheánacha oibríochta ENISA na nósanna imeachta maidir le Grúpa Comhairleach ENISA agus go háirithe na nósanna imeachta maidir le comhdhéanamh dá dtagraítear i mír 1, líon agus ceapadh na gcomhaltaí agus oibríocht an Ghrúpa Comhairleach ENISA, agus poibleofar na nósanna imeachta sin.

3. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, nó aon duine a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar bhonn cás ar chás, a ghníomhóidh mar chathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach ENISA.

4. Tréimhse 2 bhliain go leith a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí Ghrúpa Comhairleach ENISA. Ní bheidh comhaltaí an Bhoird Bainistíochta ina gcomhaltaí de Ghrúpa Comhairleach ENISA. Beidh saineolaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit i dteideal a bheith i láthair ag na cruinnithe agus páirt a ghlacadh in obair Ghrúpa Comhairleach ENISA. Más rud é nach comhaltaí de Ghrúpa Comhairleach ENISA iad, tabharfar cuireadh chuig na cruinnithe d'ionadaithe comhlachtaí eile a mheasann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin atá ábhartha do chruinnithe Ghrúpa Comhairleach ENISA agus tabharfar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ina chuid oibre.

5. Cuirfidh Grúpa Comhairleach ENISA comhairle ar ENISA maidir le feidhmiú cúraimí ENISA, seachas maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Theideal III den Rialachán seo. Tabharfaidh sé, go háirithe, comhairle don Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le togra a tharraingt suas le haghaidh chlár oibre bliantúil ENISA agus maidir le cumarsáid a áirithiú leis na geallsealbhóirí ábhartha agus maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an gclár oibre bliantúil.

6. Cuirfidh an Grúpa Comhairleach ENISA an Bord Bainistíochta ar an eolas go tráthrialta maidir lena chuid gníomhaíochtaí.

Airteagal 22

An Grúpa um Dheimhniú Cibearshlándála do Gheallsealbhóirí

1. Bunófar an Grúpa um Dheimhniú Cibearshlándála do Gheallsealbhóirí.

2. Maidir le baill an Ghrúpa um Dheimhniú Cibearshlándála do Gheallsealbhóirí, roghnófar iad as measc na saineolaithe aitheanta a dhéanfaidh ionadaíocht ar na geallsealbhóirí ábhartha. Roghnóidh an Coimisiún, trí ghlao trédhearcach oscailte, na baill sin de bhun moladh ó ENISA lena n-áiritheofar an chothromaíocht i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla agus an chothromaíocht inscne agus gheografach.

3. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an nGrúpa um Dheimhniú Cibearshlándála do Gheallsealbhóirí:

(a) comhairle a chur ar an gCoimisiún faoi shaincheisteanna straitéiseacha a bhaineann leis an gcreat Eorpach don deimhniú cibearshlándála;

(b) arna iarraidh sin, comhairle a chur ar ENISA faoi chúrsaí ginearálta agus straitéiseacha a bhaineann le cúraimí ENISA ar an margadh, le deimhniú cibearshlándála agus le caighdeánú;

(c) cuidiú leis an gCoimisiún clár saothair rollach an Aontais a ullmhú da dtagraítear in Airteagal 47;

(d) tuairim a eisiúint i dtaobh i dtaobh chlár saothair rollach an Aontais de bhun Airteagal 47(4); agus

(e) i gcás práinne, comhairle a thabhairt don Choimisiún agus ar an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thomhaltóirí (ECCG) faoina riachtanaí atá scéimeanna breise deimhniúcháin nach gcuimsítear sa chlár saothair rollach an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 47 agus Airteagal 48.

4. Déanfaidh ionadaithe ón gCoimisiún agus an Ghníomhaireacht araon cathaoirleacht ar an nGrúpa um Dheimhniú Cibearshlándála do Gheallsealbhóirí; is í ENISA a chuirfidh ar fáil an rúnaíocht.

Airteagal 23

Gréasán na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Gréasán na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh a bhunú ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit (Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh). Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí amháin ar Ghréasán na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh. Féadfar cruinnithe an Ghréasáin na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh a thionól i bhformáidí éagsúla saineolaithe.

2. Déanfaidh Gréasán na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh an malartú faisnéise a éascú idir ENISA agus na Ballstáit go háirithe, agus tacaíocht a thabhairt do ENISA chun a chuid gníomhaíochtaí, torthaí agus moltaí a scaipeadh ar fud an Aontais ar na geallsealbhóirí ábhartha.

3. Gníomhóidh na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh mar lárphointí teagmhála ar an leibhéal náisiúnta chun comhar a éascú idir ENISA agus saineolaithe náisiúnta i gcomhthéacs clár oibre bliantúil ENISA a chur chun feidhme.

4. Cé gur cheart do na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh dlúthchomhar a bheith acu le hionadaithe an Bhoird Bainistíochta sna tíortha dar díobh iad féin faoi seach, ní dhéanfaidh an Gréasán na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh féin dúbailt ar obair an Bhoird Bainistíochta ná ar an obair a dhéanfaidh fóraim eile de chuid an Aontais.

5. Déanfar feidhmeanna agus nósanna imeachta do Ghréasán na nOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh a shonrú i rialacha inmheánacha oibriúcháin ENISA agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.

Roinn 5

Oibríocht

Airteagal 24

Doiciméad clársceidealaithe amháin

1. Cuirfidh ENISA a hoibríochtaí i gcrích i gcomhréir le doiciméad clársceidealaithe aonair ina mbeidh a clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil, ina gcuimseofar a gníomhaíochtaí beartaithe ar fad.

2. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtdoiciméad clársceidealaithe a tharraingt suas ina mbeidh clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil agus an phleanáil acmhainní airgeadais agus daonna i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún ([25]) agus treoirlínte arna leagan síos ag an gCoimisiún á gcur san áireamh.

3. Faoin 30 Samhain gach bliain, glacfaidh an Bord Bainistíochta an doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear i mír 1 agus tarchuirfidh sé é chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir na bliana ina dhiaidh sin ar a dhéanaí chomh maith le haon leaganacha den doiciméad sin a tugadh cothrom le dáta tráth níos déanaí.

4. Tiocfaidh an doiciméad clársceidealaithe aonair chun bheith críochnaitheach tar éis buiséad ginearálta an Aontais a ghlacadh go cinntitheach agus déanfar coigeartú air, más gá sin.

([25]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2013 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 7.12.2013, lch. 42).

5. Beidh sa chlár oibre bliantúil cuspóirí mionsonraithe chomh maith leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh tuairisc ann freisin ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú agus léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh sannta do gach gníomhaíocht, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe de réir gníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre bliantúil i gcomhréir leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 7. Sonrófar go soiléir ann na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe.

6. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an clár oibre bliantúil atá glactha a leasú nuair a sannfar cúram nua do ENISA. Glacfar aon leasú mór ar an gclár oibre bliantúil leis an nós imeachta céanna lenar glacadh an clár oibre bliantúil tosaigh. Féadfaidh an Bord Bainistíochta an chumhacht leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

7. Leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán lena n-áirítear cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí feidhmíochta. Leagfar amach ann freisin clársceidealú acmhainní, lena n-áirítear an buiséad ilbhliantúil agus an fhoireann.

8. Déanfar an clársceidealú acmhainní a thabhairt cothrom le dáta gach bliain. Déanfar an clársceidealú straitéiseach a nuashonrú nuair is iomchuí, agus go háirithe i gcás inar gá chun dul i ngleic le toradh na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 67.

Airteagal 25

Dearbhú leasanna

1. Maidir le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus oifigigh atá ar iasacht ó Bhallstáit ar bhonn sealadach déanfaidh gach duine acu faoi seach dearbhú gealltanas agus dearbhú ina léirítear nach ann nó gurb ann d'aon leas díreach nó indíreach a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach i dtaobh a neamhspleáchais. Maidir leis na dearbhuithe, beidh siad beacht agus iomlán, déanfar go bliantúil agus i scríbhinn iad agus tabharfar cothrom le dáta iad cibé uair is gá sin.

2. Maidir le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus leis na saineolaithe seachtracha a ghlacann páirt i ngrúpaí oibre *ad hoc*, déanfaidh gach duine acu dearbhú go beacht agus go hiomlán ar a dhéanaí ag tús gach cruinnithe ar dearbhú é ina léireofar aon leas a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach i dtaobh a neamhspleáchais i ndáil leis na hítimí atá ar an gclár agus staonfaidh siad ó pháirt a ghlacadh sa phlé ar na pointí sin agus ó vótáil ar na pointí sin.

3. Leagfaidh ENISA síos, ina rialacha inmheánacha oibríochta féin, na socruithe praiticiúla maidir leis na rialacha i dtaobh dearbhuithe leasa dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2.

Airteagal 26

Trédhearcacht

1. Cuirfidh ENISA a gníomhaíochtaí i gcrích le leibhéal ard trédhearcachta agus i gcomhréir le hAirteagal 28.

2. Áiritheoidh ENISA go ndéanfar faisnéis iomchuí oibiachtúil iontaofa a bhfuil teacht uirthi go héasca a sholáthar don phobal agus d'aon pháirtithe leasmhara, go háirithe maidir le torthaí a cuid oibre. Poibleoidh sí freisin na dearbhuithe leasa a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 25.

3. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, údarás a thabhairt do pháirtithe leasmhara breathnú ar nósanna imeachta a bhaineann le cuid de ghníomhaíochtaí ENISA.

4. Leagfaidh ENISA síos, ina rialacha inmheánacha oibríochta féin, na socruithe praiticiúla chun na rialacha trédhearcachta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a chur chun feidhme.

Airteagal 27

Rúndacht

1. Gan dochar d'Airteagal 28, ní sceithfidh ENISA le tríú páirtithe aon fhaisnéis arna próiseáil aici nó arna tabhairt di a bhfuil iarraidh réasúnaithe déanta ina leith déileáil go rúnda, léi.

2. Comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí Ghrúpa Comhairleach ENISA, saineolaithe seachtracha atá páirteach sna meithleacha *ad hoc*, agus comhaltaí foirne ENISA, lena n-áirítear oifigigh ar iasacht ó na Ballstáit ar bhonn sealadach, comhlíonfaidh siad ceanglais rúndachta d'Airteagal 339 de CFAE, fiú amháin nuair a bheidh deireadh lena gcuid dualgas.

3. Leagfaidh ENISA síos, ina rialacha inmheánacha oibríochta féin, na socruithe praiticiúla d'fhonn na rialacha rúndachta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a chur chun feidhme.

4. Má cheanglaítear é sin le haghaidh fheidhmíocht chúraimí ENISA, cinnfidh an Bord Bainistíochta go gceadófar do ENISA faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil. Sa chás sin, glacfaidh ENISA, i gcomhaontú le seirbhísí an Choimisiúin, rialacha slándála a chuirfidh i bhfeidhm na prionsabail slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ([26]) ón gCoimisiún agus 2015/444 ([27]) ón gCoimisiún. Cuimseofar leis na rialacha slándála sin na forálacha le haghaidh faisnéis rúnaicmithe a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil.

Airteagal 28

Rochtain ar dhoiciméid

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh ENISA.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta socruithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur chun feidhme laistigh faoin 28 Nollaig 2019.

3. Féadfaidh cinntí arna nglacadh ag ENISA de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman Eorpaigh faoi Airteagal 228 CFAE nó a bheith ina n-ábhar caingne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 263 CFAE.

CAIBIDIL IV

Bunú agus struchtúr bhuiséad ENISA

Airteagal 29

Buiséad ENISA a bhunú

1. Gach bliain, tarraingeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin suas dréachtráiteas meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas ENISA don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, agus tarchuirfidh sé an dréachtráiteas sin, mar aon le dréachtphlean bunaíochta, chuig an mBord Bainistíochta. Beidh an t-ioncam agus an caiteachas ar comhardú.

2. Gach bliain, soláthróidh an Bord Bainistíochta ráiteas meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas EMISA don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, ar bhonn dréachtráiteas meastachán ENISA.

3. Déanfaidh an Bord Bainistíochta, faoin 31 Eanáir gach bliain, an ráiteas meastachán, a bheidh ina chuid den dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair, a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig na tríú tíortha a bhfuil comhaontuithe tugtha i gcrích ag an Aontas leo dá dtagraítear in Airteagal 42(2).

4. Ar bhonn an ráitis meastachán sin, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad an Aontais na meastacháin sin a mheasann sé a bheith riachtanach don phlean bunaíochta agus méid na ranníocaíochta a dhéanfar a mhuirearú ar an mbuiséad ginearálta an Aontais, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle iad i gcomhréir le hAirteagal 314 CFAE.

5. Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe don ranníocaíocht ón Aontas a thabharfar do ENISA.

6. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an plean bunaíochta do ENISA.

([26]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).
([27]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

7. Glacfaidh an Bord Bainistíochta buiséad ENISA in éineacht leis an doiciméad clársceidealaithe aonair. Beidh sé críochnaitheach tar éis ghlacadh deireanach bhuiséad ginearálta an Aontais. I gcás inar gá, déanfaidh an Bord Bainistíochta buiséad agus doiciméad clársceidealaithe aonair ENISA a choigeartú i gcomhréir le buiséad ginearálta an Aontais.

Airteagal 30

Struchtúr bhuiséid ENISA

1. Gan dochar d'acmhainní eile, beidh in ioncam ENISA:

(a) ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais;

(b) ioncam a shannfar d'ítimí sonracha caiteachais i gcomhréir leis na rialacha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 32;

(c) cistiú ón Aontas i bhfoirm comhaontuithe tarmligin nó deontais *ad hoc* i gcomhréir leis na rialacha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 32 agus le forálacha na n-ionstraimí ábhartha a thacaíonn le beartais an Aontais;

(d) ranníocaíochtaí ó thríú tíortha a rannchuideoidh le hobair ENISA, dá dtagraítear in Airteagal 42;

(e) aon ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit in airgead nó i gcomhchineál.

Ní fhéadfaidh na Ballstáit a sholáthraíonn ranníocaíochtaí saorálacha, faoi phointe (e) den chéad fhomhír, aon cheart sonrach ná seirbhís shonrach a éileamh mar thoradh air sin.

2. Beidh ar áireamh i gcaiteachas ENISA costais a bhaineann le foireann, le tacaíocht riaracháin agus theicniúil, le bonneagar agus le hoibríocht, chomh maith le costais a eascraíonn as conarthaí le tríú páirtithe.

Airteagal 31

Buiséad ENISA a chur chun feidhme

1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheidh freagrach as buiséad ENISA a chur chun feidhme.

2. Beidh na cumhachtaí céanna ag iniúchóir inmheánach an Choimisiúin ar ENISA is atá aige ar ranna an Choimisiúin.

3. Seolfaidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha don bhliain airgeadais (bliain N) chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, faoin 1 Márta tar éis gach bliana airgeadais (bliana N + 1).

4. Nuair a gheobhaidh sé barúlacha na Cúirte Iniúchóirí maidir le cuntais shealadacha ENISA, de bhun Airteagal 246 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]) tarraingeoidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta suas cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta a bhfuil sé freagrach astu agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad chun tuairim a fháil.

5. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tuairim uaidh maidir le cuntais chríochnaitheacha ENISA.

6. Faoin 31 Márta den bhliain airgeadais N + 1, tarchuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an tuarascáil ar an mbainistiú buiséadach agus airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

7. Faoin 1 Iúil na bliana airgeadais N + 1, déanfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta, na cuntais chríochnaitheacha agus an tuairim ón mBord Bainistíochta a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

([28]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

8. Déanfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta litir ionadaíochta ina gcumhdaítear cuntais chríochnaitheacha ENISA sin a sheoladh chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus cóip chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, an dáta céanna a tharchuirfidh sé na cuntais chríochnaitheacha sin.

9. Faoin 15 Samhain an bhliain ina dhiaidh sin, foilseoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cuntais chríochnaitheacha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

10. Faoin 30 Meán Fómhair den bhliain N + 1, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí maidir lena barúlacha agus cuirfidh sé cóip den fhreagra sin chuig an mBord Bainistíochta agus chuig an gCoimisiún freisin.

11. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá faoi bhráid na Parlaiminte chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil don bhliain airgeadais i dtrácht i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

12. Ag gníomhú di ar mholadh ón gComhairle, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa roimh 15 Bealtaine den bhliain N + 2, urscaoileadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin i leith an bhuiséid a chur chun feidhme do bhliain N.

Airteagal 32

Rialacha airgeadais

Déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le ENISA a ghlacadh tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh siad ó Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ach amháin i gcás ina mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrach d'fheidhmiú ENISA agus ina dtoileoidh an Coimisiún leis roimh ré.

Airteagal 33

Calaois a chomhrac

1. Chun an comhrac i gcoinne calaoise, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]) a éascú, aontóidh ENISA, faoin 28 Nollaig 2019, don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha a bheith á ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ([30]). Glacfaidh ENISA na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile ENISA, agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin á úsáid aici.

2. Beidh sé de chumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus faisnéis a fhaightear ar bhonn cigireachtaí ar an láthair, iniúchtaí a dhéanamh ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir ag a mbeidh cistí an Aontais faighte ó ENISA.

3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ([31]) d'fhonn a shuíomh an ndearnadh aon chalaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i dtaca le deontas nó le conradh arna mhaoiniú ag an ENISA.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 ná do mhír 3, beidh forálacha i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i socruithe deontais agus i gcinntí deontais de chuid ENISA lena gcumhachtófar go sainráite don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF na hiniúchóireachtaí agus na himscrúduithe sin a dhéanamh i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach.

([29]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

([30]) IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

([31]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

CAIBIDIL V

Foireann

Airteagal 34

Forálacha ginearálta

Maidir leis na Rialacháin Foirne d'Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile chomh maith leis na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann ENISA.

Airteagal 35

Pribhléidí agus díolúintí

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, maidir le ENISA agus maidir lena foireann.

Airteagal 36

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ceaptha mar ghníomhaire sealadach de ENISA faoi phointe (a) d'Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

2. Is é an Bord Bainistíochta a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ó liosta iarrthóirí a mholfaidh an Coimisiún tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach a bheith ann.

3. Ar mhaithe le conradh fostaíochta an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a thabhairt i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ionadaíocht thar ceann ENISA.

4. Sula ndéanfar an ceapachán, tabharfar cuireadh don iarrthóir arna roghnú ag an mBord Bainistíochta ráiteas a dhéanamh os comhair an choiste chuí Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna na gComhaltaí a fhreagairt.

5. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Faoi dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ina gcuirfear san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar na cúraimí agus dúshláin a bheidh ann amach anseo do ENISA.

6. Déanfaidh an Bord Bainistíochta cinntí faoi cheapachán, faoi shíneadh téarma oifige agus faoi chur as oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 18(2).

7. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó arna mholadh sin don Choimisiún ina gcuirtear san áireamh an measúnú dá dtagraítear i mír 5, tréimhse oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a shíneadh ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana.

8. Cuirfidh an Bord Bainistíochta Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le haon rún a bheadh aige téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a fhadú. Laistigh de thrí mhí roimh aon fhadú den sórt sin, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, má iarrtar é sin air, ráiteas a dhéanamh os comhair an choiste chuí Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna Chomhaltaí an choiste a fhreagairt.

9. Ní ghlacfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bhfuil fad curtha lena théarma oifige páirt in aon nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna.

10. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta ag gníomhú dó arna mholadh sin don Choimisiún.

Airteagal 37

Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile

1. Féadfaidh ENISA úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus as foireann eile nach bhfuil fostaithe ag ENISA. Ní bheidh feidhm ag na Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile maidir leis an bhfoireann sin.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh lena leagfar síos na rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht do ENISA.

CAIBIDIL VI

Forálacha ginearálta maidir le ENISA

Airteagal 38

Stádas dlí ENISA

1. Beidh ENISA ina comhlacht de chuid an Aontais agus beidh pearsantacht dhlítheanach aici.

2. I ngach Ballstát, beidh ag ENISA an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoin dlí náisiúnta. Féadfaidh sí, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus bheith ina páirtí in imeachtaí dlí.

3. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht thar ceann ENISA.

Airteagal 39

Slándáil ENISA

1. Beidh dliteanas conarthach ENISA faoi rialú an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh atá i gceist.

2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána a bheidh i gconradh arna thabhairt i gcrích ag ENISA.

3. I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, cúiteoidh ENISA, aon damáiste a dhéanfaidh sise nó a fhoireann i gcomhlíonadh a ndualgas, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát.

4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aon díospóid a bhaineann le cúiteamh a fháil de bharr damáiste dá dtagraítear i mír 3.

5. Beidh dliteanas pearsanta a seirbhíseach i leith ENISA faoi rialú ag na coinníollacha ábhartha is infheidhme maidir le foireann ENISA.

Airteagal 40

Socruithe teanga

1. Beidh feidhm ag Rialachán CEE Uimh. 1 ón gComhairle maidir le ENISA ([32]). Féadfaidh na Ballstáit agus na comhlachtaí eile arna gceapadh acu dul i dteagmháil le ENISA agus freagra a fháil ina rogha teanga oifigiúil de chuid institiúidí an Aontais.

2. Soláthróidh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a theastóidh chun go bhfeidhmeoidh ENISA.

Airteagal 41

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Beidh próiseáil sonraí pearsanta ag ENISA faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2018/1725. Féadfaidh an Bord Bainistíochta na bearta breise is gá a ghlacadh chun Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 a bheith á chur i bhfeidhm ag ENISA.

([32]) Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag an gComhphobal Eacnamaíoch Eorpach (IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58).

Airteagal 42

Comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. A mhéid is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, féadfaidh ENISA dul i gcomhar le húdaráis inniúla tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta nó leis an mbeirt acu. Chuige sin, féadfaidh ENISA, socruithe oibre a leagan síos i gcomhar le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, tar éis di formheas a fháil ón gCoimisiún roimh ré. Ní chruthófar leis na socruithe sin oibleagáidí dlíthiúla ar an Aontas ná ar na Ballstáit.

2. Beidh ENISA oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha a bhfuil comhaontuithe chuige sin tugtha i gcrích acu leis an Aontas. Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe sin, déanfar socruithe oibre ina sonrófar, go háirithe, cineál, méid agus modh rannpháirtíochta gach ceann de na tíortha sin in obair ENISA, lena n-áirítear forálacha a bhaineann lena rannpháirtíocht sna tionscnaimh a dtugann ENISA fúthu, le ranníocaíochtaí airgeadais agus le cúrsaí foirne. I dtaca le cúrsaí foirne, comhlíonfaidh na socruithe oibre sin na Rialacháin Foirne Oifigigh Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile i gcás ar bith.

3. Glacfaidh an Bord Bainistíochta straitéis i gcomhair caidreamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhaineann le cúrsaí a mbeidh inniúlacht ag ENISA ina leith. Áiritheoidh an gCoimisiún go bhfeidhmeoidh ENISA laistigh dá sainordú agus laistigh den chreat idirinstitiúideach atá ann cheana trí shocruithe oibre oiriúnacha a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Airteagal 43

Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, glacfaidh ENISA rialacha slándála féin lena gcuirfear i bhfeidhm na prionsabail slándála atá i rialacha slándála an Choimisiúin chun agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus FRAE a chosaint, mar a leagtar amach i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún. Áireofar sna rialacha slándála sin forálacha le haghaidh faisnéis den sórt sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil.

Airteagal 44

Comhaontú maidir le ceanncheathrú agus coinníollacha oibriúcháin

1. Na socruithe is gá maidir leis an gcóiríocht atá le cur ar fáil do ENISA sa Bhallstát aíochta agus na saoráidí a chuirfidh an Ballstát sin ar fáil mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát aíochta maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, foireann ENISA agus a dteaghlach, leagfar síos iad i gcomhaontú ceanncheathrún idir ENISA agus an Ballstát aíochta a thabharfar chun críche tar éis formheas a fháil ón mBord Bainistíochta.

2. Soláthróidh Ballstát óstach ENISA na coinníollacha is fearr is féidir chun feidhmiú cuí ENISA a áirithiú, agus inrochtaineacht an tsuímh, saoráidí leordhóthanacha oideachais a bheith ann do leanaí na gcomhaltaí foirne á gcur san áireamh, inrochtaineacht iomchuí ar an margadh saothair, slándáil shóisialta agus cúram míochaine do leanaí agus do chéilí na gcomhaltaí foirne araon.

Airteagal 45

Rialú riaracháin

Déanfaidh an tOmbudsman Eorpach maoirseacht ar oibríochtaí ENISA, i gcomhréir le forálacha Airteagal 228 CFAE.

TEIDEAL III

CREAT UM DHEIMHNIÚ CIBEARSHLÁNDÁLA

Airteagal 46

An creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála

1. Bunófar an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála chun na dálaí d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí leibhéal na cibearshlándála a mhéadú laistigh den Aontas ionas gur féidir cur chuige comhchuibhithe a bheith ann ar leibhéal an Aontais i dtaca le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, d'fhonn margadh aonair digiteach a chruthú le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC.

2. Leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, soláthrófar sásra chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bhunú agus chun a fhianú go gcomhlíonfaidh na táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a ndearnadh meastóireacht orthu i gcomhréir le scéimeanna den chineál sin, ceanglais shonracha slándála agus é mar aidhm infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí pearsanta atá stóráilte nó tarchurtha nó próiseáilte nó feidhmeanna nó na seirbhísí a chuirfidh na táirgí, seirbhísí agus próisis sin ar fáil ar feadh a saolré a chosaint.

Airteagal 47

Clár saothair rollach an Aontais don deimhniú Eorpach cibearshlándála

1. Foilseoidh an Coimisiún clár saothair rollach de chuid an Aontais don deimhniú Eorpach cibearshlándála ("an clár oibre rollach an Aontais") lena sainaithneofar tosaíochtaí straitéiseacha i dtaca le scéimeanna Eorpacha deimhniúcháin cibearshlándála a bhunú amach anseo.

2. Áireofar go háirithe ar chlár oibre rollach an Aontais liosta de tháirgí, de sheirbhísí TFC, de phróisis TFC agus de chatagóirí TFC a bheadh in ann leas iad a chumhdach faoi cheanna de na scéimeanna Eorpacha deimhniúcháin cibearshlándála sin.

3. Is ar aon cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC agus catagóirí TFC ar leith a áireofar ar chlár oibre rollach an Aontais:

(a) scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a bheith ar fáil agus á bhforbairt a chumhdaíonn aon chatagóir ar leith de tháirgí TFC, de sheirbhísí TFC, nó de phróisis TFC agus go háirithe i dtaca leis an mbaol atá ann go dtarlódh ilroinnt;

(b) dlí nó beartas ábhartha de chuid an Bhallstáit nó an Aontais;

(c) éileamh ón margadh;

(d) forbairtí i réimse na mbagairtí cibearshlándála;

(e) iarratas go n-ullmhófaí scéim iarrthach shonrach ag ECCG.

4. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh go cuí na tuairimí a eiseoidh an ECCG agus an Grúpa Geallsealbhóirí um Dheimhniú maidir leis an dréachtchlár oibre rollach an Aontais.

5. Foilseofar an chéad chlár oibre rollach an Aontais faoin 28 Meitheamh. Tabharfar an clár oibre rollach an Aontais cothrom le dáta ar a laghad gach 3 bliana nó níos mó más gá.

Airteagal 48

Iarraidh ar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála

1. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ENISA scéim iarrthach a ullmhú nó scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá ann cheana a athbhreithniú ar bhonn an chláir oibre rollach an Aontais.

2. I gcásanna a mbeidh údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún, nó ECCG, a iarraidh ar an 2020ENISA scéim iarrthach a ullmhú nó athbhreithniú a dhéanamh ar scéim atá ann cheana nach bhfuil ar áireamh i gclár saothair rollach an AontaisTabharfar clár oibre rollach an Aontais cothrom le dáta dá réir sin.

Airteagal 49

Scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a ullmhú, a ghlacadh agus a athbhreithniú

1. Arna iarraidh sin don Choimisiún de bhun Airteagal 43b, ullmhóidh ENISA scéim iarrthach Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 51, Airteagal 52 agus Airteagal 54 den Rialachán seo.

2. Arna iarraidh sin don ECCG de bhun Airteagal 48(2), féadfaidh ENISA scéim iarrthach a ullmhú a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 51, Airteagal 52 agus Airteagal 54 den Rialachán seo. Má dhiúltaíonn ENISA an iarraidh sin, léireofar cúiseanna an chinnidh sin. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh aon chinneadh faoi iarraidh den sórt sin a dhiúltú.

3. Agus scéim iarrthach á n-ullmhú aici, rachaidh ENISA i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir trí phróiseas foirmiúil, oscailte, trédhearcach, cuimsitheach comhairliúcháin.

4. I gcás gach scéim iarrthach, bunóidh ENISA meitheal *ad hoc* i gcomhréir le hAirteagal 20(4) agus é mar chuspóir aici comhairle shonrach a chur ar ENISA agus saineolas sonrach a chur ar fáil di.

5. Comhoibreoidh an Ghníomhaireacht go dlúth le ECCG. Tabharfaidh ECCG cúnamh do ENISA agus cuirfidh sí comhairle shaineolach uirthii ndáil leis an scéim iarrthach a ullmhú agus glacfaidh sí tuairim maidir leis an scéim iarrthach.

6. Tabharfaidh ENISA lánaird ar thuairim ECCG sula dtarchuirfidh sé an scéim iarrthach a ullmhófar i gcomhréir le míreanna 3, 4 agus 5 chuig an gCoimisiún. Ní tuairim cheangailteach a bheidh inti agus ní bheidh aon bhac ar ENISA an scéim iarrthach a tharchur chuig an gCoimisiún fiú murab ann don tuairim.

7. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn scéim iarrthach arna ullmhú ag ENISA, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena bhforáiltear maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála do tháirgí, do sheirbhísí TFC agus do phróisis TFC, a chomhlíonann ceanglais a leagtar amach in Airteagal 51, Airteagal 52 agus Airteagal 54 den Rialachán seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta fiosrúcháin in Airteagal 66(2).

8. Gach cúig bliain, ar a laghad, déanfaidh an Ghníomhaireacht meastóireacht, ar an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, agus aird á tabhairt ar an aiseolas a fhaightear ó pháirtithe leasmhara. Más gá, féadfaidh an Coimisiún nó an ECCG a iarraidh ar ENISA tús a chur leis an bpróiseas chun scéim athbhreithnithe iarrthach a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 48 agus an Airteagal seo.

Airteagal 50

Suíomh gréasáin faoi scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála

1. Coimeádfaidh ENISA suíomh gréasáin tiomnaithe ar a gcuirfear faisnéis ar fáil agus ar a ndéanfar poiblíocht faoi scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála, deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil agus ráitis chomhréireachta ón Aontas, lena n-áirítear faiséis i ndáil le scéimeanna agus deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil agus ráitis chomhréireachta ón Aontas a aistarraingíodh agus a chuaigh in éag agus an stór nasc chuig faisnéis i dtaca leis an gcibearshlándáil a chuirfidh monaróirí agus soláthraithe ar fáil ar líne i gcomhréir le hAirteagal 55.

2. I gcás inarb infheidhme, sonrófar ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 freisin na scéimeanna deimhniúcháin cibearshlandála náisiúnta ar ghabh scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a n-ionad.

Airteagal 51

Cuspóirí slándála scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála

Déanfar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a dhearadh ionas go mbainfear ar a laghad na cuspóirí slándála seo a leanas amach, de réir mar is infheidhme:

(a) sonraí a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile a chosaint ar stóráil, próiseáil, rochtain nó nochtadh bíodh sin de thaisme nó neamhúdaraithe le linn shaolré iomlán an táirge TFC, na seirbhíse TFC nó an phróisis TFC;

(b) sonraí a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar shlí eile a chosaint ar scriosadh a tharlaíonn de thaisme nó go neamhúdaraithe, ar chaillteanas nó ar athrú nó ar easpa infhaighteachta le linn shaolré iomlán an táirge TFC, na seirbhíse TFC nó an phróisis TFC;

(c) féadfaidh daoine, feidhmchláir nó meaisíní údaraithe rochtain a fháil go heisiach ar shonraí, seirbhísí agus feidhmeanna ar a bhfuil cearta rochtana acu;

(d) spleáchais agus leochaileachtaí a bhfuiltear ar an eolas fúthu a shainaithint agus a dhoiciméadú;

(e) taifead a dhéanamh ar cé acu sonraí, seirbhísí nó feidhmeanna a bhfuarthas rochtain orthu, a úsáideadh nó a próiseáladh ar shlí eile, agus na hamanna ar a bhfuarthas an rochtain nó a ndearnadh an úsáid nó an phróiseáil agus an té a fuair an rochtain nó a rinne an úsáid nó an phróiseáil;

(f) is féidir a sheiceáil cé acu sonraí, seirbhísí nó feidhmeanna a bhfuarthas rochtain orthu nó a úsáideadh nó a próiseáladh ar shlí eile, na hamanna a bhfuarthas an rochtain nó a ndearnadh an úsáid nó an phróiseáil agus an té a fuair an rochtain nó a rinne an úsáid nó an phróiseáil;

(g) a fhíorú nach bhfuil leochaileachtaí aitheanta i dtáirgí TFC, i seirbhísí TFC agus i bpróisis TFC;

(h) an cumas infhaighteacht agus rochtain ar shonraí pearsanta a athshlánú ar mhodh tráthúil i gcás ina dtarlaíonn teagmhas fisiciúil nó teicniúil;

(i) go bhfuil táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC slán trí dhearadh agus trí réamhshocrú;

(j) cuirtear na bogearraí agus na crua-earraí is déanaí ar fáil do tháirgí TFC, do sheirbhísí TFC agus do phróisis TFC nach bhfuil aon leochaileachtaí atá aitheanta go poiblí iontu, agus cuirtear sásraí ar fáil dóibh le haghaidh nuashonruithe slána.

Airteagal 52

Cuspóirí slándála scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála

1. Féadfaidh scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála ceann amháin nó níos mó de na leibhéil seo a leanas a shonrú do tháirgí, do sheirbhísí agus do phróisis TFCar leibhéil maidir le dearbhú iad: "bunúsach", "substaintiúil" nó "ard",. Beidh leibhéal an dearbhaithe i gcomhréir leis an leibhéal riosca, a bhaineann leis an úsáid a bheartaítear do tháirge TFC, do sheirbhís TFC, nó do phróisis TFC, i dtéarmaí a dhóchúla atá sé go dtarlóidh teagmhas agus i dtéarmaí thionchar an teagmhais.

2. Tagróidh deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil agus ráiteas comhréireachta ón Aontas d'aon leibhéil dearbhaithe arna sonrú sa scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, faoina mbeidh an deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil nó an ráiteas comhréireachta ón Aontas eisithe.

3. Sonrófar i ngach leibhéil dearbhúcháin na ceanglais slándála a chomhfhreagraíonn don leibhéal dearbhúcháin sin, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála agus méid comhfhreagrach na hiarrachta chun meastóireacht a dhéanamh ar tháirge TFC, ar sheirbhís TFC nó ar phróisis TFC.

4. Tagróidh an deimhniú agus ráiteas comhréireachta ón Aontas do shonraíochtaí, caighdeáin agus nósanna imeachta teicniúla áirithe léi, lena n-áirítear rialuithe teicniúla, arb é is aidhm dóibh an baol atá ann go dtarlóidh teagmhais chibearshlándála a laghdú nó a chosc.

5. Le deimhniú cibearshlándála Eorpach nó ráiteas comhréireachta ón Aontas lena dtagraítear do leibhéal dearbhúcháin "bunúsach", tabharfar dearbhú go gcomhlíonann na táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a bhfuil an deimhniú sin nó an ráiteas comhréireachta ón Aontas sin eisithe ina leith, na ceanglais slándála chomhfhreagracha, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu go leibhéal iomchuí lena bhféachtar leis na rioscaí bunúsacha atá aitheanta i leith cibeartheagmhas agus cibearionsaithe a íoslaghdú. Áireofar sna gníomhaíochtaí meastóireachta, ar a laghad athbhreithniú ar dhoiciméadacht theicniúil. Nuair nach bhfuil meastóireacht den sórt sin iomchuí, úsáidfear gníomhaíochtaí ionadaíocha iontu lena ngabhfaidh éifeacht choibhéiseach.

6. Le deimhniú cibearshlándála Eorpach lena dtagraítear do leibhéal dearbhúcháin "substaintiúil", tabharfar dearbhú go gcomhlíonann na táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a bhfuil an deimhniú sin eisithe ina leith, na ceanglais slándála chomhfhreagracha, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu go leibhéal iomchuí lena bhféachtar le híoslaghdú a dhéanamh ar chibear-rioscaí aitheanta, ar chibeartheagmhais agus ar chibearionsaithe a dhéanann gníomhaithe a bhfuil scileanna agus acmhainní teoranta acu. Áireofar sna gníomhaíochtaí meastóireachta na gníomhaíochtaí seo a leanas ar a laghad: athbhreithniú a dhéanamh ar neamh-infheidhmeacht na leochaileachtaí atá aitheanta go poiblí agus a thástáil go ndéantar, leis na táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC, an fheidhmiúlachtaí slándála is gá a chur chun feidhme mar is ceart. Nuair nach bhfuil gníomhaíochtaí meastóireachta den sórt sin iomchuí, féadfar gníomhaíochtaí ionadaíocha lena ngabhfaidh éifeacht choibhéiseach a úsáid.

7. Le deimhniú cibearshlándála Eorpach lena dtagraítear do leibhéal dearbhaithe "ard" (i.e. "ardleibhéal"), tabharfar dearbhú go gcomhlíonann na táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a bhfuil an deimhniú sin eisithe ina leith na ceanglais slándála chomhfhreagracha, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu go leibhéal iomchuí lena bhféachtar le híoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfadh gníomhaithe a bhfuil scileanna agus acmhainní suntasacha acu cibearionsaithe úrscothacha. Áireofar sna gníomhaíochtaí meastóireachta ar a laghad: neamh-infheidhmeacht leochaileachtaí atá aitheanta go poiblí a athbhreithniú, a thástáil go ndéantar, leis na táirgí TFC, seirbhísí TFC, nó próisis TFC na feidhmiúlachtaí slándála is gá a chur chun feidhme mar is ceart, ar an mbonn úrscothach, agus measúnú a dhéanamh ar a bhfrithsheasmhacht in aghaidh ionsaitheoirí oilte trí thástáil treáite. Nuair nach bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin iomchuí, féadfar orthu gníomhaíochtaí ionadaíocha lena ngabhfaidh éifeacht choibhéiseach a úsáid.

8. D'fhéadfaí, le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, leibhéil éagsúla mheastóireachta a shonrú, ag brath ar dhéine agus ar dhoimhneacht na modheolaíochta meastóireachta a úsáidtear. Le gach ceann de na leibhéil mheastóireachta, comhfhreagrófar do cheann amháin de na leibhéil dearbhúcháin agus saineofar é le teaglaim iomchuí de chomhpháirteanna dearbhúcháin.

Airteagal 53

Féinmheasúnú comhréireachta

1. D'fhéadfaí a cheadú, le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, féinmheasúnú comhréireachta a chur i gcrích faoi fhreagracht mhonaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC agus faoina bhfreagracht siúd amháin. Beidh an féinmheasúnú comhréireachta sin infheidhme maidir le táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a mbaineann riosca íseal leo nó maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála agus a chomhfhreagraíonn don leibhéal dearbhúcháin "bunúsach", agus maidir leis na seirbhísí agus na táirgí sin amháin.

2. Féadfaidh monaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC ráiteas comhréireachta ón Aontas a eisiúint ina ndeirtear gur léiríodh gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach sa scéim. Trí ráiteas den sórt sin a eisiúint, glacann monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC agus na próisis TFC freagracht as comhlíonadh an táirge TFC, na seirbhíse TFC nó an phróisis TFC leis na ceanglais a leagtar amach sa scéim sin.

3. Déanfaidh monaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC go ceann tréimhse a shaineofar sa scéim Eorpach chomhfhreagrach um dheimhniú cibearshlándála, an ráiteas comhréireachta ón Aontas, an doiciméadacht theicniúil agus faoin bhfaisnéis ábhartha uile eile a bhaineann le comhréireacht na dtáirgí TFC nó na seirbhísí TFC le scéim a choinneáil ar fáil don údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 58(1). Cuirfear cóip den ráiteas comhréireachta ón Aontas faoi bhráid an údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus faoi bhráid ENISA.

4. Ráiteas comhréireachta ón Aontas a eiseofar de bhun an Airteagail seo, is ar bhonn deonach a eiseofar é mura sonraítear a mhalairt i ndlí an Aontais nó i ndlí na mBallstát.

5. Na ráitis chomhréireachta ón Aontas, tabharfar aitheantas dó i ngach Ballstát.

Airteagal 54

Gnéithe de scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála

1. I scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, áireofar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) ábhar agus raon feidhme na scéime deimhniúcháin, lena n-áirítear an cineál nó na catagóirí próiseas, táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a chumhdófar;

(b) tuairisc shoiléir ar chríoch na scéime agus conas a fhreagraíonn na caighdeáin, na modhanna meastóireachta agus na leibhéil dearbhúcháin a roghnófar do riachtanais na n-úsáideoirí atá beartaithe don scéim.

(c) tagairtí do chaighdeáin idirnáisiúnta, Eorpacha nó náisiúnta ar cloíodh leo sa mheastóireacht nó i gcás nach mbíonn fáil ar chaighdeáin nó nach iomchuí iad, déanfar tagairt do shonraíochtaí teicniúla a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 nó, i gcás nach mbíonn na sonraíochtaí sin ar fáil, do shonraíochtaí teicniúla nó do cheanglais eile chibearshlándála a shaineofar sa scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála;

(d) i gcás inarb infheidhme, leibhéal amháin dearbhúcháin nó níos mó;

(e) léiriú ar cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear féinmheasúnú comhréireachta faoin scéim;

(f) i gcás inarb infheidhme, ceanglais shonracha nó bhreise a mbeidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta faoina réir d'fhonn a ráthú go bhfuil an inniúlacht theicniúil acu chun meastóireacht a dhéanamh ar cheanglais chibearshlándála;

(g) na critéir agus modhanna meastóireachta sonracha a úsáidtear, lena n-áirítear na cineálacha meastóireachta, d'fhonn a léiriú go bhfuil na cuspóirí slándála dá dtagraítear in Airteagal 51 bainte amach;

(h) i gcás inarb infheidhme, faisnéis atá le soláthar nó atá le cur ar fáil ar shlí eile do na comhlachtaí um measúnú comhréireachta ag an iarratasóir agus atá de dhíth don deimhniú;

(i) i gcás ina ndéantar foráil sa scéim maidir le marcanna agus lipéid, na coinníollacha faoinar féidir na marcanna nó na lipéid sin a úsáid;

(j) rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC ceanglais na ndeimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil nó an ráitis comhréireachta ón Aontas, lena n-áirítear sásraí lena léiriú go bhfuil na ceanglais chibearshlándála shonraithe á gcomhlíonadh go leanúnach;

(k) i gcás inarb infheidhme, na coinníollacha maidir le deimhniú a eisiúint, a chothabháil agus a athnuachan agus maidir le leanúint de na deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil, mar aon leis na coinníollacha maidir le raon feidhme an deimhnithe a leathnú nó a laghdú;

(l) rialacha maidir leis na hiarmhairtí ar neamh-chomhréireacht táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC, ar táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC iad atá deimhnithe nó ar eisíodh ráiteas chomhréireachta ón Aontas ina leith, ach nach gcomhlíonann le ceanglais na scéime;

(m) rialacha maidir leis an gcaoi ina ndéanfar leochaileachtaí cibearshlándála i dtáirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC nár braitheadh cheana a thuairisciú agus a láimhseáil;

(n) i gcás inarb infheidhme, rialacha maidir le taifid a choinneáil ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta;

(o) scéimeanna a shainaithint, ar scéimeanna náisiúnta nó idirnáisiúnta um dheimhniú cibearshlándála iad, lena gcumhdaítear an cineál céanna nó na catagóirí céanna táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próiseas TFC, ceanglais slándála, critéar agus modhanna meastóireachta agus leibhéal dearbhaithe;

(p) ábhar agus formáid na ndeimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil agus na ráiteas comhréireachta ón Aontas, arna eisiúint;

(q) tréimhse infhaighteachta an ráitis comhréireachta ón Aontas agus dhoiciméadacht theicniúil na faisnéise ábhartha uile eile a chuirtear ar fáil ag monaróir nó ag soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC;

(r) uastréimhse bhailíochta na ndeimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil a eisítear faoin scéim;

(s) an beartas maidir le nochtadh le haghaidh deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil a dheonaítear, a leasaítear agus a tharraingítear siar a eisítear faoin scéim;

(t) coinníollacha i gcomhair aitheantas frithpháirteach scéimeanna um dheimhniú le tríú tíortha;

(u) i gcás inarb infheidhme, rialacha a bhaineann le haon sásra piarmheasúnuithe a bhunófar sa scéim do na húdaráis nó comhlachtaí a eisíonn deimhnithe Eorpacha cibearshlándála d'ardleibhéil dearbhúcháin de bhun Airteagal 56(6). Ní dochar an sásra sin don athbhreithniú piaraí dá bhforáiltear in Airteagal 59;

(v) an fhormáid agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag monaróirí nó ag soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC agus an fhaisnéis chibearshlándála fhorlíontach á soláthar agus á tabhairt cothrom le dáta acu i gcomhréir le hAirteagal 55.

2. Ní thiocfaidh riachtanais shonracha na scéime Eorpach um dheimhniú cibearshlándála salach ar aon riachtanais dlí is infheidhme, go háirithe riachtanais a eascraíonn as dlí chomhchuibhithe an Aontais.

3. I gcás ina bhforálann gníomh dlí sonrach den Aontas amhlaidh, féadfar deimhniú comhréireachta nó ráiteas comhréireachta ón Aontas a eisítear faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a úsáid chun an toimhdiú le riachtanais an ghnímh dlí a léiriú.

4. I gcás nach ann do dhlí chomhchuibhithe de chuid an Aontais, féadfar foráil i ndlí na mBallstát go bhféadfar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a úsáid chun an toimhdiú comhréireachta leis na riachtanais dlí a bhunú.

Airteagal 55

Faisnéis chibearshlándála bhreise do tháirgí TFC, próisis, seirbhísí TFC agus próisis TFC deimhnithe

1. Cuirfidh monaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC, ar táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC iad atá deimhnithe ar eisíodh ráiteas chomhréireachta ón Aontas ina leith, an fhaisnéis fhorlíontach seo a leanas ar fáil:

(a) treoir agus moltaí chun cúnamh a thabhairt d'úsáideoirí deiridh le cumraíocht, suiteáil agus úsáid shlán, feidhmiú slán agus cothabháil shlán na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC nó na bpróisis TFC;

(b) an tréimhse ar lena linn a tháirgfear tacaíocht slándála do na húsáideoirí deiridh, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinfhaighteacht na nuashonruithe sin a bhaineann leis an gcibearshlándáil;

(c) faisnéis teagmhála an mhonaróra nó an tsoláthróra agus modhanna a nglactar leo chun faisnéis faoi leochaileacht a fháil ó úsáideoirí deiridh agus ó thaighdeoirí slándála;

(d) tagairt do stórtha ar líne ina liostaítear leochaileachtaí a nochtadh go poiblí a bhaineann leis an táirge TFC, leis an tseirbhís TFC nó leis an bpróiseas TFC agus treoir chomhairleach ábhartha chibearshlándála.

2. An fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, beidh sí ar fáil i bhfoirm leictreonach agus fanfaidh sí ar fáil, agus tabharfar cothrom le dáta í de réir mar is gá, ar a laghad go dtí go rachaidh an deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil comhfhreagrach nó an ráiteas comhréireachta ón Aontas in éag.

Airteagal 56

Deimhniú cibearshlándála

1. Measfar go gcomhlíonann táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC arna ndeimhniú faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála arna glacadh de bhun Airteagal 44 ceanglais scéime den chineál sin.

2. Is deimhniú deonach a bheidh ann, mura sonraítear a mhalairt le dlí an Aontais nó le dlí na mBallstát.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú go tráthrialta, agus ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 2023 agus ar a laghad gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, ar éifeachtúlacht agus ar úsáid na scéimeanna deimhniúcháin arna nglacadh agus ar cé acu a shocrófar nó nach socrófar, trí reachtaíocht ábhartha an Aontais, go bhfuil aon scéim shonrach deimhniúcháin le déanamh sainordaitheach chun leibhéal leordhóthanach cibearshlándála a áirithiú do tháirgí TFC, do sheirbhísí TFC agus do phróisis TFC san Aontas agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Ar bhonn thoradh na measúnuithe sin, sainaithneoidh an Coimisiún, na táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a chumhdaítear le scéim deimhniúcháin atá ann cheana agus beidh siad cumhdaithe le scéim deimhniúcháin shainordaitheach.

Mar thosaíocht, díreoidh an Coimisiún ar na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1148 a mheasúnófar 2 bhliain ar a dhéanaí tar éis ghlacadh na chéad scéime Eorpach um dheimhniú cibearshlándála.

Agus an measúnú a ullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) breithniú a dhéanamh ar thionchar na mbeart ar mhonaróirí nó ar sholáthraithe na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC agus na bpróiseas TFC sin agus ar na húsáideoirí i dtéarmaí costas na mbeartas sin, agus breithniú a dhéanamh ar na sochair (shochaíocha agus/nó eacnamaíocha) a eascraíonn as an leibhéal feabhsaithe slándála atá tuartha i leith na dtáirgí TFC agus na seirbhísí TFC nó próisis TFC spriocdhírithe;

(b) aird a thabhairt ar dhlí ábhartha na mBallstát nó tríú tíortha atá ann cheana agus ar ghlacadh an dlí sin;

(c) próiseas oscailte, trédhearcach agus cuimsitheach comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir agus leis na Ballstáit a chur i gcrích;

(d) breithniú a dhéanamh ar spriocdhátaí cur chun feidhme, ar bhearta agus tréimhsí idirthréimhseacha, agus go háirithe maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart ar na monaróirí nó ar na soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, á chur san áireamh;

(e) an bealach is gasta agus is éifeachtúla a mholadh a gcuirfear an t-aistriú ó scéimeanna deonacha deimhniúcháin chuig scéimeanna sainordaitheacha deimhniúcháin chun feidhme.

4. Eiseoidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 60, ar bhonn critéir a chumhdaítear sa scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, arna glacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 49, deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil lena dtagraítear don leibhéal "bunúsach" nó "substaintiúil"'dearbhúcháin.

5. De mhaolú ar mhír 4, féadfar foráil le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála nach bhféadfar an deimhnithe Eorpacha um chibearshlándála a eisiúint ach amháin ag comhlacht poiblí, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Is é a bheidh sa chomhlacht sin ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 58(1); nó

(b) comhlacht poiblí atá creidiúnaithe mar chomhlacht um measúnú comhréireachta de bhun Airteagal 60(1).

6. I gcás ina n-éilítear, le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh de bhun Airteagal 49, ardleibhéal dearbhúcháin, níl an deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil faoin scéim sin le heisiúint ach ag údarás náisiúnta um deimhniú cibearshlándáil agus don údarás sin amháin nó, faoi na coinníollacha seo a leanas, do chomhlacht um measúnú comhréireachta sna cásanna seo a leanas, an deimhniú a eisiúint:

(a) má dhéanann údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála formheas a thabhairt roimh ré i gcás gach deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil aonair a eisíonn comhlacht um measúnú comhréireachta; nó

(b) má dhéanann an t-údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála an cúram na deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil a eisiúint a tharmligean go ginearálta, roimh ré, do chomhlacht um measúnú comhréireachta.

7. An duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann a tháirgí TFC, a sheirbhísí TFC nó a phróisis TFC faoi bhráid an tsásra deimhniúcháin, cuirfidh sé an fhaisnéis go léir is gá chun an próiseas deimhniúcháin a dhéanamh ar fáil nó don údarás náisiúnta um dheimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil dá dtagraítear in Airteagal 58 nó don chomhlacht um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 51, i gcás inarb ionann an t-údarás sin agus an comhlacht a eisíonn an deimhniú.

8. An té a mbeidh deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil ina sheilbh, cuirfidh sé an t-údarás nó an comhlacht dá dtagraítear i mír 7 a eisíonn an deimhniú ar an eolas faoi aon leochaileachtaí nó neamhrialtachtaí a bhraitear ina dhiaidh sin maidir le slándáil an táirge TFC, seirbhíse TFC nó phróisis TFC deimhnithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na ceanglais a bhaineann leis an deimhniú. Cuirfidh an t-údarás nó an comhlacht an fhaisnéis sin ar aghaidh gan aon mhoill mhíchuí chuig an údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála.

9. Eiseofar deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil don tréimhse dá bhforáiltear sa scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála ar leith agus féadfar iad a athnuachan, ar choinníoll go leanfar de na ceanglais ábhartha a chomhlíonadh.

10. Déanfar deimhniú Eorpach cibearshlándála arna eisiúint de bhun an Airteagail seo a aithint sna Ballstáit go léir.

Airteagal 57

Scéimeanna agus deimhnithe náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála

1. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, scoirfidh scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus na nósanna imeachta gaolmhara do tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC arna gcumhdach ag scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála d'éifeachtaí a bheith acu ón dáta arna bhunú leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 49(7). Scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus na nósanna imeachta gaolmhara do tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC nach gcumhdaítear le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, leanfaidh na scéimeanna sin de bheith infheidhme.

2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit scéimeanna náisiúnta nua um dheimhniú cibearshlándála a thabhairt isteach do tháirgí TFC, seirbhísí TCF agus próisis TFC arna gcumhdach cheana faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá i bhfeidhm.

3. Leanfaidh deimhnithe, atá ann cheana, a eisíodh faoi scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus a chumhdaítear faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála de bheith bailí go dtí a ndáta éaga.

4. Chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint, cuirfidh na Ballstáit tionscnaimh chun scéimeanna náisiúnta nua um dheimhniú cibearshlándála faoi bhráid an Choimisiúin agus an ECCG.

Airteagal 58

Údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála

1. Ainmneoidh gach Ballstát aon údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála amháin nó níos mó ar a chríoch nó, má chomhaontaítear go frithpháirteach é le Ballstát eile, ainmneoidh sé údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála amháin nó níos mó atá bunaithe sa Bhallstát eile sin le bheith freagrach as na cúraimí maoirseachta sa Bhallstát ainmniúcháin.

2. Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi chéannacht na n-údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála ainmnithe; i gcás ina n-ainmneoidh Ballstát níos mó ná údarás amháin, tabharfaidh sé eolas don Choimisiún freisin faoi na cúraimí a shannfar do gach ceann de na húdaráis sin.

3. Gan dochar do phointe (a) d'Airteagal 56(5) agus d'Airteagal 56(6), beidh gach údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála, ó thaobh eagrúcháin, cinntí maoinithe, struchtúir dhlíthiúil agus cinnteoireachta de, neamhspleách ar na heintitis ar a ndéanfaidh sé maoirseacht.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcloífidh gníomhaíochtaí an údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála, a bhaineann le deimhnithe Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a eisiúint dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 56(5) agus le d'Airteagal 56(6), go gcloífidh siad leis an deighilt dhocht, ó thaobh róil agus freagrachtaí, idir na gníomhaíochtaí sin agus na gníomhaíochtaí maoirseachta atá a leagtar amach san Airteagal seo agus go bhfeidhmeoidh na gníomhaíochtaí sin go neamhspleách ar a chéile.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála chun a gcumhachtaí a fheidhmiú agus chun na cúraimí a shannfar dóibh a dhéanamh, ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

6. Chun go gcuirfear an rialachán seo chun feidhme go héifeachtach, is iomchuí na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a bheith rannpháirteach sa ECCG ar bhealach gníomhach, éifeachtach, éifeachtúil agus slán.

7. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála an méid seo a leanas:

(a) rialacha a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú a áirítear i scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála de bhun phointe (j) d'Airteagal 54(1) chun faireachán a dhéanamh an gcomhlíontar, le táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC ceanglais na ndeimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil a eisíodh ar a gcríocha faoi seach, i gcomhar le húdaráis faireachais margaidh ábhartha eile;

(b) faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí nó ar sholáthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próiseas TFC atá bunaithe ar a gcríocha faoi seach agus a chuireann féinmheasúnú comhréireachta i gcrích, go háirithe faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí na monaróirí nó na soláthraithe sin a leagtar amach in Airteagal 53(2) agus (3) agus sa scéim Eorpach chomhfhreagrach um dheimhniú cibearshlándála;

(c) gan dochar d'Airteagal 60(3), cúnamh agus tacaíocht a thabhairt, ar bhonn gníomhach, do na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí measúnaithe comhréireachta chun crícha an Rialacháin seo;

(d) faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar na comhlachtaí poiblí dá dtagraítear in Airteagal 56(5);

(e) i gcás inarb infheidhme, údarú a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 60(3) agus údarú atá ann cheana a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i gcásanna nach gcomhlíonfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta ceanglais an Rialacháin seo;

(f) gearáin a láimhseáil arna gcur isteach ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha i ndáil le deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil arna n-eisiúint ag na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála nó, ag deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil a eisíonn comhlachtaí um measúnú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 56(6) nó i ndáil le ráitis comhréireachta de chuid an Aontais a eisítear faoi Airteagal 53, ábhar an ghearáin a imscrúdú, a mhéid is iomchuí, agus an gearánaí a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn agus toradh an imscrúdaithe laistigh de thréimhse réasúnach;

(g) tuarascáil achomair bhliantúil a chur ar fáil, ar na gníomhaíochtaí a rinneadh, faoi phointe (b), pointe (c) agus pointe (d) den mhír seo nó faoi mhír 8, do ENISA agus do ECCG;

(h) oibriú i gcomhar le húdaráis náisiúnta eile um dheimhniú cibearshlándála nó le húdaráis phoiblí eile, lena n-áirítear trí fhaisnéis a roinnt faoi na cásanna sin inar féidir nach bhfuil táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisís TFC ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo nó na scéimeanna Eorpacha ar leith um dheimhniú cibearshlándála; agus

(i) faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha i réimse an deimhnithe i ndáil leis an gcibearshlándáil.

8. Beidh na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad ag gach údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála maidir leis an méid seo a leanas:

(a) a iarraidh ar chomhlachtaí um dheimhniú comhréireachta, ar shealbhóirí deimhnithe Eorpacha cibearshlándála agus ar eisitheoirí na ráiteas comhréireachta ón Aontas aon fhaisnéis a éilíonn sé a chur ar fáil chun na cúraimí a dhéanamh;

(b) imscrúduithe a dhéanamh, i bhfoirm iniúchtaí, ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, ar shealbhóirí deimhnithe Eorpacha cibearshlándála agus ar eisitheoirí an ráitis comhréireachta ón Aontas, chun críche comhlíonadh leis an Teideal seo a fhíorú;

(c) bearta cuí a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann na comhlachtaí um measúnú comhréireachta, sealbhóirí deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil agus eisitheoirí na ráiteas comhréireachta ón Aontas an Rialachán seo nó scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála;

(d) rochtain a fháil ar aon áitreabh de chuid comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus sealbhóirí deimhnithe Eorpacha cibearshlándála chun críche imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir le dlí nós imeachta an Aontais nó Ballstáit;

(e) deimhnithe arna n-eisiúint ag an údarás náisiúnta um dheimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil nó deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil a eisíonn comhlachtaí um measúnú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 48(4a) i gcás nach gcomhlíonann deimhnithe den sórt sin an Rialachán seo ná scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a aistarraingt, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(f) pionóis a ghearradh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, dá bhforáiltear in Airteagal 65, agus a éileamh go scoirfear láithreach de sháruithe ar na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo.

9. Oibreoidh údaráis mhaoirseachta náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála i gcomhar le chéile agus leis an gCoimisiún agus, go háirithe, malartóidh siad faisnéis, taithí agus dea-chleachtais maidir leis an deimhniú cibearshlándála agus saincheisteanna teicniúla a bhaineann le cibearshlándáil tháirgí TFC, sheirbhísí TFC agus phróisis TFC.

Airteagal 59

Athbhreithniú piaraí

1. Chun go mbeidh caighdeáin choibhéiseacha ann ar fud an Aontais i ndáil le deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil a eisítear agus i ndáil le ráitis chomhréireachta ón Aontas, beidh na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála faoi réir athbhreithniú piaraí.

2. Oibreofar an t-athbhreithniú piaraí ar bhonn critéar agus nósanna imeachta meastóireachta iontaofa agus trédhearcacha, go háirithe chomh fada agus a bhaineann le ceanglais struchtúracha, acmhainní daonna agus próisis, rúndacht agus gearáin.

3. Déanfar measúnú san athbhreithniú piaraí, ar an méid seo a leanas:

(a) i gcás inarb infheidhme, cé acu a chloítear nó nach gcloítear le deighilt dhocht, ó thaobh ról agus freagrachtaí, idir gníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a bhaineann le deimhnithe a eisiúint dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 56(5) agus d'Airteagal 56(6), agus na gníomhaíochtaí maoirseachta de réir Airteagal 58 agus an bhfeidhmíonn an dá chineál gníomhaíochtaí go neamhspleách ar a chéile;

(b) na nósanna imeachta maidir le maoirsiú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar, le táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC, deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil de bhun phointe (a) d'Airteagal 58(7),

(c) na nósanna imeachta maidir le faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí monaróirí agus soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC de bhun pointe (b) d'Airteagal 58(7);

(d) na nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta a fhaireachán, a údarú agus a mhaoirsiú;

(e) i gcás inarb infheidhme, an bhfuil an saineolas iomchuí ag foireann na gcomhlachtaí nó na n-údarás a eisíonn deimhnithe d'ardleibhéil dearbhúcháin de bhun Airteagal 56(6).

4. Is dhá údarás maoirseachta náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála ó Bhallstáit eile agus ón gCoimisiún a dhéanfaidh an t-athbhreithniú piaraí, agus déanfar é uair amháin ar a laghad gach 5 bliana. Féadfaidh ENISA a bheith rannpháirteach san athbhreithniú piaraí.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 66(2), lena mbunaítear plean don athbhreithniú piaraí a chur ar bun lena gcumhdófar tréimhse 5 bliana ar a laghad, lena leagtar síos na critéir i ndáil le comhdhéanamh na foirne athbhreithnithe piaraí, an mhodheolaíocht a úsáidfear san athbhreithniú piaraí, agus an sceideal, an tréimhsiúlacht agus cúraimí eile a bhaineann leis an athbhreithniú piaraí. Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á nglacadh aige, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar bhreithnithe an ECCG. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 66(2).

6. Scrúdóidh an ECCG torthaí na hathbhreithnithe piaraí, agus cuirfidh an Grúpa sin achoimrí i dtoll a chéile a fhéadfar a chur ar fáil don phobal agus eiseoidh sé, nuair is gá, treoirlínte nó moltaí maidir le gníomhaíochtaí nó bearta a bheidh le déanamh ag na heintitis lena mbaineann.

Airteagal 60

Comhlachtaí measúnaithe comhréireachta

1. Ní dhéanfaidh na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a ainmnítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 na comhlachtaí um measúnú comhréireachta a chreidiúnú ach amháin má chomhlíonann an comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás ina n-eiseoidh údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála deimhniú Eorpach cibearshlándála de bhun phointe (a) d'Airteagal 56(5) agus Airteagal 56(6), déanfar comhlacht creidiúnaithe an údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a chreidiúnú mar chomhlacht um measúnú comhréireachta de bhun mhír 1 den Airteagal seo.

3. Má leagtar ceanglais shonracha nó ceanglais bhreise amach i scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála de bhun phointe (f) d'Airteagal 54(1), ní dhéanfaidh ach comhlachtaí um measúnú comhréireachta, a n-údaraíonn NCCA ina leith go gcomhlíonann siad na ceanglais sin, cúraimí a chur i gcrích faoi na scéimeanna sin.

4. Eiseofar an creidiúnú dá dtagraítear i mír 1 do na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta le haghaidh uastréimhse 5 bliana agus féadfar é a athnuachan faoi na coinníollacha céanna ar choinníoll go gcomhlíonann an comhlacht um measúnú comhréireachta fós na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo. Déanfaidh na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta gach beart is iomchuí taobh istigh d'achar ama réasúnta chun creidiúnú comhlachta um measúnú comhréireachta a shrianadh, a fhionraí nó a aisghairm a eisítear de bhun mhír 1 i gcás nach mbeidh na coinníollacha le haghaidh deimhniú comhlíonta, nó nach mbeidh siad á gcomhlíonadh a thuilleadh nó i gcás ina sáróidh bearta a dhéanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta an Rialachán seo.

Airteagal 61

Fógra a thabhairt

1. Maidir le gach scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, cuirfidh na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála fógra chuig an gCoimisiún maidir leis na comhlachtaí um measúnú comhréireachta arna gcreidiúnú agus i gcás inarb infheidhme, arna n-údarú de bhun Airteagal 60(3) chun deimhnithe Eorpacha i ndáil le cibearshlándáil a eisiúint ar leibhéal áirithe dearbhúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála i an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht ar an eolas faoin agus, gan aon mhoill mhíchuí, maidir le haon athruithe iardain a dhéanfar uirthi.

2. Bliain amháin tar éis teacht i bhfeidhm do scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, foilseoidh an Coimisiún san *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* liosta comhlachtaí um measúnú comhréireachta ar tugadh fógra ina leith.

3. Má fhaigheann an Coimisiún fógra tar éis dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear i mír 2, foilseoidh sé na leasuithe ar an liosta comhlachtaí um measúnú comhréireachta ar tugadh fógra ina leith in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* dá dtagraítear i mír 2 laistigh de dhá mhí ón dáta a bhfaighfear an fógra sin.

4. Féadfaidh údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun comhlacht um measúnú comhréireachta ar thug an t-údarás lena mbaineann fógra ina leith a bhaint den liosta comhlachtaí dá dtagraítear i mír 2. Foilseoidh an Coimisiún na leasuithe comhfhreagracha ar an liosta sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoi cheann 1 mhí amháin ón dáta a bhfaighidh sé an iarraidh sin ón údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála.

5. Féadfaidh an Coimisiún, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, chun cúinsí, formáidí agus nósanna imeachta na bhfógraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bhunú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 66(2).

Airteagal 62

Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála

1. Bunófar an Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála (an "Grúpa ECCG").

2. Beidh an ECCG comhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála nó ó ionadaithe ó údaráis náisiúnta ábhartha eile. Ní fhéadfaidh aon chomhalta den ECCG a bheith ina ionadaí ar níos mó ná dhá Bhallstát.

3. Féadfar cuireadh a thabhairt do gheallsealbhóirí agus do thríú páirtithe ábhartha freastal ar chruinnithe den ECCG agus páirt a ghlacadh ina chuid oibre.

4. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an ECCG:

(a) cúnamh agus comhairle a chur ar fáil don Choimisiún maidir lena chuid oibre lena áirithiú go ndéanfar an Teideal seo a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, go háirithe i ndáil le clár saothair rollach an Aontais, saincheisteanna beartais a bhaineann le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil, cur chuige beartais a chomhordú agus scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a ullmhú;

(b) cúnamh agus comhairle a thabhairt do ENISA agus oibriú i gcomhar léi i ndáil le scéim iarrthach a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán seo;

(c) tuairim a ghlacadh ar na scéimeanna iarrthacha de bhun Airteagal 44;

(d) a iarraidh ar ENISA scéimeanna iarrthacha um dheimhniú Eorpach cibearshlándála a ullmhú de bhun Airteagal 48(2);

(e) tuairimí a chuirfear faoi bhráid an Choimisiún a ghlacadh maidir leis na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála atá ann cheana a chothabháil agus a athbhreithniú;

(f) na forbairtí ábhartha i réimse an deimhnithe cibearshlándála a scrúdú agus faisnéis agus dea-chleachtais maidir le scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála a mhalartú;

(g) an comhar idir na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála faoin Teideal seo a éascú trí fhothú acmhainní agus trí fhaisnéis a mhalartú, go háirithe trí mhodhanna a leagan síos le faisnéis a mhalartú go héifeachtúil i ndáil leis na saincheisteanna uile maidir le deimhniú cibearshlándála;

(h) tacaíocht a chur ar fáil maidir le sásraí measúnaithe piaraí a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha a bhunaítear faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála de bhun phointe (u) d'Airteagal 54(1);

(i) ailíniú scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta a éascú, lena n-airítear trí scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála atá cheana ann a athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, trí mholtaí a dhéanamh do ENISA maidir le plé a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha um chaighdeánú chun aghaidh a thabhairt ar neamhdhóthanachtaí nó bearnaí sna caighdeáin aitheanta idirnáisiúnta atá ar fáil.

5. Le cúnamh ó ENISA, is é an Coimisiún a bheidh ina chathaoirleach ar ECCG,agus cuirfidh an Coimisiún rúnaíocht ar fáil do ECCG, i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 8(1).

Airteagal 63

Ceart chun gearán a dhéanamh

1. Beidh an ceart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha gearán a dhéanamh le heisitheoir deimhnithe Eorpach i ndáil le cibearshlándáil nó, nuair a bhaineann an gearán le deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil arna eisiúint ag comhlacht um measúnú comhréireachta, ag gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 56(6), an gearán a dhéanamh leis an údarás ábhartha náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála.

2. An t-údarás nó an comhlacht a ndearnadh an gearán leis, cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoi gcaoi a mbeidh na himeachtaí ag dul ar aghaidh agus faoin gcinneadh a rinneadh, agus cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoin gceart chun leigheas éifeachtach breithiúnach, dá dtagraítear in Airteagal 64, a fháil.

Airteagal 64

Ceart chun leigheas éifeachtach breithiúnach

1. D'ainneoin aon leigheasanna riaracháin nó aon leigheasanna neamhbhreithiúnacha eile, beidh an ceart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha chun leigheas breithiúnach éifeachtach maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cinntí a dhéanann an t-údarás nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 63(1), lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, i ndáil le deimhniú Eorpach cibearshlándála a eisiúint, gan a bheith á eisiúint nó i ndáil le haitheantas don deimhniú sin, ar deimhniú é atá i seilbh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha sin;

(b) mainneachtain gníomhú a dhéanamh i leith gearán a rinneadh leis an údarás nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 63(1).

2. De bhun an Airteagail seo, déanfar imeachtaí chun an comhlacht is ábhar do na himeachtaí breithiúnacha a thabhairt os comhair na gcúirteanna sa Bhallstát sin ina bhfuil sé suite.

Airteagal 65

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Teideal seo agus sáruithe ar scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 66

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 67

Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Faoin 28 Meitheamh 2024, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thionchar, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht ENISA agus a cleachtas oibre agus ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú ENISA a mhodhnú agus ar na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú den sórt sin. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht aon aiseolas a thugtar do ENISA mar fhreagairt ar a gníomhaíochtaí. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, i bhfiainise na gcuspóirí, an sainordú agus na cúraimí atá sannta di, nach bhfuil údar a thuilleadh ag feidhmiú leanúnach ENISA, féadfaidh sé a mholadh an Rialachán seo a leasú i dtaca leis na forálacha a bhaineann le ENISA.

2. Leis an meastóireacht sin déanfar measúnú freisin ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fhorálacha Theideal III den Rialachán seo i dtaca leis na cuspóirí leibhéal leordhóthanach cibearshlándála a áirithiú do tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC san Aontas agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú.

3. Leis an meastóireacht déanfar measúnú ar cibé an bhfuil gá le ceanglais riachtanacha chibearshlándála i dtaca le rochtain a fháil ar an margadh inmheánach chun cosc a chur ar tháirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC nach gcomhlíonann ceanglais chibearshlándála bhunúsacha teacht isteach ar mhargadh an Aontais.

4. Faoin 28 Meitheamh 2024, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh an tuarascáil meastóireachta i dteannta a conclúidí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an mBord Bainistíochta. Déanfar torthaí na tuarascála sin a phoibliú.

Airteagal 68

Aisghairm agus comharbas

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 le héifeacht ón 27 Meitheamh 2019.

2. Déanfar tagairtí do Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 agus do ENISA a bunaíodh faoin Rialachán sin a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus do ENISA a bunaíodh faoin Rialachán seo.

3. Tiocfaidh ENISA a bunaíodh faoin Rialachán seo i gcomharbas ar ENISA a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 i ndáil le gach úinéireacht, comhaontú, oibleagáid dhlíthiúil, conradh fostaíochta, ceangaltas airgeadais agus dliteanas. Leanfaidh cinntí uile an Bhoird Bainistíochta agus an Bhoird Feidhmiúcháin arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 de bheith bailí, ar choinníoll go gcomhlíonann siad leis an Rialachán seo.

4. Bunófar ENISA ar feadh tréimhse ama éiginnte ón 27 Meitheamh 2019.

5. Fanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, arna cheapadh de bhun Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 526/2013, in oifig agus déanfaidh sé cúraimí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán seo, ar feadh a bheidh fágtha de théarma oifige an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Ní athrófar coinníollacha eile a chonartha nó a conartha.

6. Fanfaidh comhaltaí den Bhord Bainistíochta agus a gcuid comhaltaí malartacha arna gceapadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 526/2013, in oifig agus déanfaidh siad cúramaí an Bhoird Bhainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán seo ar feadh a bheidh fágtha dá dtéarma oifige.

Airteagal 69

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 58, 60, 61, 63, 64 agus 65 ón 28 Meitheamh 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 17 Aibreán 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN

NA CEANGLAIS ATÁ LE COMHLÍONADH AG NA COMHLACHTAÍ UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Comhlíonfaidh na comhlachtaí ar mian leo creidiúnú a fháil na ceanglais seo a leanas:

1. Bunófar comhlacht um measúnú comhréireachta de réir an dlí náisiúnta agus beidh pearsantacht dhlítheanach aige.

2. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ina chomhlacht tríú páirtí agus é neamhspleách ar an eagraíocht nó ar na táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC a dhéanann sé a mheasúnú.

3. Féadfar a mheas gur comhlacht um measúnú comhréireachta é comhlacht a bhaineann le comhlachas gnó nó le cónaidhm ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ar ghnóthais a bhíonn ag plé le dearadh, monarú, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC a ndéanann sé measúnú orthu, ar choinníoll go léirítear go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

4. Comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus lucht a ardbhainistíochta, agus an fhoireann atá freagrach as cúraimí an mheasúnaithe comhréireachta a chur i gcrích, ní bheidh siad ina ndearthóirí, ina monaróirí, ina soláthraithe, ina suiteálaithe, ina gceannaitheoirí, ina n-úinéirí, ina n-úsáideoirí nó ina gcothabhálaithe ar an táirge TFC, ar an tseirbhís TFC nó ar an bpróiseas TFC a ndéantar measúnú air, ná ní bheidh siad ina n-ionadaithe údaraithe de chuid aon cheann de na páirtithe sin. Ní choisctear, leis an gcosc sin, táirgí TFC a rinneadh measúnú orthu a úsáid a bhfuil gá leo i dtaca le hoibríochtaí an chomhlachta um measúnú comhréireachta ná táirgí TFC sin a úsáid chun críocha pearsanta.

5. Maidir le comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus lucht a ardbhainistíochta, agus maidir leis na daoine atá freagrach as an measúnú comhréireachta a chur i gcrích, ní bheidh baint dhíreach acu le dearadh, monarú nó tógáil, le margaíocht, le suiteáil, le húsáid nó le cothabháil na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC agus na bpróiseas TFC sin, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar pháirtithe a ghabhann de na gníomhaíochtaí sin. Ní ghabhfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta, lucht a ardbhainistíochta agus na daoine atá freagrach as an measúnú comhréireachta a chur i gcrích d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh teacht salach ar neamhspleáchas a mbreithiúnais ná a n-ionracais i ndáil le gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta. Beidh feidhm ag an gcosc sin go háirithe maidir le seirbhísí comhairliúcháin.

6. Más le heintiteas poiblí nó le hinstitiúid phoiblí comhlacht um measúnú comhréireachta nó má tá sé á fheidhmiú acu, déanfar neamhspleáchas agus neamhláithreacht aon choinbhleachta leasa a áirithiú agus a dhoiciméadú idir an t-údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála, agus an comhlacht um measúnú comhréireachta.

7. Áiritheoidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí a bhfochuideachtaí ná a bhfochonraitheoirí difear do rúndacht, d'oibiachtúlacht ná do neamhchlaontacht a ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta féin.

8. Déanfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus a bhfoireann na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a chur i gcrích de réir an leibhéil is airde ionracas gairmiúil agus de réir na hinniúlachta teicniúla is gá sa réimse sonrach lena mbaineann, agus beidh siad saor ó gach cineál brú agus aslaigh lena n-áirítear brú agus aslach de chineál airgeadais, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, go háirithe a mhéid a bhaineann le daoine nó grúpaí a mbeadh leas acu as torthaí na ngníomhaíochtaí sin.

9. Beidh ar chumas an chomhlachta um measúnú comhréireachta na cúraimí measúnaithe comhréireachta go léir a chur i gcrích a shanntar dó faoin Rialachán seo, cibé acu a dhéanann an comhlacht um measúnú comhréireachta féin na cúraimí sin a chur i gcrích nó a dhéantar thar a cheann agus faoina fhreagracht iad. Maidir le haon fhochonraitheoireacht nó aon chomhairliúchán le foireann seachtrach, déanfar iad a dhoiciméadú i gceart, ní bheidh aon idirghabhálaithe bainteach leo agus beidh siad sin faoi réir comhaontú i scríbhinn ina gcumhdófar, i measc nithe eile, rúndacht agus coinbhleachtaí leasa. Glacfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta lena mbaineann lánfhreagracht as na cúraimí a dhéantar.

10. Le haghaidh gach nós imeachta um measúnú comhréireachta agus le haghaidh gach cineál, catagóir agus fochatagóir táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC, beidh na nithe seo a leanas ar fáil do chomhlacht um measúnú comhréireachta i gcónaí:

    (a) foireann ag a bhfuil an t-eolas teicniúil is gá agus taithí leordhóthanach iomchuí acu chun na cúraimí um measúnú comhréireachta a chur i gcrích;

    (b) tuairiscí ar na nósanna imeachta ar i gcomhréir leo a dhéantar an measúnú comhréireachta, lena n-áirithítear trédhearcacht agus in-atáirgtheacht na nósanna imeachta sin. Beidh beartais agus nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm aige lena ndéanfar idirdhealú idir na cúraimí a dhéanann sé mar chomhlacht dá dtugtar fógra a fógraíodh de bhun Airteagal 61 agus a ghníomhaíochtaí eile;

(c) na nósanna imeachta sin a ghabhann le gníomhaíochtaí a chur i gcrích a chuireann san áireamh méid an ghnóthais, an earnáil ina bhfuil sé ag oibriú, a struchtúr, castacht theicneolaíocht an táirge TFC, na seirbhíse TFC nó an phróisis TFC atá i gceist agus cineál an phróisis táirgthe, is é sin, cé acu olltáirgeadh nó táirgeadh sraithe é.

11. Beidh ag comhlacht um measúnú comhréireachta na hacmhainní is gá chun na cúraimí teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh ar bhealach iomchuí; beidh rochtain aige ar an trealamh agus ar na saoráidí uile is gá chuige sin.

12. Beidh na hinniúlachtaí seo a leanas ag na daoine atá freagrach as na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh:

(a) oiliúint mhaith theicniúil agus ghairme a chumhdóidh na gníomhaíochtaí uile um measúnú comhréireachta;

(b) eolas sásúil ar na ceanglais a bhíonn i gceist sna measúnuithe comhréireachta a dhéanann siad agus údarás leordhóthanach chun na measúnuithe sin a dhéanamh;

(c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais is infheidhme agus ar na caighdeáin tástála;

(d) an cumas deimhnithe, taifid agus tuarascálacha a ullmhú lena dtaispeánfar gur cuireadh measúnuithe comhréireachta i gcrích.

13. Ráthófar neamhchlaontacht an chomhlachta um measúnú comhréireachta, lucht a ardbhainistíochta, na ndaoine atá freagrach as na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta agus aon fhochonraitheoirí.

14. Ní bheidh luach saothair lucht ardbhainistíochta agus na ndaoine atá freagrach as na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta ag brath ar líon na measúnuithe comhréireachta a chuirfear i gcrích ná ar thorthaí na measúnuithe sin.

15. Rachaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta faoi árachas dliteanais ach amháin má ghabhann an Ballstát dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó i gcás inarb é an Ballstát féin atá freagrach go díreach as an measúnú comhréireachta.

16. Déanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta agus a bhaill foirne, coistí, fochuideachtaí, fochonraitheoirí, agus aon chomhlacht gaolmhar nó baill foirne de chuid comhlachtaí seachtracha dá chuid rúndacht a choinneáil agus urramóidh siad rúndacht ghairmiúil maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus a gcuid cúraimí um measúnú comhréireachtaá gcomhlíonadh acu faoin Rialachán seo nó de bhun aon fhoráil de chuid an dlí náisiúnta a thugann éifeacht don Rialachán seo, ach amháin i gcás ina gceanglaítear nochtadh le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a bhfuil daoine mar sin faoina réir seachas maidir le húdaráis inniúla na mBallstát ina ndéantar na gníomhaíochtaí. Déanfar cearta dílseánaigh a chosaint. Beidh nósanna imeachta doiciméadaithe i bhfeidhm ag an gcomhlacht um measúnú comhréireachta i dtaca le ceanglais an phointe seo.

17. Cé is moite de pointe 16, le ceanglais na hIarscríbhinne seo, ní chuirfear bac ar bith ar fhaisnéis theicniúil agus treoir rialála a mhalartú idir comhlacht um measúnú comhréireachta agus duine atá ag cur isteach ar dheimhniú nó atá á bheartú sin.

18. Oibreoidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta i gcomhréir le tacar téarmaí agus coinníollacha atá comhsheasmhach, cothrom agus réasúnach, agus leas FBManna i ndáil le táillí, á chur san áireamh acu.

19. Comhlíonfaidh na comhlachtaí um measúnú ceanglais an chaighdeáin ábhartha a chomhchuibhítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 le haghaidh creidiúnú comhlachtaí um measúnú comhréireachta a dhéanann táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC, a dheimhniú.

20. Áiritheoidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta go sásóidh na saotharlanna tástála a úsáidfear chun críche measúnúcháin comhréireachta ceanglais an chaighdeáin ábhartha a chomhchuibhítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 le haghaidh creidiúnú saotharlanna a dhéanann tástáil.

TREORACHA

TREOIR (AE) 2019/882 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2019

i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is cuspóir leis an Treoir seo cuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trí dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí áirithe, go háirithe trí dheireadh agus cosc a chur leis na bacainní ar shaorghluaiseacht táirgí agus seirbhísí inrochtana áirithe a eascraíonn ó cheanglais inrochtaineachta éagsúla sna Ballstáit. Ar an gcaoi sin, thiocfadh méadú ar infhaighteacht táirgí agus seirbhísí inrochtana ar an margadh inmheánach agus thiocfadh feabhas ar inrochtaineacht na faisnéise ábhartha.

(2) Tá éileamh ard ar tháirgí agus ar sheirbhísí inrochtana agus meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon daoine faoi mhíchumas. Ceadaítear le timpeallacht ina mbíonn táirgí agus seirbhísí níos inrochtana sochaí níos cuimsithí inar fusa ag daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuil míchumas san Aontas níos leitheadaí i measc na mban ná mar atá i measc na bhfear.

(3) Sa Treoir seo, sainítear daoine faoi mhíchumas i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, arna ghlacadh an 13 Nollaig 2006 (UN CRPD), dar Páirtí an tAontas ón 21 Eanáir 2011 agus atá daingnithe ag na Ballstáit ar fad. Sonraítear le UN CRPD go "n-áirítear le daoine faoi mhíchumas daoine a bhfuil lagú fadtéarmach fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh iad a chosc ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach a ghlacadh sa tsochaí ar bhonn atá comhionann le daoine eile". Cuirtear chun cinn leis an Treoir seo rannpháirtíocht chomhionann iomlán agus éifeachtach trí fheabhas a chur ar inrochtaineacht ar tháirgí agus seirbhísí príomhshrutha lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais áirithe daoine faoi mhíchumas trína gcéad-dearadh nó a n-oiriúnú iardain.

(4) D'fhéadfadh daoine eile a bhfuil teorainneacha lena gcumas, amhail daoine scothaosta, mná torracha nó daoine atá ag taisteal le bagáiste, tairbhe a bhaint as an Treoir seo freisin. Tagraítear, leis an gcoincheap "daoine a bhfuil teorainneacha lena gcumas" dá dtagraítear sa Treoir seo, do dhaoine a bhfuil aon lagú fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach acu nó lagú a bhaineann le haois, nó cúiseanna eile a bhaineann le feidhmíocht chorp an duine, idir buan nó sealadach, agus nuair a bhíonn siad ag dul i ngleic le bacainní éagsúla go mbíonn rochtain laghdaithe acu ar tháirgí agus ar sheirbhísí, as a n-eascraíonn staid ina n-éilítear na táirgí agus na seirbhísí sin a bheith oiriúnaithe dá gcuid riachtanas ar leith.

(5) Leis na héagothromachtaí idir na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin arna nglacadh ag Ballstáit i ndáil le hinrochtaineacht táirgí agus seirbhísí le haghaidh daoine faoi mhíchumas, cruthaítear bacainní ar shaorghluaiseacht na dtáirgí agus na seirbhísí sin agus saobhadh ar iomaíocht éifeachtach ar an margadh inmheánach. Maidir le roinnt táirgí agus seirbhísí, is dócha go dtiocfaidh méadú ar na héagothromaíochtaí mar gheall ar theacht i bhfeidhm an UN CRPD. Is ar oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a bhíonn éifeacht ag na bacainní sin.

[1] IO C 303, 19.8.2016, lch. 103.

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019.

(6) De bharr difríochtaí sna ceanglais náisiúnta maidir leis an inrochtaineacht, déantar gairmithe aonair, go háirithe FBManna agus micrifhiontair a dhíspreagadh ó pháirt a ghlacadh i bhfiontar gnó lasmuigh dá margaí baile féin. Tá na ceanglais inrochtaineachta náisiúnta, nó fiú réigiúnacha nó áitiúla, atá curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit, difriúil i ndáil le clúdach agus leibhéal mionsonraithe araon. Déanann na difríochtaí sin dochar don iomaíochas agus don fhás, de bharr na gcostas breise a thabhaítear agus táirgí agus seirbhísí inrochtana do gach margadh náisiúnta á bhforbairt agus á margú.

(7) Tá praghsanna arda i ndán do thomhaltóirí táirgí agus seirbhísí inrochtana agus teicneolaíochtaí cúnta de dheasca iomaíocht theoranta i measc soláthróirí. Le hilroinnt i measc rialacháin náisiúnta, laghdaítear an leas a d'fhéadfaí a bhaint as taithí a roinnt le comhghleacaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le freagairt d'fhorbairtí teicneolaíocha agus sochaíocha.

(8) Tá comhfhogasú na mbeart náisiúnta ar leibhéal an Aontais riachtanach, dá bhrí sin, ar mhaithe le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh chun deireadh a chur leis an ilroinnt táirgí agus seirbhísí inrochtana sa mhargadh, chun barainneachtaí scála a chruthú, chun trádáil agus soghluaisteacht trasteorann a éascú, mar aon le cabhrú le hoibreoirí eacnamaíocha acmhainní a dhíriú ar an nuálaíocht in ionad na hacmhainní sin a úsáid le costais a eascraíonn as reachtaíocht ilroinnte ar fud an Aontais a chlúdach.

(9) Tá na leasanna a bhaineann le ceanglais inrochtaineachta a chomhchuibhiú don mhargadh inmheánach léirithe trí chur i bhfeidhm Threoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir le hardaitheoirí agus Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) i réimse an iompair.

(10) I nDearbhú Uimh. 22, maidir le daoine faoi mhíchumas, atá i gceangal le Conradh Amstardam, tháinig Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát ar chomhaontú, agus bearta á n-ullmhú faoi Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go bhfuil institiúidí an Aontais chun aird a thabhairt ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas.

(11) Is é an aidhm fhoriomlán atá ag an teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2015 "Straitéis maidir leis an Margadh Aonair Digiteach don Eoraip", tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta inbhuanaithe a bhaint amach ó mhargadh aonair digiteach idirnasctha, lena n-éascófar trádáil agus lena gcuirfear fostaíocht chun cinn san Aontas. Ní bhaineann tomhaltóirí an Aontais leas iomlán go fóill as praghsanna agus roghanna is féidir leis an margadh aonair a chur ar fáil, mar bíonn idirbhearta trasteorann ar líne fós an-teoranta. Cuireann ilroinnt srian freisin le hidirbhearta trasteorann r-thráchtála. Tá gá freisin le gníomhaíocht chomhbheartaithe chun a áirithiú go mbeidh inneachar leictreonach amhail seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc ar fáil ina iomláine do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, ceanglais inrochtaineachta a chomhchuibhiú ar fud an mhargaidh aonair dhigitigh agus a áirithiú go mbeidh gach saoránach de chuid an Aontais in ann leas a bhaint as na sochair beag beann ar na cumais atá acu.

(12) Tar éis don Aontas éirí ina pháirtí de UN CRPD, tá a chuid forálacha ina chuid dhílis anois de dhlíchóras an Aontais agus tá siad ina gceangal ar institiúidí an Aontais gona Bhallstáit.

(13) Ceanglaítear, le UN CRPD, ar na Páirtithe bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar an timpeallacht fhisiciúil, ar iompar, ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, lena n-áirítear faisnéis agus teicneolaíochtaí cumarsáide agus córais chumarsáide, agus ar shaoráidí agus ar sheirbhísí eile atá ar oscailt don phobal nó á gcur ar fáil don phobal, i gceantair uirbeacha nó thuaithe araon. Tá sé sainaitheanta ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas nach mór creat reachtach a chruthú lena ngabhann tagarmharcanna nithiúla, in-fhorfheidhmithe agus faoi cheangal ama chun faireachán a dhéanamh ar an inrochtaineacht a chur chun feidhme de réir a chéile.

(14) Iarrtar in UN CRPD ar a bPáirtithe taighde agus forbairt a chur chun cinn, agus infhaighteacht agus úsáid teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, áiseanna soghluaisteachta, feistí agus teicneolaíochtaí cúnta, a bheadh oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas. Iarrtar sa UN CRPD freisin go dtabharfaí tosaíocht do theicneolaíochtaí inacmhainne.

([3]) Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadú le haghaidh sábháilteacht ghinearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh a bheartaítear dóibh (IO L 200, 31.7.2009, lch. 1).

(15) Le teacht i bhfeidhm UN CRPD i ndlíchórais na mBallstát, is gá forálacha breise náisiúnta a ghlacadh maidir le hinrochtaineacht táirgí agus seirbhísí. Gan gníomhaíocht ón Aontas, mhéadófaí a thuilleadh leis na forálacha sin na héagothromaíochtaí idir forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát.

(16) Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an UN CRPD san Aontas a éascú trí rialacha comhchoiteanna de chuid an Aontais a chur ar fáil. Tugtar tacaíocht leis an Treoir seo freisin do na Ballstáit maidir lena gcuid iarrachtaí a ngealltanais náisiúnta a chomhlíonadh mar aon lena n-oibleagáidí faoi UN CRPD i ndáil le hinrochtaineacht ar bhealach comhchuibhithe.

(17) Le teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Samhain 2010 "Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 —Tiomantas Athnuaite Chun go mBeidh an Eoraip Saor ó Bhacainní" — i gcomhréir leis an UN CRPD, aithnítear inrochtaineacht mar cheann amháin de na hocht réimse gníomhaíochta, léirítear gur réamhchoinníoll bunúsach í le haghaidh rannpháirtíocht sa tsochaí, agus is é is aidhm léi inrochtaineacht ar tháirgí agus seirbhísí a áirithiú.

(18) Is ar bhonn cleachtaidh scagtha a dhéantar na táirgí agus na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a chinneadh, a rinneadh le linn an mheasúnaithe tionchair a ullmhú lenar sainaithníodh táirgí agus seirbhísí ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas, agus ar ghlac Ballstáit, nó ar dócha go nglacfaidh siad ceanglais inrochtaineachta éagsúla náisiúnta ina dtaobh a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

(19) D'fhonn inrochtaineacht na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a áirithiú, maidir leis na táirgí a úsáidtear i soláthar na seirbhísí sin lena mbíonn an tomhaltóir ag idirghníomhú, ba cheart a cheangal orthu ceanglais inrochtaineachta infheidhme na Treorach seo a chomhlíonadh.

(20) Fiú má chuirtear seirbhís, nó cuid de sheirbhís, ar fochonradh chuig tríú páirtí, níor cheart inrochtaineacht na seirbhísí sin a chur i mbaol agus ba cheart do na soláthraithe oibleagáidí na Treorach seo a chomhlíonadh. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse a áirithiú freisin go gcuirfear oiliúint chuí leanúnach ar a bpearsanra lena áirithiú go mbeidh siad ar an eolas faoin dóigh le táirgí agus seirbhísí inrochtaineachta a úsáid. Ba cheart saincheisteanna amhail soláthair faisnéise, comhairle agus fógraíocht a chumhdach san oiliúint sin.

(21) Ba cheart ceanglais inrochtaineachta a thabhairt isteach nach gcuirfeadh ach an t-ualach is lú ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar na Ballstáit.

(22) Ní mór ceanglais inrochtaineachta a shonrú chun táirgí agus seirbhísí a chumhdaítear faoi raon feidhme na Treorach seo a chur ar an margadh d'fhonn a áirithiú go mbeidh saorghluaiseacht i ndán dóibh ar an margadh inmheánach.

(23) Leis an Treoir seo ba cheart go mbeadh sé éigeantach go n-úsáidfí ceanglais inrochtaineachta feidhme agus ba cheart iad a fhoirmliú i dtéarmaí cuspóirí ginearálta. Ba cheart na ceanglais sin a bheith beacht go leor chun oibleagáidí a chruthú a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí agus mionsonraithe go leordhóthanach ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht d'fhonn a áirithiú go bhfeidhmeodh an margadh inmheánach mar is cuí do na táirgí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo, mar aon le leibhéal áirithe solúbthachta a áirithiú ionas go n-éascófaí an nuálaíocht.

(24) Tá roinnt critéar feidhmíochta feidhmiúla sa Treoir seo a bhaineann le móid oibríochtaí táirgí agus seirbhísí. Níl na critéir sin ceaptha a bheith ina rogha mhalartach ghinearálta ar na ceanglais inrochtaineachta sa Treoir seo agus níor cheart iad a úsáid ach i gcúinsí an-sonrach. Ba cheart feidhm a bheith ag na critéir sin maidir le feidhmeanna sonracha nó gnéithe de na táirgí nó na seirbhísí sin, ionas go mbeidh rochtain orthu, nuair nach dtugann ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo aghaidh ar cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna sonracha nó gnéithe sin. Sa bhreis air sin, i gcás ina dtarlódh sé amach anseo go mbeadh ceanglais theicniúla shonracha i gceanglas inrochtaineachta, agus ina gcuirfí réiteach teicniúil malartach ar na ceanglais theicniúla sin ar fáil leis an táirge nó seirbhís, ba cheart don réiteach teicniúil malartach sin na ceanglais inrochtaineachta ghaolmhara sin a chomhlíonadh i gcónaí agus inrochtaineacht choibhéiseach nó mhéadaithe a bheith ina toradh air sin trí na critéir feidhmíochta ábhartha feidhmiúla a chur i bhfeidhm.

(25) Ba cheart córais chrua-earraí ríomhaireachta le haghaidh gnáthúsáid tomhaltóirí a chumhdach faoin Treoir seo. Ionas go bhfeidhmeoidh na córais sin ar shlí inrochtana, ba cheart a gcórais oibriúcháin a bheith inrochtana freisin. Is sainghnéithe de chórais chrua-earraí ríomhaireachta iad a gcineál ilchuspóireach agus a gcumas, leis na bogearraí iomchuí, na cúraimí ríomhaireachta is coitianta a iarrann tomhaltóirí a fheidhmiú agus é beartaithe gur tomhaltóirí a oibreoidh iad. Samplaí de na córais chrua-earraí ríomhaireachta sin is ea ríomhairí pearsanta, lena n-áirítear

ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, fóin chliste agus táibléid. Ní córais chrua-earraí ríomhaireachta le haghaidh gnáthúsáide ríomhairí speisialaithe a neadaítear i dtáirgí leictreonaice do thomhaltóirí. Níor cheart go gcumhdófaí faoin Treoir seo, ar bhonn aonair, comhpháirteanna aonair a bhfuil feidhmeanna sonracha acu, amhail príomhchlár nó slis cuimhne, a úsáidtear nó a d'fhéadfaí a úsáid i gcóras den sórt sin.

(26) Ba cheart a chumhdach freisin leis an Treoir seo teirminéil íocaíochta, lena n-áirítear a gcrua-earraí agus bogearraí, agus teirminéil féinseirbhíse idirghníomhacha áirithe, lena n-áirítear a gcrua-earraí agus bogearraí, a úsáidtear go sainiúil chun seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo a sholáthar, mar shampla Uathmheaisín Bainc, meaisíní ticéadaithe a eisíonn ticéid fhisiciúla lena dtugtar rochtain ar sheirbhísí ar nós dáileoirí ticéad taistil; meaisíní ticéad i gcomhair scuaine in oifig bainc; meaisíní seiceála isteach; agus teirminéil féinseirbhíse idirghníomhacha lena ndéantar faisnéis a sholáthar, lena n-áirítear scáileáin faisnéise idirghníomhacha.

(27) Mar sin féin, ba cheart teirminéil áirithe féinseirbhíse idirghníomhacha trína gcuirtear faisnéis ar fáil a suiteáiltear mar pháirteanna comhtháite feithiclí, aerárthaí, long nó rothstoic a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo ó tharla nach páirteanna iad de na feithiclí, na haerárthaí, na longa ná an rothstoc a chumhdaítear leis an Treoir seo.

(28) Ba cheart seirbhísí cumarsáide leictreonaí a chumhdach faoin Treoir seo chomh maith, lena n-áirítear cumarsáid éigeandála a shainítear i dTreoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Faoi láthair, tá na bearta a ghlac na Ballstáit chun rochtain a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas dibhéirseach agus níl siad comhchuibhithe ar fud an Aontais inmheánaigh. Trína áirithiú go mbeidh feidhm ag na ceanglais inrochtaineachta chéanna ar fud an Aontais, beidh barainneachtaí scála ann le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha atá gníomhach i níos mó ná Ballstát amháin agus éascófar rochtain éifeachtach do dhaoine faoi mhíchumas ina mBallstáit féin agus nuair a bhíonn siad ag taisteal idir na Ballstáit. Ionas go mbeidh rochtain ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear cumarsáid éigeandála, ba cheart do na soláthraithe, de bhreis ar ghlór, téacs fíor ama agus seirbhísí comhrá iomlán a chur ar fáil i gcónaí i gcás ina soláthraíonn siad físeán, chun sioncrónú na modhanna cumarsáide sin go léir a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit, sa bhreis ar cheanglais na Treorach seo a leagtar amach sa Treoir seo i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/1972, a bheith in ann soláthraí seirbhíse athsheachadta a chinneadh, a bhféadfadh daoine faoi mhíchumas úsáid a bhaint as.

(29) Leis an Treoir seo, comhchuibhítear na ceanglais inrochtaineachta i dtaobh seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus táirgí gaolmhara, agus comhlánaítear Treoir (AE) 2018/1972 lena leagtar síos ceanglais maidir le rochtain agus rogha choibhéiseach d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas. Leagtar síos freisin i dTreoir (AE) 2018/1972 ceanglais faoi oibleagáidí seirbhíse uilíche maidir le hinacmhainneacht rochtana idirlín agus cumarsáide gutha agus maidir le hinacmhainneacht agus infhaighteacht trealaimh teirminéil ghaolmhair, trealaimh shonraigh agus seirbhísí do thomhaltóirí deiridh faoi mhíchumas.

(30) Ba cheart a chumhdach faoin Treoir seo freisin trealamh teirminéil do thomhaltóirí a bhfuil acmhainn ríomhaireachta idirghníomhach aige a úsáidfear go príomha, is dócha, chun rochtain a fháil ar na seirbhísí cumarsáide leictreonaí sin. Chun crícha na Treorach seo ba cheart a mheas go n-áirítear ar an trealamh sin trealamh a úsáidtear mar chuid den socrú maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, amhail ródaire nó móideim.

(31) Chun crícha na Treorach seo, ba cheart go gciallódh rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc go gcaithfidh an rochtain ar inneachar closamhairc a bheith inrochtana, mar aon le sásraí lena bhféadfaidh úsáideoirí faoi mhíchumas a dteicneolaíochtaí cúnta a úsáid. D'fhéadfadh sé gur suíomhanna gréasáin, feidhmchláir ar líne, feidhmchláir atá bunaithe ar bhoscaí bairr, feidhmchláir in-íoslódála, seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe lena n-áirítear feidhmchláir shoghluaiste agus seinnteoirí meán gaolmhara chomh maith le seirbhísí teilifíse nasctha iad na seirbhísí a sholáthraíonn rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc. Rialaítear inrochtaineacht ar sheirbhísí meán closamhairc i dTreoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), cé is moite d'eolairí leictreonacha clár a áirítear sa sainmhíniú ar sheirbhísí a sholáthraíonn rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc a mbíonn feidhm ag an Treoir seo maidir leo.

(32) I gcomhthéacs seirbhísí iompair paisinéirí aeir, bus, iarnróid agus ar uisce, ba cheart a chumhdach faoin Treoir seo *inter alia* seachadadh na faisnéise seirbhíse iompair lena n-áirítear faisnéis taistil fíor-ama trí shuíomhanna gréasáin seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe, scáileáin faisnéise idirghníomhacha agus teirminéil féinseirbhíse idirghníomhacha a bhíonn de dhíth ar phaisinéirí faoi mhíchumas chun taisteal. D'fhéadfaí a áireamh leis sin,

([5]) Treoir (AE)2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

([6]) Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le forálacha reachtaíochta, rialacháin nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (IO L 95, 15.04.2010, lch. 1).

faisnéis réamhthaistil, faisnéis le linn an turais agus faisnéis a sholáthraítear nuair a chuirtear seirbhís ar ceal nó nuair a chuirtear moill ar a himeacht. Féadfar a áireamh sna heilimintí eile faisnéise, maidir le praghsanna agus promóisin.

(33) Ba cheart a chumhdach freisin faoin Treoir seo suíomhanna gréasáin, seirbhísí ar ghléasanna móibíleacha, lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha, a cheaptar nó a chuirtear ar fáil ag seirbhísí iompair paisinéirí nó thar a gceann laistigh de raon feidhme na Treorach seo, seirbhísí ticéadaithe leictreonaigh, ticéid leictreonacha agus teirminéil féinseirbhíse idirghníomhacha.

(34) Ba cheart don chinneadh maidir le raon feidhme na Treorach seo i dtaca le seirbhísí iompair paisinéirí aeir, bus, iarnróid agus ar uisce a bheith bunaithe ar an reachtaíocht earnála sin arb ann di cheana a bhaineann le cearta paisinéirí. I gcás nach mbaineann an Treoir seo le cineálacha áirithe seirbhísí iompair, ba cheart do Bhallstáit soláthraithe seirbhísí a spreagadh chun seirbhísí inrochtaineachta ábhartha na Treorach seo a chur i bhfeidhm.

(35) Leagtar síos cheana féin le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) oibleagáidí na gcomhlachtaí san earnáil phoiblí a bhfuil seirbhísí iompair agus á sholáthar acu, lena n-áirítear seirbhísí iompair uirbeacha agus fo-uirbeacha agus seirbhísí iompair réigiúnacha le go mbeidh a suíomhanna gréasáin níos inrochtana. Thairis sin, tá díolúintí sa Treoir sin do mhicrifhiontair a sholáthraíonn seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí iompair uirbeacha agus fo-uirbeacha agus réigiúnacha. Sa bhreis air sin, tá oibleagáidí sa Treoir seo chun a áirithiú go mbeidh suíomhanna gréasáin r-thráchtála inrochtana. Ós rud é go mbeidh oibleagáid sa Treoir seo ar an gcuid is mó de sholáthraithe seirbhíse iompair príobháideacha a suíomhanna gréasáin a dhéanamh níos inrochtana, agus ticéid á ndíol ar líne acu, ní gá tuilleadh ceanglas a thabhairt isteach sa Treoir seo do shuíomhanna gréasáin soláthraithe seirbhísí iompair uirbeacha agus fo-uirbeacha agus do shuíomhanna gréasáin soláthraithe seirbhísí iompair réigiúnacha.

(36) Cumhdaítear cheana eilimintí áirithe de na ceanglais inrochtaineachta ag dlí an Aontais atá ann cheana i réimse iompair do phaisinéirí, go háirithe maidir le soláthar na faisnéise a leagtar amach sa Treoir seo. Áirítear leis sin gnéithe de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]),Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]). Áirítear leis seo freisin gníomhartha ábhartha arna nglacadh ar bhonn Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]). Chun comhsheasmhacht rialála a áirithiú, ba cheart do na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sna Rialacháin sin leanúint d'fheidhm a bheith acu faoi mar a bhí go dtí seo. Mar sin féin, bheadh ceanglais bhreise a leagtar amach sa Treoir seo ina bhforlíonadh ar na ceanglais atá ann cheana, lena bhfeabhsófaí feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i réimse an iompair agus a rachadh chun sochair daoine faoi mhíchumas.

(37) Níor cheart eilimintí áirithe de sheirbhísí iompair a chumhdach faoin Treoir seo i gcás ina mbíonn siad ar fáil lasmuigh de chríoch na mBallstát fiú más dírithe ar mhargadh an Aontais a bhíonn an tseirbhís. Maidir leis na heilimintí sin, níor cheart oibleagáid a bheith ar oibreoir seirbhíse iompair ach maidir lena áirithiú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo á gcomhlíonadh i ndáil leis an gcuid den tseirbhís a thairgtear laistigh de chríoch an Aontais. I gcás aeriompair, áfach, ba cheart go mbeadh oibleagáid ar aeriompróirí de chuid an Aontais a

([7]) Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach ag comhlachtaí na hearnála poiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO L 46, 17.2.2004, lch. 1).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta agus iad ag taisteal d'aer (IO L 204, 26.7.2006, lch. 1).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (IO L 315, 3.12.2007, lch. 14).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 334, 17.12.2010, lch. 1).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 55, 28.2.2011, lch. 1).

([13]) Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (IO L 191, 18.7.2008, lch. 1).

áirithiú go bhfuil na ceanglais is infheidhme a leagtar amach sa Treoir seo á gcomhlíonadh freisin i gcás eitiltí a imíonn as aerfort atá suite i dtríú tír agus a eitlíonn go haerfort atá suite laistigh de chríoch Ballstát. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh oibleagáid ar gach aeriompróir, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ceadúnaithe san Aontas, a áirithiú go bhfuil na ceanglais is infheidhme a leagtar amach sa Treoir seo á gcomhlíonadh i gcás ina n-imíonn na heitiltí as críoch de chuid an Aontais go críoch i dtríú tír.

(38) Ba cheart a mholadh d'údaráis uirbeacha inrochtaineacht saor ó bhacainní ar sheirbhísí iompair uirbeacha a chomhtháthú ina bPleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUInna), chomh maith le liostaí dea-chleachtais maidir le hinrochtaineacht shaor ó bhacainní ar iompar poiblí uirbeach agus soghluaisteacht a fhoilsiú go rialta.

(39) Tá sé mar aidhm le dlí an Aontais maidir le seirbhísí baincéireachta agus airgeadais tomhaltóirí na seirbhísí sin a chosaint agus faisnéis a sholáthar dóibh ar fud an Aontais ach ní áirítear ceanglais inrochtaineachta léi áfach. D'fhonn a chur ar cumas daoine faoi mhíchumas na seirbhísí sin a úsáid ar fud an Aontais, lena n-áirítear i gcás ina soláthraítear iad le suíomhanna gréasáin agus seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha, chun cinntí feasacha a dhéanamh, agus d'fhonn go mbeidh muinín acu go bhfuiltear á gcosaint go leordhóthanach agus ar bhonn is comhionann le tomhaltóirí eile, agus d'fhonn cothrom na Féinne a áirithiú do sholáthraithe seirbhíse, ba cheart ceanglais inrochtaineachta chomhchoiteanna a bhunú faoin Treoir seo i dtaobh seirbhísí baincéireachta agus airgeadais áirithe a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí.

(40) Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais inrochtaineachta freisin i dtaca le modhanna sainaitheantais, síniú leictreonach agus seirbhísí íocaíochta toisc go bhfuil gá leo sin chun aistrithe baincéireachta a thabhairt i gcrích.

(41) Bunaítear comhaid ríomhleabhair ar chódú ríomhaire leictreonach lena gcumasaítear cúrsaíocht saothair intleachtúil atá téacsach agus grafach den chuid is mó, agus é a sheiceáil. Is le leibhéal beachtais an chódaithe sin a chinntear an inrochtaineacht ar chomhaid ríomhleabhair, go háirithe maidir le cáilíocht eilimintí bunaitheacha éagsúla an tsaothair agus cur síos caighdeánaithe a struchtúir. Mar gheall ar idir-inoibritheacht i dtéarmaí inrochtaineachta, ba cheart go gcuirfí barr feabhais ar chomhoiriúnacht na gcomhad sin le gníomhairí úsáideora agus leis na teicneolaíochtaí cúnta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Ba cheart gnéithe sonracha d'imleabhair speisialta amhail greannáin leanaí, leabhair do pháistí agus leabhair ealaíne a mheas i bhfianaise gach ceanglas inrochtaineachta is infheidhme. Dá mba rud é go raibh ceanglais inrochtaineachta éagsúla sna Ballstáit, ba dheacair ag foilsitheoirí agus ag oibreoirí eacnamaíocha eile leas a bhaint as buntáistí an mhargaidh inmheánaigh, d'fhéadfaidís fadhbanna idir-inoibritheachta a chruthú le ríomhléitheoirí agus srian a chur ar an rochtain do thomhaltóirí faoi mhíchumas. I gcomhthéacs na ríomhleabhar, d'fhéadfaí a áireamh ar choincheap an tsoláthraí seirbhíse foilsitheoirí agus oibreoirí eacnamaíocha eile atá bainteach lena leithdháileadh.

Aithnítear go bhfuil bacainní fós ar dhaoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar inneachar atácosanta ag cóipcheart agus cearta gaolmhara agus go ndearnadh bearta áirithe cheana féin chun aghaidh a thabhairt air sin, mar shampla, trí Threoir (AE) 2017/1564 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) agus Rialachán (AE) 2017/1563 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) a ghlacadh, agus go bhféadfadh an tAontas tuilleadh bearta a dhéanamh i dtaca leis sin amach anseo.

(42) Sa Treoir seo, sainmhínítear seirbhísí ríomhthráchtála mar sheirbhís a soláthraítear go cianda, trí shuíomhanna gréasáin agus seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe trí mheán leictreonach agus ar iarraidh aonair tomhaltóra, d'fhonn conradh tomhaltóra a thabhairt i gcrích. Chun críocha an tsainmhínithe sin, ciallaíonn "go cianda" go soláthraítear an tseirbhís gan na páirtithe a bheith i láthair ag an am céanna; ciallaíonn "trí mheán leictreonach" go seoltar agus go bhfaightear an tseirbhís ag a ceann scríbe le trealamh leictreonach próiseála agus stórála sonraí (lena n-áirítear comhbhrú digiteach), agus a tharchuirtear, a iompraítear agus a fhaightear go hiomlán ar sreang, ar raidió, ar mhodh optach nó ar mhodh leictreamaighnéadach eile; ciallaíonn "ar iarraidh aonair tomhaltóra" go soláthraítear an tseirbhís ar iarraidh aonair. I bhfianaise na hábharthachta méadaithe ar sheirbhísí ríomhthráchtála agus a cineál ard teicneolaíochta, is tábhachtach go mbeadh ceanglais chomhchuibhithe ann dá hinrochtaineacht.

([14]) Treoir (AE) 2017/1564 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le húsáidí ceadaithe áirithe saothar áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile agus lena leasaítear Treoir 2001/29/CE maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (IO L 242, 20.9.2017, lch. 6).

([15]) Rialachán (AE) 2017/1563 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir leis an malartú trasteorann idir an tAontas agus tríú tíortha de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile (IO L 242, 20.9.2017, lch. 1).

(43) Ba cheart feidhm a bheith ag oibleagáidí inrochtaineachta seirbhísí ríomhthráchtála na Treorach seo maidir le haon táirge nó aon seirbhís a dhíol ar líne agus, dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le táirge nó seirbhís a chumhdaítear ina gceart féin faoin Treoir seo a dhíol.

(44) Ba cheart na bearta a bhaineann le hinrochtaineacht freagartha cumarsáide éigeandála a ghlacadh gan dochar d'eagrú seirbhísí éigeandála agus níor cheart aon tionchar a bheith acu ar eagrú na seirbhísí sin, a fhanfaidh ina cuid d'inniúlacht eisiach na mBallstát.

(45) I gcomhréir le Treoir (AE) 2018/1972, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandáil, agus go mbeidh sin coibhéiseach leis an rochtain a bhíonn ag úsáideoirí deiridh eile, i gcomhréir le dlí an Aontais lena gcomhchuibhítear ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí. Tá ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis rialála náisiúnta nó údaráis inniúla eile bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú, agus iad ag taisteal i mBallstát eile, go mbeidh rochtain ag úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas ar sheirbhísí éigeandála ar bhonn a bheidh coibhéiseach le húsáideoirí deiridh eile, nuair is indéanta, gan aon réamhchlárú. Féachtar, leis na bearta sin, le hidir-inoibritheacht a áirithiú ar fud na Ballstáit agus tá siad le bunú, a mhéid is féidir, ar chaighdeáin nó ar shonraíochtaí Eorpacha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 39 de Threoir (AE) 2018/1972. Leis na bearta sin, ní dhéantar na Ballstáit a chosc ar cheanglais bhreise a ghlacadh d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir sin a shaothrú. Mar rogha eile chun na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh i ndáil le freagairt cumarsáide éigeandála d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann soláthraí seirbhísí athsheachadta tríú páirtí a chinneadh a d'fhéadfadh daoine faoi mhíchumas a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpointe freagartha glaonna éigeandála, go dtí go mbeidh na pointí freagartha glaonna éigeandála sin in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a úsáid trí phrótacail idirlín lena n-áirithítear rochtain ar fhreagairt cumarsáide éigeandála. I gcás ar bith, níor cheart a thuiscint go ndéantar, le haon oibleagáidí chun sochair na n-úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas de chuid na Treorach seo, lena n-áirítear rochtain chomhionann do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí éigeandála mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/1972 a theorannú nó a laghdú.

(46) Sainítear le Treoir (AE) 2016/2102 na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí, agus gnéithe gaolmhara eile, go háirithe ceanglais i dtaca le comhlíonadh na suíomhanna gréasáin ábhartha agus na bhfeidhmchlár móibíleach. Tá liosta sonrach eisceachtaí sa Treoir sin, áfach. Tá eisceachtaí comhchosúla ann atá ábhartha maidir leis an Treoir seo. Maidir le roinnt gníomhaíochtaí a dhéantar trí shuíomhanna gréasáin agus trí fheidhmchláir mhóibíleacha de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí, amhail seirbhísí iompair paisinéirí nó seirbhísí ríomhthráchtála a chumhdaítear faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart dóibh na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme den Treoir seo a chomhlíonadh freisin d'fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar dhíol ar líne táirgí agus seirbhísí is cuma cé acu oibreoir poiblí nó príobháideach é an t-oibreoir eacnamaíoch. Ba cheart na ceanglais inrochtaineachta den Treoir seo a ailíniú le ceanglais Treoir (AE) 2016/2102, in ainneoin na ndifríochtaí atá ann, mar shampla, i ndáil le faireachán, tuairisciú agus forfheidhmiú.

(47) Is iad seo a leanas ceithre phrionsabal na hinrochtaineachta suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach a úsáidtear i dTreoir (AE) 2016/2102: inbhraiteacht, a chiallaíonn go gcaithfear faisnéis agus comhpháirteanna an chomhéadain coiteann úsáideora a chur i láthair d'úsáideoirí ar bhealach is inbhraite dóibh; inoibritheacht, a chiallaíonn go gcaithfidh comhpháirteanna an chomhéadain úsáideora agus an nascleanúint a bheith inoibrithe; intuigtheacht, a chiallaíonn nach mór don fhaisnéis agus d'oibríocht an chomhéadain úsáideora a bheith intuigthe; agus stóinseacht, a chiallaíonn nach mór don inneachar a bheith stóinseach a dhóthain ionas go mbeidh raon leathan gníomhaithe úsáideora, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cúnta, in ann an fhaisnéis sin a léirmhíniú go hiontaofa. Tá na prionsabail sin ábhartha freisin don Treoir seo.

(48) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú, i gcás ina gcomhlíonann na táirgí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, nach gcuirfear bac ar a saorghluaiseacht laistigh den Aontas de bharr cúiseanna a bhaineann le ceanglais inrochtaineachta.

(49) I roinnt cásanna, dá mbeadh ceanglais chomhchoiteanna inrochtaineachta ann maidir leis an timpeallacht thógtha, ba fhusa a bheadh saorghluaiseacht na seirbhísí gaolmhara agus daoine faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, leis an Treoir sin, ba cheart go gcuirfí ar chumas na mBallstát an timpeallacht thógtha a úsáidtear i soláthar na seirbhísí a chur san áireamh faoi raon feidhme na Treorach sin, lena n-áirithítear comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

(50) Ba cheart inrochtaineacht a bhaint amach trí bhacainní a bhaint agus a chosc ar bhealach córasach, de rogha trí chur chuige an deartha uilíoch nó an "deartha do chách" a úsáid, lena gcabhrófaí le háirithiú go mbeadh rochtain

ag daoine faoi mhíchumas a bheadh comhionann le rochtain daoine eile. De réir an UN CRPD, is "rud a chiallaíonn dearadh táirgí, timpeallachtaí, clár agus seirbhísí ar féidir le cách iad a úsáid, a mhéid is féidir, gan gá le hoiriúnú nó dearadh speisialaithe" atá i gceist leis an gcur chuige sin. Ar aon dul leis an UN CRPD, "ní dhéanfaidh 'dearadh uilíoch' feistí cúnta a eisiamh do ghrúpaí áirithe daoine faoi mhíchumas i gcás inar gá sin". Thairis sin, níor cheart go gciallódh inrochtaineacht nach gcuirfí cóiríocht réasúnta ar fáil nuair a cheanglaítear sin faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Ba cheart inrochtaineacht agus an dearadh uilíoch a léirmhíniú i gcomhréir le Barúil Ghinearálta Uimh. 2 (2014) maidir le hAirteagal 9:Inrochtaineacht arna scríobh ag an gCoiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

(51) Táirgí agus seirbhísí a chumhdaítear faoi raon feidhme na Treorach seo ní thagann siad go huathoibríoch faoi raon feidhme Threoir 93/42/CEE ón gComhairle ([16]). Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go gcumhdófaí roinnt teicneolaíochtaí cúnta ar feistí leighis iad faoi raon feidhme na Treorach sin.

(52) Is i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus i micreafhiontair a chuirtear tromlach na bpost ar fáil san Aontas. Tá siad ríthábhachtach don fhás amach anseo, ach is minic constaicí agus bacainní rompu agus a gcuid táirgí nó seirbhísí á bhforbairt acu, go háirithe sa chomhthéacs trasteorann. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, an obair a éascú do FBManna agus do mhicrifhiontair trí na forálacha náisiúnta maidir le hinrochtaineacht a chomhchuibhiú, agus ag an am céanna, na cosaintí is gá a choinneáil.

(53) Chun gur féidir le micrifhiontair agus FBManna leas a bhaint as an Treoir seo, caithfidh siad na ceanglais de Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([17]) a chomhlíonadh go ceart macánta, agus sa chásdlí ábhartha, arb é is aidhm leo cosc a chur ar aon teacht timpeall a dhéanfaí ar na rialacha sin.

(54) Ba cheart don Treoir seo a bheith bunaithe ar Chinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) a mhéid a bhaineann sé le táirgí atá faoi réir gníomhartha eile de chuid an Aontais cheana, d'fhonn a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht i reachtaíocht an Aontais, agus, ag an am céanna, gnéithe sonracha na gceanglas inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir seo a aithint inti.

(55) Na hoibreoirí eacnamaíocha uile a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus a mbíonn ról acu sa slabhra soláthair agus dáilte, ba cheart dóibh a áirithiú nach gcuireann siad ar fáil ar an margadh ach táirgí atá i gcomhréir leis an Treoir seo. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a chuireann seirbhísí ar fáil sin a dhéanamh freisin. Is gá foráil a dhéanamh maidir le dáileadh soiléir comhréireach oibleagáidí a bheidh in oiriúint do ról gach oibreora eacnamaíoch sa phróiseas soláthair agus dáilte.

(56) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a bheith freagrach as comhlíontacht táirgí agus seirbhísí, i ndáil lena róil sa slabhra soláthair, chun ardleibhéal cosanta maidir leis an inrochtaineacht a áirithiú agus chun iomaíocht chóir a ráthú ar mhargadh an Aontais.

(57) Ba cheart an fheidhm chomhionann a bheith ag na oibleagáidí na Treorach seo maidir le hoibreoirí eacnamaíocha ón earnáil phoiblí agus oibreoirí eacnamaíocha ón earnáil phríobháideach.

(58) Is é an monaróir, a bhfuil eolas mionsonraithe aige ar an bpróiseas deartha agus táirgthe, an duine is fearr chun an measúnú comhréireachta a chur i gcrích. Cé gur ar an monaróir atá an fhreagracht as comhréireacht na dtáirgí, ba cheart ról tábhachtach a bheith ag na húdaráis um fhaireachas margaidh ó thaobh seiceáil gur i gcomhréir le dlí an Aontais a mhonaraítear táirgí atá á gcur ar fáil san Aontas.

(59) Ba cheart d'allmhaireoirí agus do dháileoirí a bheith rannpháirteach i gcúraimí faireachais margaidh a dhéanann na húdaráis inniúla náisiúnta, agus ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach go gníomhach, tríd an eolas ar fad is gá a bhaineann leis an táirge lena mbaineann a thabhairt do na húdaráis inniúla.

(60) Is gá d'allmhaireoirí a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí ó thríú tíortha a thagann isteach i margadh an Aontais an Treoir seo, agus go háirithe go bhfuil nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta curtha i bhfeidhm ag na monaróirí maidir leis na táirgí sin.

(61) Nuair a chuirfidh siad táirge ar an margadh, ba cheart d'allmhaireoirí, an méid seo a thaispeáint ar an táirge, a n-ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe agus an seoladh lenar féidir dul i dteagmháil leo.

([16]) Treoir 93/42/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí míochaine (IO L 169, 12.7.1993, lch. 1).
([17]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).
([18]) Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann chun táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.08.2008, lch. 82).

(62) Ba cheart do dháileoirí a áirithiú nach láimhseálfaidh siad an táirge ar bhealach a dhéanfadh dochar don mhéid a chomhlíonann an táirge ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo.

(63) Maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann táirge ar an margadh faoina n-ainm nó a dtrádmharc féin nó a mhodhnaíonn táirge a cuireadh ar an margadh cheana ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme, ba cheart a mheas gurb iadsan an monaróir agus ba cheart dóibh siúd oibleagáidí an mhonaróra a ghlacadh chucu féin.

(64) Ar mhaithe le comhréireacht, níor cheart feidhm a bheith ag ceanglais inrochtaineachta ach a mhéid is nach gcuireann siad ualach díréireach ar an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, nó a mhéid is nach bhfuil gá le hathrú suntasach a dhéanamh ar na táirgí agus na seirbhísí a dhéanfadh iad a athrú ar bhealach bunúsach dá mbarr arna gcinneadh i gcomhréir leis na critéir a shonraítear de réir na Treorach seo. Ba cheart, mar sin féin, sásraí rialaithe a bheith ann d'fhonn an teidlíocht a fhíorú i leith eisceachtaí ó infheidhmeacht na gceanglas inrochtaineachta.

(65) Leis an Treoir seo, ba cheart an prionsabal a leanúint 'smaoinigh ar fhiontair bheaga ar dtús' agus ba cheart na hualaigh riaracháin atá ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide a chur san áireamh. Ba cheart rialacha éadroma a leagan síos ó thaobh measúnú comhréireachta agus ba cheart clásail chosanta a shuí d'oibreoirí eacnamaíocha, seachas foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ginearálta agus maoluithe do na fiontair bheaga agus mheánmhéide sin. Dá bhrí sin, nuair a bheidh na rialacha á leagan síos maidir le roghnú agus cur chun feidhme na nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta, ba cheart cás FBManna a chur san áireamh agus ba cheart na hoibleagáidí maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na gceanglas inrochtaineachta a theorannú ionas nach gcothóidh siad ualach díréireach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Ina theannta sin, ba cheart údaráis um fhaireachas margaidh a bheith ag obair ar bhealach a bheadh comhréireach le méid na ngnóthas agus le cineál an táirgthe lena mbaineann, bíodh sé sin ísealsrathach nó neamhshrathach, gan constaicí nach bhfuil gá leo a chruthú do FBManna agus gan baint de chosaint leas an phobail.

(66) I gcásanna eisceachtúla, ina mbeadh comhlíonadh ceanglas inrochtaineachta na Treorach seo seo ina n-ualach díréireach ar oibreoirí eacnamaíocha, níor cheart a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha na ceanglais sin a chomhlíonadh ach sa mhéid nach gcuirfí ualach díréireach orthu. Sna cásanna sin a bhfuil údar cuí leo, níorbh fhéidir go réasúnta le hoibreoir eacnamaíoch ceann amháin nó níos mó de cheanglais inrochtaineachta na Treorach seo a chur i bhfeidhm go hiomlán. Mar sin féin, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch seirbhís nó táirge a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a dhéanamh chomh hinrochtana is féidir trí na ceanglais sin a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir gan ualach díréireach a bheith ag baint leo. Na ceanglais inrochtaineachta sin nár mheas an t-oibreoir eacnamaíoch ualach díréireach a bheith ag baint leo, ba cheart feidhm iomlán a bheith acu. Níor cheart do na heisceachtaí maidir le ceann amháin nó níos mó de na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh i ngeall ar an ualach díréireach a fhorchuirtear leo dul thar a bhfuil fíor-riachtanach chun an t-ualach sin a theorannú i ndáil leis an táirge nó an tseirbhís lena mbaineann i ngach cás aonair. Ba cheart bearta lena bhforchuirfí ualach díréireach a thuiscint mar bhearta lena bhforchuirfí ualach breise eagrúcháin nó airgeadais iomarcach ar an oibreoir eacnamaíoch, agus an tairbhe ba dhóichí a bheadh ann do dhaoine faoi mhíchumas á cur san áireamh, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Treoir seo. Ba cheart critéir a shainiú, bunaithe ar an méid sin, chun a chur ar chumas na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na n-údarás ábhartha cásanna éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus measúnú a dhéanamh go córasach ar an ualach díréireach a d'fhéadfadh a bheith ann. Níor cheart ach cúiseanna dlisteanacha a chur san áireamh in aon mheasúnú a dhéanfar ar a mhéid nárbh fhéidir na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh toisc go bhforchuirfí ualach díréireach leo. Níor cheart a mheas gur cúiseanna dlisteanacha iad easpa tosaíochta, ama nó eolais.

(67) Ba cheart measúnú foriomlán an ualaigh dhíréirigh a dhéanamh de réir na dtagarmharcanna a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. Ba cheart don oibreoir eacnamaíoch measúnú an ualaigh dhíréirigh a dhoiciméadú agus aird á tabhairt aige ar na tagarmharcanna ábhartha. Ba cheart do na soláthraithe seirbhíse athnuachan a dhéanamh ar a measúnú ar ualach díréireach gach 5 bliana ar a laghad.

(68) Ba cheart don oibreoir eacnamaíoch na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas gur thug sé aird ar fhorálacha na Treorach seo i ndáil le hathrú bunúsach agus/nó ualach díréireach. Níor cheart don oibreoir eacnamaíoch cóip den measúnú lena mínítear na cúiseanna nach bhfuil rochtain iomlán ar a tháirge nó a sheirbhís agus lena dtugtar fianaise ar an ualach díréireach nó ar an athrú bunúsach a chur ar fáil ach amháin arna iarraidh sin do na húdaráis ábhartha, nó iad araon.

(69) Más rud é, ar bhonn an mheasúnaithe riachtanaigh, go gcinneann soláthraí seirbhíse go mbeadh ualach díréireach ag baint lena cheangal go gcomhlíonfadh gach teirminéal féinseirbhíse a úsáidtear i soláthar seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo, ba cheart don soláthraí seirbhísí na ceanglais sin a chur i bhfeidhm fós a mhéid is nach gcruthófaí ualach díréireach den sórt sin dó. Dá réir sin, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí measúnú a dhéanamh ar a mhéid ina gceadódh leibhéal teoranta inrochtaineachta i ngach teirminéal féinseirbhíse nó líon teoranta teirminéal féinseirbhíse a bhfuil rochtain iomlán orthu ualach díreiréach a sheachaint a d'fhorchuirfí orthu seachas sin, agus ba cheart nach gceanglófaí orthu ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo a chomhlíonadh ach amháin sa mhéid sin.

(70) Déantar micrifhiontair a dhealú ó gach gnóthas eile i ngeall ar a theoranta atá líon a n-acmhainní daonna, a láimhdeachas bliantúil, nó a gclár comhardaithe bliantúil. Ar an iomlán, dá bhrí sin, beidh sciar níos mó dá n-acmhainní airgeadais agus daonna de dhíth ar mhicrifhiontair chun ualach na gceanglas inrochtaineachta a chomhlíonadh ná mar a bheidh ar ghnóthais eile agus seans níos mó ann go mbeidh sciar díréireach de chostais na micrifhiontar i gceist leis sin. Eascraíonn cion suntasach de chostas na micrifhiontar as páipéarachas agus taifeadtaí a líonadh isteach nó a choinneáil chun comhlíonadh na gceanglas éagsúil a leagtar amach i ndlí an Aontais a léiriú. Cé gur cheart go mbeadh gach oibreoir eacnamaíoch a chumhdaítear faoin Treoir seo ábalta measúnú a dhéanamh ar an gcomhréireacht a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta den Treoir seo agus gur cheart dóibh gan iad a chomhlíonadh ach a mhéid nach bhfuil siad díréireach, ba dhíréireach an t-ualach ann féin a éileamh ar mhicrifhiontair a sholáthraíonn seirbhísí a leithéid de mheasúnú a dhéanamh. Dá réir sin, níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais agus oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo maidir le micrifhiontair a sholáthraíonn seirbhísí laistigh de raon feidhme na Treorach seo.

(71) I gcás micrifhiontair a dhéileálann le táirgí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart ceanglais agus oibleagáidí na Treorach seo a bheith níos éadroime d'fhonn fhorchur ualach riaracháin díréireach a laghdú.

(72) Cé go ndéantar roinnt micrifhiontar a dhíolmhú ó na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart gach micrifhiontar a spreagadh chun a áirithiú go mbeidh na táirgí a mhonaraíonn, a allmhairíonn nó a dháileann siad agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir seo, d'fhonn iomaíochas na bhfiontar sin a mhéadú mar aon lena n-acmhainneacht fáis sa mhargadh inmheánach. Ba cheart dá bhrí sin, do na Ballstáit treoirlínte agus uirlisí a sholáthar do mhicrifhiontair chun cur i bhfeidhm bearta náisiúnta lena dtrasuítear na Treorach seo a éascú.

(73) Ba cheart do gach oibreoir eacnamaíoch gníomhú go freagrach agus i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme, i gcás táirgí a chur nó a chur ar fáil ar an margadh nó i gcás seirbhísí a sholáthar ar an margadh.

(74) D'fhonn an measúnú ar chomhréireacht leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme a éascú, is gá foráil a dhéanamh maidir le toimhde comhréireachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe dheonacha a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]) chun críche na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a dhréachtú maidir leis na ceanglais sin. Tá roinnt iarrataí maidir le caighdeánú eisithe cheana féin ag an gCoimisiún chuig na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú maidir le hinrochtaineacht, mar shampla na sainorduithe um caighdeánú M/376, M/473 agus M/420, a bheadh ábhartha chun na caighdeáin chomhchuibhithe a ullmhú.

(75) Le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, déantar foráil maidir le nós imeachta i gcás agóidí foirmiúla i gcoinne caighdeáin chomhchuibhithe a mheastar nach gcomhlíonann siad ceanglais na Treorach.

(76) Ba cheart do chaighdeáin Eorpacha a bheith faoi thionchar an mhargaidh, ba cheart dóibh leas an phobail a chur san áireamh, mar aon leis na cuspóirí beartais arna leagan amach go soiléir san iarraidh ón gCoimisiún do cheann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú maidir le caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú, agus ba cheart dóibh a bheith bunaithe ar chomhthoil. In éagmais caighdeáin chomhchuibhithe agus i gcás inar gá iad chun críocha chomhchuibhiú an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófaí sonraíochtaí teicniúla do cheanglais inrochtaineachta na Treorach seo. Níor cheart sonraíochtaí teicniúla a úsáid ach i gcásanna den sórt sin. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh, mar shampla nuair atá an próiseas um chaighdeánú blocáilte i ngeall ar easpa comhaontaithe idir na geallsealbhóirí nó nuair atá moill mhíchuí ann i ndáil le caighdeán comhchuibhithe a bhunú, mar shampla toisc nach mbaintear amach an cháilíocht atá riachtanach. Ba cheart don Choimisiún a dhóthain ama a fhágáil idir iarraidh a ghlacadh do cheann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú maidir le caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus sonraíocht theicniúil a ghlacadh a bhaineann leis an gceanglas inrochtaineachta céanna. Níor cheart cead a bheith ag an gCoimisiún sonraíocht theicniúil a ghlacadh mura bhfuil iarracht déanta aige roimhe sin go gcumhdófaí na ceanglais inrochtaineachta tríd an gcóras Eorpach um chaighdeánú, ach amháin i gcás inar féidir leis an gCoimisiún a léiriú go n-urramaíonn na sonraíochtaí teicniúla na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

(77) D'fhonn caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a bhunú, ar an mbealach is éifeachtaí, a chomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir seo le haghaidh na dtáirgí agus na seirbhísí, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb indéanta sin, a áirithiú go mbeadh brateagraíochtaí Eorpacha de chuid daoine faoi mhíchumas agus na geallsealbhóirí ábhartha eile go léir páirteach sa phróiseas.

([19]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 an 25 Deireadh Fómhair 2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

(78) Chun rochtain éifeachtach ar fhaisnéis a áirithiú chun críocha faireachais margaidh, ba cheart an fhaisnéis is gá chun comhlíonadh ghníomhartha uile an Aontais is infheidhme a dhearbhú a bheith ar fáil i ndearbhú comhréireachta amháin de chuid an Aontais. D'fhonn an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, ba cheart dóibh a bheith in ann gach dearbhú ábhartha aonair comhréireachta a áireamh in aon dearbhú comhréireachta amháin de chuid an Aontais.

(79) Maidir le measúnú comhréireachta a dhéanamh ar tháirgí, ba cheart don Treoir seo leas a bhaint as Rialú Inmheánach Táirgthe ar "Modúl A", a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 768/2008/CE, mar is leis sin a chuirfear ar chumas oibreoirí eacnamaíocha a léiriú, agus ar na húdaráis inniúla a áirithiú, go bhfuil táirgí a chuirfear ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta agus, ag an am céanna, nach gcruthófar ualach míchuí leo.

(80) Agus faireachas margaidh á dhéanamh i ndáil le táirgí acu agus comhlíontacht na seirbhísí á seiceáil acu, ba cheart do na húdaráis a sheiceáil freisin go ndearnadh na measúnuithe comhréireachta, lena n-áirítear go ndearnadh measúnú an athrú bhunúsaigh nó an ualaigh dhíréirigh mar is ceart, i gcás inarb ábhartha. Agus a ndualgais a gcomhlíonadh ag na húdaráis, ba cheart dóibh oibriú i gcomhar le daoine faoi mhíchumas agus leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu agus ar a gcuid leasanna.

(81) I gcás seirbhísí, ba cheart an fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht le ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo a chur ar fáil sna téarmaí agus sna coinníollacha ginearálta, nó i ndoiciméad coibhéiseach gan dochar do Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]).

(82) Is í an mharcáil CE, lena léirítear comhréireacht táirge le ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir seo, an iarmhairt infheicthe ar phróiseas iomlán ina gcuimsítear measúnú comhréireachta sa chiall is leithne. Ba cheart go leanfaí leis an Treoir sin na prionsabail ghinearálta lena rialaítear marcáil CE de chuid Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]) lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú. De bhreis ar dhearbhú comhréireachta an Aontais a dhéanamh, ba cheart don mhonaróir tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach costéifeachtach maidir le hinrochtaineacht a gcuid táirgí.

(83) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 tríd an marcáil CE a ghreamú de tháirge, dearbhaíonn an monaróir go bhfuil an táirge i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme go léir agus go bhfuil an monaróir freagrach as dá bharr.

(84) I gcomhréir le Cinneadh 768/2008/CE, tá na Ballstáit freagrach as faireachas margaidh láidir agus éifeachtúil a áirithiú ar tháirgí ina gcríocha agus ba cheart cumhachtaí agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar a gcuid údarás um fhaireachas margaidh.

(85) Ba cheart do na Ballstáit a sheiceáil go gcomhlíonann na seirbhísí oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo agus ba cheart fiosruithe leantacha a dhéanamh maidir le gearáin nó tuarascálacha a bhaineann le neamhchomhlíonadh d'fhonn a áirithiú go ndearnadh gníomh ceartaitheach.

(86) I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh an Coimisiún, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí, treoirlínte neamhcheangailteacha a ghlacadh chun tacú le comhordú i measc na n-údarás um fhaireachas margaidh agus údaráis atá freagrach as comhlíontacht seirbhísí a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún agus na Ballstáit in ann tionscnaimh a bhunú agus é mar sprioc leo acmhainní agus saineolas na n-údaráis a chomhroinnt.

(87) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú i ndáil le húdaráis um fhaireachas margaidh agus i ndáil leis na húdaráis atá freagrach as comhlíontacht seirbhísí a sheiceáil, go seiceálfaidh siad an gcomhlíonann na hoibreoirí eacnamaíocha na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn VI i gcomhréir le Caibidlí VIII agus IX. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann comhlacht speisialaithe a ainmniú chun oibleagáidí na n-údarás um fhaireachas margaidh nó oibleagáidí na n-údarás atá freagrach as comhlíonadh seirbhísí faoin Treoir seo a chur i gcrích. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a chinneadh gur cheart inniúlachtaí comhlachta speisialaithe mar sin a theorannú do raon feidhme na Treorach seo nó do chodanna áirithe di, gan dochar do na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

([20]) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

([21]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

(88) Ba cheart nós imeachta cosanta a bhunú a mbeadh feidhm aige i gcás easaontais idir na Ballstáit mar gheall ar bhearta a dhéanann Ballstát faoina gcuirtear na páirtithe leasmhara ar an eolas maidir le bearta a bheartaítear a dhéanamh i ndáil le táirgí nach gcomhlíonann ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir seo. Leis an nós imeachta cosanta sin, ba cheart go bhféadfadh na húdaráis um fhaireachas margaidh, i gcomhar leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, gníomhú ag céim níos luaithe i ndáil le táirgí den sórt sin.

(89) I gcás ina dtiocfadh na Ballstáit agus an Coimisiún ar chomhaontú go bhfuil údar cuí ag beart arna dhéanamh ag Ballstát, níor cheart go mbeadh gá le rannpháirtíocht an Choimisiúin a thuilleadh, ach amháin i gcás inarbh fhéidir an neamhchomhlíonadh a chur i leith easnaimh sna caighdeáin comhchuibhithe nó sna sonraíochtaí teicniúla.

(90) Le Treoir 2014/24/AE ([22]) agus Treoir 2014/25/AE ([23]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar poiblí, lena sainítear na nósanna imeachta soláthair do chonarthaí poiblí agus comórtais deartha le haghaidh soláthairtí áirithe (táirgí), seirbhísí agus oibreacha, suitear, i gcás gach soláthar a bheartaítear go mbainfidh daoine nádúrtha úsáid as, bíodh sé sin an pobal i gcoitinne nó foireann an údaráis nó an eintitis chonarthaigh, go ndéanfar na sonraíochtaí teicniúla a dhréachtú ar bhealach ina gcuirfear san áireamh critéir inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumais nó an dearadh le haghaidh na n-úsáideoirí ar fad, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Ina theannta sin, ceanglaítear, leis na Treoracha sin, i gcás ina ndéantar ceanglais éigeantacha inrochtaineachta a ghlacadh trí ghníomh dlí de chuid an Aontais, go ndéantar na sonraíochtaí teicniúla, a mhéid a bhaineann siad le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas nó dearadh do chách, a bhunú trí thagairt a dhéanamh don ghníomh dlí sin. Leis an Treoir seo, ba cheart go mbunófaí ceanglais éigeantacha inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí a chumhdaítear léi. Maidir le táirgí agus seirbhísí nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach seo, níl na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir seo ceangailteach. Mar sin féin, dá n-úsáidfí na ceanglais inrochtaineachta sin chun na hoibleagáidí ábhartha a chomhlíonadh a leagtar amach i ngníomhartha eile de chuid an Aontais seachas an Treoir seo, b'fhusa an inrochtaineacht a chur chun feidhme agus chabhrófaí leis an deimhneacht dhlíthiúil agus le comhfhogasú na gceanglas inrochtaineachta ar fud an Aontais. Níor cheart cosc a chur ar údaráis ceanglais inrochtaineachta a bhunú a théann níos faide ná na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I den Treoir seo.

(91) Leis an Treoir seo, níor cheart aon athrú a dhéanamh ar nádúr éigeantach nó deonach na bhforálacha a bhaineann le hinrochtaineacht i ngníomhartha eile de chuid an Aontais.

(92) Níor cheart don Treoir seo feidhm a bheith aici ach amháin maidir le nós imeachta soláthair a ndearnadh an glao ar thairiscintí ina leith a sheoladh cheana nó, i gcás nach bhforáiltear do ghlao ar thairiscintí, maidir le nós imeachta soláthair ar chuir an t-údarás nó an t-eintiteas conarthach tús leis tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

(93) D'fhonn a áirithiú go gcuirfear an Treoir seo i bhfeidhm mar is ceart, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil leis an méid a leanas: sonrú breise a dhéanamh ar na ceanglais inrochtaineachta nach féidir, i ngeall ar a nádúr féin, an éifeacht a cheaptar a bheith acu a bhaint amach gan iad a shonrú a thuilleadh i ngníomhartha dlíthiúla ceangailteacha de chuid an Aontais; an tréimhse inar féidir le hoibreoirí eacnamaíocha aon oibreoir eacnamaíoch eile a shainaithint a sholáthair táirge dóibh nó ar sholáthair siadsan táirge dó nó di; agus na critéir ábhartha atá le bheith curtha san áireamh ag an oibreoir eacnamaíoch lena mheasúnú arbh ualach díréireach a bheadh i gceist dá ndéanfaí ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh a shonrú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 ([24]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a dhéileálann le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(94) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le sonraíochtaí teicniúla. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]).

([22]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

([23]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis atá ag feidhmiú sna hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair agus seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

([24]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

([25]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú á dhéanamh ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.02.2011, lch. 13).

(95) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur ann do mhodhanna leordhóthanacha, éifeachtacha chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú agus ba cheart, dá bhrí sin, sásraí rialaithe iomchuí a bhunú, amhail rialú *a posteriori* arna dhéanamh ag na húdaráis um fhaireachas margaidh, d'fhonn a fhíorú go bhfuil bonn cirt leis an díolúine ó na ceanglais inrochtaineachta a chur i bhfeidhm. Agus iad ag déileáil le gearáin a bhaineann le hinrochtaineacht, ba cheart do na Ballstáit cloí le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin, agus go háirithe leis an oibleagáid atá ar oifigigh a áirithiú go ndéanfar cinneadh maidir le gach gearán laistigh de thréimhse réasúnach ama.

(96) D'fhonn cur chun feidhme aonfhoirmeach na Treorach seo a éascú, ba cheart don Choimisiún meitheal oibre a bhunú d'údaráis ábhartha agus de gheallsealbhóirí ábhartha, chun malartú faisnéise agus na ndea-chleachtas a éascú agus chun comhairle a sholáthar. Ba cheart comhar a chothú idir na húdaráis agus geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu, *inter alia*, chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas cur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach seo maidir le ceanglais inrochtaineachta agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a fhorálacha maidir le hathrú bunúsach agus ualach díréireach.

(97) I bhfianaise an chreata dlí atá ann faoi láthair maidir le réitigh sna réimsí a chumhdaítear faoi Threoir 2014/24/AE agus Treoir 2014/25/AE, níor cheart gurbh infheidhme forálacha na Treorach seo a bhaineann le forfheidhmiú agus pionóis maidir leis na nósanna imeachta soláthair atá faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos leis an Treoir seo. An t-eisiamh sin, is gan dochar a bheidh sé d'oibleagáidí na mBallstát faoi na Conarthaí gach beart is gá a dhéanamh chun cur i bhfeidhm agus éifeachtacht dhlí an Aontais a ráthú.

(98) Is ceart na pionóis a bheith leordhóthanach i dtaca le nádúr na sáruithe agus na n-imthosca ionas nach túisce a roghnóidh oibreoirí eacnamaíocha pionós seachas na hoibleagáidí atá orthu a dtáirgí nó seirbhísí a bheith inrochtana a chomhlíonadh.

(99) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sásraí malartacha i bhfeidhm chun díospóidí a réiteach, i gcomhréir leis an gcuid sin de dhlí an Aontais atá ann cheana, ionas gur féidir aon chás ina líomhnaítear neamhchomhlíonadh na Treorach seo a shoiléiriú sula dtéifí os comhair cúirte nó comhlachtaí inniúla riaracháin faoin gcás.

(100) I gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2011 maidir le doiciméid mhíniúcháin ([26]), ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin go gcuirfí, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó leis an bhfógra faoina mbearta maidir le trasuí, ar doiciméid iad lena mínítear an caidreamh idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta maidir le trasuí. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil bonn cirt le doiciméid den chineál sin a thrasuí.

(101) Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag soláthraithe seirbhíse oiriúnú do na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo, is gá foráil a dhéanamh d'idirthréimhse 5 bliana tar éis an dáta cur i bhfeidhm na Treorach seo, nach gá lena linn do tháirgí a úsáidfear chun seirbhís a sholáthar a cuireadh ar an margadh roimh an dáta sin ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo a chomhlíonadh ach i gcás ina gcuirfidh na soláthraithe seirbhíse táirgí eile ina n-ionad le linn na hidirthréimhse. I bhfianaise an chostais agus na saolré fada a bhíonn ag teirminéil féinseirbhíse idirghníomhacha, is iomchuí a fhoráil, nuair a úsáidfear na teirminéil sin i soláthar seirbhísí, go bhféadfar iad a úsáid go dtí deireadh a saolré eacnamaíche — nach rachaidh thar 20 bliain — fad agus nach gcuirfear teirminéil eile ina n-ionad le linn na saolré sin.

(102) Ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais inrochtaineachta na Treorach maidir le táirgí agus seirbhísí a sholáthraítear ar mhargadh tar éis dáta chur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta lena dtrasuítear an Treoir seo, lena n-áirítear táirgí úsáidte agus táirgí athláimhe a allmhairítear ó thríú tír agus a chuirtear ar an mhargadh tar éis an dáta sin.

(103) Sa Treoir seo urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar léi na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"). Féachfar leis an Treoir seo, go háirithe, le go n-urramófar ina n-iomláine cearta daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as bearta a cheaptar lena neamhspleáchas a áirithiú, mar aon le lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus rannpháirtíocht i saol an phobail agus cur i bhfeidhm Airteagail 21, 25 agus 26 den Chairt a chur chun cinn.

(104) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon, go gcuirfear deireadh leis na bacainní ar shaorghluaiseacht táirgí agus seirbhísí inrochtana áirithe d'fhonn cuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, a ghnóthú go leordhóthanach mar gheall ar an ngá atá ann na rialacha éagsúla atá ann faoi láthair ina gcórais dlí faoi seach a comhchuibhiú agus, de bharr a rochtain agus rialacha coiteanna a shainiú maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

([26]) IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Is é is cuspóir leis an Treoir seo cuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trí dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí áirithe, go háirithe trí dheireadh agus cosc a chur leis na bacainní ar shaorghluaiseacht táirgí agus seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo a eascraíonn as ceanglais inrochtaineachta éagsúla sna Ballstáit.

Airteagal 2

Raon Feidhme

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis na táirgí seo a leanas a cuireadh ar an margadh tar éis an 28 Meitheamh 2025:

(a) córais chrua-earraí ríomhaireachta le haghaidh gnáthúsáid tomhaltóirí agus córais oibriúcháin do na córais chrua-earraí sin;

(b) na teirminéil féinseirbhíse seo a leanas:

(i) teirminéil íocaíochta;

(ii) na teirminéil féinseirbhíse seo a leanas atá tiomanta do sholáthar na seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo:

— uathmheaisíní bainc;

— meaisíní ticéadaithe;

— meaisíní seiceála isteach;

— teirminéil féinseirbhíse idirghníomhacha lena gcuirtear faisnéis ar fáil, seachas teirminéil a shuiteáiltear mar pháirteanna comhtháite feithiclí, aerárthaí, long agus rothstoic;

(c) trealamh teirminéil do thomhaltóirí, a bhfuil acmhainn ríomhaireachta idirghníomhach aige, agus a úsáidtear le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonacha;

(d) trealamh teirminéil do thomhaltóirí, a bhfuil acmhainn idirghníomhach ríomhaireachta aige, lena rochtaítear seirbhísí meán closamhairc; agus

(e) ríomhléitheoirí.

2. Gan dochar d'Airteagal 32, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na seirbhísí seo a leanas a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí tar éis an 28 Meitheamh 2025:

(a) seirbhísí cumarsáide leictreonaí diomaite de sheirbhísí tarchurtha a úsáidtear chun seirbhísí idir meaisíní a sholáthar;

(b) seirbhísí a thugann rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc;

(c) na heilimintí seo a leanas de sheirbhísí iompair paisinéirí aeir, bus, iarnróid agus uisce seachas le haghaidh seirbhísí iompair uirbeacha agus fo-uirbeacha, chomh maith le seirbhísí iompair réigiúnacha, nach mbíonn feidhm ina leith ach ag na heilimintí faoi phointe (v):

(i) suíomhanna gréasáin;

(ii) seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha;

(iii) ticéid leictreonacha agus seirbhísí ticéadaithe leictreonaigh;

(iv) faisnéis seirbhíse iompair a sheachadadh, lena n-áirítear faisnéis fíor-ama faisnéise taistil; déanfar sin, maidir le scáileáin faisnéise, a theorannú do scáileáin idirghníomhacha suitáilte laistigh de chríoch an Aontais; agus

(v) teirminéil féinseirbhíse idirghníomhacha atá lonnaithe laistigh de chríoch an Aontais, seachas iad sin a suiteáladh mar pháirteanna comhtháite feithiclí, aerárthaí, long agus rothstoic agus a úsáidtear i soláthar aon pháirt de na seirbhísí iompair paisinéirí den chineál sin.;

(d) seirbhísí baincéireachta tomhaltóirí;

(e) ríomhleabhair agus bogearraí tiomnaithe; agus

(f) seirbhísí ríomhthráchtála.

3. Tá feidhm ag an Treoir seo agus freagra á thabhairt ar chumarsáid éigeandála, ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach "112".

4. Níl feidhm ag an Treoir seo i ndáil leis an inneachar seo a leanas maidir le suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha:

(a) meáin am-bhunaithe réamhthaifeadta a fhoilsítear roimh 28 Meitheamh 2025;

(b) formáidí comhaid oifige a foilsíodh roimh 28 Meitheamh 2025;

(c) léarscáileanna agus seirbhísí mapála, má chuirtear faisnéis riachtanach ar fáil ar shlí digiteach inrochtana i gcás léarscáileanna atá ceaptha le haghaidh loingseoireachta;

(d) inneachar tríú páirtí nach ndéantar a chistiú ná a fhorbairt, ná a rialáil ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann;

(e) inneachar suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha a cháilíonn mar chartlanna, rud a chiallaíonn nach bhfuil iontu ach inneachar nach ndéantar uasdátú ná eagarthóireacht air tar éis an 28 Meitheamh 2025.

5. Beidh an Treoir seo gan dochar do Threoir (AE) 2017/1564 agus Rialachán (AE) 2017/1563.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "daoine faoi mhíchumas" daoine a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh bac a chur ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach a bheith acu sa tsochaí ar bhonn comhionannais;

(2) ciallaíonn "táirge" substaint, ullmhóid nó earra arna táirgeadh nó arna tháirgeadh trí phróiseas monaraithe agus nach bia, beatha, plandaí beo agus ainmhithe beo, táirgí de thionscnamh an duine agus táirgí plandaí agus ainmhithe a bhaineann go díreach lena n-atáirgeadh amach anseo í nó é;

(3) ciallaíonn "seirbhís" seirbhís mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 4 de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]);

(4) ciallaíonn "soláthraí seirbhíse" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís ar mhargadh an Aontais nó a dhéanann tairiscintí seirbhís den chineál sin a sholáthar do thomhaltóirí san Aontas;

(5) ciallaíonn "seirbhísí meán closamhairc" seirbhísí mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(1) de Threoir 2010/13/AE;

(6) ciallaíonn "seirbhísí lena dtugtar rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc" seirbhísí a tharchuirtear trí líonraí cumarsáide leictreonaí a úsáidtear chun faisnéis a shainaithint, a roghnú, a fháil, agus d'fhonn féachaint ar sheirbhísí meán closamhairc agus ar aon ghnéithe, amhail fotheidil don té atá bodhar agus don té ag a bhfuil deacrachtaí éisteachta, cur síos labhartha, fotheidil labhartha, agus ateangaireacht sa teanga chomharthaíochta, atá mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2010/13/AE chun seirbhísí a dhéanamh inrochtana; agus áirítear leis an sainmhíniú seo eolairí leictreonacha clár (EPGanna);

(7) ciallaíonn "trealamh teirminéil le cumas ríomhaireachta idirghníomhaí do thomhaltóirí, a úsáidtear chun rochtain a fháil ar sheirbhísí meán closamhairc" aon trealamh arb é is príomhchuspóir dó rochtain a chur ar fáil ar sheirbhísímeán closamhairc;

([27]) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).

(8) ciallaíonn "seirbhís cumarsáide leictreonaí" seirbhís cumarsáide leictreonaí mar a shainmhínítear i bpointe 4 d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972;

(9) ciallaíonn "seirbhís comhrá iomláin" seirbhísí comhrá iomláin mar a shainmhínítear i bpointe 35 d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972;

(10) ciallaíonn "pointe freagartha glaonna éigeandála" nó "PFGE" pointe freagartha glaonna éigeandála nó PFGE mar a shainmhínítear i bpointe 36 d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972;

(11) ciallaíonn "PFGE is iomchuí" PFGE is iomchuí mar a shainmhínítear i bpointe 37 d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972;

(12) ciallaíonn "cumarsáid éigeandála" cumarsáid éigeandála mar a shainmhínítear i bpointe 38 d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972;

(13) ciallaíonn "seirbhís éigeandála" seirbhís éigeandála mar a shainmhínítear i bpointe 39 d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972;

(14) ciallaíonn "téacs fíor-ama" foirm téacs-chomhrá i ndálaí pointe go pointe nó cian-chomhdhála ilphointe nuair a sheoltar an téacs a chuirtear isteach ar bhealach a measann an t-úsáideoir go bhfuil an teachtaireacht leanúnach ar bhonn carachtar ar charachtar;

(15) ciallaíonn táirge "a chur ar fáil ar an margadh" aon soláthar táirge lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, ar íocaíocht nó saor in aisce;

(16) ciallaíonn "cur ar an margadh" táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(17) ciallaíonn "monaróir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a dhéanann táirge den sórt sin a dhearadh nó a mhonarú, agus a mhargaíonn an táirge sin, faoina ainm nó faoina thrádmharc féin;

(18) ciallaíonn "ionadaí údaraithe" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir gníomhú thar a cheann maidir le tascanna sonraithe;

(19) ciallaíonn "allmhaireoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

(20) ciallaíonn "dáileoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, a chuireann táirge ar fáil ar an margadh;

(21) ciallaíonn "oibreoir eacnamaíoch" an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir nó an soláthraí seirbhíse;

(22) ciallaíonn "tomhaltóir" aon duine nádúrtha a cheannaíonn an táirge ábhartha nó a fhaigheann an tseirbhís ábhartha chun críocha atálasmuigh dá thrádáil, dá ghnó, dá cheird nó dá ghairm;

(23) ciallaíonn "micrifhiontar" fiontar a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí aige agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 2 mhilliún aige nó nó iomlán bliantúil ar a chlár comhardaithe aige nach mó ná EUR 2 mhilliún;

(24) ciallaíonn "fiontair bheaga agus mheánmhéide" (FBManna) na fiontair sin ina bhfostaítear níos lú ná 250 duine agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 50 milliún acu, nó iomlán bliantúil ar a chlár comhardaithe nach mó ná EUR 43 milliún, gan micrifhiontair san áireamh;

(25) ciallaíonn "caighdeán comhchuibhithe'" caighdeán comhchuibhithe mar a shainmhínítear i bpointe 1(c) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(26) ciallaíonn "sonraíocht theicniúil " sonraíocht theicniúil mar a shainmhínítear i bpointe 4 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 lena soláthraítear modh chun na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme a chomhlíonadh maidir le táirge nó seirbhís;

(27) ciallaíonn "tarraingt siar" aon bheart arb é is aidhm dó cosc a chur ar tháirge sa slabhra soláthair a chur ar fáil ar an margadh;

(28) ciallaíonn "seirbhísí baincéireachta tomhaltóirí" na seirbhísí baincéireachta agus airgeadais a leanas a sholáthar do thomhaltóirí:

(a) comhaontuithe creidmheasa a chumhdaítear le Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]) nó le Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]);

(b) seirbhísí a shainítear i bpointí 1, 2, 4 agus 5 i Roinn A agus i bpointí 1, 2, 4 agus 5 i Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]);

(c) seirbhísí íocaíochta mar a shainmhínítear iad i bpointe 3 d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([31]);

(d) seirbhísí atá nasctha leis an gcuntas íocaíochta mar a shainmhínítear i bpointe 3 d'Airteagal 2 de Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]); agus

(e) airgead leictreonach mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]);

(29) ciallaíonn "teirmineálá íocaíochta" gléas arb é is príomhchuspóir dó go bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh leis trí úsáid a bhaint as ionstraimí íocaíochta mar a shainmhínítear i bpointe (14) d'Airteagal 4 de Threoir 2015/2366/AE ag díolphointe fisiciúil ach ní i dtimpeallacht fhíorúil;

(30) ciallaíonn "seirbhísí ríomhthráchtála" seirbhísí a sholáthraítear go cianda, trí shuíomhanna gréasáin agus seirbhísí gléas móibílbhunaithe, trí mheán leictreonach agus ar iarratas tomhaltóir aonair ar chur i gcrích conartha do thomhaltóirí;

(31) ciallaíonn "seirbhísí iompair do phaisinéirí aeir" aersheirbhísí tráchtála do phaisinéirí, mar a shainmhínítear i bpointe (l) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ar imeacht dóibh as, ar imeacht dóibh trí, nó ar shroicheadh aerfoirt dóibh, nuair atá an t-aerfort suite i gcríoch Ballstáit, lena n-áirítear eitiltí a imíonn as aerfort atá lonnaithe i dtríú tír chuig aerfort atá lonnaithe i gcríoch Ballstáit ina bhfuil na seirbhísí arna n-oibriú ag aeriompróirí de chuid an Aontais;

(32) ciallaíonn "seirbhísí iompair do phaisinéirí bus" seirbhísí a chumhdaítear le hAirteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 181/2011;

(33) ciallaíonn "seirbhísí iompair do phaisinéirí iarnróid" na seirbhísí go léir do phaisinéirí iarnróid dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007, seachas na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de;

(34) ciallaíonn "seirbhísí iompair do phaisinéirí ar uisce" seirbhísí do phaisinéirí, a chumhdaítear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010, cé is moite de sheirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den Rialachán sin;

(35) ciallaíonn "seirbhísí iompair uirbeacha agus fo-uirbeacha" seirbhísí iompair uirbeacha agus fo-uirbeacha mar a shainmhínítear i bpointe 6 d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]);. ach chun críocha na Treorach seo, ní áirítear iontu ach na modhanna iompair seo a leanas: iarnród, bus agus cóiste, meitreo, tram agus bus tralaí;

([28]) Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).

([29]) Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34).

([30]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([31]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

([32]) Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214).

([33]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

([34]) Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).

(36) ciallaíonn "seirbhísí iompair réigiúnacha" seirbhísí réigiúnacha mar a shainmhínítear i bpointe 7 d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE; ach chun críocha na Treorach seo ní áirítear iontu ach an modh iompair seo a leanas: iarnród, bus agus cóiste, meitreo, tram agus bus tralaí;

(37) ciallaíonn "teicneolaíocht chúnta" aon ítim, píosa trealaimh, seirbhís nó córas táirge lena n-áirítear bogearraí a úsáidtear chun cumais fheidhmiúla daoine faoi mhíchumas a mhéadú, a chothabháil, a ionadú nó a fheabhsú, nó chun lagú, teorainneacha gníomhaíochta nó srianta rannpháirtíochta a mhaolú agus a chúiteamh;

(38) ciallaíonn "córas oibriúcháin", bogearraí, *inter alia*, a láimhsíonn an comhéadan le crua-earraí forimeallacha, a leithdháileann cúraimí sceidil agus stóras, agus a chuireann comhéadan mainneachtana ar fáil don úsáideoir nuair nach bhfuil feidhmchláir á reáchtáil, lena n-áirítear comhéadan úsáideora grafach, is cuma an cuid dhílis de chrua-earraí ríomhaire cuspóra ghinearálta do thomhaltóirí a leithéid de bhogearraí, nó an bogearraí saorsheasaimh a bheartaítear a reáchtáil ar chrua-earraí ríomhaire cuspóra ghinearálta do thomhaltóirí atá ann; ach ní áirítear leis lódálaí córas oibriúcháin, córas bunúsach ionchuir/aschuir, córas nó dochtearraí eile a bhíonn ag teastáil ag am bútála nó nuair a bhíonn an córas oibriúcháin á shuiteáil;

(39) ciallaíonn "córas crua-earraí ríomhaire cuspóra ghinearálta do thomhaltóirí" an teaglaim crua-earraí is ríomhaire iomlán ann, ag a bhfuil nádúr ilchuspóireach, an cumas atá aige feidhmiú leis na bogearraí iomchuí, agus é ag ríomh tascanna a bhíonn á n-iarraidh ag tomhaltóirí agus é ceaptha le bheith á oibriú ag tomhaltóirí; lena n-áirítear ríomhairí pearsanta, go háirithe ríomhairí deisce, leabhair nótaí, fóin chliste agus táibléid;

(40) ciallaíonn "cumas ríomhaireachta idirghníomhaí" feidhmiúlacht a thacaíonn le gníomhú idir duine agus gléas lena gceadaítear próiseáil agus tarchur sonraí, gutha nó físeáin, nó aon mheascán díobh sin;;

(41) Ciallaíonn "ríomhleabhar agus bogearraí tiomnaithe" seirbhís a sholáthraíonn comhaid dhigiteacha ina bhfuil leagan leictreonach de leabhar, is féidir a rochtain, a nascleanúint, a léamh agus a úsáid agus na bogearraí lena n-áirítear seirbhísí gléas móibílbhunaithe lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha atá tiomnaithe do rochtain, nascleanúint, léamh agus úsáid na gcomhad digiteach sin, agus ní áirítear leo bogearraí, a chumhdaítear faoin sainmhíniú i bpointe (42);

(42) ciallaíonn "ríomhléitheoir" trealamh tiomnaithe, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí, a úsáidtear le comhaid ríomhleabhair a rochtain, a nascleanúint, a léamh agus a úsáid;

(43) ciallaíonn "ticéid leictreonacha" aon chóras ina bhfuil teidlíocht chun taisteal, i bhfoirm amháin nó níos mó de thicéid taistil, síntiúis taistil nó creidmheas taistil, á stóráil go leictreonach ar phas iompar fisiciúil nó ar ghléas eile, seachas é a bheith priontáilte ar thicéad páipéir;

(44) ciallaíonn "seirbhísí ticéadaithe leictreonaigh" aon chóras ina gceannaítear ticéid iompair paisinéirí, lena n-áirítear ar líne, trí úsáid a bhaint as gléas a bhfuil cumas ríomhaireachta idirghníomhaí aige, agus a sheachadtar chuig an gceannaitheoir i bhfoirm leictreonach, chun gur féidir iad a phriontáil i bhfoirm pháipéir nó iad a thaispeáint ar ghléas soghluaiste tríd an gcumas ríomhaireachta idirghníomhaí nuair a bhítear ag taisteal.

CAIBIDIL II

Ceanglais inrochtaineachta agus saorghluaiseachta

Airteagal 4

Ceanglais inrochtaineachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 5 den Airteagal seo agus faoi réir Airteagal 14, nach gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ach táirgí ar an margadh agus nach gcuirfidh siad ar fáil ach na seirbhísí a chomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Aguisín I.

2. Comhlíonfaidh na táirgí go léir na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach i Roinn I d'Iarscríbhinn I.

Na táirgí go léir, cé is moite de chríochfoirt féinseirbhíse, comhlíonfaidh siad na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach i Roinn II d'Iarscríbhinn I.

3. Gan dochar do mhír 5 den Airteagal seo, comhlíonfaidh gach seirbhís, seachas seirbhísí iompair uirbeacha agus fo-uirbeacha agus seirbhísí iompair réigiúnacha, na ceanglais inrochtaineachta atá leagtha amach i Roinn III d'Iarscríbhinn I.

Gan dochar do mhír 5 den Airteagal seo, comhlíonfaidh na seirbhísí uile na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach i Roinn IV d'Iarscríbhinn I.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i bhfianaise na gcoinníollacha náisiúnta, maidir leis an timpeallacht thógtha atá in úsáid ag cliaint na seirbhísí a chumhdaítear faoin Treoir seo, go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, d'fhonn go mbeadh an úsáid is fearr is féidir á baint astu ag daoine faoi mhíchumas.

5. Micrifhiontair a sholáthraíonn seirbhísí, beidh siad díolmhaithe ó na ceanglais inrochtaineachta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a chomhlíonadh, agus ó aon oibleagáidí a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas sin.

6. Déanfaidh na Ballstáit treoirlínte agus uirlisí a sholáthar do mhicrifhiontair chun cur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta lena dtrasuítear an Treoir seo a éascú. Déanfaidh na Ballstáit na huirlisí sin a fhorbairt i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha.

7. Féadfaidh na Ballstáit samplaí táscacha a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha den chaoi le cloí leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I de bhreis ar na samplaí táscacha atá in Iarscríbhinn II.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh freagairt teachtaireachtaí éigeandála chuig an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112', ag an PFGE is iomchuí, go gcomhlíonfaidh sin na ceanglais inrochtaineachta ar leith a leagtar amach i Roinn V d'Iarscríbhinn I ar an mbealach is oiriúnaí d'eagrúchán náisiúnta na gcóras éigeandála.

9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn I a fhorlíonadh trí shonrú breise a dhéanamh ar na ceanglais inrochtaineachta nach féidir, i ngeall ar a nádúr féin, an éifeacht a cheaptar a bheidh acu a bhaint amach gan iad a shonrú a thuilleadh i ngníomhartha dlíthiúla ceangailteacha de chuid an Aontais, amhail ceanglais maidir le hidir-inoibritheacht.

Airteagal 5

An dlí de chuid an Aontais atá ann cheana i réimse an iompair do phaisinéirí

Na seirbhísí a chomhlíonann na ceanglais maidir le soláthar faisnéise inrochtana agus faisnéise ar inrochtaineacht a leagtar síos i Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (CE) Uimh. 1371/2007, (AE) Uimh. 1177/2010 agus (AE) Uimh. 181/2011 agus gníomhartha ábhartha a glacadh ar bhonn Threoir 2008/57, measfar go gcomhlíonann na seirbhísí sin na ceanglais chomhfhreagracha sa Treoir seo. I gcás ina ndéanann an Treoir seo foráil do cheanglais bhreise orthu siúd a thugtar sna Rialacháin agus na gníomhartha sin, beidh feidhm ag na ceanglais bhreise ina n-iomláine.

Airteagal 6

Saorghluaiseacht

Ní chuirfidh na Ballstáit bac, ar chúiseanna a bhaineann le ceanglais inrochtaineachta, ar tháirgí ná ar sholáthar seirbhísí ina gcríoch féin a chur ar fáil ar mhargadh a gcríche féin, a chomhlíonann an Treoir seo.

CAIBIDIL III

Na hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha a dhéilealann le táirgí

Airteagal 7

Oibleagáidí na monaróirí

1. Nuair a chuirfidh siad a gcuid táirgí ar an margadh, áiritheoidh na monaróirí gur dearadh agus gur monaraíodh na táirgí i gcomhréir le n ceanglais inrochtaineachta is infheidhme na Treorach seo.

2. Tarraingeoidh monaróirí suas an doiciméadacht theicniúil i gcomhréir le hIarscríbhinn IV agus cuirfidh siad i gcrích an nós imeachta um measúnú comhréireachta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin nó cuirfear i gcrích é thar a gceann.

I gcás ina léirítear, de bhun an nós imeachta sin, go bhfuil na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme á gcomhlíonadh ag táirge, déanfaidh monaróirí dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais a ullmhú agus an comhartha CE a ghreamú de.

3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil agus an dearbhú comhréireachta AE go ceann 5 bliana ó chuirtear an táirge ar an margadh.

4. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm a fhágfaidh go mbeidh an táirgeadh sraithe comhréireach leis an Treoir seo i gcónaí. Cuirfear san áireamh go leordhóthanach athruithe ar dhearadh nó ar shaintréithe an táirge agus athruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí teicniúla ar trína mbíthin a dhearbhaítear comhréireacht an táirge.

5. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh uimhir chineáil, baiscuimhir, nó sraithuimhir, nó eilimint eile lena gceadaítear, iad a aithint ar a dtáirgí, nó, i gcás nach féidir é sin de bharr mhéid nó chineál an táirge, áiritheoidh monaróirí go soláthrófar an fhaisnéis riachtanach ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

6. Léireoidh monaróirí ar an táirge, a n-ainm nó a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus a seoladh teagmhála, nó i gcás nach bhféadfar é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge. Ní foláir pointe singil ag a bhféadfar teagmháil a dhéanamh leis an monaróir a chur in iúl sa seoladh. Ní mór na sonraí teagmhála a bheith i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh agus le húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint gan stró.

7. Áiritheoidh monaróirí go bhfuil treoracha agus faisnéis ag gabháil leis an táirge i dteanga is féidir leis na tomhaltóirí agus leis na húsáideoirí deiridh eile a thuiscint go héasca, teanga arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann. Beidh treoracha agus faisnéis den sórt sin, chomh maith le haon lipéadú, soiléir, intuisceana agus intuigthe.

8. Monaróirí a mheasann, nó a bhfuil cúis mhaith acu lena chreidiúint, nach bhfuil táirge a chuir siad ar an margadh i gcomhréir leis an Treoir sin, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an táirge sin a thabhairt chun comhréireachta, nó más iomchuí, chun é a tharraingt siar. Thairis sin, i gcás nach gcomhlíonann an táirge na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, cuirfidh monaróirí údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát inar chuir siad an táirge ar fáil ar an eolas gan mhoill ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíonadh agus faoi aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh. I gcásanna den sórt sin, coimeádfaidh monaróirí clár de na táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme agus de na gearáin ghaolmhara.

9. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht táirge a léiriú ar fáil don údarás sin, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, ar aon ghníomh a dhéanfar chun neamhchomhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta is infheidhme maidir le táirgí atá curtha ar an margadh acu a dhíothú, agus go háirithe chun na táirgí a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme.

Airteagal 8

Ionadaithe údaraithe

1. Féadfaidh monaróir, trí bhíthin sainordú i scríbhinn, ionadaí údaraithe a cheapadh.

Ní bheidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7(1) ná ullmhú na doiciméadachta teicniúla mar chuid de shainordú an ionadaí údaraithe.

2. Déanfaidh ionadaí údaraithe na cúraimí a shonrófar sa sainordú a gheofar ón monaróir. Leis an sainordú sin, ligfear don ionadaí údaraithe an méid seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

(a) an dearbhú comhréireachta AE agus an doiciméadacht theicniúil a choinneáil ar fáil d'údaráis um fhaireachais margaidh ar feadh 5 bliana;

(b) tar éis dó iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá a chur ar fáil don údarás sin chun comhréireacht táirge a léiriú;

(c) oibriú i gcomhar leis na húdaráis inniúla náisiúnta, arna iarraidh sin dóibh, maidir le haon ghníomh a dhéanfar chun neamhchomhlíonadh táirgí leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme atá folaithe ag a sainordú a dhíothú.

Airteagal 9

Oibleagáidí na n-allmhaireoirí

1. Ní chuirfidh allmhaireoirí ach táirgí comhlíontacha ar an margadh.

2. Sula ndéanfar táirge a chur ar an margadh, áiritheoidh allmhaireoirí go mbeidh an nós imeachta um measúnú comhréireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV curtha i gcrích ag an monaróir. Áiritheoidh siad go bhfuil an doiciméadacht theicniúil tarraingthe suas ag an monaróir faoi mar a éilítear san Iarscríbhinn sin, go bhfuil comhartha CE ar an táirge agus go bhfuil na doiciméid a cheanglaítear ag gabháil leis agus go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) comhlíonta ag an monaróir.

3. I gcás ina measann allmhaireoir, nó a bhfuil cúis aige lena chreidiúint, nach bhfuil táirge i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta is infheidhme na Treorach seo, ní chuirfidh an t-allmhaireoir an táirge ar an margadh go dtugtar chun comhréireachta é. Ina theannta sin, i gcás nach gcomhlíonann an táirge na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, cuirfidh an t-allmhaireoir an monaróir agus na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas faoi sin.

4. Déanfaidh allmhaireoirí a léiriú ar an táirge, a n-ainm nó a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus a seoladh teagmhála, nó i gcás nach bhféadfar é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge. Ní mór na sonraí teagmhála a bheith i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh agus údaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint gan stró.

5. Áiritheoidh allmhaireoirí go bhfuil treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an táirge i dteanga is féidir leis na tomhaltóirí agus na húsáideoirí deiridh eile a thuiscint go héasca, teanga arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann.

6. Áiritheoidh allmhaireoirí, fad is atá táirge faoina bhfreagracht, nach gcuirfidh dálaí stórála ná iompair an táirge comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta is infheidhme i mbaol.

7. Déanfaidh allmhaireoirí, ar feadh tréimhse 5 bliana, cóip den dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais a choinneáil ar fáil d'údaráis faireacháin an mhargaidh agus áiritheoidh siad go bhféadfar an doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis sin, arna iarraidh sin dóibh.

8. Monaróirí a mheasann, nó a bhfuil cúis mhaith acu lena chreidiúint, nach bhfuil táirge a chuir siad ar an margadh i gcomhréir leis an Treoir sin, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an táirge sin a thabhairt chun comhréireachta, nó más iomchuí, é a tharraingt siar. Thairis sin, i gcás nach gcomhlíonann an táirge na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, cuirfidh monaróirí údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát inar chuir siad an táirge ar fáil ar an eolas gan mhoill ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíonadh agus faoi aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh. I gcásanna den sórt sin, coimeádfaidh allmhaireoirí clár de tháirgí nach gcomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme agus de na gearáin ghaolmhara.

9. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht táirge a léiriú ar fáil don údarás sin, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le gníomhaíocht ar bith a dhéanfar chun neamhchomhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta is infheidhme a bhaineann le táirgí atá curtha ar an margadh acu a dhíothú.

Airteagal 10

Oibleagáidí na ndáileoirí

1. Agus táirge á chur ar fáil ar an margadh, gníomhóidh dáileoirí le cúram cuí i ndáil leis na ceanglais na Treorach seo.

2. Sula gcuirfear táirge ar fáil ar an margadh, fíoróidh dáileoirí go bhfuil comhartha CE ar an táirge, go bhfuil na doiciméid a cheanglaítear agus na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta ag gabháil leis i dteanga is féidir leis na tomhaltóirí agus leis na húsáideoirí deiridh eile sa Bhallstát ina bhfuil an táirge le cur ar fáil ar an margadh a thuiscint go héasca, agus fíoróidh siad freisin gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) agus in Airteagal 9(4) faoi seach.

3. I gcás ina measfaidh dáileoir, nó a bhfuil cúis aige lena chreidiúint, nach bhfuil táirge i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta is infheidhme na treorach seo, ní chuirfidh an dáileoir an táirge ar fáil ar an margadh nó go dtugtar chun comhréireachta é. Thairis sin, i gcás nach gcomhlíonann an táirge na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, cuirfidh an dáileoir an monaróir nó an t-allmhaireoir mar aon leis na húdaráis um fhaireachais margaidh ar an eolas faoi sin.

4. Áiritheoidh dáileoirí, fad atá táirge faoina bhfreagracht, nach gcuireann dálaí stórála ná iompair an chaoi a gcomhlíonann sé na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme i mbaol.

5. Dáileoirí a mheasann, nó ag a bhfuil cúis lena chreidiúint, nach bhfuil táirge atá curtha ar fáil ar an margadh acu i gcomhréir leis an Treoir seo, áiritheoidh siad go ndéantar na bearta ceartaitheacha is gá chun an táirge sin a thabhairt chun comhréireachta, nó más iomchuí, chun é a tharraingt siar. Thairis sin, i gcás nach gcomhlíonann an táirge na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, cuirfidh monaróirí údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát inar chuir siad an táirge ar fáil ar an eolas gan mhoill ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíonadh agus faoi aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh.

6. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh dáileoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht táirge a léiriú ar fáil dó. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le gníomhaíocht ar bith a dhéantar chun neamhchomhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta is infheidhme a bhaineann le táirgí atá curtha ar fáil ar an margadh acu a dhíothú.

Airteagal 11

Cásanna ina mbaineann oibleagáidí monaróirí le hallmhaireoirí agus dáileoirí

Measfar allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina monaróir chun críocha na Treorach seo agus beidh an té sin faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal 7, i gcás ina gcuireann an té sin táirge ar an margadh faoina ainm nó faoina hainm nó faoina thrádmharc nó faoina trádmharc, nó i gcás ina modhnaíonn an té sin táirge atá curtha ar an margadh cheana féin ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais na Treorach seo.

Airteagal 12

Oibreoirí eacnamaíocha a dhéileálann le táirgí a shainaithint

1. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagail 7 go dtí 10, arna iarraidh sin, an méid seo a leanas a shainaithint do na húdaráis um fhaireachas margaidh:

(a) aon oibreoir eacnamaíoch eile a sholáthair táirge dóibh;

(b) aon oibreoir eacnamaíoch eile ar sholáthair siad táirge dó.

2. Beidh oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagail 7 go dtí 10 in ann an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo a thíolacadh ar feadh 5 bliana ó soláthraíodh an táirge dóibh agus ar feadh 5 bliana tar éis dóibh féin an táirge a sholáthar.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Treoir seo a leasú ionas an tréimhse dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcás táirgí sonracha, a athrú. Beidh an tréimhse leasaithe sin níos faide ná 5 bliana agus i gcomhréir le saol eacnamaíoch úsáideach an táirge lena mbaineann.

CAIBIDIL IV

Oibleagáidí na soláthraithe seirbhísí

Airteagal 13

Oibleagáidí na soláthraithe seirbhíse

1. Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse go ndearfaidh agus go soláthróidh siad seirbhísí i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo.

2. Ullmhóidh soláthraithe seirbhíse an fhaisnéis is gá i gcomhréir le hIarscríbhinn V agus míneoidh siad an tslí ina gcomhlíonann na seirbhísí na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil don phobal i bhformáid scríofa agus i bhformáid ó bhéal, lena n-áirítear ar bhealach atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhíse an fhaisnéis sin ar feadh thréimhse oibrithe na seirbhíse.

3. Gan dochar d'Airteagal 32, áiritheoidh soláthraithe seirbhíse go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm ionas go mbeidh soláthar seirbhísí i gcomhréir i gcónaí leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. I dtaca le hathruithe ar ghnéithe sholáthar na seirbhíse, le hathruithe ar na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, agus le hathruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó ar shonraíochtaí teicniúla trína ndearbhaítear go gcomhlíonann seirbhís na ceanglais inrochtaineachta, cuirfidh na soláthraithe seirbhíse san áireamh go leordhóthanach iad. I gcás neamhchomhréireachta, déanfaidh soláthraithe seirbhíse na bearta ceartaitheacha is gá chun go mbeidh an tseirbhís i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme.

4. I gcás neamhchomhréireachta, déanfaidh soláthraithe seirbhíse na bearta ceartaitheacha is gá chun go mbeidh an tseirbhís i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Thairis sin, i gcás nach gcomhlíonann an tseirbhís na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, cuirfidh soláthraithe seirbhíse údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil ar an eolas gan mhoill ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíonadh agus faoi aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh.

5. Soláthróidh soláthraithe seirbhíse d'údarás inniúil, arna iarraidh sin dó ar bhonn réasúnaithe, an fhaisnéis uile a theastaíonn chun a thaispeáint go bhfuil an tseirbhís i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Comhoibreoidh siad leis an údarás sin, arna iarraidh sin do na húdaráis sin, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar chun an tseirbhís sin a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais sin.

CAIBIDIL V

Athrú bunúsach ar tháirgí nó ar sheirbhísí agus ualach díréireach a chur ar oibreoirí eacnamaíocha

Airteagal 14

Athrú bunúsach agus ualach díréireach

1. Na ceanglais inrochtaineachta dá dtagraítear in Airteagal 4, ní bheidh feidhm acu ach a mhéid gur fíor an méid a leanas maidir leis na ceanglais sin a comhlíonadh:

(a) ní éilíonn siad athrú suntasach ar tháirge ná ar sheirbhís a bhfuil athrú ó bhonn ar a bhunchineál mar thoradh air; agus

(b) ní dhéanfar ualach díréireach ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a fhorchur dá mbarr.

2. Déanfaidh oibreoirí measúnú a chur i gcrích ar cibé an mbeadh comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta dá dtagraítear in Airteagal 4 ag tabhairt athrú bunúsach isteach nó, ar bhonn na gcritéar ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, an mbeadh ualach díréireach ann á fhorchur dá mbarr, de réir mar a fhoráiltear i mír 1 den Airteagal seo.

3. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha an measúnú dá dtagraítear i mír 2 a dhoiciméadú. Coinneoidh na hoibreoirí eacnamaíocha na torthaí ábhartha go léir ar feadh tréimhse 5 bliana a ríomhfar ón táirge a chur ar fáil ar an margadh den uair dheireanach nó tar éis an tseirbhís a chur ar fáil den uair dheireanach; de réir mar is infheidhme. Arna iarraidh sin do na húdaráis um fhaireachas an mhargaidh nó do na húdaráis atá freagrach as comhlíontacht seirbhísí a sheiceáil, mar is infheidhme, cuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha cóip den mheasúnú dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do na húdaráis.

4. De mhaolú ar mhír 3, beidh micrifhiontair a dhéileálann le táirgí díolmhaithe ó na ceanglais chun a measúnú a dhoiciméadú. Mar sin féin, má iarrann údarás um fhaireachas margaidh amhlaidh, déanfaidh na micrifhiontair a dhéileálann le táirgí agus a mhonaraíonn, a allmhairíonn nó a dháileann táirgí, agus atá ag brath ar mhír 1, na fíricí is ábhartha don mheasúnú dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fáil don údarás.

5. Soláthraithe seirbhíse atá ag brath ar phointe (b) de mhír 1, i ndáil le gach catagóir nó cineál seirbhíse, déanfaidh siad athnuachan ar a measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an t-ualach díréireach:

(a) nuair a athraítear an tseirbhís a thairgtear; nó

(b) arna iarraidh sin do na húdaráis atá freagrach as comhlíontacht seirbhísí a sheiceáil; agus

(c) ar aon chaoi, gach 5 bliana ar a laghad.

6. I gcás ina bhfaigheann oibreoirí eacnamaíocha cistiú ó fhoinsí eile seachas acmhainní an oibreora eacnamaíoch féin, bíodh sin poiblí nó príobháideach, a fhoráiltear chun feabhas a chur ar an inrochtaineacht, ní bheidh siad i dteideal brath ar phointe (b) de mhír 1.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn VI a fhorlíonadh trí na critéir ábhartha atá le cur san áireamh ag an oibreoir eacnamaíoch chun an measúnú dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a dhéanamh a shonrú. I gcás ina sonraítear tuilleadh de na critéir sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh ní amháin na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann do dhaoine faoi mhíchumas, ach, chomh maith leis sin, dóibh siúd a bhfuil teorainneacha feidhme acu.

Déanfaidh an Coimisiún an chéad ghníomh tarmligthe den sórt sin a ghlacadh pé uair is gá faoin 28 Meitheamh 2020. Cuirfear gníomh den sórt sin i bhfeidhm, ar a luaithe, an 28 Meitheamh 2025.

8. I gcás ina bhfuil oibreoirí eacnamaíocha ag brath ar mhír 1 le haghaidh táirge nó seirbhís ar leith, cuirfidh siad faisnéis á thabhairt sin le fios chuig an údarás ábhartha um fhaireachas margaidh nó údaráis atá freagrach as comhlíontacht seirbhísí a sheiceáil de chuid an Bhallstáit ina gcuirtear an táirge ar leith ar an margadh nó ina gcuirtear an tseirbhís ar leith ar fáil.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le micrifhiontair.

CAIBIDIL VI

Caighdeáin chomhchuibhithe agus sonraíochtaí teicniúla táirgí agus seirbhísí

Airteagal 15

Toimhde na comhréireachta

1. Toimhdeofar go bhfuil táirgí agus seirbhísí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe, nó codanna díobh, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo sa mhéid go bhfuil siad arna gcumhdach ag na caighdeáin sin nó ag codanna díobh.

2. Iarrfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú do na ceanglais inrochtaineachta táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Cuirfidh an Coimisiún an chéad dréacht-iarratas den sórt sin chuig an gcoiste ábhartha faoin 28 Meitheamh 2021.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar sonraíochtaí teicniúla a chomhlíonann ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach bhfoilsítear aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; agus

(b) inarb amhlaidh:

(i) a d'iarr an Coimisiún ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe a dhréachtú agus atá moill mhíchuí ar an nós imeachta um chaighdeánú nó nár ghlac aon cheann de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú leis an iarraidh; nó

(ii) gur féidir leis an gCoimisiún a léiriú go n-urramaíonn sonraíocht theicniúil na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ach amháin an ceanglas gur faoi eagraíocht neamhbhrabúsach a bhí sé na sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2).

4. Measfar táirgí agus seirbhísí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla nó le codanna díobh a bheith i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo sa mhéid go gcumhdaítear na ceanglais sin leis na sonraíochtaí teicniúla sin nó le codanna díobh.

CAIBIDIL VII

Comhréireacht táirgí agus comhartha CE a fháil

Airteagal 16

Dearbhú de chuid AE maidir le comhréireacht táirgí

1. Sonrófar sa dearbhú comhréireachta de chuid AE gur léiríodh go gcomhlíontar na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. I gcás inar baineadh úsáid, mar eisceacht, as Airteagal 14, sonrófar sa dearbhú comhréireachta de chuid AE na ceanglais inrochtaineachta atá faoi réir na heisceachta sin.

2. Beidh sa dearbhú comhréireachta de chuid AE struchtúr na samhla a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE. Beidh ann na gnéithe a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach. Ní fhorchuirfear aon ualach míchuí ar mhicrifhiontair ná ar FBManna leis na ceanglais maidir leis an doiciméadacht theicniúil. Aistreofar é go dtí an teanga nó go dtí na teangacha a éilíonn an Ballstát ina ndéantar an táirge a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh.

3. I gcás ina mbeidh táirge faoi réir níos mó ná gníomh amháin de chuid an Aontais lena gceanglaítear dearbhú comhréireachta de chuid AE, déanfar dearbhú comhréireachta aonair de chuid AE a ullmhú i leith gach gníomh Aontais den chineál sin. Beidh sa dearbhú sin sainaithint na ngníomhartha lena mbaineann, lena n-áirítear na tagairtí foilseacháin.

4. Tríd an dearbhú comhréireachta de chuid AE a dhréachtú, gabhfaidh an monaróir freagracht air féin go gcomhlíonfaidh an táirge ceanglais na Treorach seo.

Airteagal 17

Prionsabail ghinearálta maidir le comhartha CE a chur ar tháirgí

Beidh an comhartha CE faoi réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

Airteagal 18

Rialacha agus coinníollacha maidir leis an gcomhartha CE a ghreamú de tháirge

1. Déanfar an comharthú CE a ghreamú go feiceálach, go soléite agus go doscriosta den táirge nó dá phláta sonraí. Mura féidir é sin a dhéanamh nó mura bhfuil gá leis mar gheall ar chineál an táirge, feisteofar ar an bpacáistíocht é agus ar na doiciméid a ghabhann leis.

2. Greamófar an comhartha CE sula gcuirfear an táirge ar an margadh.

3. Cuirfidh na Ballstáit leis na sásraí reatha chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme i gceart an réim lena rialaítear an comhartha CE agus déanfaidh siad beart iomchuí i gcás ina mbaintear úsáid mhíchuí as an gcomhartha sin.

CAIBIDIL VIII

Faireachas margaidh táirgí agus nós imeachta cosanta an aontais

Airteagal 19

Faireachas margaidh a dhéanamh ar tháirgí

1. Beidh feidhm maidir le táirgí ag Airteagal 15(3), Airteagail 16 go 19, Airteagal 21, Airteagail 23 go 28 agus Airteagal 29(2) agus Airteagal 29(3) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

2. Nuair a bheidh faireachas margaidh á dhéanamh ar tháirgí ag údaráis ábhartha um fhaireachas margaidh, i gcás ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch tar éis brath ar Airteagal 14 den Treoir seo:

(a) déanfaidh siad a sheiceáil go bhfuil an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 14 curtha i gcrích ag an oibreoir eacnamaíoch,

(b) déanfaidh siad athbhreithniú ar an measúnú sin gona thorthaí, lena n-áirítear úsáid cheart a bhaint as na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn VI; agus

(c) seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta is infheidhme.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil do thomhaltóirí, arna iarraidh sin dóibh agus i bhformáid inrochtana, faisnéis atá i seilbh na n-údarás um fhaireachas margaidh maidir le ceanglais inrochtaineachta is infheidhme na Treorach seo atá le comhlíonadh ag oibreoirí eacnamaíocha agus maidir leis an measúnú dá bhforáiltear in Airteagal 14, ach amháin i gcás nach féidir an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar chúiseanna rúndachta de réir mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal (19)(5) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

Airteagal 20

Nós imeachta ar an leibhéal náisiúnta chun déileáil le táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme

1. I gcás ina mbeidh cúis leordhóthanach ag na húdaráis um fhaireachas margaidh i mBallstát amháin lena chreidiúint nach gcomhlíonann táirge a chumhdaítear leis an Treoir seo na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an táirge lena mbaineann lena gcumhdófar na ceanglais i go léir a leagtar amach sa Treoir seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha go hiomlán leis na húdaráis um fhaireachas margaidh chun na críche sin.

I gcás ina bhfionnfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, le linn na meastóireachta sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo, ceanglóidh siad gan mhoill ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh ionas go gcomhlíonfaidh an táirge na ceanglais sin laistigh de thréimhse réasúnach ama, i gcomhréir le cineál an neamhchomhlíonta, de réir mar a fhorordóidh siad.

Déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a cheangal ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha an táirge a tharraingt siar ón margadh, laistigh de thréimhse réasúnta bhreise, ach amháin más rud é gur mhainnigh an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha gníomh ceartaitheach leordhóthanach a dhéanamh laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír.

Beidh feidhm ag Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 maidir leis na bearta dá dtagraítear sa dara agus sa tríú fomhír den mhír seo.

2. I gcás ina measann na húdaráis um fhaireachas margaidh nach bhfuil neamh-chomhlíonadh srianta dá gcríoch náisiúnta, cuirfidh siad torthaí na meastóireachta agus na ngníomhaíochtaí ar chuir siad de cheangal ar an oibreoir eacnamaíoch iad a dhéanamh in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

3. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéantar gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí i leith na dtáirgí uile lena mbaineann atá curtha ar fáil aige ar an margadh ar fud an Aontais.

4. I gcás nach ndéanann an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha gníomhaíocht cheartaitheach leordhóthanach sa tréimhse dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 1, déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart sealadach iomchuí chun cosc nó srian a chur ar ar an dtáirge a bheith á gcur ar fáil ar a margadh náisiúnta, nó chun an táirge a tharraingt siar ón margadh sin

Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas i dtaobh na mbeart sin gan mhoill.

5. San fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4, beidh na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an táirge neamhchomhlíontach a shainaithint, ionad tionscnaimh an táirge, cineál an neamhchomhlíonta a líomhnaítear agus na ceanglais inrochtaineachta nach gcomhlíonann an táirge iad, cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh, agus na hargóintí a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha chun tosaigh. Go háirithe, cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh in iúl cibé an é aon cheann den dá ní seo is cúis leis an neamh-chomhlíonadh:

(a) go mainníonn an táirge na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme;

(b) easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe nó sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 15 agus lena mbronntar toimhde comhréireachta.

6. Déanfaidh na Ballstáit, seachas an Ballstát a thionscnaíonn an nós imeachta faoin Airteagal seo, aon bhearta a ghlactar agus aon fhaisnéis bhreise atá faoina réir acu agus a bhaineann le neamhchomhlíonadh an táirge lena mbaineann, agus, i gcás easaontas leis an mbeart náisiúnta ar tugadh fógra ina leith, a n-agóidí a chur in iúl gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

7. Más rud é, laistigh de thrí mhí tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4 a fháil, nach bhfuil aon agóid maidir le beart sealadach a ghlac Ballstát déanta ag Ballstát nó ag an gCoimisiún, measfar go bhfuil údar leis an mbeart sin.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta sriantacha iomchuí, amhail an táirge a tharraingt siar óna margadh gan mhoill, i leith an táirge lena mbaineann.

Airteagal 21

Nós imeachta cosanta an Aontais

1. I gcás, ach a gcríochnófar an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 20(3) agus (4), ina ndéantar agóidí i gcoinne beart atá déanta ag Ballstát, nó ina bhfuil fianaise réasúnta ag an gCoimisiún a thugann le fios go bhfuil beart náisiúnta contrártha le dlí an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, gan mhoill, leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfaidh sé meastóireacht ar an mbeart náisiúnta. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, cinnfidh an Coimisiún an bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta nó nach bhfuil.

Díreoidh an Coimisiún a chinneadh ar na Ballstáit uile agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl láithreach dóibh agus don oibreoir eacnamaíoch ábhartha nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

2. I gcás ina meastar bonn cirt a bheith leis an mbeart náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá chun a áirithiú go dtarraingeofar an táirge neamh-chomhlíontach siar óna margadh agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin. I gcás ina meastar nach bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an beart sin a tharraingt siar.

3. I gcás ina meastar go bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus go gcuirtear síos neamh-chomhlíonadh an táirge d'easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 20(5), déanfaidh an Coimisiún an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 a chur i bhfeidhm.

4. I gcás ina measfar údar a bheith leis an mbeart náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus ina ndéanfar neamhchomhlíonadh an táirge a leagan de mhilleán ar easnaimh sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 20(5), glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme gan mhoill lena leasaítear nó lena n-aisghairtear na sonraíochtaí theicniúla sin. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2).

Airteagal 22

Neamhchomhlíonadh foirmiúil

1. Gan dochar d'Airteagal 20, i gcás ina bhfaigheann Ballstát amach gur tharla ceann amháin de na nithe seo a leanas, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha deireadh a chur leis an neamh-chomhlíonadh lena mbaineann:

(a) greamaíodh an comhartha CE de shárú ar Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 nó ar Airteagal 18 den Treoir seo;

(b) nár greamaíodh an comhartha CE;

(c) ní dhearnadh dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh a dhréachtú;

(d) ní dhearnadh dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh a dhréachtú i gceart;

(e) níl fáil ar an doiciméadacht theicniúil nó níl sí iomlán;

(f) tá an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7(6) nó Airteagal 9(4) ar iarraidh, bréagach nó neamhiomlán;

(g) níor comhlíonadh ceann de na ceanglais riaracháin eile dá bhforáiltear in Airteagal 7 nó in Airteagal 9.

2. I gcás ina leanfaidh an neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann gach beart is iomchuí chun srian nó cosc a chur ar an táirge a bheith á chur ar fáil ar an margadh nó chun a áirithiú go dtarraingeofar siar ón margadh é.

CAIBIDIL IX

Comhlíonadh seirbhísí

Airteagal 23

Comhlíonadh seirbhísí

1. Chun an méid a leanas a dhéanamh bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta leordhóthanacha, cuirfidh siad i bhfeidhm iad agus tabharfaidh siad cothrom le dáta iad go tráthrialta:

(a) comhlíontacht na seirbhísí leis ceanglais na Treorach seo a sheiceáil, lena n-áirítear an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 14 a mbeidh feidhm ag Airteagal 19(2) *mutatis mutandis* ina leith;

(b) obair leantach a dhéanamh maidir le gearáin nó tuarascálacha i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le neamhchomhlíontacht seirbhísí leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir seo;

(c) a fhíorú go bhfuil an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá déanta ag an oibreoir eacnamaíoch.

2. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis a bheidh freagrach as cur chun feidhme na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 maidir le comhlíonadh seirbhísí.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an pobal ar an eolas gurb ann do na húdaráis dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sainaithneoidh siad na húdaráis sin, na freagrachtaí atá orthu, agus an obair agus na cinntí a dhéanann siad dá dtagraítear inti. Cuirfidh na húdaráis sin an fhaisnéis sin ar fáil i bhformáidí inrochtana arna iarraidh sin orthu.

CAIBIDIL X

Ceanglais inrochtaineachta i ngníomharthaeile an Aontais

Airteagal 24

Inrochtaineacht faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais

1. Maidir leis na táirgí agus leis na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2 den Treoir seo, is ceanglais inrochtaineachta éigeantacha de réir bhrí Airteagal 42(1) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 60(1) de Threoir 2014/25/AE a bheidh sna ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann léi.

2. Maidir le táirgí nó seirbhísí a gcomhlíonann a ngnéithe, a n-eilimintí nó a bhfeidhmeanna na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo i gcomhréir le Roinn VI d'Iarscríbhinn I, toimhdeofar go gcomhlíonann na táirgí nó na seirbhísí sin na ceanglais ábhartha inrochtaineachta a leagtar amach i ngníomhartha eile an Aontais i dtaca leis na gnéithe sin, na heilimintí sin nó na feidhmeanna sin mura bhforáiltear dá mhalairt sna gníomhartha eile sin.

Airteagal 25

Na caighdeáin chomhchuibhithe agus na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh gníomhartha eile de chuid an Aontais

I gcás ina bhfuil táirgí agus seirbhísí i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe agus le sonraíochtaí teicniúla nó le codanna díobh, ar caighdeáin nó sonraíochtaí iad a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 15, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir le hAirteagal 24 sa mhéid go gcomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí sin, nó codanna díobh, ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo.

CAIBIDIL XI

Gníomhartha tarmligthe, cumhachtaí cur chun feidhme agus forálacha críochnaitheacha

Airteagal 26

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 27 Meitheamh 2019.

Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12(3) agus in Airteagal 14(7) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 27 Meitheamh 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(9), Airteagal 12(3) agus Airteagal 14(7) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí ná sin a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(9), Airteagal 12(3) agus Airteagal 14(7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 27

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 28

Meitheal

Bunóidh an Coimisiún meitheal ina mbeidh ionadaithe na n-údarás náisiúnta um fhaireachas margaidh, na húdaráis atá freagrach as comhlíonadh na seirbhísí, agus na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe ó eagraíochtaí lucht míchumais.

Déanfaidh an mheitheal:

(a) malartú faisnéise agus dea-chleachtais i measc na n-údarás agus na ngeallsealbhóirí a éascú;

(b) an comhar a chothú idir na húdaráis agus na geallsealbhóirí ábhartha maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo chun feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas i gcur i bhfeidhm cheanglas inrochtaineachta na Treorach seo agus dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Airteagal 14, agus

(c) comhairle a chur ar fáil, go háirithe don Choimisiún, go háirithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 4 agus Airteagal 14.

Airteagal 29

Forfheidhmiú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil bealaí leordhóthanacha agus éifeachtacha ann chun comhréireacht leis an Treoir seo a áirithiú.

2. Áireofar ar na bealaí dá dtagraítear i mír 1:

(a) forálacha trína bhféadfaidh tomhaltóir caingean a thabhairt os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin faoin dlí náisiúnta chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha náisiúnta lena dtrasuítear an Treoir seo;

(b) forálacha trína bhféadfaidh comhlachtaí poiblí, comhlachais phríobháideacha nó eagraíochtaí príobháideacha nó eintitis dhlíthiúla eile ag a bhfuil leas dlisteanach i gcomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a áirithiú dul os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin faoin dlí náisiúnta thar ceann an ghearánaí nó mar thaca leis an ngearánaí, agus ceadú faighte uaidh nó uaithi, in aon nós imeachta breithiúnach nó gnás riaracháin arna chur ar fáil chun oibleagáidí faoin Treoir seo a fhorfheidhmiú.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le nósanna imeachta soláthair atá faoi réir Threoir 2014/24/AE nó Threoir 2014/25/AE.

Airteagal 30

Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.

2. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Beidh bearta ceartaitheacha éifeachtacha ag gabháil leis na pionóis i gcás neamhchomhlíonadh an oibreora eacnamaíoch.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

4. Cuirfear san áireamh sna pionóis méid na neamhchomhlíontachta, lena n-áirítear tromchúis na neamhchomhlíontachta agus líon na n-aonad de tháirgí nó seirbhísí neamhchomhlíontacha lena mbaineann, chomh maith le líon na ndaoine a ndéanann sin difear dóibh.

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo le nósanna imeachta soláthair atá faoi réir Threoir 2014/24/AE nó Threoir 2014/25/AE.

Airteagal 31

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 28 Meitheamh 2022, ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

2. Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 28 Meitheamh 2015.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh na bearta maidir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4(8) a chur i bhfeidhm ón 28 Meitheamh 2027.

4. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

5. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

6. Ballstáit a úsáideann an fhéidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 4(4), cuirfidh siad téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad uime sin in iúl don Choimisiún agus cuirfidh siad tuarascáil chuig an gCoimisiún ar an dul chun cinn a rinneadh ina gcur chun feidhme.

Airteagal 32

Bearta idirthréimhseacha

1. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, cuirfidh na Ballstáit idirthréimhse dar críoch an 28 Meitheamh 2030 ar fáil; idir an dá linn, féadfaidh soláthraithe seirbhíse a gcuid seirbhísí a sholáthar agus táirgí a úsáid a bhí in úsáid go dleathach acu go dtí sin d'fhonn seirbhísí comhchosúla a chur ar fáil.

Féadfaidh conarthaí seirbhíse, a comhaontaíodh roimh 28 Meitheamh 2025, leanúint ar aghaidh gan athrú go dtí go rachaidh siad in éag, ar choinníoll nach faide sin ná 5 bliana tar éis an dáta sin.

2. I dtaca leis na teirminéil féinseirbhíse sin a bhí in úsáid go dleathach ag soláthraithe seirbhíse chun a gcuid seirbhísí a sholáthar roimhe seo an 28 Meitheamh 2025, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil gur ceadmhach leanúint dá n-úsáid chun seirbhísí cosúla a sholáthar nó go mbeidh a sea eacnamaíoch tugtha, ach tráth nach faide ná 20 bliain ó tosaíodh á n-úsáid.

Airteagal 33

Tuairisciú agus athbhreithniú

1. Faoin 28 Meitheamh 2030, agus gach 5ú bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.

2. I bhfianaise a bhfuil ag tarlú i réimsí sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha, tabharfar aghaidh sa tuarascáil, *inter alia*, ar theacht chun cinn inrochtaineacht ar tháirgí agus ar sheirbhísí, gaibhniú teicneolaíochta nó bacainní ar an nuálaíocht a d'fhéadfadh tarlú agus ar an tionchar a bheadh ag an Treoir seo ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar dhaoine atá faoi mhíchumas. Déanfar a mheas freisin sna tuarascálacha sin cé acu a chuidigh nó nár chuidigh cur i bhfeidhm Airteagal 4(4) chun comhfhogasú a dhéanamh, nuair ab fhéidir sin, ar riachtanais éagsúla inrochtaineachta na timpeallachta tógtha a bhíonn ag seirbhísí iompair do phaisinéirí, seirbhísí baincéireachta tomhaltóirí, lárionaid seirbhísí custaiméirí, agus ag siopaí soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, d'fhonn gur féidir na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ailíniú go forásach.

Déanfar measúnú sa tuarascáil chomh maith ar cé acu a chuidigh nó nár chuidigh an Treoir seo, agus go háirithe a forálacha saorálacha, le comhfhogasú a dhéanamh maidir le héagsúlacht na gceanglas inrochtaineachta sa timpeallacht thógtha ar oibreacha iad a thagann faoi raon feidhme Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([35]), Treoir 2014/24/AE agus Treoir 2014/25/AE.

Anuas air sin, tabharfar aghaidh sna tuarascálacha ar an tionchar atá ag cur i bhfeidhm Airteagal 14 den Treoir seo ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil air sin, ar bhonn na faisnéise a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 14(8), agus ar chur i bhfeidhm na díolúine do mhicreafhiontair. Is bunaithe ar na tuarascálacha seo a chinnfear cé acu a d'éirigh nó nár éirigh leis an Treoir seo a cuid aidhmeanna a bhaint amach agus arbh iomchuí táirgí agus seirbhísí nua a chuimsiú, nó arbh iomchuí táirgí nó seirbhísí áirithe a eisiamh ó raon na Treorach seo; déanfaidh na tuarascálacha réimsí a shainaithint, nuair is féidir, maidir leis an ualach ábhartha a laghdú d'fhonn athbhreithniú féideartha a dhéanamh ar an Treoir seo.

I gcás inar gá, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a mholadh, a bhfeadfadh bearta reachtacha a bheith san áireamh iontu.

([35]) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le dámhachtain conarthaí lamháltais) (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá in iúl don Choimisiún in am trátha le go bhféadfaidh an Coimisiún tuarascáil den sórt sin a ullmhú.

4. Cuirfear barúlacha na ngeallsealbhóirí eacnamaíocha agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha san áireamh sna tuarascálacha ón gCoimisiún, lena n-áirítear eagraíochtaí daoine atá faoi mhíchumas.

Airteagal 34

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 35

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in Strasbourg an 17 Aibreán 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN I

CEANGLAIS INROCHTAINEACHTA A BHAINEANN LE TÁIRGÍ AGUS SEIRBHÍSÍ

Roinn I

Ceanglais inrochtaineachta ghinearálta a bhaineann le gach táirge a chumhdaítear faoin treoir seo I gcomhréir le hairteagal 2(1)

Ní mór táirgí a dhearadh agus a tháirgeadh chun go n-uasmhéadófar an úsáid intuartha a bhainfidh siad siúd atá faoi mhíchumas astu agus ní mór go mbeadh faisnéis inrochtana maidir lena bhfeidhmiú agus lena saintréithe inrochtaineachta ag gabháil leo; i gcás inar féidir, bíodh an fhaisnéis sin istigh sa táirge féin nó ar an táirge.

1. Na ceanglais maidir le soláthar faisnéise

(a) an fhaisnéis a thabharfar ar an táirge féin faoi úsáid an táirge (lipéadú, treoracha agus rabhadh), beidh an méid seo a leanas amhlaidh ina taobh:

(i) cuirfear ar fáil í trí níos mó ná cainéal céadfach amháin;

(ii) is ar bhealach intuigthe a chuirfear i láthair í;

(iii) is ar bhealaí atá inbhraite d'úsáideoirí a chuirfear i láthair í;

(iv) úsáidfear clómhéid leordhóthanach oiriúnach, agus aird á tabhairt ar dhálaí úsáide intuartha, codarsnacht leordhóthanach, chomh maith le spásáil inchoigeartaithe idir gach litir, líne agus mír;

(b) beidh na treoracha a bhaineann le húsáid an táirge, nach gcuirtear ar fáil ar an táirge féin ach a chuirtear ar fáil trí úsáid a bhaint as an táirge nó trí mhodhanna eile amhail an suíomh gréasáin, lena n-áirítear feidhmeanna inrochtaineachta an táirg, treoacha maidir lena ngníomhachtú agus maidir lenaa n-idir-inoibritheacht i dtaca le réitigh cúnta, beidh na treoracha sin ar fáil don phobal nuair a chuirtear an táirge ar an margadh agus beidh an méid seo a leanas amhlaidh ina taobh:

(i) cuirfear ar fáil í trí níos mó ná cainéal céadfach amháin;

(ii) is ar bhealach intuigthe a chuirfear i láthair iad;

(iii) is ar bhealaí atá inbhraite d'úsáideoirí a chuirfear i láthair iad;

(iv) úsáidfear clómhéid leordhóthanach oiriúnach, agus aird á tabhairt ar dhálaí úsáide intuartha, codarsnacht leordhóthanach, chomh maith le spásáil inchoigeartaithe idir gach litir, líne agus mír;

(v) cuirfear inneachar na dtreoracha ar fáil i dtéacsfhormáidí is inúsáidte chun formáidí cúnta malartacha a ghiniúint, a chuirfear i láthair ar bhealaí éagsúla agus trí níos mó ná cainéal céadfach amháin;

(vi) cuirfear aon inneachar neamhthéacsúil i láthair ar bhealach malartach;

(vii) beidh cur síos ann ar chomhéadan úsáideora an táirge (láimhseáil, rialú agus aiseolas, ionchur agus aschur) a chuirfear ar fáil i gcomhréir le pointe 2; maidir le gach pointe i bpointe 2, léireofar sa tuairisc cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na gnéithe sin ar fáil leis an táirge;

(viii) beidh ann tuairisc ar fheidhmiúlacht an táirge, arb iad na feidhmeanna lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais an té atá faoi mhíchumas, i gcomhréir le pointe 2, a thugann an fheidhmiúlacht sin don táirge; maidir le gach pointe i bpointe 2, léireofar sa tuairisc cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na gnéithe sin ar fáil leis an táirge;

(ix) beidh ann tuairisc ar bhogearraí agus chrua-earraí an táirge, lena dtéitear i gcomhéadan le feistí cúnta; tabharfar sa tuairisc liosta de na feistí cúnta a ndearnadh tástáil orthu in éineacht leis an táirge.

2. An comhéadan úsáideora agus an dearadh feidhmiúlachta:

Beidh ag an táirge, lena n-áirítear an comhéadan úsáideora, tréithe, eilimintí agus feidhmeanna a cheadóidh don té atá faoi mhíchumas an táirge a rochtain, a bhrath, a oibriú, a thuiscint agus a smachtú, tríd an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) más féidir leis an táirge cumarsáid a dhéanamh, lena n-áirítear cumarsáid idirphearsanta, oibriú, faisnéis, rialú agus treoshuíomh, ní taobh le cainéal céadfach amháin a bheifear chun sin a dhéanamh; áireofar leis sin roghanna malartacha a sholáthar i ndáil le heilimintí amhairc, fuaime, urlabhra agus tadhaill;

(b) má úsáideann an táirge caint, cuirfidh sé roghanna malartacha ar fáil ionas nach taobh leis an gcaint ná leis an ionchur gutha amháin a bheifear chun cumarsáid, rialú ionchuir, nó treoshuíomh a dhéanamh;

(c) má úsáideann an táirge amharc-eilimintí, beidh aige formhéadú, gile, agus codarsnacht sholúbtha i dtaca le cumarsáid, eolas, agus oibriú, agus áiritheofar go mbeidh sé idir-inoibritheach le cláir agus feistí cúnta ó thaobh a comhéadan a úsáid;

(d) má úsáideann an táirge dath chun eolas a chur in iúl, gníomhaíocht a léiriú, freagairt a iarraidh, nó eilimintí a shainaithint, ní taobh le dathanna amháin a bheidh sé chun sin a dhéanamh;

(e) má úsáideann an táirge comharthaí inchloiste chun faisnéis a chur in iúl, beart a léiriú, freagairt a iarraidh, nó eilimintí a shainaithint, ní taobh le comharthaí inchloiste amháin a bheidh an táirge;

(f) má úsáideann an táirge amharc-eilimintí, beidh aige freisin bealaí solúbtha chun an soiléire na híomhá a fheabhsú;

(g) má úsáideann an táirge fuaim, beidh an t-úsáideoir in ann airde agus luas na fuaime a rialú, agus beidh aige fuaimthréithe feabhsaithe lena n-áirítear laghdú trasnaíochta ó fhuaimchomharthaí a thagann ó tháirgí eile, mar aon le soiléire fuaime;

(h) nuair is ó láimh a chaitear an a rialú agus a oibriú, beifear in ann é a rialú go seicheamhach agus ní taobh le rialú mínluaile amháin a bheifear; fágfaidh sin nach dteastóidh rialtáin chomhuaineacha chun é a oibriú, agus beidh aige páirteanna tadhlacha in-idirdhealaithe;

(i) seachnófar modhanna oibríochta a éilíonn go mbeadh an té a úsáidfidh an táirge lúfar láidir, nó in ann síneadh fada a bhaint as na géaga;

(j) áiritheofar nach mbeidh an táirge ina shiocair le taomanna fótamhothálacha;

(k) tabharfaidh an táirge cosaint do phríobháideacht an úsáideora tráth a n-úsáidtear na saintréithe inrochtaineachta;

(l) ní taobh le sainaithint agus rialú bithmhéadrach amháin a bheidh an táirge;

(m) áiritheofar go mbeidh ag an táirge comhsheasmhacht feidhmiúlachta agus go dtabharfaidh sé dóthain ama don té a úsáidfidh idirghníomhú leis, agus go mbeidh fad an ama sin solúbtha;

(n) beidh ag an táirge bogearraí agus crua-earraí chun gur féidir dul i gcomhéadan le teicneolaíochtaí cúnta;

(o) beidh an táirge i gcomhréir leis na riachtanais earnáilsonracha seo a leanas:

(i) teirminéil féinseirbhíse:

— beidh aige teicneolaíocht téacs-go-teanga;

— beifear in ann cluasáin phearsanta a úsáid leis;

— i gcás ina dteastóidh freagairt amaithe, ní taobh le cainéal céadfach amháin a bheifear chun rabhadh faoi sin a thabhairt don úsáideoir;

— beifear in ann síneadh a chur leis an am a cheadófar;

— beidh aige codarsnacht leordhóthanach agus eochracha agus rialtáin thadhlacha in-idirdhealaithe i gcás ina mbíonn eochracha agus rialtáin ag an táirge;

— ní chaithfear saintréith inrochtaineachta, ar saintréith í a theastaíonn ó úsáideoir, a chur i ngníomh chun gur féidir leis an úsáideoir an táirge a úsáid;

— má úsáideann an táirge fuaimchomharthaí nó comharthaí inchloiste, beidh sé ag teacht le gach feiste agus teicneolaíocht chúnta dá mbeidh ar fáil san Aontas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí éisteachta amhail áiseanna éisteachta, teilea-chornaí, ionchlannáin cochla, agus feistí cúnta éisteachta;

(ii) beidh teicneolaíocht téacs-go-teanga ag ríomhléitheoirí;

(iii) i dtaca le trealamh teirminéil do thomhaltóirí, a bhfuil acmhainn ríomhaireachta idirghníomhach aige, agus a úsáidtear chun seirbhísí cumarsáide leictreonacha a sholáthar:

— beidh an trealamh sin, más téacsinniúil chomh maith le bheith glórinniúil, in ann téacs fíor-ama a láimhseáil agus fuaim ard-dílseachta a iompar;

— beidh an trealamh sin, más físeáninniúil chomh maith le — nó i gcumasc le – téacsinniúil agus glórinniúil, in ann comhrá iomlán a láimhseáil lena n-áirítear glór sioncrónaithe, téacs fíor-ama, agus físeán a bhfuil gléine dar tualaing cumarsáid le teanga chomharthaíochta a cheadú;

— áiritheoidh sé cúpláil éifeachtach gan sreang le teicneolaíochtaí éisteachta;

— seachnóidh sé trasnaíocht le feistí cúnta;

(iv) cuirfear ar fáil trealamh teirminéil do thomhaltóirí, a bhfuil ardacmhainn idirghníomhach ríomhaireachta aige, lena ndéantar seirbhísí meán closamhairc a rochtain don té atá faoi mhíchumas na comhpháirteanna inrochtaineachta sin, arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí meán closamhairc, lena dtabharfar deis rochtana, roghnaithe, rialaithe, agus pearsantaithe don úsáideoir, agus lena mbeifear in ann tarchur chuig feistí cúnta.

3. Seirbhísí tacaíochta:

Ach sin a bheith ar fáil, déanfaidh seirbhísí tacaíochta (deasca cabhracha, glao-ionaid, tacaíocht theicniúil, seirbhísí athsheachadta, agus seirbhísí oiliúna) faisnéis a sholáthar maidir le hinrochtaineacht an táirge gona chomhoiriúnacht le teicneolaíochtaí cúnta, ar bhealaí soiléire intuigthe.

Roinn II

Ceangalis inrochtaineachta a bhaineann le tairgí in airteagal 2(1), ach amháin na teirminéil féinseirbhíse dá dtagraítear I bpointe (b) in airteagal 2(1)(b)

Sa bhreis ar cheanglais Roinn I, beidh pacáistiú agus treoracha na dtáirgí a chumhdaítear sa Roinn seo inrochtana, d'fhonn pé úsáid intuartha a bhainfidh an té atá faoi mhíchumas astu a uasmhéadú. Fágann sin go bhfuil sé mar seo:

(a) i dtaca le pacáistiú an táirge, lena n-áirítear an fhaisnéis a ghabhann leis (e.g. maidir le hoscailt, dúnadh, úsáid, diúscairt) lena n-áirítear, nuair is ann di, faisnéis faoi shaintréithe inrochtaineachta an táirge, beidh sin inrochtana agus le fáil ar an bpacáiste féin nuair is indéanta;

(b) i dtaca le treoracha suiteála, cothabhála, stórála agus diúscartha an táirge nach gcuirtear ar an táirge féin ach in áit eile amhail suíomh gréasáin, beidh fáil orthu go poiblí ach a gcuirtear an táirge ar an margadh, agus beidh siad i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(i) chuirfear ar fáil na treoracha sin trí níos mó ná cainéal céadfach amháin;

(ii) curtha i láthair go hintuigthe;

(iii) cuirfear i láthair na n-úsáideoirí iad ar bhealach is inbhraite dóibh;

(iv) cuirfear i láthair gclómhéid leordhóthanach oiriúnach iad, agus aird á tabhairt ar dhálaí úsáide intuartha, codarsnacht leordhóthanach, chomh maith le spásáil inchoigeartaithe idir gach litir, líne agus mír;

(v) cuirfear inneachar na dtreoracha ar fáil i dtéacsfhormáidí is inúsáidte chun formáidí cúnta malartacha a ghiniúint, a bheidh le cur i láthair ar bhealaí éagsúla agus trí níos mó ná cainéal céadfach amháin; agus

(vi) i gcás treoracha ina mbeidh inneachar neamhthéacsúil, cuirfear an t-inneachar sin i láthair ar bhealach malartach freisin.

Roinn III

Ceanglais inrochtaineachta ghinearálta a bhaineann le gach seirbhís a chumhdaítear faoin treoir seo I gcomhréir le hairteagal 2(2)

Mar seo thíos a dhéanfar seirbhísí a sholáthar d'fhonn an úsáid intuartha a bhainfidh siad siúd atá faoi mhíchumas astu a uasmhéadú:

(a) inrochtaineacht na dtáirgí a úsáidtear chun an tseirbhís a sholáthar a áirithiú, i gcomhréir le Roinn I den Iarscríbhinn seo, agus le Roinn II di i gcás inarb iomchuí;

(b) faisnéis a sholáthar faoi fheidhmiú na seirbhíse, agus — i gcás ina n-úsáidtear na táirgí chun an tseirbhís sin a sholáthar —an nasc atá ag an tseirbhís leis na táirgí sin mar aon le faisnéis maidir lena gcuid saintréithe inrochtaineachta agus lena n-idir-inoibritheacht le feistí agus saoráidí cúnta:

(i) cuirfear an fhaisnéis ar fáil trí níos mó ná cainéal céadfach amháin;

(ii) an fhaisnéis a chur ar fáil ar bhealach sothuigthe;

(iii) an fhaisnéis a chur i láthair na n-úsáideoirí ar bhealaí is inbhraite dóibh;

(iv) inneachar na faisnéise a chur ar fáil i dtéacsfhormáidí is inúsáidte chun formáidí cúnta malartacha a ghiniúint, a gcuirfidh na húsáideoirí i láthair ar bhealaí éagsúla iad agus trí níos mó ná cainéal céadfach amháin;

(v) cuirfear i láthair i gclómhéid leordhóthanach oiriúnach iad, agus aird á tabhairt ar dhálaí úsáide intuartha, codarsnacht leordhóthanach, chomh maith le spásáil inchoigeartaithe idir gach litir, líne agus mír;

(vi) déanfar gach inneachar neamhthéacsúil a chur i láthair ar bhealach eile; agus

(vii) cuirfear ar fáil gach faisnéis leictreonach, a theastóidh chun an tseirbhís a chur ar fáil ar bhealach comhleanúnach leordhóthanach, tríd an bhfaisnéis a bheith inbhraite, inoibrithe, intuigthe agus stóinsithe;

(c) tabharfar rochtain go comhleanúnach leordhóthanach ar shuíomhanna gréasáin gona n-iarratais ghaolmhara ar líne agus gona seirbhísí do ghléasanna móibíleacha, lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha is inrochtana go comhleanúnach leordhóthanach, trína ndéanamh inbhraite, inoibrithe, intuigthe agus stóinsithe;

(d) ach sin a bheith ar fáil, seirbhísí tacaíochta a bheith ann (deasca cabhracha, glao-ionaid, tacaíocht theicniúil, seirbhísí athsheachadta, agus seirbhísí oiliúna) a dhéanfaidh faisnéis a sholáthar maidir le hinrochtaineacht an táirge gona chomhoiriúnacht le teicneolaíochtaí cúnta, ar bhealaí soiléire intuigthe.

Roinn IV

Ceanglais bhreise inrochtaineachta a bhaineann le seirbhísí sonracha

Déanfar seirbhísí a sholáthar d'fhonn an úsáid intuartha a bhainfidh siad siúd atá faoi mhíchumas astu a uasmhéadú, trí fheidhmeanna, cleachtais, beartais agus nósanna imeachta, agus athruithe i dtaca le hoibriú na seirbhíse a dhírítear ar na riachtanais a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas a áireamh agus áiritheofar go mbeidh siad idir-inoibritheach le teicneolaíochtaí cúnta:

(a) Seirbhísí cumarsáide leictreonaí lena n-áirítear an chumarsáid leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 109(2) de Threoir (AE) 2018/1972:

(i) Téacs fíor-ama a chur ar fáil sa bhreis ar ghlórchumarsáid;

(ii) Deis comhrá iomláin i gcás ina mbíonn físeán ar fáil sa bhreis ar ghlórchumarsáid;

(iii) A áirithiú go ndéantar sioncrónú ar chumarsáid éigeandála a úsáideann glór, téacs (lena n-áirítear téacs fíor-ama) agus i gcás ina gcuirtear físeán ar fáil, go ndéantar sioncrónú mar chomhrá iomlán freisin agus go dtarchuireann na soláthraithe seirbhíse cumarsáide leictreonaí í chuig an PFGE is iomchuí.

(b) Seirbhísí a thugann rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc:

(i) eolairí leictreonacha clár a chur ar fáil atá inbhraite, inoibrithe, intuigthe agus stóinsithe agus a thugann faisnéis faoi infhaighteacht na hinrochtaineachta;

(ii) a áirithiú go ndéantar comhpháirteanna inrochtaineachta (seirbhísí rochtana) na seirbhísí meán closamhairc amhail fotheidil do dhaoine bodhra agus daoine nach bhfuil an éisteacht go maith acu, tráchtaireacht fuaime, fotheidil labhartha agus ateangaireacht chomharthaíochta a tharchur go hiomlán agus iad ar cháilíocht leordhóthanach lena dtaispeáint go beacht, agus iad a shioncrónú le fuaim agus físeán, ach an deis a bheith ag an úsáideoir i gcaitheamh an ama an taispeáint agus an úsáid sin a rialú.

(c) seirbhísí iompair paisinéirí aeir, bus, iarnróid agus uisce seachas le haghaidh seirbhísí iompair uirbeacha, fo-uirbeacha agus seirbhísí iompair réigiúnacha:

(i) soláthar faisnéise i dtaca le hinrochtaineacht feithiclí agus na timpeallachta tógtha agus na n-infreastruchtúr máguaird agus soláthar cúnaimh do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú;

(ii) soláthar faisnéise a áirithiú faoi thicéadú cliste (áirithint leictreonach, áirithint ticéad, etc.), faisnéis fíor-ama taistil (tráthchláir, faisnéis faoi shuaitheadh tráchta, naisc taistil, ag taisteal romhat ar mhodhanna eile iompair, etc.), agus faisnéis faoi sheirbhís bhreise (e.g. foirne na stáisiún, ardaitheoirí a bheith as ord nó seirbhísí a bheith gan fáil go sealadach).

(d) Seirbhísí iompair uirbeacha agus fo-uirbeacha agus seirbhísí iompair réigiúnacha: Inrochtaineacht teirminéal féinseirbhíse a úsáidtear chun an tseirbhís a sholáthar a áirithiú, i gcomhréir le Roinn I den Iarscríbhinn seo.

(e) Seirbhísí baincéireachta do thomhaltóirí:

(i) Modhanna sainaitheantais, sínithe leictreonacha, slándáil agus seirbhísí íocaíochta a sholáthar agus iad inbhraite, intuigthe, inoibrithe agus stóinsithe.

(ii) A áirithiú gur féidir an fhaisnéis a thuiscint, agus gan dul thar leibhéal castachta is airde ná leibhéal B2 (ard-idirmheánach) Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha de chuid Chomhairle na hEorpa.

(f) Ríomhleabhair:

(i) trína áirithiú, i gcás ina mbíonn fuaim chomh maith le téacs ag dul le ríomhleabhar, go mbeidh an fhuaim agus an téacs ag teacht le chéile;

(ii) a áirithiú nach bhfágann comhaid dhigiteacha an ríomhleabhair nach féidir leis an teicneolaíocht chúnta oibriú mar is ceart;

(iii) rochtain a áirithiú ar an inneachar, ar loingseoireacht an chomhadinneachair gona leagan amach lena n-áirítear an leagan amach dinimiciúil, mar aon le soláthar an struchtúir, agus solúbthacht agus rogha i dtaca le cur i láthair agus inneachar;

(iv) go mbeifear in ann an t-inneachar agus a idir-inoibritheacht le réimse de theicneolaíochtaí cúnta, a léiriú ar bhealaí eile sa chaoi is go mbeidh sé inbhraite, intuigthe, inoibrithe agus stóinsithe;

(v) iad a bheith inbhraite trí fhaisnéis a chur ar fáil trí bhíthin meiteashonraí faoina saintréithe inrochtaineachta;

(vi) a áirithiú nach bhfágann bearta a bhaineann le Bainistiú Cearta Digiteacha nach féidir teacht ar na saintréithe inrochtaineachta.

(g) Seirbhísí ríomhthráchtála:

(i) an fhaisnéis faoi inrochtaineacht na dtáirgí agus na seirbhísí atáthar a dhíol a sholáthar, i gcás inarb é an t-oibreoir freagrach eacnamaíoch a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil;

(ii) rochtain a áirithiú ar an bhfeidhmíocht sainaitheantais, slándála, agus íocaíochta, nuair nach mar tháirge ach mar chuid de sheirbhís a sheachadtar, trína dhéanamh inbhraite, intuigthe, inoibrithe agus stóinsithe;

(iii) modhanna sainaitheantais, sínithe leictreonacha, agus seirbhísí íocaíochta a sholáthar agus iad inbhraite, intuigthe, inoibrithe agus stóinsithe.

Roinn V

Na ceanglais inrochtaineachta ar leith a bhaineann le freagairt teachtaireachtaí éigeandála chuig an uimhir aonair éigeandála eorpach "112" ag an PFGE is iomchuí

D'fhonn a n-úsáid intuartha ag daoine atá faoi mhíchumas a uasmhéadú, bainfear amach freagairt teachtaireachtaí éigeandála chuig an uimhir aonair éigeandála Eorpach "112" ag an PFGE is iomchuí,, trí fheidhmeanna, cleachtais, beartais agus nósanna imeachta agus athruithe atá spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag daoine atá faoi mhíchumas.

Tabharfar freagairt ar theachtaireachtaí éigeandála chuig an uimhir aonair éigeandála Eorpach "112", ar an mbealach is oiriúnaí d'eagrúchán náisiúnta na gcóras éigeandála, ag an PFGE is iomchuí agus úsáid á baint as na modhanna cumarsáide céanna a fuarthas, eadhon trí úsáid a bhaint as glór agus téacs sioncrónaithe (lena n-áirítear téacs fíor-ama), nó, i gcás ina gcuirtear físeán ar fáil, glór, téacs (lena n-áirítear téacs fíor-ama) agus físeán sioncrónaithe mar chomhrá iomlán.

Roinn VI

Ceanglais inrochtana le haghaidh tréithe, eilimintí nó feidhmeanna táirgí agus seirbhísí I gcomhréir le hairteagal 24(2)

Má thoimhdítear go gcomhlíontar na ceanglais ábhartha inrochtaineachta a leagtar amach i ngníomhartha eile an Aontais i dtaca le tréithe, le heilimintí nó le feidhmeanna táirgí agus seirbhísí, éilítear an méid seo a leanas:

1. Táirgí:

(a) cloíonn inrochtaineacht na faisnéise a bhaineann le feidhmiú agus le saintréithe inrochtaineachta maidir le táirgí leis na heilimintí comhfhreagracha a leagtar amach i bpointe 1 de mhír 1 den Iarscríbhinn seo, eadhon an fhaisnéis a thabharfar ar an táirge féin faoi úsáid an táirge agus na treoracha a bhaineann le húsáid an táirge, nach gcuirtear ar fáil ar an táirge féin ach a chuirtear ar fáil trí úsáid a bhaint as an táirge nó trí mhodhanna eile amhail suíomh gréasáin;

(b) cloíonn inrochtaineacht tréithe, eilimintí agus feidhmeanna an chomhéadain úsáideora agus dearadh feidhmiúlachta táirgí le ceanglais inrochtaineachta chomhfhreagracha an chomhéadain úsáideora sin nó an dearaidh feidhmiúlachta sin a leagtar amach i bpointe 2 de mhír I den Iarscríbhinn seo;

(c) inrochtaineacht an phacáistithe, lena n-áirítear an fhaisnéis a sholáthraítear air agus treoracha chun an táirge a shuiteáil, a chothabháil, a stóráil agus a dhiúscairt nach soláthraítear ar an táirge féin ach a chuirtear ar fáil trí mhodhanna eile amhail ar shuíomh gréasáin, seachas i gcás teirminéal féinseirbhíse, cloíonn sí leis na ceanglais inrochtaineachta chomhfhreagracha a leagtar amach I Roinn II den Iarscríbhinn seo.

2. Seirbhísí:

cloíonn inrochtaineacht tréithe, eilimintí agus feidhmeanna seirbhísí leis na ceanglais inrochtaineachta chomhfhreagracha do na tréithe, eilimintí agus feidhmeanna sin a leagtar amach sna Ranna sin den Iarscríbhinn seo.

Roinn VII

Critéir feidhmíochta feidhmiúla

D'fhonn a n-úsáid intuartha ag daoine atá faoi mhíchumas a uasmhéadú, i gcás nach dtugtar aghaidh sna ceanglais inrochtaineachta, a leagtar amach i míreanna I go VI den Iarscríbhinn seo, ar cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a bheidh ag dearadh agus táirgeadh na dtáirgí, nó ag soláthar seirbhísí, beidh na feidhmeanna nó na modhanna sin inrochtana,, trí na critéir feidhmíochta feidhmiúla ábhartha a shásamh.

Ní ceadmhach na critéir feidhmíochta feidhmiúla sin a úsáid de rogha ar cheanglas sonrach teicniúil amháin nó níos mó, i gcás ina dtagraítear dóibh sin sna ceanglais feidhmiúlachta, ach i gcás — agus sa chás sin amháin —ina sásaíonn cur chun feidhme na gcritéar feidhmiúlachta feidhmiúla ábhartha na ceanglais inrochtaineachta agus gurb é sin a chinneann go bhfágann dearadh agus táirgeadh na dtáirgí agus soláthar na seirbhísí go mbíonn inrochtaineacht chomhionann nó breis inrochtaineachta i gceist leis an úsáid intuartha a bhainfidh daoine faoi mhíchumas as na táirgí agus seirbhísí sin.

(a) Úsáid ag an té atá gan radharc

Más féidir an táirge nó an tseirbhís a oibriú leis an tsúil, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, nach mbraitheann ar an radharc.

(b) Úsáid ag an té atá ar bheagán radhairc

Más féidir an táirge nó an tseirbhís a oibriú leis an tsúil, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, a chuirfidh ar chumas an té atá ar bheagán radhairc an táirge a oibriú.

(c) Úsáid ag an té nach léir dathanna

Más féidir an táirge nó an tseirbhís a oibriú leis an tsúil, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, nach gá don úsáideoir dathanna a bhrath lena úsáid.

(d) Úsáid ag an té atá gan éisteacht

Más féidir an táirge nó an tseirbhís a oibriú leis an gcluas, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, nach mbraitheann ar an éisteacht.

(e) Úsáid ag an té atá ar bheagán éisteachta

Más féidir an táirge nó an tseirbhís a oibriú leis an gcluas, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, ag a mbeidh fuaimthréithe feabhsaithe a chuirfidh ar chumas an té atá ar bheagán éisteachta an táirge a oibriú.

(f) Úsáid ag an té atá gan chaint

Más féidir an táirge nó an tseirbhís a oibriú leis an nglór, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, nach n-éilíonn ionchur ón nglór. Áirítear le hionchur ón nglór aon fhuaim a ghintear sa bhéal amhail caint, feadaíl nó smeach.

(g) Úsáid ag an té atá ar bheagán brí agus lúth géag

Más gá stuaim láimhe chun an táirge nó an tseirbhís a oibriú, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, a chuirfidh ar chumas an té a úsáidfidh an táirge é sin a dhéanamh le gníomhaíocht nach n-éilíonn rialú mínluaile, lúth géag/stuaim láimhe, ná neart láimhe, ná go n-oibreofaí níos mó ná rialtán amháin in éineacht.

(h) Úsáid ag an té nach bhfuil in ann na géaga a shíneadh go mór

Beidh na heilimintí lena n-oibrítear táirgí i bhfoisceacht síneadh láimhe den té a úsáidfidh. Más féidir an táirge nó an tseirbhís a oibriú leis na lámha, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, is féidir a úsáid ar bheagán brí agus gan na géaga a shíneadh go mór.

(i) A áireamh a mhéid is féidir nach mbeidh an táirge ina shiocair le taomanna fótamhothálacha

Más féidir an táirge a oibriú leis an tsúil, seachnófar modhanna oibríochta ba shiocair le taomanna fótamhothálacha.

(j) Úsáid ag an té atá ar bheagán cognaíochta

Beidh ag an táirge nó an tseirbhís modh oibríochta amháin, ar a laghad, ag a mbeidh tréithe darb aidhm úsáid an táirge nó na seirbhíse a shimpliú agus a éascú.

(k) Príobháideacht

Más de thréithe an táirge nó na seirbhíse tréithe darb aidhm an inrochtaineacht, beidh ann modh oibríochta amháin, ar a laghad, a thugann príobháideacht don té a úsáidfidh saintréithe inrochtaineachta sin.

IARSCRÍBHINN II

SAMPLAÍ TÁSCACHA NEAMHCHEANGAILTEACHA DE RÉITIGH FHÉIDEARTHA LENA gCUIDÍTEAR CHUN NA CEANGLAIS INROCHTAINEACHTA ATÁ IN IARSCRÍBHINN I A CHOMHLÍONADH

ROINN I:

SAMPLAÍ A BHAINEANN LE CEANGLAIS GHINEARÁLTRA INROCHTAINEACHTA DO NA TÁIRGÍ GO LÉIR A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN TREOIR SEO I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 2(1)

CEANGLAIS I ROINN I DE IARSCRÍBHINN I	SAMPLAÍ
1. Faisnéis a sholáthar	
(a)	
(i)	Faisnéis amhairc nó tadhaill nó faisnéis amhairc nó fuaime a sholáthar a inseoidh an áit is ceart cárta a chur isteach sa teirminéal féinseirbhíse chun gur féidir leis an té atá dall agus an té atá bodhar an teirminéal a úsáid.
(ii)	Úsáid a bhaint as na focail chéanna ar bhealach comhsheasmhach, nó úsáid a bhaint as múnla soiléir loighciúil, ionas gur fearrde a bheidh an té atá faoi mhíchumas intleachtúil in ann an fhaisnéis sin a thuiscint.
(iii)	An fhaisnéis a chur mar rilíf intadhaill nó mar fhuaim de bhreis ar an rabhaidh scríofa chun gur inbhraite sin ag an té atá dall.
(iv)	Chun gur féidir leis an té atá ar lagamharc an téacs a léamh.
(b)	
(i)	Comhaid leictreonacha a chur ar fáil is inléite ag ríomhaire a úsáideann léitheoir scáileáin chun gur féidir leis an té atá dall an fhaisnéis a úsáid.
(ii)	Úsáid a bhaint as na focail chéanna ar bhealach comhsheasmhach, nó úsáid a bhaint as múnla soiléir loighciúil, ionas gur fearrde a bheidh an té atá faoi mhíchumas intleachtúil in ann an fhaisnéis sin a thuiscint.
(iii)	Fotheidil a chur ar fáil i gcás ina gcuirtear ar fáil fístreoracha.
(iv)	Chun gur féidir leis an té atá ar lagamharc an téacs a léamh.
(v)	Priontáil as Braille chun gur féidir leis an té atá dall iad a úsáid.
(vi)	Téacs a chur le léaráid, ina ndéanfar cur síos ar na príomheilimintí nó na príomhghníomhaíochtaí.
(vii)	Níor cuireadh aon sampla ar fáil
(viii)	Níor cuireadh aon sampla ar fáil
(ix)	Soicéad maille le bogearra a chur in uathmheaisíní bainc (ATM) chun gur féidir cluasáin a cheangal leis agus an téacs atá ar an scáileán a léamh mar fhuaim.

2.	Comhéadan úsáideora agus dearadh feidhmiúlachta
(a)	Na treoracha a thabhairt mar chomhad fuaime nó mar théacs, nó trí thadhallchomharthaí a chur ar an méarchlár, chun gur féidir leis an té atá dall nó ag a bhfuil deacrachtaí éisteachta idirghníomhú leis an táirge.
(b)	Treoracha a chur ar fáil mar théacs nó mar íomhá i dteirminéal féinseirbhíse, chomh maith leis na treoracha a thugtar ó bhéal, chun gur féidir leis an té atá bodhar pé gníomh is riachtanach a dhéanamh
(c)	Cur ar chumas na n-úsáideoirí an téacs a mhéadú, zúmáil isteach agus amach ar phicteagram nó an chodarsnacht a ardú, chun gur féidir leis an té atá ar lagamharc an fhaisnéis a bhrath.
(d)	Ní hé amháin go bhféadfadh duine an cnaipe glas nó an cnaipe dearg a bhrú agus rogha á déanamh ach d'fhéadfaí na roghanna a scríobh ar an gcnaipe ionas go mbeadh ar chumas an té atá dathdhall rogha a dhéanamh chomh maith céanna.
(e)	Nuair a fheictear teachtaireacht earráide ar ríomhaire, téacs nó íomhá a thabhairt leis an méid sin a chur in iúl chun gur féidir leis an té atá bodhar a fheiceáil go bhfuil earráid tarlaithe.
(f)	Breis codarsnachta a cheadú sna híomhánna a bhíonn sa tulra chun gur féidir leis an té ag a bhfuil lagamharc iad a fheiceáil.
(g)	Cur ar chumas an té a úsáidfidh fón airde na fuaime a roghnú agus an trasnaíocht le háiseanna éisteachta a laghdú chun gur féidir leis an té ag a bhfuil deacrachtaí éisteacha an teileafóina úsáid.
(h)	Cnaipí an tadhallscáileáin a bheith níos mó, agus scartha go maith ó chéile, ionas gur féidir leis an té ar a mbíonn crith iad a bhrú chomh maith céanna.
(i)	A áirithiú nach mórán brí a theastaíonn chun cnaipe a bhrú, chun gur féidir leis an té ar a bhfuil laige luaile an táirge a úsáid.
(j)	Íomhánna léimneacha a sheachaint ionas nach baol don té sin a mbuaileann taom é.
(k)	A bheith in ann cluasáin a úsáid nuair is ó bhéal a thugann uathmheaisíní bainc faisnéis.
(l)	Seachas méarloirg a aithint go mbeadh an t-úsáideoir nach feidhm dó a lámha a úsáid in ann pasfhocal a roghnú chun an fón a ghlasáil agus a dhíghlasáil.
(m)	A áirithiú go bhfeidhmeoidh an bogearra ar bhealach intuartha ach a ndéantar gníomh ar leith agus go dtugtar dóthain ama chun pasfhocal a chur isteach chun gur furasta ag an té atá faoi mhíchumas intleachta an táirge a úsáid.
(n)	Nasc a bheith ar fáil le taispeáint Bhraille in-athnuaite chun gur féidir leis an té atá dall an ríomhaire a úsáid.
(o)	Samplaí de cheanglais earnáilsonracha
(i)	Níl aon sampla curtha ar fáil
(ii)	Níl aon sampla curtha ar fáil
(iii) An chéad fhleasc	Foráil a dhéanamh go mbeadh fón póca in ann comhrá fíor-ama a láimhseáil chun gur féidir leis an té ag a bhfuil deacrachtaí éisteachta faisnéis a mhalartú go hidirghníomhach.
(iii) An ceathrú fleasc	Beifear in ann an físeán a úsáid chun an teanga chomharthaíochta a thaispeáint agus chun téacs a scríobh in éineacht, chun gur féidir le beirt atá bodhar cumarsáid le chéile nó leis an té a bhfuil éisteacht aige.

(iv)	A áirithiú gur tríd an mbosca bairr a tharchuirtear fotheidil dóibh siúd atá bodhar.

3. Seirbhísí tacaíochta Níl aon sampla curtha ar fáil

ROINN II:

SAMPLAÍ I dTACA LE CEANGALIS INROCHTAINEACHTA A BHAINEANN LE TAIRGÍ IN AIRTEAGAL 2(1), CÉ IS MOITE DE NA TEIRMINÉIL FÉINSEIRBHÍSE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2(1)(b))

CEANGLAIS I ROINN II DE IARSCRÍBHINN I	SAMPLAÍ
Pacáistiú agus treoracha na dtáirgí	
(a)	A chur in iúl ar an bpacáistiú go bhfuil saintréithe inrochtaineachta ag an nguthán dóibh siúd atá faoi mhíchumas.
(b)	
(i)	Comhaid leictreonacha a chur ar fáil is inléite ag ríomhaire a úsáideann léitheoir scáileáin chun gur féidir leis an té atá dall an fhaisnéis a úsáid.
(ii)	Úsáid a bhaint as na focail chéanna ar bhealach comhsheasmhach, nó úsáid a bhaint as múnla soiléir loighciúil, ionas gur fearrde a bheidh an té atá faoi mhíchumas intleachtúil in ann an fhaisnéis sin a thuiscint.
(iii)	An fhaisnéis a chur mar rilíf intadhaill nó mar fhuaim nuair atá rabhadh scríofa ann chun go bhfaighidh an té atá dall an rabhadh.
(iv)	Foráil a dhéanamh gur féidir leis an té atá ar lagamharc an téacs a léamh.
(v)	Priontáil as Braille chun gur féidir leis an té atá dall é a léamh.
(vi)	Téacs a chur le léaráid, ina ndéanfar cur síos ar na príomheilimintí nó na príomhghníomhaíochtaí.

ROINN III:

SAMPLAÍ A BHAINEANN LE CEANGLAIS GHINEARÁLTRA INROCHTAINEACHTA DO GACH SEIRBHÍS A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN TREOIR SEO I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 2(2)

CEANGLAIS I ROINN III DE IARSCRÍBHINN I	SAMPLAÍ
Soláthar seirbhísí	
(a)	Níl aon sampla curtha ar fáil
(b)	
(i)	Comhaid leictreonacha a chur ar fáil is inléite ag ríomhaire a úsáideann léitheoir scáileáin chun gur féidir leis an té atá dall an fhaisnéis a úsáid.
(ii)	Úsáid a bhaint as na focail chéanna ar bhealach comhsheasmhach, nó úsáid a bhaint as múnla soiléir loighciúil, ionas gur fearrde a bheidh an té atá faoi mhíchumas intleachtúil in ann an fhaisnéis sin a thuiscint.
(iii)	Fotheidil a áireamh i gcás ina gcuirtear ar fáil fístreoracha.

(iv)	Foráil a dhéanamh gur féidir leis an té atá dall comhad a úsáid trína phriontáil as Braille.
(v)	Foráil a dhéanamh gur féidir leis an té atá ar lagamharc an téacs a léamh.
(vi)	Téacs a chur le léaráid, ina ndéanfar cur síos ar na príomheilimintí nó na príomhghníomhaíochtaí.
(vii)	Nuair a thairgeann soláthraí na seirbhíse cipín cuimhne ar a mbíonn faisnéis maidir leis an tseirbhís, foráil a dhéanamh go mbeadh an fhaisnéis sin inrochtana.
(c)	Tuairisc scríofa a thabhairt ar gach pictiúr, an fheidhmiúlacht go léir a bheith ar fáil ón méarchlár, dóthain ama a thabhairt d'úsáideoirí leis an ábhar a léamh, an t-inneachar a chur á thaispeáint agus á oibriú go hintuartha, an t-iomlán a bheith comhoiriúnach le teicneolaíochtaí cúnta, ionas go mbeidh ar a gcumas siúd atá faoi mhíchumas an suíomh gréasáin a léamh agus idirghníomhú leis.
(d)	Níl aon sampla curtha ar fáil

ROINN IV:

SAMPLAÍ A BHAINEANN LE CEANGLAIS GHINEARÁLTRA INROCHTAINEACHTA DO SHEIRBHÍSÍ SONRACHA

CEANGLAIS I ROINN IV DE IARSCRÍBHINN I	SAMPLAÍ
Seirbhísí sonracha	
(a)	
(i)	Foráil a dhéanamh gur féidir leis an té ag a bhfuil deacrachtaí éisteachta téacs a scríobh agus a ghlacadh go hidirghníomhach agus i bhfíor-am.
(ii)	Foráil a dhéanamh gur féidir leo siúd atá bodhar an teanga chomharthaíochta a úsáid le cumarsáid a dhéanamh ina measc féin.
(iii)	Foráil a dhéanamh go mbeidh a fhios ag an té ag a bhfuil deacrachtaí cainte agus éisteachta agus lenar mian cumasc de théacs, glór, agus físeán a úsáid, gur tarchuireadh an chumarsáid tríd an líonra chuig an tseirbhís éigeandála is ábhartha.
(b)	
(i)	Foráil a dhéanamh go mbeidh ar chumas an té atá dall cláir a roghnú ar an teilifís.
(ii)	Go mbeifear in ann "seirbhísí rochtana" — amhail fotheidil don té atá bodhar nó don té ag a bhfuil deacrachtaí éisteachta, cur síos labhartha, fotheidil labhartha, agus ateangaireacht sa teanga chomharthaíochta — a roghnú, a phearsantú, agus a thaispeáint, trí chaoi a chur ar fáil le cúpláil éifeachtach gan sreang a dhéanamh le teicneolaíochtaí éisteachta, nó trí rialtáin a chur ar fáil don úsáideoir chun "seirbhísí rochtana" na seirbhísí meán closamhairc a chur i ngníomh ar aon chéim suntasachta leis na príomhrialtáin chlosamhairc.
(c)	
(i)	Níl aon sampla curtha ar fáil
(ii)	Níl aon sampla curtha ar fáil
(d)	Níl aon sampla curtha ar fáil
(e)	
(i)	Na comhráite sainaitheantais a chuirtear ar an scáileán a bheith inléite ag léitheoirí scáileáin chun gur féidir leis an té atá dall leas a bhaint astu.

(ii)	Níl aon sampla curtha ar fáil
(f)	
(i)	Foráil a dhéanamh gur féidir leis an té ar a bhfuil disléicse an téacs a léamh agus a chloisteáil in éineacht.
(ii)	A bheith in ann aschur sioncrónaithe a dhéanamh ar an téacs agus ar an bhfuaim nó trí thras-scríobh in-athnuaite Braille a bheith ar fáil.
(iii)	Foráil a dhéanamh gur féidir leis an té atá dall teacht ar an innéacs nó dul ó chaibidil go caibidil.
(iv)	Níl aon sampla curtha ar fáil
(v)	A áirithiú go mbíonn faisnéis maidir lena saintréithe inrochtaineachta ar fáil sna comhaid leictreonacha chun gur féidir leis an té atá faoi mhíchumas a bheith ar an eolas.
(vi)	A áirithiú nach ann d'aon bhlocáil – chun go bhféadfaidh siad siúd atá dall an leabhar a léamh – nach gcuirtear, de bharr bearta cosanta teicniúla, faisnéis bainistíochta cearta nó saincheisteanna idir-inoibritheachta, aon chonstaic a d'fhágfadh nach féidir an téacs a léamh os ard ag na feistí cúnaimh
(g)	
(i)	A áirithiú nach scriostar pé faisnéis atá ar fáil faoi shaintréithe inrochtaineachta an táirge.
(ii)	A áirithiú gur féidir labhairt le comhéadan na seirbhíse íocaíochta chun gur féidir leis an té atá dall earraí a cheannach as a stuaim féin ar líne.
(iii)	Na comhráite sainaitheantais a chuirtear ar an scáileán a bheith inléite ag léitheoirí scáileáin chun gur féidir leis an té atá dall leas a bhaint astu.

IARSCRÍBHINN III

CEANGLAIS INROCHTAINEACHTA CHUN CRÍCHE AIRTEAGAL 4(4) MAIDIR LEIS AN TIMPEALLACHT THÓGTHA INA gCUIRTEAR AR FÁIL NA SEIRBHÍSÍ A CHUMHDAÍTEAR FAOI RAON FEIDHME NA TREORACH SEO

Maidir le húsáid intuartha na timpeallachta tógtha ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil agus atá faoi fhreagracht an tsoláthraí seirbhíse dá dtagraítear in Airteagal 4(4) ar bhealach neamhspleách do dhaoine atá faoi mhíchumas a uasmhéadú, áireofar lena hinrochtaineacht sna limistéir ar do rochtain phoiblí a beartaíodh iad na gnéithe seo a leanas:

(a) limistéir agus saoráidí gaolmhara taobh amuigh a úsáid;

(b) slite isteach go dtí foirgnimh;

(c) bealaí isteach a úsáid;

(d) conairí a úsáid i gcúrsaíocht chothrománach;

(e) conairí a úsáid i gcúrsaíocht cheartingearach;

(f) seomraí a úsáid ag an bpobal;

(g) trealamh agus saoráidí, as a mbaintear leas agus an tseirbhís á cur ar fáil, a úsáid;

(h) leithris agus saoráidí sláintíochta a úsáid;

(i) bealaí amach, bealaí aslonnaithe agus coincheapa le haghaidh pleanáil éigeandála a úsáid;

(j) cumarsáid agus treoshuíomh nach bhfuil taobh le cainéal céadfach amháin;

(k) saoráidí agus foirgnimh a úsáid chun a gcríche intuartha;

(l) cosaint ar ghuaiseacha sa timpeallacht taobh istigh agus taobh amuigh.

IARSCRÍBHINN IV

NÓS IMEACHTA UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA — TÁIRGÍ

1. Rialú inmheánach táirgthe

Is é atá i gceist le rialú inmheánach táirgthe an nós imeachta um measúnú comhréireachta ina gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí a leagtar síos i bpointe 2, i bpointe 3 agus i bpointe 4 den Iarscríbhinn seo, agus ina n-áirithíonn agus ina ndearbhaíonn an monaróir as a stuaim féin agus faoina fhreagracht féin, go gcomhlíonann na táirgí lena mbaineann na ceanglais iomchuí a leagtar amach sa Treoir seo.

2. Doiciméadacht theicniúil

Bunóidh an monaróir an doiciméadacht theicniúil. Leis an doiciméadacht féadfar measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an táirge leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 4 agus, i gcás ina raibh an monaróir ag brath ar Airteagal 14, féadfar a thaispeáint go bhforchuirfí athrú bunúsach nó ualach díréireach leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha. Ní shonrófar sa doiciméadacht theicniúil ach amháin na ceanglais is infheidhme agus cumhdófar léi, a mhéid atá ábhartha don mheasúnú, dearadh, monarú agus oibriú an táirge.

Beidh sa doiciméadacht theicniúil, i gcás inarb infheidhme, na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

(a) tuairisc ghinearálta ar an táirge.

(b) liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe agus sonraíochtaí teicniúla ar foilsíodh a gcuid tagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, atá i bhfeidhm go hiomlán nó go páirteach, agus tuairiscí ar na réitigh arna nglacadh chun freastal ar na ceanglais inrochtaineachta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 4 i gcás nár cuireadh na caighdeáin chomhchuibhithe ná na sonraíochtaí teicniúla sin i bhfeidhm; i gcás caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí teicniúla a bheith i bhfeidhm go páirteach, sonrófar sa doiciméadacht theicniúil na codanna a cuireadh i bhfeidhm.

3. Monaraú

Déanfaidh an monaróir na bearta uile is gá sa chaoi go n-áirithítear leis an bpróiseas monaraithe agus leis an bhfaireachán air sin go gcomhlíonann na táirgí an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo agus ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo.

4. Marcáil CE agus dearbhú comhréireachta AE

4.1. Feisteoidh an monaróir marcáil CE dá dtagraítear sa Treoir seo ar gach táirge aonair a chomhlíonann ceanglais infheidhme a leagtar amach sa Treoir seo.

4.2. Déanfaidh an monaróir dearbhú comhréireachta AE i scríbhinn le haghaidh samhail táirge a tharraingt suas. Leis an dearbhú comhréireachta AE, sainaithneofar an táirge ar dó a tarraingíodh suas é.

Déanfar cóip de dhearbhú comhréireachta AE a chur ar fáil do na húdaráis ábhartha arna iarraidh sin.

5. Ionadaí údaraithe

D'fhéadfadh ionadaí údaraithe an mhonaróra oibleagáidí an mhonaróra, a leagtar amach i bpointe 4, a chomhlíonadh thar ceann an mhonaróra sin agus faoina fhreagracht, ar choinníoll go sonraítear sa sainordú iad.

IARSCRÍBHINN V

FAISNÉIS MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ A CHOMHLÍONANN CEANGLAIS INROCHTAINEACHTA

1. Cuirfidh an soláthraí seirbhíse san áireamh an fhaisnéis lena ndéantar measúnú ar an mbealach a gcomhlíonann an tseirbhís na ceanglais inrochtaineachta, dá dtagraítear in Airteagal 4, atá sna téarmaí agus sna coinníollacha ginearálta, nó ina choibhéis de dhoiciméad. Sonrófar san fhaisnéis na ceanglais is infheidhme agus cumhdófar léi, a mhéid atá ábhartha don mheasúnú, dearadh agus oibriú na seirbhíse. Sa bhreis ar na ceanglais maidir le faisnéis do thomhaltóirí i dTreoir 2011/83/AE, beidh na heilimintí seo a leanas san fhaisnéis, i gcás inarb infheidhme:

   (a) tuairisc ghinearálta ar an tseirbhís i bhformáidí inrochtana;

   (b) na tuairiscí agus na mínithe is gá chun oibriú na seirbhíse a thuiscint;

   (c) tuairisc ar an mbealach a gcomhlíonann an tseirbhís na ceanglais inrochtaineachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Chun pointe 1 den Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh, féadfaidh an soláthraí seirbhíse na caighdeáin chomhchuibhithe agus sonraíochtaí teicniúla a chur i bhfeidhm, ar foilsíodh tagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina leith.

3. Déanfaidh an soláthraí seirbhíse faisnéis a chur ar fáil lena dtaispeántar go n-áirithítear leis an bpróiseas soláthair seirbhíse agus leis an bhfaireachán a dhéantar air go gcomhlíonann an tseirbhís pointe 1 den Iarscríbhinn seo agus ceanglais infheidhme na Treorach seo.

IARSCRÍBHINN VI

CRITÉIR MHEASÚNAITHE AR AN UALACH DÍRÉIREACH

Critéir lena ndéanfar an measúnú agus lena dtaifeadfar é:

1. Na glanchostais a bhainfidh leis na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh i gcóimheas leis na costais fhoriomlána (oibriúchán agus caiteachas caipitil) a thitfidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha as an táirge a mhonarú, a dháileadh nó a allmhairiú, nó as an tseirbhís a sholáthar.

   Eilimintí lena measfar an glanchostas a bhainfidh leis na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh:

   (a) critéir, a bhaineann le costais aonuaire eagraíochtúla, nach mór a chur san áireamh sa mheasúnú:

      (i) costais a bhaineann le hacmhainní daonna breise a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí inrochtaineachta;

      (ii) costais a bhaineann le hoiliúint a chur ar acmhainní daonna agus le hinniúlachtaí i gcúrsaí inrochtaineachta a fháil;

      (iii) costais a bhaineann le próiseas nua a fhorbairt chun an inrochtaineacht a thabhairt san áireamh agus an táirge á fhorbairt nó an tseirbhís á cur ar fáil;

      (iv) costais a bhaineann le hábhar treorach a fhorbairt maidir le cúrsaí inrochtaineachta;

      (v) costais aonuaire a bhaineann le tuiscint a fháil ar reachtaíocht na hinrochtaineachta;

   (b) critéir, a bhaineann le costais leanúnacha táirgthe agus forbartha, nach mór a chur san áireamh sa mheasúnú:

      (i) costais a bhaineann le dearadh na saintréithe inrochtaineachta atá ag an táirge nó seirbhís;

      (ii) costais a tabhaíodh le linn na bpróiseas monarúcháin;

      (iii) costais a bhaineann le tástáil inrochtaineachta a dhéanamh ar an táirge nó ar an tseirbhís;

      (iv) costais a bhaineann le doiciméadacht a bhunú.

2. Na costais agus na sochair a mheastar a bheidh ann do na hoibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear na próisis táirgthe agus infheistíochta, i gcoibhneas leis an sochar a mheastar a bheidh ann do dhaoine atá faoi mhíchumas, ag cur san áireamh méid úsáide agus minicíocht úsáide an táirge nó na seirbhíse a bheidh i gceist.

3. Glanchostais a bhainfidh leis na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh i gcóimheas le glanláimhdeachas an oibreora eacnamaíoch.

   Eilimintí lena measfar glanchostas a bhainfidh leis na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh:

   (a) critéir, a bhaineann le costais aonuaire eagraíochtúla, nach mór a chur san áireamh sa mheasúnú:

      (i) costais a bhaineann le hacmhainní daonna breise a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí inrochtaineachta;

      (ii) costais a bhaineann le hoiliúint a chur ar acmhainní daonna agus le hinniúlachtaí i gcúrsaí inrochtaineachta a fháil;

      (iii) costais a bhaineann le próiseas nua a fhorbairt chun an inrochtaineacht a thabhairt san áireamh agus an táirge á fhorbairt nó an tseirbhís á cur ar fáil;

      (iv) costais a bhaineann le hábhar treorach a fhorbairt maidir le cúrsaí inrochtaineachta;

      (v) costais aonuaire a bhaineann le tuiscint a fháil ar reachtaíocht na hinrochtaineachta;

   (b) critéir, a bhaineann le costais leanúnacha táirgthe agus forbartha, nach mór a chur san áireamh sa mheasúnú:

      (i) costais a bhaineann le dearadh na saintréithe inrochtaineachta atá ag an táirge nó seirbhís;

      (ii) costais a tabhaíodh le linn na bpróiseas monarúcháin;

      (iii) costais a bhaineann le tástáil inrochtaineachta a dhéanamh ar an táirge nó ar an tseirbhís;

      (iv) costais a bhaineann le doiciméadacht a bhunú.

TREOIR (AE) 2019/883 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2019

maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do bheartas muirí an Aontais ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a áirithiú. Is féidir an méid sin a bhaint amach trí choinbhinsiúin, cóid agus réitigh idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus an tsaoirse loingseoireachta dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ("UNCLOS") á coinneáil.

(2) Tarraingíonn Sprioc 14 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe aird ar mhuir-thruailliú, ídiú acmhainní agus athrú aeráide, ar bagairtí iad a eascraíonn go príomha as gníomhaíocht dhaonna. Cuireann na bagairtí sin brú breise ar chórais chomhshaoil amhail an bhithéagsúlacht agus bonneagar nádúrtha, agus ag an am céanna cruthaíonn siad fadhbanna socheacnamaíocha, lena n-áirítear rioscaí sábháilteachta, airgeadais agus sláinte. Ní mór don Aontas oibriú chun speicis mhuirí a chosaint agus chun tacú leis na daoine a bhíonn ag brath ar na haigéin, bíodh sé don fhostaíocht, d'acmhainní nó don fhóillíocht.

(3) Sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc ("Coinbhinsiún MARPOL") déantar foráil maidir le toirmisc ghinearálta ar sceitheadh ó longa ar muir, ach ina theannta sin rialáiltear leis na coinníollacha faoinar féidir cineálacha áirithe dramhaíola a sceitheadh sa mhuirthimpeallacht. Le Coinbhinsiún MARPOL cuirtear ceangal ar na Páirtithe conarthacha a áirithiú go soláthraítear saoráidí glactha leordhóthanacha i gcalafoirt.

(4) Chuir an tAontas codanna de Choinbhinsiún MARPOL chun feidhme trí bhíthin Threoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), trí chur chuige calafortbhunaithe a leanúint. Is é is aidhm do Threoir 2000/59/CE comhréiteach a fháil idir na leasanna a bhaineann le hoibriú réidh an iompair mhuirí agus caomhnú na muirthimpeallachta.

(5) Le linn 20 bliain, rinneadh leasuithe tábhachtacha ar Choinbhinsiún MARPOL agus ar na Iarscríbhinní a ghabhann leis, leasaithe lenar cuireadh caighdeáin níos déine agus toirmisc níos déine i bhfeidhm maidir le sceitheadh dramhaíola ó longa ar muir.

(6) Le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Coinbhinsiún MARPOL, tugadh isteach noirm sceite do chatagóirí dramhaíola nua, go háirithe na hiarmhair ó chórais glantacháin gáis sceite, ina bhfuil idir shloda agus uisce sceite. Ba cheart na catagóirí dramhaíola sin a chur san áireamh i raon feidhme na Treorach seo.

([1]) IO C 283, 10.8.2018, lch. 61.
([2]) IO C 461, 21.12.2018, lch. 220.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019.
([4]) Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2000 maidir le saoráidí glactha calafoirt le haghaidh dramhaíola a ghintear ar bord loinge agus iarmhar lasta (IO L 332, 28.12.2000, lch. 81).

(7) Ba cheart go leanfadh na Ballstáit den obair ar leibhéal na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ("EMI") chun breathnú go cuimsitheach ar na tionchair chomhshaoil a bhíonn ann nuair a sceitear fuíolluisce as sciúrthóirí lúboscailte, lena n-áirítear breathnú ar bhearta chun cur i gcoinne tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann.

(8) Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun na bearta iomchuí a ghlacadh i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), lena n-áirítear cosc ar fuíolluisce a sceitheadh as sciúrthóirí lúboscailte agus iarmhair lasta áirithe a shileadh ina n-uiscí críochacha féin.

(9) An 1 Márta 2018, ghlac an EMI an Treoir Chomhdhlúite athbhreithnithe do sholáthraithe agus d'úsáideoirí saoráidí glactha calafoirt (MEPC.1/Ciorclán 834/Rev.1) ("Treoir Chomhdhlúite an EMI"), lena n-áirítear formáidí caighdeánacha maidir le fógra dramhaíola a thabhairt, admháil sheachadta dramhaíola, agus easnaimh líomhnaithe sna saoráidí glactha calafoirt a thuairisciú, chomh maith leis na ceanglais tuairiscithe maidir le saoráidí glactha dramhaíola.

(10) In ainneoin na bhforbairtí rialála sin, sceitear dramhaíl ar muir go fóill, rud lena mbaineann costais shuntasacha chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha. Is de bharr roinnt cúiseanna é sin, eadhon ní bhíonn saoráidí glactha calafoirt ar fáil i gcalafoirt i gcónaí, is minic nach ndéantar forfheidhmiú leordhóthanach agus bíonn easpa dreasachtaí ann an dramhaíl a thabhairt i dtír.

(11) Le Treoir 2000/59/CE, cuireadh leis na méideanna dramhaíola a sheachadtar chuig saoráidí glactha calafoirt, *inter alia* trína áirithiú go rannchuidíonn longa le costais na saoráidí sin, beag beann ar an úsáid iarbhír a bhaineann siad as na saoráidí sin, agus bhí ról tábhachtach an Treoir sin dá réir sin maidir leis an sceitheadh dramhaíola ar muir a laghdú, rud a tháinig chun solais sa mheastóireacht a rinneadh ar an Treoir sin mar chuid den chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála ("Meastóireacht REFIT").

(12) Léiríodh i Meastóireacht REFIT freisin nach raibh éifeacht iomlán le Treoir 2000/59/CE de dheasca neamhréireachtaí le creat Choinbhinsiún MARPOL. Sa bhreis air sin, tá léirithe éagsúla ag na Ballstáit ar na príomhchoincheapa sa Treoir sin, amhail leordhóthanacht na saoráidí, réamhfhógra dramhaíola, seachadadh éigeantach dramhaíola go saoráidí glactha calafoirt, agus díolúintí do longa i dtrácht sceidealaithe. Éilíodh i Meastóireacht REFIT go ndéanfaí na coincheapa sin a chomhchuibhiú a thuilleadh agus iad a ailíniú go hiomlán le Coinbhinsiún MARPOL chun ualach riaracháin nach gá ar na calafoirt agus ar úsáideoirí an chalafoirt araon a sheachaint.

(13) D'fhonn Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) a ailíniú le forálacha ábhartha Coinbhinsiún MARPOL maidir le noirm sceite, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a inmhianaithe atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir sin, go háirithe trína raon feidhme a leathnú.

(14) Ba cheart a bheith mar aidhm le beartas muirí an Aontais ardleibhéal cosanta a áirithiú don mhuirthimpeallacht agus éagsúlacht limistéir mhuirí an Aontais á cur san áireamh. Ba cheart an beartas a bhunú ar na prionsabail gur cheart bearta coisctheacha a dhéanamh, gur cheart é a bheith mar thosaíocht damáiste don mhuirthimpeallacht a cheartú chomh luath agus is féidir agus gur cheart d'údar an truaillithe íoc as.

(15) Ba cheart ról lárnach a bheith ag an Treoir seo freisin maidir leis an bpríomhreachtaíocht chomhshaoil agus na príomhphrionsabail chomhshaoil a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na gcalafort agus bainistiú dramhaíola ó longa. Go háirithe, is ionstraimí ábhartha ina leith sin iad Treoir 2008/56/CE ([7]) agus Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(16) I dTreoir 2008/98/CE, leagtar síos na príomhphrionsabail maidir le bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear an prionsabal 'údar an truaillithe a íocfaidh as' agus ord na réiteach dramhaíola, éilítear inti go ndéanfaí dramhaíl a athúsáid agus a athchúrsáil in ionad cineálacha eile aisghabhála agus diúscartha dramhaíola a úsáid agus ceanglaítear léi go mbunófaí córais le haghaidh bailiú ar leithligh na dramhaíola. Ina theannta sin, is treoirphrionsabal de dhlí an Aontais maidir le dramhaíl é coincheap na freagrachta leathnaithe táirgeora, ar ar a bhonn a bheidh táirgeoirí freagrach as tionchar a dtáirgí ar an gcomhshaol i rith saolré na dtáirgí sin. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin freisin maidir le bainistiú dramhaíola ó longa.

([5]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

([6]) Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe (IO L 255, 30.9.2005, lch. 11).

([7]) Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

([8]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

(17) Tá gá le bailiú ar leithligh na dramhaíola ó longa, lena n-áirítear trealamh iascaireachta tréigthe, chun a áirithiú go n-aisghabhfar arís í d'fhonn í a chumasú a bheith ullmhaithe d'athúsáid nó d'athchúrsáil sa slabhra bainistithe dramhaíola iartheachtach, agus chun nach ndéanfaidh sí damáiste d'fhiadhúlra muirí agus do mhuirthimpeallachtaí. Is minic a scartar dramhaíl ar bord long i gcomhréir leis na noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta agus ba cheart a áirithiú le dlí an Aontais nach mbainfear an bonn ó na hiarrachtaí sin dramhaíl ar bord a scaradh cheal socruithe maidir le bailiú ar leithligh ar tír.

(18) Gach bliain ligtear do líon shuntasach plaistigh dul isteach i bhfarraigí agus in aigéin an Aontais. Cé go dtagann an chuid is mó de bhruscar muirí as gníomhaíochtaí talamhbhunaithe i bhformhór na limistéar farraige, is rannchuiditheoir suntasach é tionscal na loingseoireachta, lena n-áirítear na hearnálacha iascaireachta agus áineasa, a sceitheann dramhaíl, lena n-áirítear plaisteach agus trealamh iascaireachta tréigthe, go díreach san fharraige.

(19) Iarrtar le Treoir (AE) 2008/98 ar na Ballstáit stop a chur le giniúint an bhruscair mhuirí mar rannchuidiú ionsar Sprioc na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe chun gach cineál truaillithe muirí a chosc agus a laghdú go suntasach.

(20) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Closing the Loop – An EU Action Plan for the Circular Economy" [Deireadh a chur leis an lúb ar lár – plean gníomhaíochta ó AE don Gheilleagar Ciorclach], tugtar aitheantas don ról sonrach a bhí le himirt ag Treoir 2000/59/CE ina leith sin, trína áirithiú go mbeidh fáil ar shaoráidí leordhóthanacha chun dramhaíl a ghlacadh, agus trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an leibhéal ceart dreasachtaí agus seachadadh na dramhaíola go saoráidí ar tír a fhorfheidhmiú.

(21) Tá suiteálacha amach ón gcósta ar cheann d'fhoinsí muirbhunaithe an bhruscair mhuirí. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh mar is iomchuí maidir le dramhaíl a sheachadadh ó shuiteálacha amach ón gcósta a bhfuil a mbratach ar foluain acu nó atá ag oibriú in uiscí na mBallstát, nó sa dá áit, agus ba ceart dóibh a áirithiú go gcomhlíonfar na noirm sceite dhiana is infheidhme maidir le suiteálacha amach ón gcósta mar a leagtar síos i gCoinbhinsiún MARPOL.

(22) Tá dramhaíl, go háirithe dramhaíl phlaisteach, ó aibhneacha ar cheann de phríomhfhoinsí an bhruscair mhuirí, lena n-áirítear sceitheadh ó shoithí uiscebhealaí intíre. Ba cheart na soithí sin a bheith faoi réir noirm sceite agus seachadta dhiana dá bhrí sin. Sa lá atá inniu ann, is é an Coimisiún Abhann ábhartha a leagann síos na rialacha sin. Mar sin féin, cumhdaítear calafoirt intíre le dlí an Aontais maidir le dramhaíl. Iarrtar ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chóras an Aontais do noirm sceite agus seachadta le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, d'fhonn leanúint de na hiarrachtaí an creat reachtaíochta d'uiscebhealaí intíre an Aontais a chomhchuibhiú agus an Coinbhinsiún maidir le bailiú, taisceadh agus glacadh dramhaíl a tháirgtear le linn loingseoireachta ar an Réin agus ar na huiscebhealaí intíre an 9 Meán Fómhair 1996 (CDNI) a chur san áireamh.

(23) Le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([9]), ceanglaítear ar shoitheach iascaireachta an trealamh a bheith ar bord aici chun trealamh caillte a aisghabháil. I gcásanna ina gcailltear trealamh, ba cheart do mháistir an tsoithigh iarracht a dhéanamh é a aisghabháil chomh luath agus is féidir. Murar féidir an trealamh caillte a fháil ar ais, ceanglaítear ar mháistir soithigh iascaireachta údaráis a Stáit bhrataí a chur ar an eolas laistigh de 24 uair an chloig. Tá ar an Stát brataí údarás inniúil an Stáit cósta ábhartha a chur ar an eolas ina dhiaidh sin. Áirítear ar an bhfaisnéis sin uimhir aitheantais seachtrach agus ainm an tsoithigh iascaireachta, cineál agus suíomh an trealaimh chaillte, chomh maith leis na bearta arna ndéanamh chun an trealamh a aisghabháil. Féadfar soithí iascaireachta faoi 12 mhéadar a dhíolmhú. Leis an Rialachán sin, ceanglaítear faoin togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, déanfaidh an soitheach iascaireachta an tuairisciú i logleabhar leictreonach, agus ceanglaítear ar na Ballstáit an fhaisnéis maidir le trealamh caillte a bhailiú agus a thaifead agus é a chur faoi bhráid an Choimisiúin arna iarraidh sin air. D'fhéadfaí an fhaisnéis a bhailítear i gcomhréir leis an Treoir seo agus atá ar fáil sna hadmhálacha seachadta dramhaíola maidir le dramhaíl a iascadh go héighníomhach a thuairisciú ar an gcaoi sin freisin.

(24) I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long ó EMI, a glacadh an 13 Feabhra 2004 agus a tháinig i bhfeidhm an 8 Meán Fómhar 2017, tá sé d'oibleagáid ar gach long nósanna imeachta bainistíochta uisce ballasta a dhéanamh de réir caighdeáin EMI, agus tá sé d'oibleagáid ar chalafoirt agus críochfoirt a ainmnítear chun umair uisce ballasta a ghlanadh agus a dheisiú, saoráidí leordhóthanacha a sholáthar chun dríodar a ghlacadh.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

(25) Meastar go bhfuil saoráid glactha calafoirt leordhóthanach más féidir léi freastal ar riachtanais na long a úsáideann an calafort de ghnáth gan moill mhíchuí a chruthú, mar a sonraíodh freisin i dTreoir Chomhdhlúite EMI agus i dTreoirlínte EMI maidir le leordhóthanacht shaoráidí glactha dramhaíola na gcalafort a áirithiú (Rún MEPC.83(44)). Baineann leordhóthanacht le dálaí oibriúcháin na saoráide i bhfianaise riachtanais an úsáideora, mar aon le bainistiú comhshaoil na saoráidí i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le dramhaíl. D'fhéadfadh sé a bheith deacair, i gcásanna áirithe, a mheas an gcomhlíonann saoráid glactha calafoirt atá suite lasmuigh den Aontas coinníollacha den sórt sin.

(26) Le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) ceanglaítear go ndéanfaí dramhaíl lónadóireachta idirnáisiúnta a loscadh nó a dhiúscairt trína cur sa talamh i láithreán líonta talún údaraithe, lena n-áirítear dramhaíl ó longa a thagann isteach go calafoirt an Aontais a bhfuil seans ann go raibh sí i dteagmháil le seachtháirgí ainmhithe ar bord. Chun nach gcuirfear teorainn le hullmhúchán na hathúsáide agus na hathchúrsála a dhéantar ar dhramhaíl ó longa de thoradh an cheanglais sin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh i gcomhréir le Treoir Chomhdhlúite an EMI d'fhonn an dramhaíl a scaradh ar bhealach níos fearr chun gur féidir an baol a sheachaint go ndéanfaí dramhaíl, amhail dramhaíl phacáistíochta, a éilliú.

(27) Mar a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2008, i gcomhar le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([11]), ní mheasfar gur "iompar a oibríonn go hidirnáisiúnta" iad aistir a dhéantar laistigh den Aontas, agus ní gá an dramhaíl lónadóireachta ó na haistir sin a loscadh. Measfar, áfach gur "aistir idirnáisiúnta" iad na haistir sin laistigh den Aontas faoi reachtaíocht mhuirí idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún MARPOL agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS)). Chun comhchuibheas dhlí an Aontais a áirithiú, ba cheart na sainmhínithe i Rialachán (CE) 1069/2009 a leanúint agus raon feidhme agus cóireáil na dramhaíola lónadóireachta idirnáisiúnta á sainmhíniú faoin Treoir seo, i gcomhar le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

(28) Chun leordhóthanacht saoráidí glactha calafoirt a áirithiú, is gá forbairt, cur chun feidhme agus athmheasúnú a dhéanamh ar an bplean le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil, bunaithe ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe ábhartha ar fad. Ar chúiseanna praiticiúla agus eagraíochtúla, d'fhéadfadh sé go dteastódh ó na calafoirt chomharsanacha sa réigiún geografach céanna comhphlean a fhorbairt ina gcumhdófaí go mbeadh fáil ar shaoráidí glactha calafoirt i ngach ceann de na calafoirt a chumhdaítear faoin bplean sin agus ina ndéanfaí foráil maidir le comhchreat riaracháin.

(29) Maidir le calafoirt bheaga neamhthráchtála, amhail bearta feistithe agus muiríní, nach dtagann mórán tráchta eile chucu seachas árthaí áineasa amháin, nó nach mbíonn in úsáid ach cuid den bhliain, féadfaidh sé a bheith dúshlánach pleananna a ghlacadh le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil iontu agus faireachán a dhéanamh ar na pleananna sin. Is gnách gurb é an córas bainistithe dramhaíola bardasach a láimhseálann an dramhaíl ó na calafoirt bheaga sin, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i dTreoir (AE) 2008/98/CE. Chun ró-ualach ar na húdaráis áitiúla a sheachaint agus bainistiú dramhaíola a éascú i gcalafoirt bheaga mar sin, ba cheart gur leor go n-áireofaí dramhaíl ó chalafoirt den sórt sin sa sruth dramhaíola bardasach agus go ndéanfaí í a bhainistiú dá réir sin, go gcuirfeadh an calafort faisnéis maidir le glacadh dramhaíola ar fáil d'úsáideoirí an chalafoirt, agus go ndéanfaí calafoirt a bheidh díolmhaithe a thuairisciú i gcóras leictreonach chun íosleibhéal faireacháin a éascú.

(30) Chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an bhruscair mhuirí ar bhealach éifeachtach, ní mór an leibhéal ceart dreasachtaí a chur ar fáil do sheachadadh dramhaíola go saoráidí glactha calafoirt, go háirithe dramhaíl mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Coinbhinsiún MARPOL ("dramhaíol Iarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL"). Is féidir é sin a bhaint amach trí chóras gnóthaithe costas, ina mbeadh gá le táille indíreach a chur i bhfeidhm, a bheadh dlite gan beann ar sheachadadh na dramhaíola agus lena dtabharfaí an ceart dramhaíl a sheachadadh gan aon mhuirir dhíreacha bhreise. Ba cheart an earnáil iascaireachta agus áineasa, i bhfianaise an méid bruscair mhuirí a chruthaíonn siad, a chur san áireamh sa chóras seo freisin. Bíodh sin mar atá, i gcás ina dtugann long méid ollmhór dramhaíola MARPOL Iarscríbhinn V i dtír ag calafort, go háirithe dramhaíl oibríochtúil, a théann os cionn an uastoillte stórála tiomnaithe mar a luaitear san fhoirm um réamhfhógra maidir le dramhaíl a sheachadadh, ba cheart go bhféadfaí táille dhíreach sa bhreis a ghearradh uirthi le cinntiú nach gcuirfeadh na costais a bhaineann lena leithéid de mhéid ollmhór dramhaíola a ghlacadh ualach míréireach ar chóras gnóthaithe costas an chalafoirt. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin i gcás ina bhfuil an t-uastoilleadh stórála tiomnaithe iomarcach nó míréasúnta.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil beartaithe le caitheamh ag an duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/EC ón gComhairle maidir le samplaí áirithe agus míreanna atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin, Téacs atá ábhartha maidir le LEE, (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1)

(31) I mBallstáit áirithe, cuireadh scéimeanna ar bun chun foinsí malartacha maoiniúcháin do na costais a bhaineann le dramhaíl ó threalamh iascaireachta nó dramhaíl a iascadh go héighníomhach i dtír a bhailiú agus a bhainistiú, lena n-áirítear do scéimeanna 'ag iascaireacht bruscair'. Ba cheart fáilte a chur roimh na tionscnaimh den sórt sin, agus ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun na córais gnóthaithe costas a cuireadh ar bun i gcomhréir leis an Treoir seo a chomhlánú leis na scéimeanna iascaireachta bruscair chun costais na dramhaíola a iascadh go héighníomhach a chumhdach. Dá bhrí sin, leis na córais gnóthaithe costas sin, atá bunaithe ar chur i bhfeidhm táille indíreach 100 % do dhramhaíl MARPOL Iarscríbhinn V, seachas iarmhair lasta, níor cheart dídhreasú a chruthú do phobail calafoirt iascaireachta páirt a ghlacadh i scéimeanna seachadta do dhramhaíl a iascadh go héighníomhach atá ann cheana féin.

(32) gus critéir áirithe á leanúint a fhorbrófar le cumhachtaí cur chun feidhme a tugadh don Choimisiún, i gcomhréir le treoirlínte EMI d'Iarscríbhinn V MARPOL a chur i bhfeidhm agus le caighdeáin a d'fhorbair an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú, ba cheart táillí longa a laghdú i gcás soithí a dearadh, a feistíodh nó atá á n-oibriú chun dramhaíl a íoslaghdú. Is féidir dramhaíl a laghdú agus athchúrsáil éifeachtúil a dhéanamh uirthi go príomha trí dhramhaíl ar bord a scaradh go héifeachtach i gcomhréir leis na treoirlínte agus na caighdeáin sin.

(33) I ngeall ar a cineál trádála, lena mbaineann stadanna minice i gcalafort faoi bhealach, tá costais shuntasacha ag baint le loingseoireacht ghearrthurais laistigh den chóras atá ann faoi láthair chun dramhaíl a sheachadadh go saoráidí glactha calafoirt, ós rud é gur gá táille a íoc ag gach stad calafoirt. Ag an am céanna, níl sceideal ná rialtacht leordhóthanach ag baint leis an trácht go mbeadh díolúine ann ó íocaíochtaí agus ó dhramhaíl a sheachadadh ar na forais sin. Chun an t-ualach airgeadais ar an earnáil a theorannú, ba cheart táille laghdaithe a ghearradh ar shoithí bunaithe ar an gcineál tráchta a bhíonn ar siúl acu.

(34) Fanann na hiarmhair lasta i seilbh úinéir an lasta tar éis dhíluchtú an lasta go dtí an críochfort, agus d'fhéadfaí luach eacnamaíoch a bheith iontu. Ar an gcúis sin, níor cheart iarmhair lasta a chur san áireamh sna córais gnóthaithe costas agus i gcur i bhfeidhm na táille indírí. Ba cheart d'úsáideoir na saoráide glactha calafoirt muirir atá ar sheachadadh na n-iarmhar lasta a íoc, mar a shonraítear sna socruithe conarthacha idir na páirtithe lena mbaineann nó i socruithe áitiúla eile. Áirítear freisin sna hiarmhair lasta fuílleach lastais leachta olach nó díobhálach tar éis oibríochtaí glantacháin, a mbeidh feidhm ag noirm sceite Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún MARPOL maidir leo, agus ní gá, d'fhonn costais oibríochtúla neamhriachtanacha do longa agus plódú i gcalafoirt a sheachaint, i gcásanna áirithe mar a leagtar amach sna hIarscríbhinní sin, iad a sheachadadh chuig calafort.

(35) Ba cheart do na Ballstáit a mholadh go ndéanfar iarmhair ó uisce glantacháin umair, ina bhfuil substaintí leanúnacha ardslaodachta snámhacha, a sheachadadh, rud ab fhéidir a dhéanamh trí bhíthin dreasachtaí airgeadais iomchuí.

(36) Is seirbhís é soláthar na saoráidí glactha calafoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]). Cuirtear rialacha ar fáil sa Rialachán sin maidir le trédhearcacht na struchtúr muirearaithe a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le húsáid seirbhísí calafoirt, dul i gcomhairle le húsáideoirí calafoirt agus nósanna imeachta um ghearáin a láimhseáil. Téann an Treoir seo thar an gcreat dá bhforáiltear sa Rialachán sin trí cheanglais níos mionsonraithe a leagan síos maidir le leagan amach agus oibriú na gcóras gnóthaithe costas le haghaidh saoráidí glactha calafoirt do dhramhaíl ó longa agus trédhearcacht an struchtúir costais.

(37) Sa bhreis ar dhreasachtaí a sholáthar don seachadadh dramhaíola, tá sé fíorthábhachtach go ndéanfaí an oibleagáid seachadta a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go leanfaí cur chuige rioscabhunaithe, ar cheart sásra um spriocdhíriú rioscabhunaithe de chuid an Aontais a bhunú ina leith.

(38) Ar cheann de na constaicí is mó atá roimh oibleagáid an tseachadta éigeantaigh a fhorfheidhmiú go héifeachtach tá na léirithe éagsúla atá ag na Ballstáit ar an eisceacht atá bunaithe ar leorthoilleadh stórála agus na bealaí éagsúla a gcuirtear an eisceacht sin chun feidhme. Ionas nach mbainfear an bonn ó phríomhchuspóir na Treorach seo de thoradh chur i bhfeidhm na heisceachta sin, ba cheart tuilleadh sonraí a thabhairt faoi, go háirithe maidir leis an gcéad calafort cuarda eile, agus ba cheart leorthoilleadh stórála a chinneadh ar bhealach comhchuibhithe, bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann agus ar chritéir chomhchoiteanna. I gcásanna ina bhfuil sé deacair a fháil amach an bhfuil fáil ar shaoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha i gcalafoirt lasmuigh den Aontas, tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh an t-údarás inniúil machnamh géar ar chur i bhfeidhm na heisceachta.

([12]) Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort (IO L 57, 3.3.2017, lch. 1).

(39) Maidir le longa i mbun trácht sceidealaithe a thagann isteach go minic agus go rialta i gcalafort faoi bhealach, is gá córas na n-eisceachtaí do na longa sin a chomhchuibhiú a thuilleadh, go háirithe soiléiriú a thabhairt ar na téarmaí a úsáidtear agus na coinníollacha lena rialaítear na heisceachtaí sin. Léiríodh i Meastóireacht REFIT agus sa mheasúnú tionchair go bhfuil ualach riaracháin nach gá ar longa agus ar chalafoirt mar gheall nach ndearnadh coinníollacha agus cur i bhfeidhm na n-eisceachtaí a chomhchuibhiú.

(40) Ba cheart faireachán agus forfheidhmiú a éascú trí chóras atá bunaithe ar thuairisciú leictreonach agus ar mhalartú faisnéise. Chuige sin, ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras faisnéise agus faireacháin atá ann cheana agus a bunaíodh faoi Threoir 2000/59/CE, agus ba cheart leanúint dá oibriú ar bhonn na gcóras sonraí leictreonacha atá ann cheana, go háirithe Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) a bunaíodh le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) agus an Bunachar Sonraí Cigireachta (THETIS) a bunaíodh le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]). Ba cheart an fhaisnéis faoi na saoráidí glactha calafoirt atá le fáil i gcalafoirt éagsúla a áireamh i gcóras den sórt sin freisin.

(41) Le Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) déantar nósanna imeachta riaracháin arna gcur i bhfeidhm ar iompar muirí a shimpliú agus a chomhchuibhiú trí tharchur leictreonach na faisnéise a dhéanamh níos ginearálta agus foirmiúlachtaí tuairiscithe a chuíchóiriú. Le Dearbhú Vaileite a bhaineann le tosaíochtaí do Bheartas Iompair Muirí an AE go dtí 2020, a d'fhormhuinigh an Chomhairle sna Conclúidí uaithi an 8 Meitheamh 2017, iarradh ar an gCoimisiún obair leantach iomchuí a mholadh chun an Treoir sin a athbhreithniú. D'eagraigh an Coimisiún comhairliúchán poiblí a bhí ar siúl ón 25 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 18 Eanáir 2018 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe do longa. Ar an 17 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún Eorpach togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Ionad Ilfhreastail Eorpach Muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE.

(42) Le Coinbhinsiún MARPOL ceanglaítear ar na Páirtithe conarthacha faisnéis atá cothrom le dáta a choinneáil faoina gcuid saoráidí glactha calafoirt agus an fhaisnéis sin a chur in iúl do EMI. Chuige sin, tá bunachar sonraí saoráidí glactha calafoirt bunaithe ag EMI laistigh dá Chóras Comhtháite Domhanda le haghaidh Faisnéis i dtaca leis an Loingseoireacht ("GISIS").

(43) I dTreoir Chomhdhlúite EMI, déanann EMI foráil d'easnaimh líomhnaithe sna saoráidí glactha calafoirt a thuairisciú. Faoin nós imeachta sin, ba cheart do long easnaimh den sórt sin a thuairisciú do rialtas Stát brataí, a chuirfidh an t-easnamh in iúl do EMI agus do Stát an chalafoirt tar a éis sin. Déanfaidh Stát an chalafoirt scrúdú ar an tuairisc agus freagróidh sé go hiomchuí dó trí EMI agus an Stát bratach tuairiscithe a chur ar an eolas. Dá ndéanfaí an fhaisnéis sin maidir le heasnaimh líomhnaithe a thuairisciú go díreach isteach sa chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá bhforáiltear sa Treoir seo, d'éascófaí tarchur na faisnéise sin go GISIS, agus scaoilfí na Ballstáit óna n-oibleagáidí tuairiscithe don EMI mar Stáit bhrataí agus Stáit chalafoirt.

(44) I mí na Nollag 2017, i bhfianaise thús na caibidlíochta idirinstitiúideacha, cuireadh ar atráth an Foghrúpa maidir le Saoráidí Glactha Calafoirt, foghrúpa a bunaíodh faoi Fhóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe agus inar tháinig raon leathan saineolaithe i réimse an truaillithe ó longa agus an bhainistithe dramhaíola ó longa le chéile. Ós rud é gur thug an Foghrúpa sin treoir agus saineolas luachmhar don Choimisiún, bheadh sé inmhianaithe grúpa saineolaithe comhchosúil a bhunú ag a mbeadh sainordú taithí maidir le cur chun feidhme na Treorach seo a mhalartú.

(45) Tá sé tábhachtach go ndéanfaí aon phionóis a leagfaidh na Ballstáit síos a chur chun feidhme i gceart agus go mbeidís éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(46) Tá sé ríthábhachtach go mbeidh dálaí oibre maithe ag pearsanra calafoirt atá ag obair i saoráidí glactha calafoirt chun earnáil mhuirí a chur ar bun atá slán, éifeachtúil agus cuntasach ó thaobh na sochaí de, lenar féidir oibrithe cáilithe a mhealladh agus lena n-áireofar cothrom na Féinne ar fud na hEorpa. Tá ríthábhacht le hoiliúint thosaigh agus thréimhsiúil chun cáilíocht na seirbhísí agus cosaint na foirne a áirithiú. Ba cheart d'údaráis na calafoirt agus d'údaráis saoráidí glactha calafoirt a áirithiú go gcuirfear an oiliúint is gá ar na baill foirne uile le go mbeidh an t-eolas is gá acu ar a gcuid oibre, agus aird ar leith á tabhairt ar ghnéithe sláinte agus slándála a bhaineann le bheith ag déileáil le hábhair ghuaiseacha, agus go dtabharfar na ceanglais oiliúna cothrom le dáta go minic chun freastal ar dhúshláin na nuálaíochta teicneolaíche.

([13]) Le Treoir 2002/59/CE an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

([14]) Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

([15]) Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE (IO L 283, 29.10.2010, lch. 1).

(47) Ba cheart na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún chun Treoir 2000/59/CE a chur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(48) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo agus na tagairtí d'ionstraimí idirnáisiúnta a leasú a mhéid is gá chun iad a chur i gcomhréir le dlí an Aontais nó chun na forbairtí atá déanta ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe ag IMO; na hIarscríbhinní a leasú nuair is gá sin chun feabhas a chur ar na socruithe cur chun feidhme agus faireacháin a bhunaítear leis an Treoir seo, go háirithe i ndáil le fógra faoi dhramhaíl a thabhairt agus go seachadfar í ar bhealach éifeachtach, agus chun a áirithiú go gcuirfear na díolúintí i bhfeidhm mar is ceart; agus in imthosca eisceachtúla, i gcás ina dtugtar údar cuí leis trí anailís iomchuí arna déanamh ag an gCoimisiún agus chun bagairt thromchúiseach dho-ghlactha ar an muirthimpeallacht a sheachaint, an Treoir seo a leasú a mhéid is gá chun bagairt den sórt sin a sheachaint, chun feidhmiú na n-athruithe ar na hionstraimí idirnáisiúnta sin a chosc, más gá, chun críocha na Treorach seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([16]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(49) Chun foráil a dhéanamh maidir leis na modhanna do ríomh na leorthoillte stórála thiomnaithe; chun critéir chomhchoiteanna a cheapadh, chun críocha táille laghdaithe dramhaíola a dheonú do longa, le haithint go léirítear le dearadh, trealamh agus oibriú na loinge go dtagann méid laghdaithe dramhaíola ón long agus go mbainistíonn sí a cuid dramhaíola ar bhealach inbhuanaithe agus ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de; chun modheolaíochtaí a shainiú maidir le sonraí monatóireachta i dtaca le líon agus cainníocht na dramhaíola a iascadh go héighníomhach agus an an fhormáid chun na sonraí a thuairisciú; chun na gnéithe mionsonraithe maidir le sásra um spriocdhíriú rioscabhunaithe an Aontais a shainiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]).

(50) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon an mhuirthimpeallacht a chosaint ar sceitheadh dramhaíola ar muir, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach é in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(51) Tá éagsúlachtaí réigiúnacha ar leibhéal na gcalafort le fáil san Aontas, mar a léirítear freisin sa mheasúnú tionchair chríochaigh arna déanamh ag an gCoimisiún. Tá an éagsúlacht sin sna calafoirt bunaithe ar shuíomh geografach, ar mhéid, ar leagan amach riaracháin agus ar úinéireacht, agus cineálacha na long a thagann isteach de ghnáth iontu. Sa bhreis air sin, is léiriú iad na córais bainistithe dramhaíola ar na héagsúlachtaí ar an leibhéal bardasach agus ar an mbonneagar bainistithe dramhaíola iartheachtach.

(52) Ceanglaítear le hAirteagal 349 CFAE go dtabharfaí aird chuí ar shaintréithe speisialta na réigiún is forimeallaí san Aontas, eadhon Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, Mayotte, La Réunion, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha. Chun leordhóthanacht agus infhaighteacht na saoráidí glactha calafoirt a áirithiú, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí go gcuirfeadh na Ballstáit cabhair oibriúcháin réigiúnach ar fáil d'oibreoirí saoráidí glactha calafoirt nó d'údaráis calafoirt sna réigiúin sin den Aontais d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na constaicí buana dá dtagraítear san Airteagal sin. Maidir le cabhair oibriúcháin réigiúnach arna cur ar fáil ag na Ballstáit sa chomhthéacs sin, tá sí díolmhaithe ón oibleagáid fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE, más rud é, tráth a deonaithe, go gcomhlíonfar léi na coinníollacha a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ([18]) arna ghlacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle ([19]).

(53) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2000/59/CE a aisghairm,

([16]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([18]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

([19]) Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1998 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith catagóirí áirithe Státchabhrach cothromaí (IO L 142, 14.5.1998, lch. 1).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Roinn 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Is é is aidhm don Treoir seo an mhuirthimpeallacht a chosaint ar na héifeachtaí diúltacha a thagann as sceitheadh dramhaíola ó longa a úsáideann calafoirt atá lonnaithe san Aontas, mar aon le dea-oibriú an tráchta mhuirí a áirithiú, trí fheabhas a chur ar an bhfáil agus ar an úsáid atá ar shaoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha agus trí fheabhas a chur ar sheachadadh dramhaíola go dtí na saoráidí sin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "long" soitheach farraige d'aon chineál a bhíonn ag oibriú sa mhuirthimpeallacht, lena n-áirítear soithí iascaireachta, árthaí áineasa, duillárthaí, feithiclí aerchúisín, tumadóirí agus árthaí ar snámh;

(2) ciallaíonn "Coinbhinsiún MARPOL" an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, ina leagan cothrom le dáta;

(3) ciallaíonn "dramhaíl ó longa" gach cineál dramhaíola, lena n-áirítear iarmhair lasta, a ghintear le linn do long a bheith i seirbhís nó le linn luchtú, díluchtú agus oibríochtaí glantacháin, agus a thagann laistigh de raon feidhme Iarscríbhinní I, II, IV, V agus VI a ghabhann le Coinbhinsiún MARPOL mar aon le dramhaíl a iascadh go héighníomhach;

(4) ciallaíonn "dramhaíl a iascadh go héighníomhach" dramhaíl a bhailítear i líonta le linn oibríochtaí iascaireachta;

(5) ciallaíonn "iarmhair lasta" fuílleach aon ábhair lasta ar bord atá fágtha ar an deic nó sna boilg nó sna humair tar éis luchtú agus díluchtú, lena n-áirítear luchtú agus díluchtú farasbairr nó doirte, bídís fliuch nó tirim nó leachtiompartha in uisce níocháin, gan an deannach lasta atá fágtha ar an deic tar éis a scuabtha nó an deannach ar dhromchlaí seachtracha na loinge a chur san áireamh;

(6) ciallaíonn "saoráid glactha calafoirt" aon saoráidatá fosaithe, ar snámh nó gluaisteach agus ar féidir léi an tseirbhís maidir leis an dramhaíl ó longa a ghlacadh a chur ar fáil;

(7) ciallaíonn "soitheach iascaireachta" aon long atá feistithe nó a úsáidtear ar bhonn tráchtála chun iasc nó acmhainní beo eile ón bhfarraige a ghabháil;

(8) ciallaíonn "árthach áineasa" long d'aon chineál, ag a bhfuil cabhail atá 2.5 méadar nó níos faide, gan beann ar an modh tiomána, atá beartaithe do chuspóirí spóirt nó áineasa, agus nach mbíonn i mbun trádála;

(9) ciallaíonn "calafort" áit nó limistéar geografach atá leagtha amach agus feistithe go príomha sa chaoi gur féidir longa a ghlacadh, lena n-áirítear an limistéar ancaireachta laistigh de dhlínse an chalafoirt;

(10) ciallaíonn "leorthoilleadh stórála" toilleadh leordhóthanach chun an dramhaíl a stóráil ar bord ón bpointe imeachta go dtí an chéad chalafort cuarda eile, lena n-áirítear an dramhaíl ar dócha go nginfear í le linn an aistir;

(11) ciallaíonn "trácht sceidealaithe" trácht bunaithe ar liosta foilsithe nó pleanáilte de na hamanna imeachta agus sroichte idir calafoirt shainaitheanta nó trasnuithe athfhillteacha arb ionann iad agus sceideal aitheanta;

(12) ciallaíonn "stadanna calafoirt rialta" turais a dhéanann an long chéanna arís agus arís eile, rud a chruthaíonn patrún leanúnach idir calafoirt shainaitheanta nó sraith aistear ón gcalafort céanna agus go dtí é gan aon stadanna idirmheánacha;

(13) ciallaíonn "stadanna calafoirt minice" na cuairteanna a thugann long ar an gcalafort céanna a tharlaíonn uair sa choicís ar a laghad;

(14) ciallaíonn "GISIS" an Córas Comhtháite Domhanda le haghaidh Faisnéis i dtaca leis an Loingseoireacht a bhunaigh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta;

(15) ciallaíonn "cóireáil" oibríochtaí aisghabhála nó diúscartha, lena n-áirítear ullmhú don aisghabháil nó don diúscairt;

(16) ciallaíonn "táille indíreach" táille a íoctar as seirbhísí saoráidí glactha calafoirt a sholáthar, beag beann ar sheachadadh iarmhír dramhaíola ó longa.

Maidir le "dramhaíl ó longa" dá dtagraítear i bpointe (3), measfar gur dramhaíl de réir bhrí phointe 1 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/98/CE í.

Airteagal 3

Raon Feidhme

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gach long, gan beann ar a bratach, a stadann ag calafort Ballstáit, nó a oibríonn laistigh de, cé is moite d'aon long a bhíonn i mbun seirbhísí calafoirt de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/352, agus cé is moite d'aon long chogaidh, aon inneall cúnta cabhlaigh nó aon long eile ar le Stát í nó a oibríonn Stát agus nach n-úsáidtear ach ar bhonn neamhthráchtála rialtais de thráth na huaire;

(b) calafoirt uile na mBallstát a dtugann longa a thagann laistigh de raon feidhme phointe (a) cuairt orthu de ghnáth.

Chun críche na Treorach seo, agus chun moill mhíchuí ar longa a sheachaint, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach gcuimseofar an limistéar ancaireachta faoina gcalafoirt chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 8.

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú, nuair is féidir le réasún é, go seachadfaidh na longa sin nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach seo a gcuid dramhaíola ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis an Treoir seo.

3. Maidir leis na Ballstáit sin nach bhfuil calafoirt acu ná longa acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, féadfaidh siad maolú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach seo cé is moite den oibleagáid a leagtar amach sa tríú fomhír den mhír seo.

Maidir leis na Ballstáit sin nach bhfuil calafoirt acu agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, féadfaidh siad maolú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach seo a thugann aghaidh ar chalafoirt amháin.

Maidir leis na Ballstáit sin a bhfuil rún acu úsáid a bhaint as na maoluithe sin a leagtar amach sa mhír seo, cuirfidh siad scéala chuig an gCoimisiún faoin 28 Meitheamh 2021, an bhfuil na coinníollacha ábhartha comhlíonta, agus cuirfidh siad aon athrú a dhéantar ina dhiaidh sin in iúl don Choimisiún go bliantúil as sin amach. Nó go mbeidh an Treoir seo trasuite agus curtha chun feidhme ag na Ballstáit sin ní bheidh aon chalafort dá gcuid ag teacht laistigh de raon feidhme na Treorach seo agus ní cheadófar do longa, lena n-áirítear árthaí, a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a mbratach a chur ar foluain orthu.

Roinn 2

Saoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha a sholáthar

Airteagal 4

Saoráidí glactha calafoirt

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ar shaoráidí glactha calafoirt a bheidh leordhóthanach chun freastal ar riachtanais na long a úsáideann an calafort de ghnáth gan moill mhíchuí a chur ar longa.

2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh sé d'acmhainn ag na saoráidí glactha calafoirt na cineálacha agus na cainníochtaí dramhaíola a ghlacadh ó longa a úsáideann an calafort sin de ghnáth, agus aird á tabhairt:

(i) ar riachtanais oibriúcháin úsáideoirí an chalafoirt;

(ii) ar mhéid agus ar shuíomh geografach an chalafoirt sin;

(iii) ar chineál na long a stadann ag an gcalafort sin: agus

(iv) ar na heisceachtaí dá bhforáiltear faoi Airteagal 9;

(b) go mbeidh na foirmiúlachtaí agus na socruithe praiticiúla a bhaineann le húsáid na saoráidí glactha calafoirt simplí agus gasta chun nach gcuirfear moill mhíchuí ar longa;

(c) nach gcruthófar dídhreasacht do longa na saoráidí glactha calafoirt a úsáid i ngeall ar na táillí seachadta; agus

(d) gur féidir leis na saoráidí glactha calafoirt dramhaíl ó longa a bhainistiú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE agus le dlí ábhartha eile an Aontais maidir le dramhaíl agus leis an dlí náisiúnta maidir le dramhaíl.

Chun críche phointe (d) den chéad fhomhír, áiritheoidh na Ballstáit bailiúchán ar leithligh d'fhonn athúsáid agus athchúrsáil i dtaca le dramhaíl ó longa i gcalafoirt a éascú, mar a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais maidir le dramhaíl, go háirithe Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), Treoir 2008/98/CE agus Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]). Chun an bealach a réiteach don phróiseas seo, féadfaidh saoráidí glactha calafoirt codáin dramhaíola ar leithligh a bhailiú i gcomhréir le catagóirí dramhaíola a shainmhínítear i gCoinbhinsiún MARPOL, ag cur san áireamh treoirlínte an Choinbhinsiúin sin.

Beidh feidhm ag pointe (d) den chéad fhomhír gan dochar do na ceanglais níos déine a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 maidir le bainistiú dramhaíola lónadóireachta ó iompar idirnáisiúnta.

3. Bainfidh na Ballstáit, ina gcáil mar bhratstáit, úsáid as foirmeacha agus nósanna imeachta de chuid EMI chun fógra a thabhairt do EMI mar aon le húdaráis stáit an chalafoirt maidir le heasnaimh líomhnaithe sna saoráidí glactha calafoirt.

Déanfaidh na Ballstáit, ina gcáil mar stáit an chalafoirt, imscrúdú ar gach cás tuairiscithe ina bhfuil easnaimh líomhnaithe agus bainfidh siad úsáid as foirmeacha agus nósanna imeachta de chuid EMI chun fógra a thabhairt do EMI agus don bhratstát atá ag tuairisciú maidir le toradh an imscrúdaithe.

4. Áiritheoidh na húdaráis calafoirt lena mbaineann nó, má theipeann orthu siúd, áiritheoidh na húdaráis ábhartha go ndéanfar seachadadh dramhaíola nó oibríochtaí glactha le bearta sábháilteachta leordhóthanach chun an baol don duine agus don chomhshaoil ag calafoirt a sheachaint a chumhdaítear leis an Treoir seo.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon pháirtí atá bainteach le seachadadh nó glacadh dramhaíola ó longa in ann cúiteamh a éileamh as damáiste a thagann as an moill mhíchuí.

([20]) Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola, agus lena leasaítear Treoir 91/157/CEE (IO L 266, 26.9.2006, lch. 1).

([21]) Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

Airteagal 5

Pleananna le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh plean iomchuí le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil i bhfeidhm agus cuirfear chun feidhme é le haghaidh gach calafoirt tar éis comhairliúcháin a dhéanamh leis na páirtithe ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, le húsáideoirí calafoirt nó a gcuid ionadaithe, agus, i gcás inarb iomchuí le húdaráis inniúla áitiúla, oibreoirí saoráidí glactha calafoirt, eagraíochtaí a chuireann na hoibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora chun feidhme agus le hionadaithe den tsochaí shibhialta. Ba cheart na comhairliúcháin sin a dhéanamh le linn dhréachtú tosaigh an phlean le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil agus tar éis a ghlactha, go háirithe i gcás ina bhfuil athruithe suntasach tarluithe, i ndáil leis na ceanglais in Airteagal 4, Airteagal 6 agus Airteagal 7.

Leagtar amach na ceanglais mhionsonraithe maidir le forbairt an phlean le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil in Iarscríbhinn 1.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear in iúl go soiléir an fhaisnéis seo a leanas ón bplean le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil maidir leis an bhfáil atá ar shaoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha ina gcuid calafort agus struchtúr na gcostas d'oibreoirí na long agus go mbeidh fáil shorochtana ag an bpobal ar an bhfaisnéis sin i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit sin ina bhfuil an calafort lonnaithe agus, i gcás inarb ábhartha, i dteanga a úsáidtear go hidirnáisiúnta:

(a) suíomh na saoráidí glactha calafoirt is infheidhme maidir le gach beart feistithe, agus, i gcás inarb ábhartha, na huaireanta oscailte;

(b) liosta na dramhaíola ó longa a bhainistíonn an calafort de ghnáth;

(c) liosta de phointí teagmhála, de na hoibreoirí saoráidí glactha calafoirt agus de na seirbhísí a chuirtear ar fáil;

(d) tuairisc ar na nósanna imeachta maidir leis an dramhaíl a sheachadadh;

(e) tuairisc ar na córas gnóthaithe costas, lena n-áirítear na scéimeanna bainistithe dramhaíola agus na cistí dá dtagraítear in Iarscríbhinn 4, i gcás inarb infheidhme.

Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chur ar fáil go leictreonach agus coinneofar cothrom le dáta í sa chuid sin den chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13.

3. Más gá ar chúiseanna éifeachtúlachta, féadfar na pleananna le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil a fhorbairt i gcomhar le dhá chalafort chomharsanachta nó níos mó sa réigiún geografach céanna, agus gach calafort rannpháirteach go hiomchuí, ar choinníoll go sonrófar an gá atá le saoráidí glactha calafoirt agus an fháil atá orthu le haghaidh gach calafoirt.

4. Déanfaidh na Ballstáit an plean le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil a mheasúnú agus a fhormheas agus áiritheoidh siad go bhformheasfar an athuair é gach 5 bliana, ar a laghad, tar éis a fhormheasta nó tar éis a fhormheasta an athuair, agus tar éis athruithe suntasacha a bheith déanta ar oibriú an chalafoirt. Leis na hathruithe sin féadfar athruithe struchtúracha ar thrácht sa chalafort a bheith san áireamh, forbairt bonneagair nua, athruithe ar an éileamh ar shaoráidí glactha calafoirt agus ar a soláthar, agus teicnící cóireála nua ar bord, ach ní bheidh na hathruithe teoranta dóibhsean.

Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar phlean an chalafoirt le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil a chur chun feidhme. Más rud é nach bhfuil aon athrú suntasach tarlaithe i rith na tréimhse 5 bliana dá dtagraítear sa chéad fhomhír déanfar bailíochtú ar na pleananna atá ann faoi láthair a athcheadú.

5. Féadfar calafoirt bheaga neamhthráchtála, nach mbíonn ag tarraingt orthu ach líon beag árthaí áineasa, a dhíolmhú ó mhír 1 go mír 4 más rud é go mbíonn saoráidí glactha an chalafoirt sin comhtháite le córas láimhseála dramhaíola, a ndéanann an bhardais ábhartha iad a bhainistiú ar a son, agus go n-áiritheoidh na Ballstáit san áit ina bhfuil na calafoirt seo lonnaithe go mbeidh fáil ag úsáideoirí na gcalafort sin ar an bhfaisnéis i dtaca leis an gcóras láimhseála dramhaíola.

Cuirfidh na Ballstáit ina bhfuil na calafoirt sin lonnaithe in iúl go leictreonach ainm agus lonnaíocht na gcalafort sin atá i dtrácht sa chuid sin den chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13.

Roinn 3

Seachadadh dramhaíola ó longa

Airteagal 6

Réamhfhógra dramhaíola

1. Déanfaidh oibreoir, gníomhaire nó máistir loinge a thagann faoi raon feidhme Threoir 2002/59/CE atá ag triall ar chalafort de chuid an Aontais an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Treoir seo ("faisnéis réamhfhógra dramhaíola") a chomhlánú go beacht agus go cruinn agus cuirfidh sé an fhaisnéis go léir atá inti in iúl don údarás nó don chomhlacht atá ainmnithe chun na críche sin ag an mBallstát ina bhfuil an calafort sin lonnaithe:

(a) ar a laghad 24 uair an chloig sula sroichfear an calafort cuarda, más eol dó an calafort staid;

(b) a luaithe is eol dó an calafort cuarda, má tá an fhaisnéis sin ar fáil níos lú ná 24 uair an chloig sula sroichfear an calafort; nó

(c) ar a dhéanaí tráth an imeachta ón gcalafort roimhe sin, más rud é go mairfidh an t-aistear níos lú ná 24 uair an chloig.

2. Déanfar an fhaisnéis ón réamhfhógra dramhaíola a thuairisciú go leictreonach sa chuid sin den chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13 den Treoir seo, i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE agus Treoir 2010/65/AE.

3. Beidh an fhaisnéis ón réamhfhógra dramhaíola le fáil ar bord, go leictreonach más féidir, go dtí an chéad chalafort cuarda eile, ar a laghad, agus cuirfear ar fáil í d'údaráis na mBallstát ábhartha arna iarraidh sin dóibh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis a dtugtar fógra fúithi de bhun an Airteagail seo a scrúdú agus a chomhroinnt leis na húdaráis forfheidhmithe ábhartha gan mhoill.

Airteagal 7

Seachadadh dramhaíola ó longa

1. Déanfaidh máistir loinge a stadann ag calafort san Aontas, sula bhfágfaidh sé an calafort sin, an dramhaíl ar fad a iompraíodh ar bord a sheachadadh go saoráid glactha calafoirt i gcomhréir leis na noirm sceite iomchuí a leagtar síos i gCoinbhinsiún MARPOL.

2. Tar éis a seachadta, déanfaidh oibreoir na saoráide glactha calafoirt nó údarás an chalafoirt inar seachadadh an dramhaíl an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 ("admháil sheachadta dramhaíola") a chomhlánú go beacht agus go cruinn agus déanfaidh sé an admháil sheachadta dramhaíola a eisiúint agus a sholáthar, gan moill mhíchuí, don mháistir loinge.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais sin, a leagtar amach sa chéad fhomhír, i gcalafoirt bheaga ina bhfuil saoráidí gan foireann ná i gcalafoirt iargúlta, ar choinníoll go ndearna an Ballstát ina bhfuil na calafoirt sin lonnaithe ainmneacha agus lonnaíochtaí na gcalafort sin a chur in iúl go leictreonach sa chuid sin den chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13.

3. Déanfaidh oibreoir, gníomhaire nó máistir loinge a thagann faoi raon feidhme Threoir 2002/59/CE roimh imeacht dó, nó a luaithe a fuarthas an admháil sheachadta dramhaíola, an fhaisnéis atá inti a thuairisciú go leictreonach sa chuid sin den chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13 den Treoir seo, i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE agus Treoir 2010/65/AE.

Beidh an fhaisnéis ón admháil sheachadta dramhaíola seo le fáil ar bord ar feadh 2 bhliain, ar a laghad, i gcás inarb ábhartha, mar aon leis an Leabhar Taifid Ola, an Leabhar Taifid Lasta, an Leabhar Taifid Dramhaíola nó an Plean bainistithe dramhaíola iomchuí, agus cuirfear ar fáil é d'údaráis na mBallstát ábhartha arna iarraidh sin dóibh.

4. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh long dul ar aghaidh go dtí an chéad chalafort cuarda eile gan an dramhaíl a sheachadadh sna cásanna seo a leanas:

(a) má léirítear san fhaisnéis arna cur ar fáil i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 agus Iarscríbhinn 3 gurb ann do leorthoilleadh stórála thiomnaithe le haghaidh na dramhaíola ar fad atá carntha agus a charnfar le linn aistear beartaithe na loinge go dtí an chéad chalafort cuarda eile; nó

(b) má léirítear san fhaisnéis atá ar fáil ar bord long atá lasmuigh de raon feidhme Threoir 2002/59/CE gurb ann do leorthoilleadh stórála thiomnaithe le haghaidh na dramhaíola ar fad atá carntha agus a charnfar le linn aistear beartaithe na loinge go dtí an chéad chalafort cuarda eile; nó

(c) má théann an long ar ancaire ar feadh níos lú ná 24 uair an chloig nó le linn drochaimsire, murar eisiadh limistéar den sórt sin i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 3(1).

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme na heisceachta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na modheolaíochtaí atá le húsáid chun an leoracmhainn stórála thiomnaithe a ríomh a leagan amach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

5. Cuirfidh an Ballstát ceangal ar an long a cuid dramhaíola ar fad a sheachadadh, roimh imeacht di, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach féidir a shuí bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear an fhaisnéis sin atá le fáil go leictreonach sa chuid sin den chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13 nó in GISIS, go bhfuil saoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha le fáil sa chéad chalafort cuarda eile; nó

(b) mura fios an chéad chalafort cuarda eile.

6. Beidh feidhm ag mír 4 gan dochar do cheanglais níos déine le haghaidh long arna nglacadh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

Airteagal 8

Córais gnóthaithe costas

1. Maidir leis na costais atá ar shaoráidí glactha calafoirt a oibriú chun dramhaíl ó longa, seachas iarmhair lasta, a ghlacadh agus a chóireáil, áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdófar iad trí tháille a bhailiú ó longa. Áirítear sna costais sin na gnéithe a liostaítear in Iarscríbhinn 4.

2. Ní bheidh aon dreasacht le fáil do longa sna córais gnóthaithe costas a gcuid dramhaíola a sceitheadh ar muir. Chuige sin, agus na córais gnóthaithe costas á gceapadh agus á n-oibriú ag na Ballstáit, cuirfidh siad na prionsabail seo ar fad a leanas i bhfeidhm:

(a) íocfaidh na longa táille indíreach, beag beann ar sheachadadh na dramhaíola go saoráid glactha calafoirt;

(b) cumhdófar sa táille indíreach an méid seo a leanas:

(i) na costais riaracháin indíreacha;

(ii) cuid shuntasach de na costais oibriúcháin dhíreacha, arna gcinneadh in Iarscríbhinn 4, arb ionann iad agus 30 %, ar a laghad, de na costais dhíreacha iomlána a bhí ar sheachadadh iarbhír na dramhaíola le linn na bliana roimhe sin; I dteannta na féidearthachta na costais a bhainfidh leis an méid tráchta iomlán a bhfuiltear ag súil leis don bhliain dár gcionn a chur san áireamh freisin;

(c) chun foráil a dhéanamh maidir le huasdreasacht do sheachadadh na dramhaíola Iarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL, seachas iarmhair lasta, ní ghearrfar aon táille dhíreach ar dhramhaíl den sórt sin, chun ceart seachadta gan aon mhuirir bhreise a áirithiú, bunaithe ar an méid dramhaíola a seachadadh, ach amháin sa chás go dtéann an méid dramhaíola a seachadadh thar uasthoilleadh stórála thiomnaithe mar a luaitear san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Treoir seo; cuimseoidh an córas seo an dramhaíl a iascadh go héighníomhach, lena n-áirítear ceart seachadta;

(d) ionas nach bhfágfar costas an bhailithe agus an chóireála a bhaineann le dramhaíl a iascadh go héighníomhach faoi úsáideoirí an chalafoirt amháin, cuimseoidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, na costais sin ó ioncaim a ghintear le córais mhaoinithe malartacha, lena n-áirítear scéimeanna bainistithe dramhaíola agus le maoiniú an Aontais, náisiúnta nó réigiúnach atá ar fáil;

(e) ionas go seachadfar iarmhair a eascraíonn as umarghlantachán ina mbíonn substaintí leanúnacha ardslaodachta snámhacha, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le dreasachtaí airgeadais iomchuí chun go dtarlódh sin;

(f) Ní chumhdófar sa táille indíreach an dramhaíl ó chórais glanta gáis sceite; cumhdófar na costais sin ar bhonn chineálacha agus chainníochtaí na dramhaíola arna seachadadh.

3. Maidir leis an gcuid de na costais nach gcumhdófar sa táille indíreach, más ann di, cumhdófar í ar bhonn chineálacha agus chainníochtaí na dramhaíola arna seachadadh ag an long.

4. Féadfar na táillí a dhifreáil ar an mbonn seo a leanas:

(a) catagóir, cineál agus méid na loinge;

(b) na seirbhísí a sholáthraítear do longa lasmuigh de na gnáthuaireanta oibriúcháin sa chalafort; nó

(c) an chontúirt a bhaineann leis an dramhaíl.

5. Laghdófar na táillí ar an mbonn seo a leanas:

(a) an cineál trádála ina mbíonn an long páirteach ann, go háirithe nuair a bhíonn long páirteach i dtrádáil loingseoireacht ghearrthurais;

(b) más féidir a léiriú, de thoradh dhearadh, threalamh agus oibriú na loinge, go dtagann méid laghdaithe dramhaíola ón long agus go mbainistíonn sí a cuid dramhaíola ar bhealach inbhuanaithe agus ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoin 28 Meitheamh 2020, ina saineofar na critéir chun a chinneadh an bhfuil na ceanglais a shonraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír comhlíonta aici maidir le bainistiú dramhaíola na loinge ar bord. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

6. Chun a áirithiú go bhfuil na táillí cothrom, trédhearcach, inaitheanta, neamh-idirdhealaitheach, agus go léiríonn siad costais na saoráidí agus na seirbhísí arna gcur ar fáil, agus, más iomchuí, arna n-úsáid, déanfar méid na dtáillí agus an bonn ar ar ríomhadh iad a chur ar fáil d'úsáideoirí an chalafoirt i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an calafort lonnaithe, agus i gcás inarb ábhartha, i dteanga a úsáidtear go hidirnáisiúnta sa phlean le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbaileofar na sonraí monatóireachta i dtaca le líon agus cainníocht na dramhaíola a iascadh go héighníomhach, agus go ndéanfaidh na Ballstáit na sonraí monatóireachta sin a thuairisciú don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil, bunaithe ar na sonaí monatóireachta sin, faoin 31 Nollag 2022 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina saineofar modheolaíochtaí na sonraí monatóireachta agus an fhormáid don tuairisciú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

Airteagal 9

Díolúintí

1. Féadfaidh na Ballstáit long a stadann ag a gcalafoirt a dhíolmhú ó na hoibleagáidí in Airteagal 6, Airteagal 7(1) agus Airteagal 8 ("an díolúine"), i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach ann go bhfuil na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:

(a) go bhfuil an long páirteach i dtrácht sceidealaithe ina stadtar go minic agus go rialta ag calafoirt;

(b) go bhfuil socrú ann chun a áirithiú go seachadtar an dramhaíl agus go n-íoctar na táillí i gcalafort feadh bhealach na loinge:

(i) léirithe le conradh a síníodh le calafort nó conraitheoir dramhaíola agus le hadmhálacha seachadta dramhaíola;

(ii) gur cuireadh gach calafort feadh bhealach na loinge ar an eolas; agus

(iii) gur ghlac an calafort ina dtarlaíonn an seachadadh agus an íocaíocht, a d'fhéadfaí a bheith ina gcalafort de chuid an Aontais nó i gcalafort eile a bhfuil, bunaithe ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh go leictreonach sa chuid sin den chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13 agus in GISIS, saoráidí leordhóthanacha ar fáil;

(c) nach mbeidh tionchar diúltach ag an díolúine ar shábháilteacht agus ar shláinte mhuirí, ar shlí mhaireachtála ná ar dhálaí oibre ar bord loinge ná ar an muirthimpeallacht.

2. Má thugtar an díolúine, eiseoidh an Ballstát ina bhfuil an calafort lonnaithe deimhniú díolúine, a bheidh bunaithe ar an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn 5, ina ndearbhófar go gcomhlíonann an long na coinníollacha agus na ceanglais is gá chun an díolúine a chur i bhfeidhm agus ina gcuirfear tréimhse na díolúine in iúl.

3. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ón deimhniú díolúine a thuairisciú go leictreonach sa chuid den chóras faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán éifeachtach ar na socruithe maidir le seachadadh agus íocaíocht a bheidh ann do longa díolmhaithe a thugann cuairt ar a gcalafoirt, agus go ndéanfar na socruithe sin a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

5. D'ainneoin an díolúine a dheonú, ní fhéadfaidh long dul ar aghaidh go dtí an chéad chalafort cuarda eile murab ann do leorthoilleadh stórála thiomnaithe le haghaidh na dramhaíola ar fad atá carntha agus a charnfar le linn aistear beartaithe na loinge go dtí an chéad chalafort cuarda eile.

Roinn 4

Forfheidhmiú

Airteagal 10

Cigireachtaí

Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar aon long a chur faoi réir cigireachta, lena n-áirítear cigireachtaí randamacha, chun a fhíorú go gcomhlíonann sí an Treoir seo.

Airteagal 11

Gealltanais cigearachta

1. Déanfaidh gach Ballstát cigireachtaí ar longa a thug cuairt ar a chalafoirt a bheidh comhfhreagrach do 15 %, ar a laghad, do líon iomlán na long aonair a sheas ag a chalafoirt go bliantúil.

Mar seo a leanas a dhéanfar líon na long aonair a sheasfaidh sa Bhallstát a ríomh: meánlíon na long a sheas sa Bhallstát le 3 bliana roimhe sin, de réir an chórais faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13.

2. Déanfaidh na Ballstáit mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh trí longa a roghnú bunaithe ar shásra um spriocdhíriú rioscabhunaithe an Aontais.

D'fhonn a áirithiú go ndéanfar cigireachtaí a chomhchuibhiú agus chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú agus longa á roghnú le haghaidh cigearachtaí, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na gnéithe mionsonraithe maidir le sásra um spriocdhíriú rioscabhunaithe an Aontais a shainaithint. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

3. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta le haghaidh cigireachtaí ar longa atá lasmuigh de raon feidhme Threoir 2009/59/CE, chun comhréireacht leis an Treoir seo a áirithiú, a mhéid is féidir.

Féadfaidh na Ballstáit, le bunú na nósanna imeachta seo, sásra um spriocdhíriú rioscabhunaithe an Aontais a chur san áireamh dá dtagraítear i mír 2.

4. Mura mbeidh údarás ábhartha an Bhallstáit sásta le torthaí na cigireachta, áiritheoidh sé, gan dochar do chur i bhfeidhm na bpionós dá dtagraítear in Airteagal 16, nach bhfágfaidh an long an calafort go dtí go mbeidh a cuid dramhaíola seachadta aici go saoráid glactha calafoirt i gcomhréir le hAirteagal 7.

Airteagal 12

Córas faisnéise, faireacháin agus forfheidhmithe

Déanfar cur chun feidhme agus forfheidhmiú na Treorach seo a éascú le tuairisciú agus le malartú faisnéise ar bhonn leictreonach idir na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 13 agus Airteagal 14.

Airteagal 13

Faisnéis a thuairisciú agus a mhalartú

1. Beidh an fhaisnéis a thuairiscítear agus a mhalartaítear bunaithe ar Chóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí ("SafeSeaNet"), dá dtagraítear in Airteagal 22a(3) agus in Iarscríbhinn III de Threoir 2002/59/CE.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis seo a leanas a thuairisciú go leictreonach agus laistigh de thréimhse réasúnta i gcomhréir le Treoir 2010/65/AE:

(a) an fhaisnéis faoi am sroichte agus am imeachta iarbhír gach loinge, a thagann laistigh de raon feidhme Threoir 2002/59/CE, a stadann ag calafort de chuid an Aontais, mar aon le haitheantóir don chalafort lena mbaineann;

(b) an fhaisnéis ón réamhfhógra dramhaíola mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2;

(c) an fhaisnéis ón admháil sheachadta dramhaíola mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 3;

(d) an fhaisnéis ón deimhniú díolúine mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 5.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 5(2), ar fáil go leictreonach trí SafeSeaNet.

Airteagal 14

Cigireachtaí a thaifeadadh

1. Déanfaidh an Coimisiún bunachar sonraí cigireachta a fhorbairt, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta lena mbeidh na Ballstáit uile nasctha agus ina mbeidh an fhaisnéis uile atá de dhíth chun an córas cigireachta dá bhforáiltear sa Treoir seo ("an bunachar sonraí cigireachta") a chur chun feidhme. Is ar an mbunachar sonraí cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 24 de Threoir 2009/16/CE a bheidh an bunachar sonraí cigireachta sin bunaithe agus beidh feidhmiúlachtaí aige atá comhchosúil le feidhmiúlachtaí an bhunachair sonraí úd.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis a bhaineann le cigireachtaí faoin Treoir seo, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le neamhchomhlíonadh agus le horduithe um thoirmeasc imeachta a eisíodh, a aistriú gan mhoill chuig an mbunachar sonraí cigireachta, a luaithe a bheidh:

(a) an tuarascáil chigireachta críochnaithe;

(b) a bheidh an t-ordú um thoirmeasc imeachta bainte; nó

(c) nó a bheidh díolúine tugtha.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeifear in ann, de thoradh an bhunachair sonraí cigireachta, aon sonraí ábhartha arna dtuairisciú ag na Ballstáit a fháil chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear faisnéis ar fáil leis an mbunachar sonraí cigireachta maidir le sásra um spriocdhíriú rioscabhunaithe an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú go rialta ar an mbunachar sonraí cigireachta chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo agus chun aird a thabhairt ar aon amhrais maidir le cur chun feidhme cuimsitheach agus é mar aidhm gníomh ceartaitheach a thionscain.

4. Beidh rochtain ag na Ballstáit i gcónaí ar an bhfaisnéis arna taifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta.

Airteagal 15

Oiliúint a chur ar phearsanra

Áiritheoidh údaráis na gcalafort agus údaráis saoráidí glactha calafoirt go gcuirfear an oiliúint is gá ar iomlán an phearsanra le go mbeidh an t-eolas is gá acu ar a gcuid oibre maidir le bheith ag déileáil le dramhaíl, agus aird ar leith á tabhairt ar ghnéithe sláinte agus slándála a bhaineann le bheith ag déileáil le hábhair ghuaiseacha, agus go dtabharfar na ceanglais oiliúna cothrom le dáta go minic chun freastal ar dhúshláin na nuálaíochta teicneolaíche.

Airteagal 16

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Roinn 5

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 17

Malartú taithí

Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le malartuithe taithí a eagrú idir údaráis náisiúnta na mBallstát agus saineolaithe, lena n-áirítear iad siúd ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta agus ó na ceardchumainn, maidir leis an Treoir seo a chur i bhfeidhm i gcalafoirt an Aontais.

Airteagal 18

Nós imeachta maidir le leasuithe

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo agus na tagairtí d'ionstraimí EMI sa Treoir seo a leasú a mhéid is gá chun iad a thabhairt i gcomhréir le dlí an Aontais nó chun ar thit amach ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe ag leibhéal EMI, a chur san áireamh.

2. Ina theannta sin, tugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19, na hIarscríbhinní a leasú nuair is gá sin chun feabhas a chur ar na socruithe cur chun feidhme agus faireacháin a bhunaítear leis an Treoir seo, go háirithe iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 6, in Airteagal 7 agus in Airteagal 9, chun a áirithiú go dtabharfar fógra faoi dhramhaíl agus go seachadfar í ar bhealach éifeachtach, agus chun a áirithiú go gcuirfear na díolúintí i bhfeidhm mar is ceart.

3. In imthosca eisceachtúla, i gcás ina dtugtar údar cuí leis trí anailís iomchuí arna déanamh ag an gCoimisiún agus chun bagairt thromchúiseach dho-ghlactha ar an muirthimpeallacht a sheachaint, tugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19, a mhéid is gá chun an bhagairt sin a sheachaint, ar gníomhartha iad lena leasaítear an Treoir seo ionas nach gcuirfear leasú i bhfeidhm, chun críocha na Treorach seo, ar Choinbhinsiún MARPOL.

4. Déanfar na gníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear san Airteagal seo a ghlacadh trí mhí ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse arna bunú go hidirnáisiúnta do ghlacadh intuigthe an leasaithe ar Choinbhinsiún MARPOL nó roimh dháta theacht i bhfeidhm beartaithe an leasaithe sin.

Sa tréimhse sula dtiocfaidh gníomh tarmligthe den sórt sin i bhfeidhm, staonfaidh na Ballstáit ó aon tionscnamh a bheartaítear chun an leasú sin a chomhtháthú sa dlí náisiúnta nó chun an leasú a chur i bhfeidhm ar an ionstraim idirnáisiúnta lena mbaineann.

Airteagal 19

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18(1), (2) agus (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 27 Meitheamh 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 18 (1), (2) agus (3) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun mhír (1), mhír (2) agus mhír (3) d'Airteagal 18 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle faoi cheann tréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go bhfuil sé curtha in iúl don Choimisiún ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 20

Nós imeachta coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón gCoiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (COSS), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 21

Leasú ar Threoir 2010/65/AE

I bpointe A den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2010/65/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

"4. Fógra a thabhairt faoi dhramhaíl ó longa, lena n-áirítear iarmhair

Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 9 de Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa (IO L 151, 20.5.2019, lch. 116)".

Airteagal 22

Aisghairm

Déantar Treoir 2000/59/CE a aisghairm.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo.

Airteagal 23

Athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé torthaí na meastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle 28 Meitheamh 2026. Áireofar leis an meastóireacht freisin tuarascáil ina sonrófar na cleachtais is fearr maidir le dramhaíl a chosc agus a bhainistiú ar bord long.

2. I gcomhthéacs Rialachán (AE) 2016/1625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, nuair a bheidh an chéad athbhreithniú eile ar shainordú na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) le déanamh, measfaidh an Coimisiún cé acu is ceart nó nach ceart inniúlachtaí breise a thabhairt do EMSA chun an Treoir seo a fhorfheidhmiú.

([22]) Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus truailliú ó longa a chosc (IO L324, 29.11.2002, lch. 1).

([23]) Rialachán (AE) 2016/1625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 251, 16.9.2016, lch. 77).

Airteagal 24

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 28 Meitheamh 2021. Cuirfidh siad sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 25

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 26

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in Strasbourg an 17 Aibreán 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
A. TAJANI	G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN 1

CEANGLAIS MAIDIR LE GLACADH DRAMHAÍOLA AGUS PLEANANNA LÁIMHSEÁLA I gCALAFOIRT

Cumhdófar leis na pleananna le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil gach cineál dramhaíola a thagann ó longa a thagann isteach go dtí an calafort de ghnáth agus déanfar iad a fhorbairt de réir mhéid an chalafoirt agus de réir chineálacha na long a thagann i dtír ag an gcalafort sin.

Áireofar sna pleananna le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil na heilimintí seo a leanas:

(a) measúnú ar an ngá atá le saoráidí glactha calafoirt, i bhfianaise na riachtanais atá ag longa a thagann isteach go dtí an calafort de ghnáth;

(b) tuairisc ar chineál agus ar thoilleadh na saoráidí glactha calafoirt;

(c) tuairisc ar na nósanna imeachta maidir le dramhaíl ó longa a ghlacadh agus a bhailiú;

(d) tuairisc ar an gcóras um ghnóthú costas;

(e) tuairisc ar na nósanna imeachta maidir le heasnaimh líomhnaithe sna saoráidí glactha calafoirt a thuairisciú;

(f) tuairisc ar an nós imeachta maidir le comhairliúcháin leanúnacha le húsáideoirí calafort, le conraitheoirí dramhaíola, le hoibreoirí críochfoirt agus le páirtithe leasmhara eile; agus

(g) forléargas ar chineál agus ar chainníochtaí na dramhaíola a fhaightear ó longa agus a láimhseáiltear sna saoráidí.

Féadfar sna pleananna le haghaidh dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáilan méid seo a leanas a áireamh:

(a) achoimre ar dhlí náisiúnta ábhartha agus ar an nós imeachta agus ar na foirmiúlachtaí maidir leis an dramhaíl a sheachadadh go saoráidí glactha calafoirt;

(b) pointe teagmhála sa chalafort a shainaithint;

(c) tuairisc ar an trealamh réamhchóireála agus ar na próisis le haghaidh sruthanna sonracha dramhaíola sa chalafort, más ann dóibh;

(d) tuairisc ar na modhanna chun úsáid iarbhír na saoráidí glactha calafoirt a thaifeadadh;

(e) tuairisc ar na modhanna chun méideanna na dramhaíola a sheachadann longa a thaifeadadh;

(f) tuairisc ar an gcaoi a ndéantar na sruthanna dramhaíola éagsúla a bhainistiú sa chalafort.

Maidir leis na nósanna imeachta don ghlacadh, don bhailiú, don stóráil, don chóireáil agus don diúscairt, ba cheart go mbeidís i gcomhréir, ar gach bealach, le scéim bainistíochta comhshaoil atá oiriúnach chun tionchar na ngníomhaíochtaí sin ar an gcomhshaol a laghdú de réir a chéile. Toimhdítear an chomhréireacht sin a bheith ann má tá na nósanna imeachta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

IARSCRÍBHINN 2

FORMÁID CHAIGHDEÁNACH NA FOIRME UM RÉAMHFHÓGRA MAIDIR LE DRAMHAÍL A SHEACHADADH GO DTÍ SAORÁIDÍ GLACTHA CALAFOIRT

Fógra faoi sheachadadh na dramhaíola chuig: *(cuir isteach ainm an chalafoirt cuarda, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/883)*

Ba cheart an fhoirm seo a choinneáil ar bhord na loinge mar aon leis an Leabhar Taifid Ola, an Leabhar Taifid Lasta, an Leabhar Taifid Bruscair nó Plean Bainistithe Dramhaíola iomchuí mar a cheanglaítear le Coinbhinsiún MARPOL.

1. SONRAÍ NA LOINGE

1.1 Ainm na loinge:	1.5 Úinéir nó oibreoir:
1.2 Uimhir EMI:	1.6 Sainuimhir nó sainlitreacha:
	Uimhir Aitheantais na Seirbhíse Muirí Soghluaiste:
1.3 Olltonnáiste:	1.7 Stát Brataí:
1.4 Cineál na loinge: ☐ Tancaer ola ☐ Tancaer ceimiceán ☐ Bulc-iompróir ☐ Coimeádán ☐ Lastlong eile ☐ Long phaisinéirí ☐ Róró ☐ Cineál eile (sonraigh)	

2. SONRAÍ AN CHALAFOIRT AGUS AN TURAIS

2.1 Suíomh/ainm an chríochfoirt:	2.6 An calafort deireanach inar seachadadh dramhaíl:
2.2 Dáta agus am teachta:	2.7 Dáta an tseachadta dheireanaigh:
2.3 Dáta agus am imeachta:	2.8 An chéad chalafort Seachadta eile:
2.4 An calafort deireanach agus an tír:	2.9 An duine atá ag cur isteach an fhoirm seo (murach an máistir é):
2.5 An chéad chalafort eile agus an tír: (más eol):	

3. CINEÁL AGUS MÉID NA DRAMHAÍOLA AGUS AN TOILLEADH STÓRÁLA

Cineál	An dramhaíl atá le seachadadh (m^3)	Uastoilleadh stórála tiomnaithe (m^3)	Méid na dramhaíola a choimeádtar ar bord (m^3)	An calafort a ndéanfar fuílleach na dramhaíola a sheachadadh chuige	Méid na dramhaíola a mheastar a ghinfear sa tréimhse idir an fógra agus an chéad chalafort cuarda eile (m^3)
MARPOL Iarscríbhinn I— Ola					
Uisce ruma olach					
Iarmhair olacha (sloda)					
Uisce glantacháin olach ón umar					
Uisce salach ballasta					

Cineál	An dramhaíl atá le seachadadh (m^3)	Uastoilleadh stórála tiomnaithe (m^3)	Méid na dramhaíola a choimeádtar ar bord (m^3)	An calafort a ndéanfar fuílleach na dramhaíola a sheachadadh chuige	Méid na dramhaíola a mheastar a ghinfear sa tréimhse idir an fógra agus an chéad chalafort cuarda eile (m^3)
Screamh agus sloda ó ghlanadh an umair					
Eile (sonraigh)					
MARPOL Iarscríbhinn II — SUBSTAINTÍ LEACHTACHA URCHÓIDEACHA (1)					
Substaint de Chatagóir X					
Substaint de Chatagóir Y					
Substaint de Chatagóir Z					
OS- substaintí eile					
MARPOL Iarscríbhinn IV— Séarachas					
MARPOL Iarscríbhinn V — Dramhaíl					
A. Plaistigh					
B. Dramhaíl bia					
C. Dramhaíl tí (e.g. táirgí páipéir, ceirteacha, gloine, miotal, buidéil, gréithe, etc.)					
D. Ola Cócaireachta					
E. Luaithreach ó loisceoir					
F. Dramhaíl oibríochtúil					
G. Conablach/conablaigh ainmhithe					
H. Trealamh iascaireachta					
I. Dramhaíl leictreonach					

(1) Tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta na substaintí leachtacha urchóideacha lena mbaineann.

Cineál	An dramhaíl atá le seachadadh (m^3)	Uastoilleadh stórála tiomnaithe (m^3)	Méid na dramhaíola a choimeádtar ar bord (m^3)	An calafort a ndéanfar fuílleach na dramhaíola a sheachadadh chuige	Méid na dramhaíola a mheastar a ghinfear sa tréimhse idir an fógra agus an chéad chalafort cuarda eile (m^3)
J :larmhair last (1) (díobhálach don mhuirthimpeallacht)					
K. larmhair last (2) (neamh-dhíobhálach don mhuirthimpeal-lacht)					
MARPOL larscríbhinn VI — a mhéid a bhaineann le Truailliú an Aeir					
Substaintí ídithe ózóin agus trealamh ina bhfuil na substaintí sin (3)					
larmhair ó ghlanadh an gháis sceite					

Dramhaíl eile nach gcumhdaítear le MARPOL					
Dramhaíl a iasctar go héighníomhach					

Nótaí

1. Bainfear leas as an bhfaisnéis sin do rialú stáit ar chalafoirt agus chun críocha cigireachta eile.
2. Tá an fhoirm seo le comhlánú mura rud é go bhfuil díolúine ag an long i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2019/883 (AE)

(1) Féadfar meastacháin a dhéanamh. Tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta an lasta thirim.
(2) Féadfar meastacháin a dhéanamh. Tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta an lasta thirim.
(3) A eascraíonn as gnáthghníomhaíochtaí cothabhála ar bord.

IARSCRÍBHINN 3

AN FHORMÁID CHAIGHDEÁNACH DON ADMHÁIL SHEACHADTA DRAMHAÍOLA

Is é an t-ionadaí arna ainmniú ag an soláthraí saoráide glactha calafoirt a chuirfidh an fhoirm seo a leanas ar fáil don mháistir loinge a rinne dramhaíl a sheachadadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir (AE) 2019/883.

Coinneofar an fhoirm seo ar bhord na loinge mar aon leis an Leabhar Taifid Ola, an Leabhar Taifid Lasta, an Leabhar Taifid Dramhaíola nó Plean Bainistithe Dramhaíola iomchuí, mar a cheanglaítear leis an gCoinbhinisiún MARPOL.

1. SONRAÍ NA SAORÁIDE GLACTHA CALAFOIRT AGUS AN CHALAFOIRT

1.1. Suíomh/ainm an chríochfoirt:
1.2. Soláthraí/soláthraithe na saoráide glactha calafoirt:
1.3. Soláthraí/soláthraithe na saoráide cóireála — murab ionann iad agus na cinn thuas:
1.4. Dáta seachadta na dramhaíola agus an t-am ó: go dtí:

2. SONRAÍ NA LOINGE

2.1. Ainm na loinge:	2.5. Úinéir nó oibreoir:
2.2. Uimhir EMI:	2.6. Sainuimhir nó sainlitreacha: Uimhir Aitheantais na Seirbhíse Muirí Soghluaiste:
2.3. Olltonnáiste:	2.7. Stát Brataí:
2.4. Cineál na loinge: ☐ Tancaer ola ☐ Tancaer ceimiceán ☐ Bulc-iompróir ☐ Coimeádán ☐ Lastlong eile ☐ Long phaisinéirí ☐ Róró ☐ Eile (sonraigh)	

3. CINEÁL AGUS MÉID NA DRAMHAÍOLA A FUARTHAS

MARPOL Iarscríbhinn I — Ola	Cainníocht (m^3)
Uisce ruma olach	
Iarmhair olacha (sloda)	
Uisce glantacháin olach ón umar	
Uisce salach ballasta	
Screamh agus sloda ó ghlanadh an umair	
Eile (sonraigh)	
MARPOL Iarscríbhinn II – Substaintí leachtacha urchóideacha	Cainníocht (m^3)/Ainm (1)
Substaint de Chatagóir X	
Substaint de Chatagóir Y	
Substaint de Chatagóir Z	
OS- substaint eile	
MARPOL Iarscríbhinn IV– Séarachas	Cainníocht (m^3)

MARPOL Iarscríbhinn V —Dramhaíl	Cainníocht (m^3)
A. Plaistigh	
B. Dramhaíl bia	
C. Dramhaíl tí (e.g. táirgí páipéir, ceirteacha, gloine, miotal, buidéil, gréithe, etc.)	
D. Ola Cócaireachta	
E. Luaithreach ó loisceoir	
F. Dramhaíl oibríochtúil	
G. Conablach/conablaigh ainmhithe	
H. Trealamh iascaireachta	
I. Dramhaíl leictreonach	
J. Iarmhair lasta (2) (díobhálach don mhuirthimpeallacht)	
K. Iarmhair lasta (neamh-dhíobhálach don mhuirthimpeal-lacht)	
MARPOL Iarscríbhinn VI —a mhéid a bhaineann le Truailliú an Aeir	Cainníocht (m^3)
Substaintí ídithe ózóin agus trealamh ina bhfuil na substaintí sin	
Iarmhair ó ghlanadh an gháis sceite	
Dramhaíl eile nach gcumhdaítear le MARPOL	Cainníocht (m^3)
Dramhaíl a iasctar go héighníomhach	

(1) Tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta na substaintí leachtacha urchóideacha lena mbaineann.
(2) Tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta an lasta thirim.

IARSCRÍBHINN 4

CATAGÓIRÍ NA GCOSTAS AGUS GLANIONCAIM A BHAINEANN LE HOIBRIÚ AGUS RIARACHÁN NA SAORÁIDÍ GLACTHA CALAFOIRT

Costais dhíreacha Costais oibriúcháin dhíreacha a eascraíonn as seachadadh iarmhír dramhaíola ó longa, lena n-áirítear na míreanna costais a liostaítear thíos.	Costais indíreacha Costais riaracháin indíreacha a eascraíonn as bainistiú ar an gcóras sa chalafort, lena n-áirítear na míreanna costais a liostaítear thíos.	Glanioncaim Liostaítear thíos na glanfháltais ó scéimeanna bainistithe dramhaíola agus ó mhaoiniú náisiúnta/réigiúnach, lena n-áirítear na nithe ioncam.
— Bonneagar a chur ar fáil le haghaidh saoráidí glactha calafoirt, lena n-áirítear na coimeádáin, na humair, na huirlisí próiseála, na báirsí, na trucailí, glacadh dramhaíola, suiteálacha coireála; — Lamháltais atá dlite ar mhaithe le suíomh a léasú, más infheidhme, nó chun an trealamh a léasú atá riachtanach ionas go n-oibreoidh na saoráidí glactha calafoirt; — dramhaíl a bhailiú ón long, an dramhaíl a iompar ó na saoráidí glactha calafoirt don choireáil deiridh, na saoráidí glactha calafoirt a chothabháil agus a ghlanadh, costais don fhoireann, lena n-áirítear ragobair, soláthar leictreachais, anailís ar an dramhaíl agus árachas; — Ullmhú d'athúsáid, d'athchúrsáil nó do dhiúscairt na dramhaíola ó longa, lena n-áirítear an dramhaíl a bhailiú ar leithligh; — Riarachán: sonrascadh, admhálacha seachadta dramhaíola a eisiúint don long, tuairisciú.	— An plean maidir le dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil a fhorbairt agus a fhormheas, lena n-áirítear aon iniúchadh ar an bplean sin agus cur chun feidhme an phlean; — An plean maidir le dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil a nuashonrú, lena n-áirítear costais saothair agus costais chomhairliúcháin, i gcás inarb infheidhme; — Na nósanna imeachta comhairliúcháin a eagrú maidir le meastóireacht/athmheastóireacht a dhéanamh ar an bplean maidir le dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil; — Bainistiú a dhéanamh ar an gcóras fógartha agus ar an gcóras um ghnóthú costas, lena n-áirítear táillí laghdaithe a chur i bhfeidhm do "longa glasa", córais TF a sholáthar ar leibhéal an chalafoirt, anailís staidrimh agus costais saothair ghaolmhara; — Nósanna imeachta um sholáthar poiblí a eagrú maidir le saoráidí glactha calafoirt a sholáthar, mar aon leis na húdaruithe riachtanacha a thabhairt chun saoráidí glactha calafoirt a sholáthar i gcalafoirt; — Faisnéis a thabhairt d'úsáideoirí calafort trí fhógráin a dháileadh, fógraí agus póstaeir a chur in airde sa chalafort, nó an fhaisnéis atá ar shuíomh gréasáin an chalafoirt a fhoilsiú, agus an fhaisnéis a tharchur go leictreonach, mar a cheanglaítear in Airteagal 5; — Scéimeanna bainistithe dramhaíola a bhainistiú: scéimeanna Freagrachta Leathnaithe Táirgeora (FLT) athchúrsáil agus iarratas ar chistí náisiúnta/réigiúnacha agus iad a chur chun feidhme; — Costais riaracháin eile: costais a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar dhíolúintí, mar a cheanglaítear in Airteagal 9.	— Glansochair airgeadais a thagann as scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora; — Glanioncaim eile ó bhainistiú dramhaíola amhail scéimeanna athchúrsála; — Maoiniú faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI); — Maoiniú eile nó fóirdheontais atá ar fáil do chalafoirt le haghaidh bainistiú dramhaíola agus iascaigh.

IARSCRÍBHINN 5

DEIMHNIÚ DÍOLÚINE DE BHUN AIRTEAGAL 9 MAIDIR LEIS NA CEANGLAIS FAOI AIRTEAGAL 6, FAOI AIRTEAGAL 7(1) AGUS FAOI AIRTEAGAL 8 DE THREOIR (AE) 2019/883 AG CALAFORT/CALAFOIRT *[CUIR ISTEACH AN CALAFORT]* IN *[CUIR ISTEACH AN BALLSTÁT]* [1].

Ainm na Loinge	Sainuimhir nó sainlitreacha	An Stát Brataí
[*cuir isteach ainm na loinge*]	[*cuir isteach uimhir EMI*]	[*cuir isteach ainm an Stáit Brataí*]

Tá an long thuasluaite i dtrácht sceidealaithe agus stadanna minice agus rialta á ndéanamh aici ag an gcalafort/na calafoirt seo a leanas in *[cuir isteach ainm an Bhallstáit]* de réir sceidil nó bealach atá réamhshocraithe:

[ ]

agus stadann sí ag na calafoirt seo a leanas uair sa choicís ar a laghad:

[ ]

agus tá socrú déanta aici lena áirithiú go n-íocfar na táillí agus go seachadfar an dramhaíl chuig an gcalafort nó chuig tríú páirtí ag calafort:

[ ]

agus, ar an gcaoi sin, tá díolúine aici i gcomhréir le [*cuir isteach an fhoráilábhartha i reachtaíocht náisiúnta na tíre*], [*ó na ceanglais maidir le:*

☐ *seachadadh éigeantach dramhaíola ó longa*,

☐ *an réamhfhógra maidir leis an dramhaíl, agus*

☐ *íocaíocht an táille éigeantaigh, ag an gcalafort/na calafoirt seo a leanas:*

Tá an deimhniú seo bailí go dtí an [*cuir isteach an dáta*], mura rud é go n-athraítear roimh an dáta sin na forais faoina n-eisítear an deimhniú.

Áit agus dáta

.....

Ainm
Teideal

---

[1] Scrios murab iomchuí.

TREOIR (AE) 2019/884 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2019

lena leasaítear Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise faoi náisiúnaigh tríú tír agus a mhéid a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1), an dara fomhír, pointe (d) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé leagtha síos mar chuspóir ag an Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar fáil dá shaoránaigh, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine. Ba cheart an cuspóir sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint, i measc nithe eile, as bearta iomchuí chun an choireacht a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht.

(2) Leis an gcuspóir sin, éilítear faisnéis faoi chiontuithe a tugadh sna Ballstáit a chur san áireamh lasmuigh den Bhallstát ciontaitheach, le linn imeachtaí nua coiriúla, mar a leagtar síos i gCinneadh Réime 2008/675/CGB ón gComhairle [2] agus, ina theannta sin, d'fhonn cionta nua a chosc.

(3) Leis an gcuspóir sin, glactar leis roimh ré go ndéanfar faisnéis arna baint as taifid choiriúla a mhalartú idir údaráis inniúla na mBallstát. Eagraítear agus éascaítear an malartú faisnéise sin leis na rialacha a leagtar amach i gCinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle [3] agus leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), a bunaíodh i gcomhréir le Cinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle [4].

(4) Ní thugtar aghaidh go leordhóthanach, áfach, ar chreat dlí ECRIS atá ann cheana, sainghnéithe na n-iarrataí a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír. Cé gur féidir anois faisnéis faoi náisiúnaigh tríú tír a mhalartú trí ECRIS, níl aon nós imeachta ná sásra comhchoiteann de chuid an Aontais ann chun é sin a dhéanamh go héifeachtúil, go mear agus go beacht.

(5) Laistigh den Aontas, ní bhailítear faisnéis faoi náisiúnaigh tríú tír mar a bhailítear i gcás náisiúnaigh de chuid Ballstát — i mBallstáit na náisiúnachta — ní dhéantar ach í a stóráil sna Ballstáit inar tugadh na ciontuithe. Ní féidir, dá bhrí sin, forléargas iomlán a fháil ar stair choiriúil náisiúnaigh tríú tír ar leith gan faisnéis den sórt sin a iarraidh ar na Ballstáit go léir.

(6) Le "hiarrataí ginearálta" den sórt sin, forchuirtear ualach riaracháin díréireach ar na Ballstáit uile, lena n-áirítear na Ballstáit sin nach mbíonn faisnéis acu faoin náisiúnach tríú tír sin. Sa chleachtas, leis an ualach sin, díspreagtar na Ballstáit ó fhaisnéis faoi náisiúnaigh tríú tír a iarraidh ar Bhallstáit eile, rud a chuireann bac mór ar an malartú faisnéise eatarthu, agus lean dteorannaítear a rochtain ar fhaisnéis i dtaobh taifid choiriúla chuig an fhaisnéis atá á stóráil ina gclár náisiúnta. Mar thoradh air sin, méadaítear ar an mbaol go mbeidh an malartú faisnéise idir na Ballstáit mí-éifeachtach agus neamhiomlán.

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019.

[2] Cinneadh Réime 2008/675/CGB ón gComhairle an 24 Iúil 2008 maidir le ciontuithe i mBallstáit an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh i gcúrsa imeachtaí nua coiriúla (IO L 220, 15.8.2008, lch. 32).

[3] Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le heagrú agus le hábhar an mhalartaithe faisnéise a bhaintear as an taifead coiriúil idir na Ballstáit (IO L 93, 7.4.2009, lch. 23).

[4] Cinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 maidir le bunú an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla (ECRIS) agus Airteagal 11 de Chinneadh Réime 2009/315/CGB (IO L 93, 7.4.2009, lch. 33).

(7) Chun feabhas a chur ar an gcás sin, thíolaic an Coimisiún togra, rud ba chúis le glacadh Rialachán (AE) 2019/816ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) lena mbunaítear córas láraithe ar leibhéal an Aontais, ina bhfuil sonraí pearsanta náisiúnach tríú tír arna gciontú chun go bhféadfar na Ballstáit ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe a rinne na daoine sin roimhe seo ("ECRIS-TCN") a shainaithint.

(8) Le córas ECRIS-TCN, ligfear d'údarás lárnach Ballstáit a fháil amach go pras agus go héifeachtúil cé na Ballstáit eile a bhfuil faisnéis ó thaifid choiriúla an náisiúnaigh tríú tír á stóráil acu ionas go bhféadfaí leas a bhaint as creat ECRIS atá ann cheana chun faisnéis faoi thaifid choiriúla a iarraidh ar na Ballstáit sin i gcomhréir le Cinneadh Réime 2009/315/CGB.

(9) Tá an malartú faisnéise faoi chiontuithe coiriúla tábhachtach in aon straitéis chun an choireacht a chomhrac agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Leis an malartú sin, chuirfí le freagairt an cheartais choiriúil ar an radacú a mbíonn sceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach mar thoradh air dá ndéanfadh na Ballstáit an poitéinseal iomlán atá ag baint le ECRIS a úsáid.

(10) Chun gur fearr an fóntas faisnéise i dtaca le ciontuithe agus dícháiliúcháin a eascraíonn as ciontuithe maidir le cionta gnéasacha i gcoinne leanaí, le Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), leagadh síos an oibleagáid atá ar na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar, chun críche duine a earcú chuig post lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, faisnéis a bhaineann le ciontuithe coiriúla a bheith ann maidir le cionta gnéasacha i gcoinne leanaí arna n-iontráil sna taifid choiriúla, nó a bhaineann le dícháiliúcháin a bheith ann a eascraíonn as na ciontuithe coiriúla sin, a tharchur i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i gCinneadh Réime 2009/315/JHA. Is é is aidhm don sásra sin a áirithiú nach mbeidh an té a ciontaíodh as cion gnéasach a dhéanamh i gcoinne leanaí in ann an ciontú nó an dícháiliúchán sin a cheilt d'fhonn gníomhaíocht ghairmiúil a dhéanamh lena mbaineann teagmháil díreacha agus rialta le leanaí i mBallstát eile.

(11) Leis an Treoir seo, féachtar leis na modhnuithe is gá a thabhairt isteach ar Chinneadh Réime 2009/315/CGB chun go bhféadfar faisnéis maidir le ciontuithe náisiúnach tríú tír a mhalartú go héifeachtach trí ECRIS. Cuirtear oibleagáid léi ar na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ngabhfaidh faisnéis faoi náisiúntacht nó náisiúntachtaí an duine chiontaithe leis na ciontuithe, a mhéid a bheadh an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit. Tugtar isteach léi freisin nósanna imeachta chun iarrataí ar fhaisnéis a fhreagairt, áirithítear léi go ndéantar an sliocht as taifid choiriúla a iarrann náisiúnach tríú tír a fhorlíonadh le faisnéis ó Bhallstáit eile, agus déantar foráil léi do na hathruithe teicniúla is gá chun go n-oibreoidh an córas malartaithe faisnéise.

(12) Ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis náisiúnta inniúla chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus cosc a dhéanamh ar na bagairtí sin. Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis náisiúnta nuair nach dtagann an phróiseáil sin laistigh de raon feidhme Threoir (AE) 2016/680.

(13) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Cinneadh Réime 2009/315/CGB a chur chun feidhme, ba cheart prionsabail Chinneadh 2009/316/CGB a ionchorprú sa Chinneadh Réime sin agus ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

([5]) Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS-TCN) a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019. lch. 1).

([6]) Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

([7]) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

([8]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí chur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(14) Ba cheart na Seirbhísí daingne Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitic idir Riaracháin (sTESTA), aon fhorbairt bhreise air nó aon líonra malartach atá slán a bheith mar bhonneagar coiteann cumarsáide chun faisnéis ó thaifid choiriúla a mhalartú.

(15) D'ainneoin go bhféadfaí cláir airgeadais an Aontais a úsáid i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, ba cheart do gach Ballstát a chostais féin a sheasamh a eascraíonn as a bhunachar sonraí um thaifid choiriúla a chur chun feidhme, a riar, a úsáid agus a chothabháil, agus a eascraíonn as cur chun feidhme, riar, úsáid agus cothabháil na n-athruithe teicniúla is gá a dhéanamh chun go mbeifí in ann ECRIS a úsáid.

(16) Urramaítear leis an Treoir seo cearta agus saoirsí bunúsacha a chumhdaítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, na cearta chun sásamh breithiúnach agus sásamh riaracháin a fháil, prionsabal an chomhionannais os comhair an dlí, an ceart chun triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an toirmeasc ginearálta ar idirdhealú. Ba cheart an Treoir seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

(17) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon faisnéis ó thaifid choiriúla chruinne an náisiúnaigh tríú tír a mhalartú go mear agus go héifeachtach, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr comhrialacha Aontais a chur ar bun, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(18) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(19) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(20) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

(21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus thug sé tuairim uaidh an 13 Aibreán 2016 ([11]).

(22) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Réime 2009/315/CGB a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Réime 2009/315/CGB

Leasaítear Cinneadh Réime 2009/315/CGB mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Ábhar

Leis an gCinneadh Réime seo

(a) sainítear na coinníollacha ar fúthu a dhéanann Ballstát ciontaitheach faisnéis faoi chiontuithe a roinnt le Ballstáit eile.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

([11]) IO C 186, 25.5.2016, lch. 7.

(b) sainítear na hoibleagáidí don Bhallstát ciontaitheach agus don Bhallstát a bhfuil an duine ciontaithe ina náisiúnach de ("Ballstát náisiúnacht an duine"), agus sonraítear na modhanna a bheidh le leanúint agus freagra á thabhairt ar iarraidh ar fhaisnéis arna baint as taifid choiriúla;

(c) bunaítear córas teicneolaíochta faisnéise díláraithe le haghaidh malartú faisnéise faoi chiontuithe, bunaithe ar na bunachair sonraí um thaifid choiriúla i ngach Ballstát, an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS).".

(2) in Airteagal 2, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

"(d) ciallaíonn 'Ballstát ciontaitheach' an Ballstát inar tugadh ciontú;

(e) ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' duine nach saoránach den Aontas é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE, nó duine gan stát, nó duine nach eol an náisiúntacht atá aige nó aici;

(f) ciallaíonn 'sonraí méarlorg' na sonraí a bhaineann le méarloirg, idir loirg shimplí agus loirg rollta, gach ceann de mhéara duine;

(g) ciallaíonn 'íomhá den aghaidh' íomhá dhigiteach d'aghaidh duine;

(h) ciallaíonn 'cur chun feidhme thagairt ECRIS' na bogearraí arna bhforbairt ag an gCoimisiún agus arna gcur ar fáil do na Ballstáit chun faisnéis ó thaifid choiriúla a mhalartú trí ECRIS.";

(3) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfaidh gach Ballstát ciontaitheach na bearta uile is gá chun a áirithiú go mbeidh faisnéis faoi náisiúntacht nó náisiúntachtaí an duine chiontaithe ag gabháil leis na ciontuithe a tugadh laistigh dá chríoch más náisiúnach de Bhallstát eile nó náisiúnach tríú tír an duine sin. Murar eol náisiúntacht an duine chiontaithe nó más duine gan stát an duine ciontaithe, léireofar an méid sin sa taifead coiriúil.";

(4) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás ina n-iarrfaidh náisiúnach de chuid Ballstáit faisnéis faoina thaifead coiriúil féin nó faoina taifead coiriúil féin ar údarás lárnach Ballstáit eile, déanfaidh an t-údarás lárnach sin iarraidh ar fhaisnéis agus sonraí ábhartha atá le baint as na taifid choiriúla a chur faoi bhráid údarás lárnach an Bhallstáit ina bhfuil an duine ina náisiúnach de, agus áireoidh sé an fhaisnéis agus na sonraí gaolmhara sin sa sliocht a sholáthrófar don duine lena mbaineann.";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"3a. I gcás ina n-iarrfaidh náisiúnach tríú tír faisnéis faoina thaifead coiriúil féin nó faoina taifead coiriúil féin ar údarás lárnach Ballstáit, cuirfidh an t-údarás lárnach sin iarraidh ar fhaisnéis agus sonraí ábhartha atá le baint as na taifid choiriúla faoi bhráid údaráis lárnacha sin na mBallstát a bhfuil faisnéis acu faoi thaifead coiriúil an duine sin, agus faoi bhráid na n-údarás sin amháin, agus áireoidh sé an fhaisnéis agus na sonraí gaolmhara sin sa sliocht a sholáthrófar don duine lena mbaineann.";

(5) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás ina ndéantar faisnéis arna baint as an taifead coiriúil faoi chiontuithe a tugadh i gcoinne náisiúnach de chuid Ballstáit a iarraidh faoi Airteagal 6 ar údarás lárnach Ballstáit seachas Ballstát a bhfuil an duine ina náisiúnach de, déanfaidh an Ballstát iarrtha an fhaisnéis sin a tharchur a mhéid chéanna a fhoráiltear dó sin in Airteagal 13 den Choinbhinsiún Eorpach ar Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla.";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"4a. I gcás ina ndéantar faisnéis arna baint as na taifid choiriúla faoi chiontuithe a tugadh i gcoinne náisiúnach tríú tír a iarraidh faoi Airteagal 6 chun críocha imeachtaí coiriúla, tarchuirfidh an Ballstát iarrtha faisnéis faoi aon chiontú a tugadh sa Bhallstát iarrtha agus a iontráladh sna taifid choiriúla agus faoi aon chiontú a tugadh i dtríú tíortha agus a tarchuireadh chuige ina dhiaidh sin agus a iontráladh sna taifid choiriúla.

Má dhéantar faisnéis den sórt sin a iarraidh chun aon chríche seachas chun críocha imeachtaí coiriúla, beidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo dá réir.";

(6) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfar na freagraí ar na hiarrataí dá dtagraítear in Airteagal 6(2), (3) agus (3a) a tharchur laistigh d'fhiche lá oibre ón iarraidh a fháil.";

(7) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear "Airteagal 7(1), (4) agus (4a)" in ionad na bhfocal "Airteagal 7(1) agus (4)";

(b) i mír 2, cuirtear "Airteagal 7(2), (4) agus (4a)" in ionad na bhfocal "Airteagal 7(2) agus (4)";

(c) i mír 3, cuirtear "Airteagal 7(1), (2), (4) agus (4a)" in ionad na bhfocal "Airteagal 7(1), (2) agus (4)".

(8) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(iv) íomhá den aghaidh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 go mír 7:

"3. Déanfaidh údaráis lárnacha na mBallstát an fhaisnéis seo a leanas a tharchur go leictreonach agus úsáid á baint as ECRIS agus as leagan amach caighdeánaithe i gcomhréir leis na caighdeáin atá le leagan síos i ngníomhartha cur chun feidhme:

(a) faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4,

(b) iarrataí dá dtagraítear in Airteagal 6;

(c) freagraí dá dtagraítear in Airteagal 7; agus

(d) aon fhaisnéis ábhartha eile.

4. Mura mbeidh an modh tarchurtha dá dtagraítear i mír 3 ar fáil, tarchuirfidh údaráis lárnacha na mBallstát an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 3, trí aon mheán atá ábalta taifead i scríbhinn a sholáthar faoi chúinsí faoinar féidir le húdarás lárnach an Bhallstáit ghlactha barántúlacht na faisnéise a shuí, agus an tslándáil tarchuir á cur san áireamh.

Mura bhfuil fáil ar an modh tarchurtha dá dtagraítear i mír 3 ar feadh tréimhse fadaithe ama, an Ballstát lena mbaineann fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

5. Déanfaidh gach Ballstát na hathruithe teicniúla is gá chun go mbeidh siad in ann úsáid a bhaint as an leagan amach caighdeánaithe chun an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 3 a tharchur go leictreonach chuig na Ballstáit eile trí ECRIS. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis an dáta óna mbeidh sé in ann an fhaisnéis a tharchur.";

(9) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

"Airteagal 11a

An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS)

1. D'fhonn faisnéis arna baint as taifid choiriúla a mhalartú go leictreonach i gcomhréir leis an gCinneadh Réime seo, bunaítear córas teicneolaíochta faisnéise díláraithe bunaithe ar na bunachair shonraí um thaifid choiriúla atá i ngach Ballstát, an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS). Tá sé comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

(a) cur chur chun feidhme thagairt ECRIS;

(b) bonneagar coiteann cumarsáide idir na húdaráis lárnacha lena soláthraítear líonra criptithe.

Chun rúndacht agus sláine na faisnéise ó thaifid choiriúla a tharchuirtear chuig Ballstáit eile a áirithiú, bainfear úsáid as bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, agus aird á tabhairt ar an úrscothacht, ar an gcostas a bhaineann le cur chun feidhme agus ar na rioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí.

2. Is i mbunachair sonraí arna n-oibriú ag na Ballstáit agus iontu siúd amháin a dhéanfar sonraí na dtaifead coiriúil a stóráil.

3. Ní bheidh rochtain dhíreach ag údaráis lárnacha na mBallstát ar na bunachair sonraí um thaifid choiriúla atá ag Ballstáit eile.

4. Is faoi fhreagracht an Bhallstáit lena mbaineann a oibreoidh cur chun feidhme thagairt ECRIS agus na bunachair sonraí lena ndéanfar faisnéis arna baint as taifid choiriúla a stóráil, a sheoladh agus a fháil. Tacóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu-LISA) arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) leis na Ballstáit i gcomhréir lena cúraimí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

5. Is faoi fhreagracht an Choimisiúin a oibreofar an bonneagar coiteann cumarsáide. Comhlíonfar na ceanglais slándála is gá leis agus comhlíonfar riachtanais ECRIS go hiomlán leis.

6. Déanfaidh eu-LISA cur chun feidhme thagairt ECRIS a sholáthar, a fhorbairt tuilleadh agus a chothabháil.

7. Seasfaidh gach Ballstát a chostais féin a eascraíonn as a bhunachar sonraí um thaifid choiriúla a chur chun feidhme, a riaradh, a úsáid agus a chothabháil agus as cur chun feidhme thagairt ECRIS a shuiteáil agus a úsáid.

Seasfaidh an Coimisiún na costais a eascraíonn as bunachar coiteann cumarsáide ECRIS a chur chun feidhme, a riaradh, a úsáid, a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh.

8. Maidir leis na Ballstáit sin a úsáideann a mbogearraí náisiúnta féin do chur chun feidhme ECRIS, i gcomhréir le mír 4 go mír 8 d'Airteagal 4 de Rialachán AE 2019/816, féadfaidh siad leanúint dá mbogearraí náisiúnta féin do chur chun feidhme ECRIS a úsáid in ionad cur chun feidhme thagairt ECRIS, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach sna míreanna sin.

Airteagal 11b

Gníomhartha cur chun feidhme

1. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a leagan síos i ngníomhartha cur chun feidhme:

(a) an fhormáid caighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 11(3), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le faisnéis faoin gcion as ar eascair an ciontú agus faisnéis faoi ábhar an chiontaithe;

(b) na rialacha a bhaineann le cur chun feidhme teicniúil ECRIS agus le malartú sonraí méarlorg;

(c) aon mheán teicniúil eile chun malartuithe faisnéise faoi chiontuithe a eagrú agus a éascú idir údaráis lárnacha na mBallstát, lena n-áirítear:

(i) na slite chun tuiscint ar an bhfaisnéis a tarchuireadh agus aistriúchán uathoibríoch uirthi a éascú;

(ii) na slite trínar féidir faisnéis a mhalartú go leictreonach, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí teicniúla a bheidh le húsáid, agus, más gá, aon nósanna imeachta malartaithe is infheidhme.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12a(2).

(*) Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

(**) Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019. lch. 1)";

(10) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 12a*

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.";

(11) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 13a*

Tuairisciú ag an gCoimisiún agus athbhreithniú

1. Faoin 29 Meitheamh 2023, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Chinnidh Réime seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar a mhéid a ghlac na Ballstáit na bearta is gá chun an Cinneadh Réime seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear a chur chun feidhme teicniúil.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil leis an tuarascáil.

3. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil go rialta maidir leis an malartú faisnéise arna baint as an taifead coiriúil trí ECRIS agus maidir le húsáid ECRIS-TCN, bunaithe go háirithe ar an staidreamh arna soláthar ag eu-LISA agus na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/816. Foilseofar an tuarascáil den chéad uair bliain tar éis thíolacadh na tuarascála dá dtagraítear i mír 1.

4. Cumhdófar go sonrach i dtuarascáil an Choimisiúin, dá dtagraítear i mír 3, a mhéid a mhalartófar faisnéis idir na Ballstáit, lena n-áirítear a mhéid a bhainfidh le náisiúnaigh tríú tír, mar aon le cuspóir agus líon na n-iarrataí, lena n-áirítear líon na n-iarrataí chun críocha seachas imeachtaí coiriúla amhail seiceálacha cúlra agus iarrataí ar fhaisnéis na ndaoine lena mbaineann faoina dtaifead coiriúil féin.".

Airteagal 2

Treoir a chur in ionad Chinneadh 2009/316/CGB

Cuirtear an Treoir seo in ionad Chinneadh 2009/316/CGB maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát sin maidir leis an dáta chun an Cinneadh sin a chur chun feidhme.

Airteagal 3

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 28 Meitheamh 2022. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Chinneadh a ionadaítear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

3. Déanfaidh na Ballstáit na hathruithe teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 11(5) de Chinneadh Réime 2009/315/CGB, arna leasú leis an Treoir seo, faoin 28 Meitheamh 2022.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ón 28 Meitheamh 2022.

Airteagal 5

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna déanamh in Strasbourg an 17 Aibreán 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA